

NA CRUACHA
SCÉALTA AGUS SEANCHAS

Áine Ní Dhíoraí

An Clóchomhar

NA CRUACHA: SCÉALTA AGUS SEANCHAS

Ní Dhíoraí

Mí Dhíoraí NA CRUACHA: SCÉALTA AGUS SEANCHAS An Clóchomhar

NA CRUACHA: SCÉALTA AGUS SEANCHAS

Leabhar Thaighde
An 47ú hImleabhar

NA CRUACHA

SCÉALTA AGUS SEANCHAS

Áine Ní Dhíoraí
a chuir in eagar

An Clóchomhar Tta
Baile Átha Cliath

An Chéad Chló 1985
© An Clóchomhar Tta

Dundalgan Press a chlóbhuail

Do Sheán Ó hEochaidh

é siúd a chaomhnaigh béaloideas na gCruach

AN CLÁR

Léarscáil de Cheantar na gCruach . . . ii

An Réamhrá vii

Na Bailitheoirí xxii

1. Scéalta Gaisce: An Fhiannaíocht

1.1. Céadach Mac Rí na dTulach . . . 1

1.2. Tóin Iarainn gan Tapadh 10

1.3. Scéal Loch Finne 19

1.4. An chéad mhilleadh a tháinig ar an Fhéinn 22

1.5. Oisín i ndiaidh na Féinne 23

2–7: Scéalta Idirnáisiúnta

2. Scéalta Draíochta

2.1. An Prionsa Ó Domhnaill 30

2.2. An tÉan Óir 42

2.3. Ceannaí Mór Bhaile Dhoire . . . 48

2.4. Gruagach na gCleas 55

2.5. Scéal an Chlibistín 61

2.6. An Bhean ar fhóir an bhróg ghloine daoithi 73

3. Scéalta Cráifeacha

3.1. Gabha an tSoic 76

3.2. Ár Slánaitheoir agus Naomh Peadar . . 77

3.3. Breithiúnas Aithrí 78

3.4. Breithiúnas Aithrí Naomh Conaill . . 79

3.5. Scéal an Phota Mhóir 79

4. Scéal Rómánsaíochta

4.1. Saibhreas an Ghobáin tSaoir . . . 80

5. Scéalta Grinn

5.1. An Gasúr a d'fhoghlaim gadaíocht . . 82

5.2. Tonóg is Domhnall 87

5.3. Séamas na Leathchruaiche . . . 89

5.4. An Seanghearrán Bán 93

5.5. Bréag Mhór Éireann 97

5.6. Rann an Reithe 99

5.7. An Fear Críonna agus an Fear Amaideach . 101

6. Scéal Foirmle

Murchadh Mór agus Murchadh Beag . . . 106

7. Scéalta Eile

7.1. Scéal Ruairí 108

7.2. An Pósadh 111

7.3. Coiteoir an tSrath Báin 112

8. Sísheanchas

8.1. Gallchóirí Chaisil Mhulláin . . . 115

8.2. An dóigh a dtáinig na Daoine Beaga . . 116

8.3. Slua Sí an Aeir 117

8.4. Tairní ar Iompar le Daoine . . . 118

8.5. Bean a Tugadh as 120

8.6. Maistreadh Mór Chruach an Airgid . . 121

8.7. Bunadh na gCnoc ag Imirt 'Football' . 122

8.8. Beanna Dearga Ghláigín 123

8.9. Eoin Mac an Bhaird agus na Daoine Beaga 123

8.10. Seachrán John Uí Choinn . . . 124

8.11. Brian Mór Ó Scannláin agus an Siosanach . 124

8.12. Tórramh Sí 126

9. Seanchas Faoi Thaibhsí

9.1. Taibhse Ghráinne Ní Chailleoige . . 128

9.2. Taibhse Shéamais Mhic Aoidh . . . 128

9.3. An tAlbanach agus an Taibhse . . 129

9.4. An Fear a tháinig ar ais ón Marbh . . 131

10. Seanchas Faoin Diabhal

10.1. Murder Sam Young 133

10.2. An Diabhal i gcosúlacht Madaidh . . 134

10.3. An Diabhal ina Rotha 134

10.4. An Coileach Dubh 135

11. Seanchas Staire

11.1. Comhrá Cholm Cille 137

11.2. Domhnall Ó Conaill 137
11.3. Mar Fuair Ó Domhnaill Clocha an Chaisleáin 139
11.4. Beoir Lochlannach 139

12. Seanchas Faoi Dhaoine sa Cheantar
12.1. Tadhg Ó Tiománaí 147
12.2. Gearailt Ó Dochartaigh . . . 148
12.3. An Sagart Ó Giobúin 150
12.4. An Caiftín Ó Scannláin . . . 152
12.5. Leabhar Dhomhnall Mháire . . . 153
12.6. Toirdhealbhach as Mín an Fhia . . 154

13. Seanchas Faoi Áitainmneacha sa Cheantar
13.1. Loch Bhéal Séad 157
13.2. Ailt Aodh Rua 157
13.3. Aifreannach 157
13.4. Píopa na bhFiann 158

14. Gnásanna Áitiúla
14.1. Leabaidh na dTincléirí 159
14.2. Bia an Drochshaoil 159
14.3. Crúbóg na nDálach 160

14.4. Na Cróiníní 161

14.5. An Teagasc Críostaí ar na Cruacha . 164

14.6. An Baisteadh 165

14.7. Aithrí 167

14.8. Fear an Tobaca 167

15. Cluichí Páistí

15.1. Cluichí Páistí 168

16. Rainn

16.1. Spág ar an Bhac 170

16.2. Comhairle Seanduine 172

16.3. Dhá Fhuath Dhéag an tSeanduine . . 173

16.4. Casfhocail 173

16.5. Cumhdachaí 174

17. Amhráin

17.1. Máire Bhruinneall 175

17.2. Máire Ní Chomhaill 175

17.3. Amhrán an Trumpa 176

17.4. Snáth Banríona 177

18. Paidreacha

18.1. Luan an tSléibhe 178

18.2. Óra Muire 179

18.3. Na Trí Mhuire 180

18.4. Na Seacht Suáilce 181

18.5. Urnaí an Agnus Dei 182

18.6. Urnaí an Scabaill 183

18.7. Urnaí Aithrí 183

18.8. Urnaí chun Seoladh an Aineolaigh . . 184

18.9. Fá Choimirce Dé agus Muire Mé . . 184

18.10. Ag Coigilt na Tineadh 184

18.11. Ag dul a luí duit 184

Modh Eagarthóireachta 185

Nótaí ar na Scéalta 190

Iasachtaí ón Bhéarla 199

Liosta d'Imleabhair in R.B.É. a bhfuil Ábhar as Na Cruacha iontu 200

Liosta de Scéalta atá i gcló in *Béaloideas* . . 200

Noda 201

Leabharliosta 202

Aguisín I 204

AN RÉAMHRÁ

Ba é an príomhchuspóir a bhí leis an leabhar seo nó cnuasach de bhéaloideas na gCruach a chur ar fáil i bhfoirm sholéite do léitheoir an lae inniu. Léadh an t-ábhar ar fad a bailíodh ó mhuintir an cheantair atá le fáil i Roinn Bhéaloideas Éireann agus as an méid sin roghnaíodh samplaí de chineálacha éagsúla scéalta agus seanchais. Níl sa chnuasach seo ach blúire as an méid ar fad a bailíodh ar fud na tíre ó cuireadh tús le Coimisiún Béaloideasa Éireann i 1935.

Cá háit go díreach a bhfuil an ceantar seo? Gleann beag uaigneach is ea é atá suite ar an taobh thoir theas de Pharóiste Inis Caoil, ag teorantacht le Paróiste Chill Taobhóige ar an taobh thoir agus le Paróiste Chill na mBard ar an taobh ó dheas i nGaeltacht Láir Thír Chonaill. Tá na sléibhte arda ar a dtugtar na Cruacha Gorma mar scáth thart air agus bearna anseo is ansiúd idir na sléibhte, bearnaí trína ndearna na daoine cumarsáid leis na Gleanntaí taobh thiar, Baile Dhún na nGall ar an taobh ó dheas agus Gleann Fhinne ar an taobh thoir. Ar an taobh thuaidh tá an bealach uaigneach sin ar a dtugtar Bealach na gCreach ag síneadh gan teach nó cró ar feadh ceithre mhíle, bealach a luaitear i mórán scéalta faoi mhuintir Uí Néill agus iad ag tiomáint creach ó Bhaollach agus na Dálaigh sna sála orthu ag baint amach díoltais.

Mar a dúirt Seán Ó hEochaidh i *Sean-chainnt na gCruach*[1] tá goirme iontach ag baint leis an Chruach Ghorm nach bhfuil a leithéid le tabhairt faoi deara ar shliabh nó ar chnoc ar bith eile. Na Cruacha Gorma a thugtar ar iomlán na sléibhte a luíonn idir Cruach an Airgid ar an taobh thiar go dtí an Deargchruach ar an taobh thoir. Tá Cruach an Airgid, an Dubhchruach, Cruach Thiobraid, Leathchruach, an Chruach Ghugach, Cruach Mhín an Fheannta, Cruach Leaca, Cruach an Fheannaigh, an Deargchruach ann le cois an Leamhach Mór, an Leamhach Beag agus Gáigín ach tá an Chruach Ghorm í féin ina seasamh os a gcionn uile mar a bheadh sí ag tabhairt a ndúshlán go brách. Tá na cruacha seo mar bheadh bábhún thart ar an ghleann dá scaradh amach ón chuid eile den saol. San am a chuaigh thart ba dhoiligh dul ann agus ba dhoiligh teacht as. Bhí Seán Ó hEochaidh é féin ag insint dom gur chaith sé seacht mí san áit agus gan é ábalta a bhealach a dhéanamh

[1] Ó hEochaidh, Seán, Wagner, Heinrich, ' Sean-chainnt na gCruach ', *Z.C.P.*, (1962-64), 1-91.

amach as. Ba é sin 1947, Bliain an tSneachta Mhóir, ach de réir cosúlachtaí rinne sé úsáid mhaith dá chuid ama mar líon sé mórán fiteán eideafóin le seanscéalta agus seanchas de gach aon sórt ó Anna Nic an Luain agus a cuid comharsan. Ba mhinic a chaith sé tréimhse san áit ag bailiú béaloidis ach ní raibh sé riamh ar intinn aige an fad sin d'am a chaitheamh ar shiúl ón bhaile go speisialta nuair nach raibh sé ach nuaphósta san am.

Creidim, siocair an iargúltais seo, nár fhág an Réabhlóid Tionsclaíoch lorg ar bith ar an áit agus lean na daoine do na sean-dóigheanna a bhí ag a sinsear lena mbeatha a thabhairt i dtír. Fiú nuair a bunaíodh Bord na gCeantar Cúng níor tógadh ach dhá theach sa cheantar faoin scéim agus ceann amháin faoi Scéim Thithíochta Roinn na Gaeltachta i 1934. Ba dhoiligh domsa a thuiscint cén fáth nach raibh éileamh ar níos mó tithe faoi na scéimeanna seo ach dúradh liom gurbh é ba chúis leis gur mhaith leis an dream seo daoine bheith beo orthu féin agus gan bheith i bhfiacha ag aon duine agus mar go bhfuil aithne agam ar mhórán de na daoine seo tuigim anois cad é a bhí i gceist acu. Sa bhliain 1952 rinne an séiplíneach a bhí ar an Éadán, an tAthair Ó Maoláin, ar dheis Dé go raibh sé, a sheacht ndícheall an leictreachas a chur ar fáil do na daoine. Níor éirigh leis nó bhí trí mhíle gan teach gan chró ar thaobh amháin den cheantar agus bunús cúig mhíle ar an taobh eile agus d'fhág sin go mbeadh orthu a thrí oiread a dhíol ar son na cumhachta. Iarradh cabhair ar an rialtas ach ní bhfuarthas é agus fágadh bunadh na gCruach ag brath ar a gcuid lampaí ola go dtí an bhliain 1975 nuair a thoiligh an rialtas cabhair a thabhairt, mall féin mar a bhí sé.

Ag tógáil caorach an gléas beo a bhí ag na daoine riamh anall agus ba chrua an saol a bhíodh ag na fir trí bheanna agus criathair i ndiaidh a gcuid caorach. Bhíodh na mná iad féin gnóthach ag ní agus ag sciúradh na holla agus dá dhéanamh réidh le stocaí margaidh agus éadach geimhridh dá gclann a dhéanamh as. Bhíodh 'camp' sa gheimhreadh i ngach aon teach agus bhíodh na mná agus na cailíní óga ag cardáil agus ag sníomh ó mhaidin go ham codlata agus ansin chruinníodh na fir isteach agus bhíodh ceol agus damhsa go maidin. Is ag an 'camp' céanna a cuireadh tús le go leor cleamhnais mar nach raibh halla damhsa ar bith sa cheantar agus b'annamh a d'fhágadh muintir na háite an baile le dul chuig damhsaithe in áiteanna eile.

Ba bheag sóláistí a cheannaíodh muintir na gCruach ach amháin an tobac agus an tae. Bhíodh siad beo go mór ar a gcuid féin prátaí, arán, brachán mine coirce agus bainne. Sa samhradh

dhéantaí butaí ime agus dhíoltaí é ar mhargadh i mBealach Féich siar i ndeireadh an fhómhair. Ní shílfeadh fir na gCruach dada de bhuta ime a iompar go Bealach Féich sé mhíle dhéag ar shiúl. Insítear scéal faoi Eoghan Sheáin Mac an Luain, gurbh é a thug an chéad lampa ola chun na gCruach oíche fhómhair amháin i ndiaidh siúl as Bealach Féich agus a bhuta ime díolta aige.

Ní fios go díreach cá fhad sa stair a raibh cónaí sa cheantar seo. Dar le Seán Ó hEochaidh nach raibh duine nó deoraí sa ghleann seo go dtí aimsir na Plandála agus gur aníos as Tír Eoghain a tháinig na chéad áitreabhaigh. Ar scor ar bith de réir an daonáirimh i 1901, an chéad cheann iomlán atá le fáil, bhí dhá chéad duine ina gcónaí ar na Cruacha (féach Aguisín I). Sa chéad daonáireamh eile, 1911, bhí dhá chéad, scór is seisear déag ann. Tá eagla orm gur ag dul i laghad a bhí an daonra ó shin mar sa lá atá inniu ann tá trí cloigne is fiche fágtha.

Bhí seilbh ag Clann Mhic an Luain ar an chuid ba mhó de Chruach Mhín an Fheannta agus an Dubhchruach. Ní hiontas ar bith gurbh iad muintir Mhic an Luain ab fhairsinge sa cheantar nó bhí cúigear deartháireacha acu ann agus iad uilig pósta agus muiríneacha móra acu. Bhí Pete Sheáin, Eoghan Sheáin, Pádraig Sheáin, Mícheál Sheáin agus Seán Óg ina ndeartháireacha agus iad an dá ó le Eoghan Mhíchil, Eoghan Phádraig, Mícheál Óg, Pete Mór agus Mícheál na Dubhchruaiche. Bhí Clann Mhic Aoidh i gCruach Thiobraid, Clann Mhic Dhiarmada i gCruach Leaca, na Connacháin agus na Dubhthaigh ar an Deargchruach, na Dochartaigh ar an Chlochar Thoir, muintir Uí Chadhlaigh ar an Chlochar Thiar agus muintir Uí Dhuinnín i Mín na Sróna. Bhí sloinnte eile ann fosta a tháinig as áiteanna taobh amuigh; Ó Giobúin as Fánaid, Ó hEilfeartaigh as an Phort Nua agus Ó Coinn, Mac Fhionnghaile, Mac Fhionntaigh, Ó Scannláin, Mac Fhearghail, Clann Mhic an Bhaird uile as Paróiste na nGleanntach agus Paróiste Ghleann Fhinne.


I dtrátha an ama sin thosaigh an imirce, ar dtús chuaigh buachaillí agus cailíní go margadh an fhostaithe nó an ' rabble ', mar a thugtaí air, i mBealach Feich agus chaith siad leathbhliain ar fostú gach aon áit ón Ghleann Mhór síos go dtí an Lagán. De réir a chéile fuair siad blas ar na bailte móra agus ar phléisiúir an tsaoil agus stad siad ag filleadh ar na seanfhóid. Tugtar faoi deara gurbh iad na cailíní a thréig an áit ar dtús mar ní raibh i ndán dóibh ach sníomh agus cardáil sa bhaile. De réir a chéile thosaigh teaghlaigh ag imeacht agus tithe a dhruid. Cinnte tháinig cúpla teaghlach nua isteach sa cheantar ag tús na haoise seo .i. Clann Uí Ghallchóir as Gleann Léithín agus Clann Uí Cheallaigh as Baile na Finne ach níorbh fhiú mórán sin le taobh an méid a d'imigh.

Ní raibh mórán áiseanna sa cheantar seo agus bhí na daoine ag brath ar ' charranna tae ' a thagadh uair sa tseachtain ó Ghort an Easa i bParóiste Chill Taobhóige. Cuireadh caochán beag de shiopa ar bun ar an Chlochar i 1910 ach níor thug sé saol fada leis, dúnadh é i 1935. Ní raibh teach tábhairne ná eile san áit ach mar sin féin bhí cró na stile faoi na beanna agus ní bhfuair aon duine bás den tart!

Go dtí 1906 ní raibh teach pobail níos cóngaraí do na Cruacha nó Pobal Bhaile na Finne a bhí deich míle uathu agus Pobal Chill Taobhóige a bhí deich míle eile uathu. I Mí na Féile Mhichíl i 1906 d'oscail agus choisric an tEaspag Ó Domhnaill, ar déanadh Cairdinéal de ina dhiaidh sin, teach pobail ar an Éadan Anfa, tuairim is cúig mhíle ó na Cruacha. Ba mhór an lá é sin do bhunadh na gCruach. Chuaigh Séamas Ó Gallchóir as Mín na Sróna ar aghaidh gan chotadh i láthair an Easpaig agus an tSagairt Mhic Pháidín agus iad ag dul isteach i gcóiste le himeacht chun an bhaile agus chuaigh sé síos ar a ghlúine don easpag agus dúirt sé ' A Thiarna Easpaig, tá achainí agam le hiarraidh ort '. ' Tiomáin leat ', arsa an sagart Mac Phaidín leis an tiománaí ach d'iarr an tEaspag air stopadh agus d'éist sé le scéal an Ghallchóirigh; go raibh ceantar na gCruach scoite amach ón chuid eile den pharóiste agus gan scoil gan léann ag na daoine. Gheall an tEaspag go gcuirfí scoil ar fáil dóibh agus an bhliain ina dhiaidh sin ar an 23ú Meán Fómhair 1907 osclaíodh an scoil. Thug Conradh na Gaeilge céad punt mar shínteanas agus ba í Úna Ní Fhaircheallaigh, a bhí ina léachtóir i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, a tháinig leis an sínteanas a bhronnadh. Nuair a osclaíodh an scoil do na páistí scoile bhí naonúr cailín agus ceathrar déag de bhuachaillí ar na rollaí. Chuaigh an uimhir seo i méid i rith na bliana agus roimh dheireadh mí Mheithimh bhí dhá scór agus ocht gcloigne déag ar na rollaí. Sa bhliain 1910 cuireadh ranganna oíche ar bun agus d'fhreastail dhá scór agus triúr fear ar na ranganna seo an chéad gheimhreadh. Tá leabhar rolla na ranganna seo an-suimiúil mar go bhfuil cuid de rang na ' naoineán ' idir naoi mbliana déag agus na trí scór! Múinteoir as Gaoth Dobhair, Cathal Ó Colla, an chéad mhúinteoir a bhí ar an scoil seo agus múinteoir as an cheantar Máire Bn. Uí Cheallaigh, a dhún an scoil sa bhliain 1971 nuair nach raibh ach aon chloigeann déag ar na rollaí agus gan ach beirt acu sin as na Cruacha féin. Ní raibh coláiste samhraidh riamh ar na Cruacha ach rinneadh iarracht a mhacasamhail a chur ar bun i 1962.

San alt ' Thall is Abhus ' in *An tUltach*, Samhain 1962, tá an méid seo a leanas:

Ceantar na gCruach agus Maguaird



COIMISIÚN BÉALOIDEASA ÉIREANN

CONNTAE Tír Conaill BARÚNTACT Boidheallai

PARÓISTE Inis Caol

AINM AN SGRÍOBHNÓRA Seán Ó hEochaidh

SEOLADH AN SGRÍOBHNÓRA Carraig Aluinn, Teileann

Tír Conaill

DO REIGEADAR FIOS AN ..... RO AR AN 7/8/'47

Ó DÉAL-AITHRIS Anna Nic a' Luain

AOIS ..... SAIRM-BEATHA Bocht - Tóigte ..... ACÁ SÍ A COIMHDE

I MBAILE FEARainn Carraig Thoirbheirt

AGUS A RAOLUIGH AGUS A TÓGADH I ..... Na Carraca

DO CUALA SÉ (Sí) ón Sh. Ó hEochaidh ..... AGUS Ó FHIR Ó ..... Sh. Ó hEochaidh

..... (AOIS AN ~~SEANDUINE~~) A BHÍ SÍ A COIMHDE AN UAIR FHIR

Carraig Thoirbheirt, Na Carraca

Na rainn an fear fóiseanta mé

I

Na rainn an fear fóiseanta mé lá fóiseanta agus
earrach.

Bumpity jém an cóirya agus ceathrar roimam
i aréir ina diaidh

B'fhéidir liom carbhán óg agam a chuireadh dom
mo leabaidh

Nó saighdiúirí Rí na fraince agus cheo mo
phósadh ar Bainrigheal a.j

Tháinig an coiste i gceann a chéile san Ardscoil, Béal Feirste, Satharn 24ú Meán Fomhair. Bhí seachtar is fiche i láthair. An cheist ba thábhachtaí dá raibh ar an chlár bhain sí le Gaeltacht Thír Chonaill—Na Cruacha agus Baile na Finne. Bhí an Sagart Ó Fríl (na Cruacha) agus an Sagart Mac Fhloinn (Baile na Finne) i láthair agus mhínigh siad an scéal.

Labhair an Sagart Ó Fríl faoi na Cruacha. Bhí teaghlach is fiche ina gcónaí sa Ghleann agus as an iomlán ní raibh ach cúigear páistí in aois scoile agus deichniúr stócach agus seisear cailín in aois pósta. Bhí na daoine óga uilig ag imeacht thar sáile agus roimh i bhfad ní bheadh duine ar bith fágtha. Agus sa ghleann seo agus ag na daoine seo bhí an Ghaeilge ba ghlinne agus ba shaibhre ní amháin i dTír Chonaill ach in Éirinn uilig. Bhí ceithre tithe sásta lóistéirí a choinneáil agus thiocfadh leo glacadh le deichniúr. Ní páistí scoile a bhí de dhíth ach daoine a mbeadh tuigbheáil acu do Ghaeilge mhaith. Bhí díospóireacht fhada ann go mbeadh micléinn ar na Cruacha i 1963 le staidéar a dhéanamh ar an Ghaeilge ansin.

Is cosúil go dtáinig na mic léinn chun na gCruach mar de réir *An tUltach*, mí Dheireadh Fómhair 1963, tháinig dhá chloigeann déag de scoláirí faoi scéim Chomhaltas Uladh agus beirt eile nach raibh faoin scéim. Deirtear san alt ' Thall is Abhus ' in *An tUltach*, Deireadh Fómhair 1963:

> ' Bhain gach duine aoibhneas mór as a chuid ama san áit agus bhí cumha orthu uilig ag imeacht agus gheall siad uilig go mbeadh siad ar ais le cuairt eile a thabhairt ar a gcairde sna Cruacha. . . . Tá tús maith curtha ar Scéim na gCruach; tá síol beag bídeach curtha agus le cuidiú Dé beidh sé ina cheann mhór go fóill '.

Is cosúil nach ndeachaigh an scéim seo i bhfeidhm an dara babhta mar bhí deacrachtaí ann de thairbhe ceal lóistín agus áiseanna eile. Tháinig go leor mac léinn ó am go ham ó shin ar a gconlán féin agus go fóill tá dáimh mhór acu leis an bheagán atá fágtha ar na Cruacha.

Ach an mhuintir seo, muintir na gCruach nach ndeachaigh riamh ar scoil, bhí léann dá gcuid féin acu, ba é sin an seanchas, an ceol agus an béaloideas a bhfuil cuid mhór de caillte agus a mbeadh sé uile caillte ach amháin gur threoraigh Coimisiún Béaloideasa Éireann (1935-'71) daoine mar Sheán Ó hEochaidh agus Liam Mac Meanman chun na gCruach chun cuid de sheanchaint agus de sheanchas na gCruach a bhailiú.

Is mór an trua nach raibh na gléasanna nua-aimseartha mar an téipthaifeadán le fáil an t-am a raibh Seosamh Laoide, Séamas Ó Searcaigh agus Énrí Ó Muirgheasa ag bailiú nó bhuail siadsan leis an cheoltóir ab fhearr riamh sa ghleann. Ba é sin Eoghan

Phádraig Mac an Luain. Bhí amhráin agus ceol gan chuimse aige, paidreacha agus deilíní chomh maith agus go bhfuil cuid acu i gcló in *Dhá Chéad de Cheoltaibh Uladh* ag Énrí Ó Muirgheasa. Chaith Eoghan Phádraig coicís iomlán i dTeach Lios Dánaire i mBaile Dhún na nGall agus an dlíodóir P. M. Ó Gallchóir ag scríobh síos a chuid amhrán uaidh. Fuair Eoghan Phádraig bás i 1929 agus gan é ach i dtrátha na trí scór. Bhí teaghlach mór aige, cúigear mac agus cúigear iníonach ach níor fhan san áit ach triúr: Máire, Pádraig agus Conall. Fuair an triúr sin saol fada thar na ceithre scór go leith agus is iomaí scéal agus deilín a bailíodh uathu go dtí lá a mbáis.

An bhean scéil ab fhearr a bhí sa ghleann, ar ndócha, ba í sin Anna Nic an Luain nó mar thug gach aon duine san áit seo uirthi Anna John Chiot. Rugadh Anna i gCruach Thiobraid in 1884. Pósadh í ar John Eoghain Mac an Luain agus bhí cónaí uirthi i gcistin bheag faoi fhad scairte don áit ar tógadh í. Dúirt Seán Ó hEochaidh fá dtaobh di go raibh sí mar a bheadh tobar gan trá ann. Dhearbhaíodh sí gach aon lá nach raibh aon scéal nó aon amhrán nach raibh aithriste aici ach nuair a théadh sé ar ais lá thar na mhárach bheadh scéal eile aici. In *The Derry People* 6 Feabhra 1954, tá cuntas tugtha ar Anna Nic an Luain tar éis a báis agus ar an méid scoláirí ó thíortha iasachta a tháinig ag amharc uirthi. Deirtear:

> 'There was Dr. Heinrich Wagner, Professor of Old Germanic Languages in the University of Basle, in his native Switzerland. A Swedish journalist, Axel Liffner, came and wrote of Anna in some of his country's largest daily papers. Einar Ol Sveinson, Professor in the University of Rejkyjavik, was another visitor and this Icelandic scholar spoke of Anna over Rejkyjavik Radio on his return. These were but some of the men from all parts of Europe who were drawn to one of the most remote districts of our country to meet Anna Nic an Luain '.

Bhí fear amháin a chuir spéis faoi leith inti agus ba é sin an Gearmánach A. E. Johann Wöllschlager a ghlac mórán pictiúirí den cheantar agus ceann d'Anna í féin. Nuair a d'fhill sé ar an Ghearmáin scríobh sé leabhar darbh ainm *Irland: Heimat der Regenbogen* (Ireland: Land of the Rainbow). Tá pictiúr Anna ar chlúdach an leabhair agus alt iomlán tugtha suas di san leabhar. Ar an méid atá le rá aige san alt seo deir sé: ' I spent not more than a few days with Anna Nic an Luain but she made on me, during this short time, a much greater impression than other people with whom I worked and lived for years, in what is called the social life of the big cities '.

Tá portráid na mná seo, a tharraing Simon Coleman, R.H.A., le feiceáil i Roinn Bhéaloideas Éireann i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. B'iontach an chuimhne a bhí ag an mbean seo agus ag seanchaithe eile mar í. Tá an méid seo le rá ag Seán Ó hEochaidh fúithi agus é ag caint le Johann Wöllschlager:

> Anna Nic an Luain is for me always a little miracle. She had a faithful and never forgetting memory. We of the present day have destroyed ours by reading and writing so much that we cannot understand anyone who has it. Anna has supplied the collectors of the Irish Folklore Commission with the texts of more than two hundred old and new folk-songs, caoins, poems and ballads, all from memory, some of them containing more than twenty stanzas. She has told more than fifty long stories and these take sometimes a full night. I worked with her for over eighteen months and she never repeated anything twice during that time. Her richness, welling up from unbelievably ancient sources is not yet at an end. A collector of the Commission will come to her this summer (1951) to work with her and make recordings. For should she die all knowledge will sink with her into the grave. Happily Mr. Delargy started twenty years ago recording the stories of the sheanchaidhes and the last of the bards. Most of them are now dead. Ó Crohan of the Blaskets is gone. Peig from the Blaskets is very old and Anna herself is a very frail old lady. Had the collecting activity only been starting now we could scarcely get one-fifth of what was gathered fifteen years ago.

Fuair Anna bás in aois a trí scór go leith i 1954 ach mairfidh a cuimhne go deo, a bhuíochas sin ag Seán Ó hEochaidh, an Dochtúir Ó Duilearga agus iad siúd go léir a bhailigh a oiread eolais uaithi.

Bhí a deartháir, Seán Mac an Bhaird, lán chomh maith léi agus d'aithris seisean scéalta agus seanchas go leor go dtí lá a bháis i 1966.

Thiocfadh a rá gurbh í Róise, bean Eoghain Mhíchíl Mhic an Luain, Banríon na gCruach.[1] Rugadh agus tógadh í ag bun na Cruaiche Goirme agus is ansin a tháinig a clann uile ar an saol. Bhí fáilte agus lóistín roimh gach aon duine, an bocht agus an duine uasal, á bhuail isteach chuici. Bhí sí mar bhean ghlúine sa cheantar ar feadh fada go leor agus ní rachadh sí in áit mar é gan éadach páiste aici agus nithe eile a bheadh úsáideach. Lean an gnás céanna gach aon duine dá cuid iníonach cibé áit ar bhain siad fúthu. Fuair Eoin Mhíchíl, a fear céile, bás réasúnta óg agus tháinig tromlach na hoibre uirthi le déanamh ach bhí cloigeann oscailte uirthi agus an-dul chun cinn. Bhí a fhios sin go maith ag a teaghlach

[1] Ó hEochaidh, Seán, ' Croidhe na Féile ', *Z.C.P.* (1962-64), 16-21.

agus go lá a báis in aois a ceithre scór agus sé bliana ní dhéanfadh siad dada gan é a chur ina cead i dtosach. D'inis sí an-chuid seanchais do Sheán Ó hEochaidh agus ainneoin nach raibh scéal fada ar bith aici bhí stór mór paidreacha agus mionscéalta aici agus saibhreas iontach ina cuid comhrá. Ní raibh aon fhocal Béarla aici agus chuireadh sé tocht uirthi cloisteáil go raibh an Ghaeilge ag imeacht.

Fear scéil eile iomráiteach ab ea Peadar Ó Tiománaí agus sár-cheoltóir fosta. Bhí sé ina chónaí ar an Leath Chruach agus bean de na Connacháin ab ea a mháthair. Lean ceol agus damhsa an dream sin daoine nó bean eile acu máthair Shéamais Uí Dhochartaigh a bhí ina chónaí ar an Chlochar agus a bhí ina fhear mhór ceoil fosta. Chuala mé ráite ar na Cruacha nach n-iarrfadh duine a phléisiúr ná ag éisteacht le Peadar Ó Tiománaí ag ceol ' Art Ó Ceallaigh ' agus ' Máire Ní Chomhaill '. Fear an-dea-chainteach a bhí ann fosta nach raibh a fhocal le cuartú aige. D'inis sé scéalta agus deilíní do Sheán Ó hEochaidh agus é ag déanamh a chuid bailiúchán.

Ó Chlann Mhic Aoidh ar an Chruach Thiobraid a fuair Liam Mac Meanman mórchuid den seanchas. Chaith sé geimhreadh 1936 ina iomláine ag scríobh seanchais agus scéalta ó John Rua Mac Aoidh agus a dheartháir Paidí Dubh. Beirt seandaoine an-saoithiúla a bhí iontu agus bhí lear mór de sheanchas acu. Bhí John pósta agus cúigear de theaghlach aige agus níor pósadh Paidí riamh. Bhí fearadh na fáilte acu do lucht buailte an bhealaigh i gcónaí agus is iomaí am a bhain siad an t-ocras do dhaoine a tháinig tríd bhealach an Stucáin ag teacht ó Aifreann an Éadáin maidin Domhnaigh.

Seanchaí iomráiteach eile ab ea Mícheál Phádraig Sheáin Mac an Luain as an Dubhchruach agus is iomaí scéal fada dá chuid atá i Roinn Bhéaloideas Éireann. Bhí seisean an dá ó le Micí Mhíchíl Mac an Luain a bhí ina chónaí i gCruach Mhín an Fheannta agus a raibh neart scéalta agus amhrán aige féin. Bhí seisean pósta ar bhean de mhuintir Uí Cheallaigh agus bhí deich gcloigne clainne acu. Tá siad scaipthe gach aon áit ó Ghleann Fhinne go Londain agus gan ach fear amháin acu fágtha ar na Cruacha anois, fear a bhfuil bua an cheoil ann féin.

Níl anseo ach trácht ar chuid de na seanchaithe ab fhearr agus ba chlúitií sa cheantar le linn do Sheán Ó hEochaidh agus Liam Mac Meanman a bheith ag bailiú béaloidis ann. San am i láthair tá cuid dá n-iolra sin fágtha sa cheantar. Nach saoithiúil an mhaise é go raibh seasca teach cónaí ar na Cruacha i 1911, dhá chéad go

leith agus cúigear san iomlán agus inniu tá trí theach dhéag agus triúr is fiche ina gcónaí san áit. Ach tá dhá thaobh ar gach aon scéal, tá sé cosúil le trćigeadh na n-oileán: ní maith leis na daoine imeacht ach caithfidh siad chun dul chun cinn a dhéanamh. Maidir leis na Cruacha ní déarfainn go bhfuil sé ar intinn ag duine ar bith den scór an áit a thréigean ach tá rud amháin siúráilte agus is é sin go dtiocfaidh an lá, tar éis imeacht na ndaoine seo, a mbeidh Na Cruacha cosúil leis Na Blascaodaí agus ní bheidh againn ach cuimhní cinn ar an seandream a mhair san Fhíorghaeltacht seo i dTír Chonaill.

Buíochas

Tá mé fíorbhuíoch don Ollamh Breandán Ó Buachalla a threoraigh mé i ngach gné den obair seo agus a thug cabhair den scoth dom.

Tá mé faoi chomaoin go mór ag na bailitheoirí, Seán Ó hEochaidh agus Liam Mac Meanman, a chuir saothar mór orthu féin agus iad i mbun na hoibre. Tá mé faoi chomaoin go speisialta ag muintir na gCruach a thug uathu an t-eolas agus an seanchas faoi chroí mhór mhaith.

Tá mé an-bhuíoch, freisin, don Ollamh Bo Almqvist agus an Dr S. Ó Catháin a thug cead dom na foinsí a bhain leis an ábhar i Roinn Bhéaloideas Éireann a úsáid.

Tá mé an-bhuíoch do na daoine seo go léir a thug cabhair dom ar bhealaí éagsúla: An Dr Seosamh Watson, Máire Bean Uí Cheallaigh, Máire Bean Mhic an Luain, an tAthair Ó Fríl (nach maireann), an Dr Dáithí Ó hÓgáin, Bairbre Ó Floinn, Ríonach Uí Ógáin agus Máire Davitt.

Áine Ní Dhíoraí

NA BAILITHEOIRÍ

Sean Ó hEochaidh

Rugadh agus tógadh Seán Ó hEochaidh i dTeileann in iardheisceart Thír Chonaill. Fuair sé a chuid bunoideachais ar an scoil náisiúnta i dTeileann agus i Scoil an Chaisil i nGleanncholmcille, áit a raibh a uncail ina phríomhoide. D'fhág sé an scoil nuair a bhí sé ceithre bliana déag agus chuaigh sé ag iascaireacht mar nach raibh obair de shórt ar bith eile sa cheantar.

Nuair a bhí am le sparáil aige scríobh sé síos mórán seanscéalta ó sheanduine sa chomharsanacht a raibh stór maith seanchais aige. Thaitin an sórt seo oibre le Seán agus nuair a chonaic sé fógra go raibh An Gúm ag iarraidh teacht ar ábhar a bhí scríofa i nGaeilge scríobh sé síos scéalta a bhí ar eolas aige féin agus sheol iad a fhad leis An nGúm i mBaile Átha Cliath.

Chonaic Domhnall Mac Grianna, a bhí ag obair in Institiúid an Ard Léinn, an cnuasach breá a scríobh Seán agus thaispeáin sé don Ollamh Séamas Ó Duilearga é. Bhí an tOllamh Ó Duilearga ag iarraidh Coimisiún Béaloideasa Éireann a bhunú ag an am agus chuir sé an-suim san obair a bhí déanta ag Seán. Chuaigh sé féin go Tír Chonaill chun castáil air agus is é an deireadh a bhí ar an scéal gur ceapadh Seán mar bhailitheoir béaloidis i dTír Chonaill. Bhí sé le bheith ar an chéad bhailitheoir oifigiúil béaloidis sa tír seo. Ghlac sé leis an bpost sa bhliain 1935 agus bhí sé ag obair go dtí mí Feabhra na bliana 1983 nuair a tháinig sé amach ar pinsean.

Thosaigh sé ag bailiú ina cheantar féin, Teileann, áit a raibh aithne ag gach duine air. Ba ghnách leis ailt a scríobh sna nuachtáin áitiúla, go háirithe in *The Derry People* agus bhíodh sé ag caint ar an raidió go minic fosta. Ar an dóigh seo bhí muintir Thír Chonaill ag fáil aithne air agus bhí siad ábalta é a threorú chuig na seanchaithe ab fhearr. As Teileann chuaigh sé go Gort an Choirce ag bailiú béaloidis ó dhaoine mar Niall Ó Dubhthaigh agus chaith sé ceithre bliana ag teacht is ag imeacht ann.

Is i nGort an Choirce a casadh Micí Mac Gabhann ar Sheán agus bhain Seán an-sult as bheith ag éisteacht le Micí ag cur síos ar a chuid eachtraí in Dawson City agus sa Klondyke. Pósadh Seán ar Áine, iníon Mhicí Mhic Gabhann, sa bhliain 1943 agus d'aistrigh sé ó Theileann le dul a chónaí i nGort an Choirce.

Ba i mí na Bealtaine 1947 a thug Seán an chéad ruaig ar na Cruacha agus chaith sé corradh le dhá bhliain ag bailiú gach aon sórt béaloidis agus ag éisteacht leis na céadta scéal ó mhuintir na háite. Deir sé féin faoin áit:

> I mo thuairim féin is í seo an Fhíor-Ghaeltacht amháin atá fágtha i dTír Chonaill. Tá sibhialtacht bheag dá gcuid féin ann istigh anseo ins na cnoic. Níl baint mhór ann leis an tsaol mhór taobh amuigh daofa féin. Gaeilge teanga achan teaghlach agus ní bréag Gaeilge uirthi. Tá binneas agus cruinneas inti nach bhfuil in áiteacha eile atá ar m'eolas. Labhraíoun siad í go mall réidh gan bhachlóg ar bith ar a dteanga.

Is anseo a casadh Anna Nic an Luain air a d'aithris tuairim is dhá chéad amhrán agus a d'inis timpeall leathchéad scéal. Chaith Seán Ó hEochaidh dhá mhí sa teach seo ag comhrá léi agus ag bailiú uaithi. Is iomaí cuairteoir céimiúil a thug sé isteach sa cheantar chun castáil uirthi agus ar a leithéid.

Taobh amuigh de bheith ag bailiú béaloidis chaith Seán cúpla bliain (1965-69) ag tabhairt léachtaí i gColáiste na Banríona, Béal Feirste, faoi chúram an Ollaimh Heinrich Wagner a bhí i mbun Roinn na Ceiltise ann. Bhí mórán mór scoláirí céimiúla ó thíortha iasachta a bhí i gcuideachta Sheáin nuair a thiocfadh sé ar ruaig chun na gCruach. Tá na scórtha clár déanta ag Seán ar an Raidió Náisiúnta, Raidió na Gaeltachta, Raidió Stockholm, fiú amháin Raidió Sydney san Astráil. Ar na leabhair a bhfuil baint aige lena gcur le chéile tá *Rotha Mór an tSaoil* (B.Á.C. 1959), *Sean-chainnt Theileann* (Institiúid Árd-Léinn 1955), 'Sean-chainnt na gCruach', *Z.C.P.* (1962-64), agus *Síscéalta ó Thír Chonaill* (B.Á.C. 1977).

Tá leathchéad bliain caite ag Seán Ó hEochaidh ag obair ar son na Gaeilge. Cé go bhfuil sé amuigh ar pinsean anois tá sé ag obair leis sa bhaile ar a shuaimhneas ag scríobh amach téipeanna de sheanchas agus scéalta a bhailigh sé na blianta ó shin. Go dtuga Dia saol agus sláinte dó!

LIAM MAC MEANMAN

Rugadh agus tógadh Liam Mac Meanman i Móinín na nAsrach i bParóiste Ghleann Fhinne i nGaeltacht Láir Thír Chonaill. Fuair sé meánoideachas i gColáiste Adhamhnáin, Leitir Ceanainn, agus bhuaigh scoláireacht le dul chuig Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, áit a ndearna sé staidéar ar an Léann Cheilteach. Mar pháirt den chéim bhailigh sé béaloideas as ceantair áirithe i dTír Chonaill—Teileann, Gleann Fhinne agus na Cruacha Gorma.

Bhuaigh sé Scoláireacht Theach an Ard-Mhéara le linn dó an chéim a bhaint amach agus chuaigh sé ar aghaidh go Coláiste Phádraig, Droim Conrach, le céim sa bhunmhúinteoreacht a bhaint amach.

Ba é an chéad phost a bhí aige ná mar bhailitheoir páirtaimseartha le Coimisiún Béaloideasa Éireann. Bhí an t-ádh air castáil le mórán de na seanchaithe ab fhearr ar na Cruacha .i. Peadar Ó Tiománaí, Séamus Ó Giobúin agus Seán Mac Aoidh chomh maith le hAnna Nic an Luain agus a deartháir Seán Mac an Bhaird. Chaith sé geimhreadh iomlán sa cheantar agus bhailigh sé mórán amhrán agus seanchais uathu.

Tar éis cúpla bliain dó a bheith ag bailiú béaloidis fuair sé post múinteoireachta ar an Lagán. Seal de bhlianta ina dhiaidh sin toghadh mar phríomhoide é ar scoil náisiúnta i gceantar an Fhál Charraigh, áit a bhfuil cónaí air anois. D'éirigh sé as a phost sa bhliain 1979.

Bhí sé mar Uachtarán ar an ' Donegal Association ' sa bhliain 1972. Scríobh sé mórán alt sa *Donegal Annual*, an chuid is mó acu bunaithe ar an mbéaloideas a bhailigh sé ar fud an chontae corradh le leathchéad bliain ó shin.

1. AN FHIANNAÍOCHT

1.1 CÉADACH MAC RÍ NA dTULACH

Bhí Rí in Éirinn i bhfad ó shin a dtugadh siad Rí na dTulach air agus bhí mac aige a dtugadh siad Céadach mac Rí na dTulach air. Rinne an mac seo amach go n-imeochadh sé ar lorg a fhortúin. Rinne an Rí suas go han-mhaith é agus chuir sé culaith mhaith éadaigh air agus chuir sé gléas maith air ar achan dóigh agus d'imigh sé leis béal a chinn.

Ní theachaigh sé i bhfad uilig gur casadh air Fionn mac Cumhaill. D'fhiafraigh Fionn mac Cumhaill de cérbh é nó cá raibh sé ag dul. Dúirt sé go raibh sé ag imeacht ag lorg fostaithe.

' Is maith mar casadh ar a chéile muid ', a deir Fionn, ' nó tá buachaill de dhíobháil go cruaidh ormsa. Caidé an tuarastal atá tú ag iarraidh ', a deir sé, ' ar feadh lae agus bliana? '

' Bhail, inseochaidh mé sin duit ', arsa Céadach mac Rí na dTulach, ' beidh déanamh an tuarastail agatsa ', a deir sé, ' má thaitním leat agus mura raibh ', a deir sé, ' ní iarrfaidh mé pingin ar bith ort '.

' Maith go leor ', arsa Fionn, ' margadh déanta é '. D'imigh an bheirt abhaile ansin agus ní bhfuair Fionn ariamh an buachaill ab fhearr ag obair nó é go raibh an lá agus an bhliain istigh.

' Tá déanamh an tuarastail agat féin anois ', arsa an Céadach.

' Bhail, ní raibh aon bhuachaill agamsa ariamh ', a deir Fionn, ' níos fearr nó thú. Caidé an tuarastal atá tú ag iarraidh anois? '

' Tá ', arsa an Céadach, ' tú long a fhágáil gléasta thíos ansin ar an chladach agus tú bia seacht mbliana a fhágáil istigh inti '.

' Bhail, caithfidh tú sin a fháil ', arsa Fionn.

D'imigh sé agus fuair sé an long agus chuir sé bia seacht mbliana isteach inti agus d'fhág sé gléasta thíos ar bhruach na farraige í. Chuaigh an Céadach síos go bhfacaigh sé an long agus chuaigh sé isteach uirthi ar maidin lá thar na mhárach. Thóg siad a chuid seoltaí bocóideacha, bacóideacha mar choimhdeacht na gaoithe, bhí sé ag éisteacht le róntaí farraige, le feadalach na míol mór, le bradán mionbhéil buí, lena mhéin mhaise agus lena chois. Cén áit ar shiab sé isteach ach faoi chúirt agus chaisleán Rí Lochlann. Bhí coill ansin agus cheangail sé an long de bhun crainn ann agus shiúil sé leis. Bhí sé tamalt maith ansin agus d'fhoghlaim sé teangaidh na Lochlannach.

Lá amháin bhí sé ag siúl thart agus chonaic sé teach mór eascairdeach. Bhí bun cleite amach agus barr cleite isteach ann agus bhí aon chleite amháin mór ag déanamh foscaidh agus dídine don chuid eile uilig. Caidé a bhí ansin ach teach scoile agus chuaigh sé isteach ann. Scoláirí beaga uilig a bhí ansin ach aon bhuachaill amháin mór a bhí ann. Chaith sé an lá sin ar an scoil agus nuair a bhí an trí a chlog ann bhí sé amach as teach na scoile leis an bhuachaill mór seo. D'fhiafraigh an buachaill de caidé an rud é nó cá fhad a shiúil sé?

'Caidé an rud tú féin?' a deir an Céadach leis, 'agus thig leatsa mise a fháil gaibhte mura n-insí mé duit caidé an rud mé'.

'Bhail', a deir an buachaill, 'mise Féilim mac Rí Lochlann'.

'Bhail, mise Céadach mac Rí na dTulach as Éirinn', a deir an fear eile.

'Bí ag teacht liomsa go maidin', arsa Féilim, 'agus tá mé cinnte go mbeidh fearadh na fáilte romhat ag m'athair ar scor ar bith'.

Chuaigh sé leis agus nuair a bhí siad ag tarraingt ar an teach chonaic Rí Lochlann a mhac ag teacht agus an buachaill galánta seo leis. Bhí sé amuigh rompu agus é fearúil fáilteach i gceart.

'Cén fear óg é seo leat?' arsa an Rí.

'Seo Céadach mac Rí na dTulach as Éirinn', arsa an mac.

'Bhail, tá céad fáilte romhat i mo chúirt agus mo chaisleánsa go ceann lae agus bliana', arsa Rí Lochlann. Stop sé ansin go raibh an lá agus an bhliain thuas agus an oíche sin dúirt sé le Féilim mac Rí Lochlann go raibh sé ag imeacht lá thar na mhárach. Dúirt Féilim go gcaithfeadh seisean a bheith leis. Dúirt an Céadach nach dtabharfadh seisean ar shiúl óna athair é ó ba rud é go bhfuair sé lóistín a fhad fá theach a mháthar agus Rí Lochlann. Dúirt Féilim nach raibh gar ann, go gcaithfeadh seisean a bheith leis.

'Tá mise ag dul chun na Gréige anois', arsa an Céadach, 'go bhfoghlaimeochaidh mé teangaidh na Gréige'.

'Bhail, beidh mise leat amárach', arsa Féilim mac Rí Lochlann.

Chuaigh an Céadach a fhad lena long ar maidin lá thar na mhárach agus ní raibh gar ann, chaithfeadh Féilim a bheith leis— ní thiocfadh é a choinneáilt ar dhóigh ar bith fán teach nuair a bhí an fear eile ag imeacht. Chaithfeadh sé féin dul go bhfoghlaimeochadh sé teangaidh na Gréige. Thóg sé a chuid seoltaí bocóideacha, bacóideacha mar rinne sé an lá cheana agus cén áit ar shiab an long isteach ach i gcríoch na Gréige. Cheangail an Céadach an long ar steafóg ansin agus shiúil sé leis.

Níorbh fhada a shiúil sé uilig go bhfacaigh sé teach mór eascairdeach a raibh bun cleite amach agus barr cleite isteach ann agus aon chleite amháin mór ag déanamh foscaidh agus dídine dó. Teach scoile a bhí ansin fosta. Chuaigh an bheirt isteach ansin agus scoláirí beaga uilig a bhí ann ach cailín amháin a bhí ann a bhí chomh mór agus a bheadh sí. Chuaigh an Céadach isteach agus shuigh sé ar thaobh den chailín agus chuaigh Féilim agus shuigh sé ar an taobh eile daoithi. Ar an trí a chlog bhí siad amach leis an chailín. D'fhiafraigh an cailín caidé an rud iad nó cá fhad a dtáinig siad. D'fhiafraigh an Céadach daoithi-se caidé an rud *í* féin agus mura n-insíodh siadsan daoithi go dtiocfadh léithi a bhfáil gaibhte.

Dúirt sí gurbh ise Anna iníon Rí Gréag. Dúirt an Céadach ansin gurbh eisean Céadach mac Rí na dTulach as Éirinn agus gurbh é seo Féilim mac Rí Lochlann a bhí leis agus go raibh dúil ag an bheirt teangaidh na Gréige a fhoghlaim.

'Bhail, bígí ag teacht liomsa anocht', arsa iníon Rí Gréag, ' agus tá mé cinnte go mbeidh fearadh na fáilte ag m'athair romhaibh '.

Chuaigh Anna abhaile an tráthnóna sin agus an dá dhiúlach óga seo léithi agus nuair a chonaic Rí Gréag iad ag teacht d'éirigh sé amach chun an dorais. D'fhiafraigh sé caidé an cineál na stráinséirí seo a bhí léithi. Dúirt sí leis gurbh iad Céadach mac Rí na dTulach as Éirinn agus Féilim mac Rí Lochlann.

' Bhail, tá céad fáilte agus sláinte romhaibh fá mo chuid agus mo chaisleán agus bhéarfaidh mise scoil mhaith daoibh go bhfoghlaimeochaidh sibh teangaidh na tíre '.

Bhí siad ansin go raibh an lá agus an bhliain istigh agus bhí sé i bhfad ní b'fhearr ag foghlaim teangaidh na Gréige ná bhí Féilim—bhí sé i bhfad ní b'fhusa léann d'achan chineál a chur ina cheann. Nuair a tháinig an oíche sular cheart daofu imeacht dúirt an Céadach go gcaithfeadh siad imeacht lá thar na mhárach, nach bhfuair siad ach lá agus bliain agus go raibh sin caite anois. Dúirt Féilim leis go raibh scéal nua aigesean agus nach raibh a fhios aige cé dó a n-inseochadh sé é.

' Cé dó a n-inseofá é ', a deir an Céadach, 'mura n-inseofá domsa é atá ag comrádaíocht leat anois le dhá bhliain '.

' Tá maise ', a deir Féilim, ' is é an scéal é gur thit mé i ngrá le hAnna iníon Rí Gréag '.

' Ó maise, thit mise mé féin i ngrá léithi ', arsa an Céadach, ' ach ós tusa an chéad duine a labhair tá dhá dhoras ar theach na scoile agus amárach nuair a bhéas muid ag imeacht rachaimid isteach—tá doras ar thaobh an chnoic agus níl ann ach beanna

agus clocha agus eidheann ag fás suas ar na clocha, agus tá áit réitithe fán doras aghaidh—is é an margadh a dhéanfas mise leat anois ', a deir sé, ' rachaidh mise amach ar an doras ghaládnta agus cé bith againn a leanfas iníon an Rí bíodh sí aige '.

' Tá mé sásta ', arsa Féilim. Bhí go breá, lá thar na mhárach nuair a bhí siad ag imeacht chuaigh an Céadach amach ar dhoras an chnoic agus chuaigh Féilim amach ar an doras ghaládnta a bhí ar taobh eile agus nuair a d'amharc an Céadach ina dhiaidh bhí iníon Rí Gréag ag dul suas an cnoc ina dhiaidh. Chuaigh Féilim amach ar an doras eile ach nuair a d'amharc sé ina dhiaidh ní raibh dadaidh ag teacht. Chonaic sé an Céadach ag dul suas an cnoc agus iníon an Rí leis ar bharr a dhá shlinneán. Lean sé é agus nuair a chonaic an Céadach ag teacht é d'imigh sé ag reathaigh. Scairt seisean leis seasamh.

' Sheasóchainn ', a deir an Céadach, ' ach tá eagla orm go mbainfidh tú iníon an Rí Gréag díom '.

' Ní bhainfidh ar chor ar bith ', a deir sé, ' ach tá mé ag dúil go dtabharfaidh tú achainí amháin dom a iarrfas mé '.

' Bhéarfaidh mé achainí ar bith a n-iarrfaidh tú duit ach gan tú achainí ag iarraidh iníon an Rí a bhaint díom '.

' Bhail, is í an achainí atá mise ag iarraidh ort ', a deir sé, ' an chéad bhuille a fháil ort ins an chéad áit a gcasfar orm thú '.

' Tá sin le fáil agat agus fáilte ', arsa an Céadach.

D'imigh sé leis ansin ag tarraingt ar an long agus an cailín leis. Chuaigh sé isteach ar an long agus thóg sé a chuid seoltaí bocóideacha, bacóideacha mar rinne sé cheana agus ní thearn sé stad mara nó mórchónaí go dtáinig sé isteach ionsar Fhionn mac Cumhaill in Éirinn. Chonaic Fionn ag teacht é agus bhí lúchair mhór air agus chuaigh síos chun an chladaigh go dtug sé aníos é féin agus chuir sé dóigh mhaith orthu.

Bhí go maith agus ní raibh go holc, bhíodh sé amuigh ag seilg achan lá ansin—é féin agus Fionn mac Cumhaill. Bhí siad lá amháin ar shiúl ag seilg agus ag teacht abhaile daofu tráthnóna bhí iníon Rí Gréag ar shiúl agus ní raibh a fhios acu cé acu síos chun an Domhain Íochtaraigh nó suas chun an Domhain Uachtaraigh a chuaigh sí. Bhí sin maith go leor, bhí geasa ag an Chéadach agus chuaigh sé síos chun an Domhain Íochtaraigh—rinne sé amach gur síos ansin a tugadh í agus shiúil sé leis thíos.

Chonaic sé an-chruinniú mór daoine ag teach scoile agus tharraing sé ar an chruinniú. Bhí culaith mhaith éadaigh air agus é gléasta go han-mhaith. Bhí iomlán a raibh de bhoic mhóra uilig ins an Domhan Íochtarach cruinnithe agus iad i ndiaidh iníon Rí

Gréag a mharbhadh. Níor shíl siad gurbh é an Céadach a bhí ann ar chor ar bith. Sheasaigh sé ar an taobh amuigh den chruinniú. Bhí claíomh ansin agus faobhar uirthi lena cuid fola. D'fhiafraigh sé caidé an cineál cruinnithe é seo a bhí ins an tír seo ar chor ar bith.

'Ó tá', a deir fear mór a bhí ina sheasamh ann, a deir sé, 'nach raibh a fhios agat', a deir sé, 'go raibh muid ag feitheamh ar sheans ar iníon Rí Gréag le deich mbliana', a deir sé, 'agus ní bhfuair muid seans ar bith uirthi go dtí inniu', a deir sé, 'agus táthar i ndiaidh a marbhadh istigh ansin anois', a deir sé, 'agus ní thiocfadh Rí Gréag é féin a mharbhadh go mbeadh faobhar ar a chlaíomh le fuil a iníne féin'.

Cuireadh an claíomh thart ó dhuine go duine ansin agus cuireadh ionsar an Chéadach í sa deireadh go bhfeicfeadh sé an raibh sí géar go leor. Bhí sé féin chomh galánta le fear ar bith dá raibh ann. Chomh luath is a fuair seisean an claíomh ina lámh—bhí sí an-ghéar, cinnte—ní thearn sé ach a tógáil agus chaith sé an ceann den fhear a ba deise dó. Ní raibh claíomh ar bith ann ach í ansin agus níor stad sé gur bhain sé an ceann d'achan fhear fá dheireadh acu.

Chuaigh sé isteach agus bhí iníon Rí Gréag istigh i dteach na scoile ansin agus an ceann daoithi. Bheir sé uirthi agus chuir sé ar a mhuin í agus chuir sé an ceann faoina ascaill agus ní thearn sé stad mór nó cónaí go raibh sé i gcaisleán Rí Gréag leis.

'My Ó!' a deir sé, 'tá scéal bocht liom chugat inniu—d'iníon a thug mé liom slán folláin', a deir sé, 'tá mé ag teacht inniu agus í marbh liom'.

'Bhail, sin an t-amharc', a deir Rí Gréag, 'ab fhearr liomsa dá bhfacaigh mé ariamh—thú a bheith ag teacht inniu agus í marbh leat. Shábháil tusa mise. Thiocfadh mise a mharbhadh nuair a cuireadh faobhar ar an chlaíomh le fuil m'iníne agus is tú an fear is fearr a tháinig fán teach ariamh agam'. Thug siad leofu an ceann agus an cholainn ansin agus fágadh thíos ins an pharlús a ba deise a bhí fán teach í.

'B'fhéidir', a deir a hathair, 'go bhfuil sí inleighis go fóill. Tig eala amach as carraig anseo achan seachtú bliain agus tá fuil na heala ábalta an duine marbh a dhéanamh beo ar ais. Ní fhacaigh mé amuigh í anois le seacht mbliana agus b'fhéidir nach mbeadh sé i bhfad go dtigeadh sí'.

Chuaigh Rí na Gréagach é féin síos agus luigh sé ar an charraig go dtigeadh an eala amach agus ní raibh sé uilig ann ach aon lá amháin go dtáinig an eala amach agus go bhfuair sé greim coise uirthi. Tharraing sé a cuid fola agus tháinig sé aníos agus thug sé

braon den fhuil don iníon agus chuimil sé braon thart ar na loit-eannaí uilig agus bhí sí chomh maith agus a bhí sí ariamh. Chaith siad tamalt aige ansin agus chuaigh siad go hÉirinn ar ais ionsar Fhionn mac Cumhaill.

Bhí go maith agus ní raibh go holc, ar ndóiche bhí lúchair mhór ar Fhionn mac Cumhaill roimh an Chéadach agus iníon Rí Gréag. Bhí siad amuigh ag seilg le chéile ansin mar bhí ariamh agus ag teacht abhaile daofu tráthnóna bhí litir roimh Fhionn mac Cumhaill ag iarraidh air a dhul anonn go Críoch Lochlann chuig féasta. Ní bhfuair Fionn mac Cumhaill cuireadh ariamh nach bhfreastálfadh sé. D'inis sé don Chéadach caidé mar bhí.

' Bhail ', arsa an Céadach leis, ' ní ligfidh mo bhean—iníon Rí Gréag—mise leat ar chor ar bith nó tá a fhios aici go fíormhaith gur cuireadh fill atá ann. Tá tobar thíos ansin a níonn sí a haghaidh agus a lámha ann agus gabh síos amárach agus níl achainí ar bith a n-iarrfar ag an tobar nach gcaithfidh sí a thabhairt uaithi agus abair go bhfuil mise ag iarraidh achainí a dhul anonn go Críoch Lochlann '.

' Nach maith an áit a bhfuil tú ag teacht chugam ', a deir sí, ' ag iarraidh achainí an Céadach a ligint leat go Críoch Lochlann agus is é an Céadach é féin is ciontaí leis sin. Caithfidh mé é a ligint leat anois ', a deir sí, ' agus cuirim geibheallacha ort ', a deir sí ' má bhíonn sé leat marbh caithfidh tú seolta dubha a bheith leat ar an tsoitheach agus má bhíonn sé beo leat caithfidh tú seolta geala a chur suas '.

' Maith go leor ', arsa Fionn.

Ghléas Fionn mac Cumhaill é féin agus a mhórmhuintir long lán luchtmhar agus d'imigh sé leis anonn go Críoch Lochlann. Bhí siad istigh thall i bhfad roimh an lá. Bhí an Céadach breá eolach ins an tír agus bhí a fhios aige go maith an áit a rabhthar ag déan-amh réidh na bhféastaí. D'iarr sé ar na fir uilig fanacht ar an long agus go bhfanóchadh seisean fán chaiseal go bhfeicfeadh sé caidé a bhí ag dul ansin—ar ndóiche bhí sé eolach go maith ann i ndiaidh lá agus bliain a chaitheamh ann roimhe sin. Chuaigh sé isteach agus bhí seanduine beag ina shuí ansin agus bhí toirtín beag aráin choirce leis an tinidh agus pota beag crochta ar an tinidh.

' My ó! ' a deir an seanduine leis, ' shíl mé nach raibh duine ar bith ar a chois fán am seo d'oíche '.

' Ó, ní bhéinnse mé féin ar mo chois fán am seo d'oíche ', a deir an Céadach, a deir sé, ' ach ní thig liom mé féin a theistheáint ins an lá. Tá geasa orm ' a deir sé.

Thoisigh sé féin agus an seanduine ag comhrá.

' Caidé ' a deir sé leis an tseanduine, ' a bheir tusa i do shuí fán am seo d'oíche? '

' Tá, inseochaidh mé sin duit ', a deir an seanduine, ' tá féasta mór le bheith anseo, an áit a bhfuil Fionn mac Cumhaill, a mhór-mhuintir agus Céadach mac Rí na dTulach as Éirinn, a thug leis a bhean ó Fhéilim mac Rí Lochlann, agus tá siad le teacht anseo agus tá siad uilig le cur chun báis. Tá mise i mo shuí anseo leis an fhad seo d'am agus ní thig liom lorg luatha nó loisctheach a bheith ar an arán seo agus caithfear an pota a choinneáilt ag gail ar fad '.

' Bhail ', a deir Céadach mac Rí na dTulach, ' de réir mar chualaigh mise iomrá ar an mhéid a d'íosfadh Fionn mac Cumhaill agus a chuid fear in Éirinn d'íosfadh fear acu an toirtín beag sin in aon ghreim amháin '.

' Ó bhail ', a deir an seanduine, ' ní thiocfadh sin a ithe—de réir mar bhéifear ag ithe seo agus dá bhriseadh beidh sé ag éirí mór ar fad agus beidh na táblaí lán bia agus dí ach ní thig aon bhall rua luatha nó loisctheach a bheith ar an toirtín ", a deir sé. ' Tá mise i mo shuí anseo le seacht mbliana ' a deir sé, ' dá choimheád agus tá an-chodladh orm '.

' Bhail ', a deir an Céadach, ' tá Fionn mac Cumhaill agus a chuid fear an-láidir agus caidé an dóigh a bhfuil sibh ag dul a marbhadh? '

' Tá maise, inseochaidh mé sin duit ', a deir an seanduine leis. ' Tá fir Rí Lochlann uilig cóiríste in éide cailín agus cultacha síoda orthu agus dá mhéad a mbeidh le Fionn mac Cumhaill beidh cailín aige os coinne achan fhear acu agus beidh cathaoir bhán ag taobh achan cheann acu. Beidh miodóg ag achan bhean acu agus nuair a shuífeas na Fianna ag a dtaobh buailfear go han-tobann iad uilig nó ní dhéanfaidh achan chailín ach an scian a sháitheadh ins an fhear a bhéas ag a taobh. Muirbhfear deireadh a bhéas leis ar an dóigh sin in am an-ghairid '.

' Chím ' a deir an Céadach, ' tá dóigheannaí gasta agaibh agus ní bheidh sibh i bhfad leofu amárach '.

' Ní bheidh ' a deir sé, ' agus tá an-chodladh ormsa ' a deir sé, ' dá gcoimheádfá an toirtín agus an pota sin dom go bhfaighidh mé néall a chodladh—níor chodlaigh mé aon néall le seacht mbliana '.

' Déanfaidh mé sin agus fáilte, leoga ', a deir an Céadach, a deir sé, ' ach tá eagla orm má bhí tú i do shuí an fad sin, dá gcodlófa, nach dtiocfadh leat múscailt '.

' Bhail, an codladh a ba mhó a bhí ariamh ormsa ', a deir an seanduine, ' dá mbuailfeá cic sa tóin orm ', adeir sé, ' mhúsclófainn '.

Chodlaigh an seanduine a bhí ag coimheád an aráin agus nuair a fuair an Céadach ina chodladh é d'imigh sé chun na loinge agus an pota agus an toirtín aráin choirce leis. D'ith sé féin agus na Fianna a sáith uilig go léir de agus níor éirigh sé aon dath níos lú dá bharr sin. Bhí na táblaí uilig go léir lán bia agus dí agus achan rud ab fhearr ná a chéile. Tháinig sé ar ais roimh an lá agus d'fhág sé an pota beag crochta ins an áit a raibh sé agus toirtín an aráin ins an áit a raibh sé os coinne na tineadh agus bhí sé chomh maith agus a bhí sé nuair a thug sé leis é. Chuaigh sé ionsar an tseanduine ansin agus bhuail sé cic sa tóin air. Dúirt sé ansin go raibh an lá ag teacht agus go gcaithfeadh seisean a bheith ar shiúl, nach dtiocfadh leis é féin a theistheáint ar sholas lae ar chor ar bith.

Bhain sé an long amach ar ais. Ní bhíodh scaifte ar bith ar shiúl san am sin nach mbíodh amadán leofu agus ba é an Céadach an t-amadán a bhí le Fionn mac Cumhaill agus ba é an dóigh a raibh sé gléasta: bhí culaith de eidheann ghlas uilig air agus hata mór d'eidheann agus ní thiocfadh le duine ar bith é a aithne.

Chuaigh an t-amadán agus deireadh a fhad le caisleán Rí Lochlann ar maidin lá thar na mhárach fá choinne a bheith ag an fhéasta. Bhí na tablaí ansin uilig lán bia agus dí uilig agus na cailíní a bhí ann bhí siad cóiríste go han-mhaith le cultacha síoda uilig. Chuaigh Fionn é féin i dtoiseach—bhí a fhios aige caidé mar bhí an rud le bheith agus dhearc sé isteach roimh a chuid fear. D'fhiafraigh Fionn dó caidé an dóigh a gcaithfeadh siad na féastaí ins an tír seo.

' Is é an dóigh a gcaithfeadh sinne na féastaí ins an tír seo ', a deir Rí Lochlann—bhí an-fháilte aige, ar ndóiche, roimhe féin agus a chuid fear—' is maith linn ', a deir sé, ' ar scor an sult ceart a bhaint as an fhéasta, is maith linn comrádaí cailín a bheith againn d'achan fhear dá mbeadh ag an fhéasta agus cead acu a bheith ag bualadh ar a chéile agus ag ithe '.


' Bhail, ní hé sin an dóigh atá againne ar chor ar bith in Éirinn ', a deir sé, ' cuirimse na fir ar thaobh den tábla agus na cailíní ar an taobh eile agus fear ar bith a chuirfeas spéis i gcailín ', a deir sé, ' cead aige a bheith ag caint léithi. Níor chuir mise fir agus mná fríd a chéile ariamh in Éirinn ar an dóigh. Cuir anois na fir ar thaobh amháin den tábla agus na mná ar an taobh eile nó mura ndéanfaidh tú sin beidh scéal eile air '.

Chuir Fionn cuma an-chonfach air féin agus bhí a fhios acu nach raibh maith daofu bheith leis agus smaoitigh siad go mb'fhearr daofu na cailíní a chur ar thaobh amháin den tábla agus na fir ar an taobh eile. Chuaigh an féasta ar aghaidh ansin ach ba chuma,



Oíche airneáil ar na Cruacha, geimhreadh 1949

(*Grianghraf:* Caoimhín Ó Danachair)



Anna Mhic an Luain 1884-1954

(*Grianghraf:* Caoimhín Ó Danachair 1949)



Máire Bean Pheadair Uí Thiománaí ag sníomh

(*Grianghraf:* Caoimhín Ó Danachair 1949)

bhí na sceana i gcónaí leis na cailíní agus bhí an Céadach fá choinne an rud a thógáil ar scor ar bith agus bhí a gcuid fear féin réidh go maith ar scor ar bith—bhí sé réidh agus an chulaith ghlas air agus é aníos is síos fríd an *room* achan áit agus dhóirteodh sé sú ar thaobh den bhalla agus dhóirteodh sé babhla ar an taobh eile agus ní raibh duine ar bith dá aithne agus bhí sé ag milleadh an éadaigh uilig a bhí ar na cailíní. Is é an deireadh a bhí orthu gur éirigh an t-iomlán an-chonfach le chéile—creidim gur bheag an tsiocair a bhí de dhith orthu agus ghreamaigh siad ina chéile agus bhuail siad cuid fear Rí Lochlann amach is amach—an méid nár imigh acu mharbh siad iad agus nuair a bhí siad ag imeacht ón teach i ndiaidh sin a dhéanamh leofu caidé a tháinig ach séideán gaoithe agus bhain sé an hata den Chéadach.

Caidé bhí ach Féilim mac Rí Lochlann, le neart eagla, bhí sé ina shuí thuas ar shimléar ar an teach bairr. Scairt sé leis an Chéadach go n-aithníonn sé go maith é gurb eisean Céadach mac Rí na dTulach as Éirinn agus go gcaithfeadh seisean a bhuille féin a fhágáil.

'Bhail, níor gheall mise dadaidh ariamh', a deir Céadach mac Rí na dTulach, 'nach dtabharfainn uaim. Gheobhaidh tú do bhuille fosta', a deir sé.

Tháinig Féilim mac Rí Lochlann anuas agus a chlaíomh leis agus bhuail sé buille ar an Chéadach agus rinne sé dhá chuid de. Thug Fionn mac Cumhaill leis é ansin ar an long agus tháinig siad ar ais ar Éirinn ach bhí troid bainte acu ca bith agus ba bheag a d'fhág siad beo ina ndiaidh.

Nuair a bhí sé ag tarraingt cóngarach do chósta na hÉireann in áit é na seoltaí dubha a chrochadh, chroch sé na rudaí geala. Bhí a fhios aige go maith dá gcuirfeadh sé suas na seoltaí dubha go n-oibreochadh iníon an Rí Gréag a cuid geasa agus go mbáithfeadh sí an long. Ach bhí iníon Rí Gréag thuas ins an chaisleán agus í ag coimheád amach agus ba iad na seoltaí geala a chonaic sí ag teacht in áit na seoltaí dubha. Chuaigh sí síos chun an chladaigh ina n-araicis agus d'fhiafraigh sí d'Fhionn an raibh an Céadach leis.

'Tá an Céadach liom', arsa Fionn, 'ach má tá féin tá scéal bocht buartha liom—tá sé marbh liom', arsa seisean.

'Bhail', a deir sí, 'is é an Céadach é féin a shabháil iomlán do chuid fear inniu nó dá gcrochfá na seoltaí dubha ní thiocfadh aon fhear agaibh i dtír ar thalamh na hÉireann inniu".

Bhí sí an-buartha ansin agus tugadh aníos an corp agus fágadh an corp thíos ins an pharlús. D'iarr sise ar Fhionn ansin é bosca mór a dhéanamh nach mbeadh seoltaí ar bith air agus é ise agus

corp an Chéadaigh a chur isteach ann agus á gcur amach ar an fharraige—ise beo agus an Céadach marbh. Rinne Fionn sin agus bhí sé an-bhuartha a bheith ag scarúint leis an Chéadach ar an dóigh seo nó ba é an comrádaí é ab fhearr a fuair sé ariamh. Tháinig cúpla lá ciúin i ndiaidh a chur amach agus ba é sin an buaireamh ba mhó a fuair Fionn mac Cumhaill ariamh—ag amharc ar an bhosca.

Tháinig lá amháin gaoithe sa deireadh agus ní raibh dadaidh le fáil nó le feiceáil aige agus bhí sé ag coimheád na farraige ar fad. Bhí an bosca ag imeacht leis ansin agus ca bith fad a bhí sé amuigh cén áit ar sheol sé isteach ach faoi chúirt agus chaisleán Rí Gréag ins an Ghréig. D'oscail sise an bosca go bhfeicfeadh sí cá raibh sí agus cén áit a raibh sí ach faoi theach a hathar. Chuaigh sí suas go caisleán a hathar agus d'inis sí caidé mar bhí—go raibh an Céadach marbh thíos ins an bhosca a rinne Fionn mac Cumhaill in Éirinn daofu. Dúirt a hathair léithi go mb'fhéidir go raibh oiread d'fhuil na heala istigh agus a leigheasfadh é go fóill má bhí leigheas air. Bhí go maith agus cha raibh go holc, chuaigh siad síos chun an chladaigh agus thug siad aníos corp an Chéadaigh agus d'fhág siad istigh sa pharlús é ab fhearr a bhí ag Rí Gréag. Cuireadh braon de ola na heala air agus fuair sé braon le hól daoithi agus d'éirigh sé aniar chomh maith agus a bhí sé ariamh agus nuair a mhúscail sé dúirt sé gurbh é sin an codladh a ba mhó a bhí ariamh air. D'éirigh sé suas ansin agus dúirt Rí Gréag nach ligfeadh sé ar shiúl é uaidh féin; gurbh é an comrádaí é ab fhearr a tháinig fána theach ariamh nó gurbh é a d'fhág beo eisean fosta.

'Bhail', arsa an Céadach, 'ní stadfaidh mise go raibh mé ag Fionn mac Cumhaill in Éirinn'.

Ghléas Rí Gréag long mhór dó ansin agus níor stad an bheirt go dtáinig siad ionsar Fhionn mac Cumhaill in Éirinn. Chuaigh Fionn síos chun na farraige nuair a chonaic sé an long ag teacht. Bhí oiread lúchaire ar Fhionn roimhe agus gur fhliuch sé le deora agus gur thriomaigh sé le póga é agus an tuairisc dheireanach a fuair mise fá dtaobh daofu bhí siad ag seilg le chéile in Éirinn!

1.2. TÓIN IARAINN GAN TAPADH

Bhail, bhí Fionn mac Cumhaill in Éirinn fada ó shin agus ní bhfuair sé aon chuireadh ariamh nach ndéanfadh sé a fhreastal. Ní raibh aon fhear aige ach aon fhear beag amháin nach raibh mórán maith ann a dtugadh siad Tóin Iarainn gan Tapadh air.

D'éirigh sé amach aon lá amháin agus d'amharc sé uaidh agus chí sé seachtar buachall ag tarraingt air. Chuaigh sé chun cainte leofu agus d'fhiafraigh sé daofu cá raibh siad ag dul nó caidé a bhí siad ag cuartú. Dúirt siad go raibh siad ag cuartú fostaithe.

' Maise ', arsa Fionn, ' tá buachaill de dhíth go han-chruaidh ormsa inniu ', a deir sé. ' Fuair mé litir anall ó Rí Shasana inniu chun fleá agus chun féasta ', a deir sé, ' agus ba mhaith liom tuilleadh fear a bheith liom nó níl maith ar bith ins an fhear atá fá bhaile agam '.

' Bhail, déanfaidh sinne fostú leat ', a deir na fir.

' Maith go leor ', arsa Fionn. D'fhiafraigh sé den chéad fhear caidé an seort oibre a bhí seisean ábalta a dhéanamh. Dúirt sé gurbh eisean Saor Mac Saor.

' Caidé atá tusa ábalta a dhéanamh? ' arsa Fionn.

' Tá, go ndéanfainn long ', a deir sé, ' in am an-ghairid '.

D'fhiafraigh sé den darna fear caidé an seort oibre a bhí seisean ábalta a dhéanamh. Dúirt sé gurbh eisean Neart Mac Neart agus aon long dá dtearnadh ariamh go dtiocfadh leis breith uirthi agus a caitheamh amach ar an fharraige.

D'fhiafraigh sé den tríú fear caidé an cineál oibre a bhí seisean ábalta a dhéanamh. Dúirt sé gurbh eisean Dreapaire Mac an Dreapaire agus ' níl aon long dá dteachaigh ar farraige ariamh nach dtiocfadh liom a dhul go barr an chrainn ab airde uirthi agus seolta agus achan seort a chur le hobair uirthi '.

' Bhail, d'oirfeadh sibhse go han-mhaith dom ', arsa Fionn.

D'fhiafraigh sé den cheathrú fear caidé an cineál oibre a bhí seisean ábalta a dhéanamh. Dúirt sé gurbh eisean Eolaí Mac an Eolaí agus go dtiocfadh leisean an t-eolas a dhéanamh faoin uisce chomh maith le os a chionn.

D'fhiafraigh sé den chúigiú fear caidé an cheird a bhí aigesean. Dúirt sé gurbh eisean Fios Mac Fios agus go dtiocfadh leis inse caidé a bhí le theacht chomh maith leis an rud a bhí thart.

D'fhiafraigh sé den seisiú fear caidé an rud eisean. Dúirt sé gurbh eisean Trí Feada Fíor agus go dtiocfadh leis trí feada a dhéanamh a chruinneochadh seacht gcatha na Féinne agus seacht gcatha Chraobh Éireann isteach ar an long is mó a rinneadh ariamh, a líonfadh suas í.

' Bhail chím ', a deir Fionn, ' tá tusa i do bhuachaill mhaith fosta '.

D'fhiafraigh sé den seachtú fear caidé a bhí seisean in innibh a dhéanamh. ' Bhail, mise ', a deir sé, ' Gadaí Mac Séaltóige, agus ghoidfinn aon seort dar leag mé mo shúil ariamh air. Ghoidfinn an ubh ón chorr agus an chorr ina luí uirthi '.

'Bhail, tá an seisear eile maith go leor', a deir Fionn, 'agus bhéarfainnse airgead ar bith daofu dá n-iarrfadh siad agus níos mó ná d'iarrfadh siad fosta, ach ní raibh gadaí ariamh ar mo chuid fearsa agus ní bheidh aon roinn agam leatsa ar scor ar bith'.

'Bhail, mura raibh', arsa Saor Mac Saor, 'ní bheidh sinne leat ach oiread. Ní scarfaidh sinn ó chéile'.

Chuir Fionn Gadaí Mac Séaltóige ar a dhá ghlúin ansin agus thug sé air mionnú nach ngoidfeadh sé aon seort a fhad agus a bheadh sé ina chuideachta.

D'fhostaigh sé an t-iomlán ansin. Rinne Saor Mac Saor long. Chaith Neart Mac Neart amach ar an fharraige í. Chuir Dreapaire Mac an Dreapaire rópaí uirthi agus chuaigh Eolaí Mac an Eolaí i dtoiseach agus Fios Mac Fios agus Trí Feada Fíor agus chruinnigh seisean seacht gcatha na Féinne agus seacht gcatha Chraobh Éireann isteach inti agus d'imigh siad anonn ionsar Rí na Sasana go bhfeicfeadh siad caidé an seort cuiridh a bhí siad ag fáil.

Bhí go maith, bhain siad an baile thall amach agus bhí a oiread deifre ar Rí Shasana rompu agus go raibh sé amuigh ag feitheamh orthu. Bhí fearadh na fáilte aige roimh Fhionn mac Cumhaill as Éirinn agus a chuid fear. Bhí Fionn é féin i dtoiseach agus d'fhiafraigh sé de caidé a bhí ag cur bhuartha air. 'Más troid atá de dhíobháil oraibh', a deir sé, 'is fearr linne troid le bolg folamh nó le bolg lán ag an fhéasta seo'.

'Bhail, ní dadaidh den chineál atá ag cur bhuartha orm', a deir Rí Shasana, a deir sé, 'ach tá bean anseo agus tá oidhre óg le bheith inniu aici', a deir sé. 'Bhí beirt eile ghasúr anseo agus bhí siad ar shiúl ar maidin agus ní raibh a fhios agam cá dteachaigh siad. Chualaigh muid an-iomrá go brách ar Fhionn mac Cumhaill agus ar a chuid fear in Éirinn', a deir sé, 'agus ba mhaith liom iad a bheith againn anocht nó creidim go mbeidh an páiste seo ar shiúl ar maidin fosta'.

Chuaigh siad isteach ansin agus bhí an-fhéasta go brách réidh ann. Bhí scaifte mór ann—Fionn mac Cumhaill agus seacht gcatha na Féinne agus seacht gcatha Chraobh Éireann agus a sheachtar buachall. Chuaigh siad isteach i *room* mhór a bhí ann agus d'ith siad agus d'ól siad a sáith amach.

Bhí go maith, an oíche sin rugadh mac óg do bhean an Rí agus cuireadh iadsan isteach chun an *room* dá choimeád ar eagla go ndéanfaí leis mar rinneadh leis an bheirt eile.

D'fhiafraigh Fionn mac Cumhaill do Fhios Mac Fios caidé mar rachadh an oíche anocht. Dúirt Fios Mac Fios go rachadh go buartha trioblóideach; go raibh fear thoir ins an Domhan Thoir a

dtugadh siad Lú Lámh Fhada air agus go dtiocfadh sé anocht agus go gcuirfeadh sé a lámh anuas ar an tsimléar agus go ndéanfadh sé trí feada fiáine os cionn an chaisleáin agus go dtitfeadh an méid a bhí istigh uilig ina gcodladh ar feadh trí cheathrú uaire agus go dtabharfadh sé leis an páiste. Ní raibh seift ar bith acu ansin ach an ceann amháin—bhí greim ariamh i lámh Neart Mhic Neart ina chodladh chomh maith agus a bhí inti nuair a bheadh sé múscailte agus chuir sé a lámh trasna ar an pháiste.

B'fhíor é, nuair a tháinig an t-am, tháinig an fear seo agus rinne sé na trí feada fiáine os cionn an chaisleáin agus thit an t-iomlán ina gcodladh ar feadh trí cheathrú uaire. Chuir Lú Lámh Fhada a lámh isteach agus caidé a bhfuair sé greim air in áit an pháiste ach lámh Neart Mhic Neart agus nuair a tharraingeochadh seisean Neart suas sa tsimléar tharraingeochadh Neart anuas é. Mhúscail na fir ansin agus nuair a mhúscail bhí an sciathán amach as Lú Lámh Fhada ag Neart Mac Neart. Bhí an-áthas ar sheacht gcatha na Féinne, ar sheacht gcatha Chraobh Éireann agus ar na buachaillí fán rud a bhí déanta acu.

' Ná bíodh barraíocht le rá agaibh go fóill ', a deir Fios Mac Fios, ' rachaidh Lú Lámh Fhada chun an Domhain Thoir anois ', a deir sé, ' agus cuirfidh sé an íocshláinte ar a lámh agus tiocfaidh sé ar ais agus beidh sé i bhfad níos rógánta ná bhí sé ar dtús. Cuirfidh sé a lámh isteach agus tá sé chomh dóiche go mbeidh an páiste leis amach '.

B'fhíor é, bhí siad ag coimheád chomh maith agus a thiocfadh leofu ansin. Nuair a chuaigh Lú Lámh Fhada soir chun an Domhain Thoir fuair sé an íocshláinte agus chuir ar a lámh í agus tháinig anoir ar ais agus chuir sé a lámh eile isteach agus thug sé amach an lámh seo aige féin, agus nuair a fuair sé an lámh leis chuir sé isteach an lámh ar ais agus bhí an páiste leis. Bhí an t-iomlán acusan ina gcodladh. Mhúscail Fionn mac Cumhaill an seachtar buachall, seacht gcatha na Féinne agus seacht gcatha Chraobh Éireann agus nuair a d'amharc siad fá dtaobh daofu bhí an lámh ar shiúl agus bhí an páiste ar shiúl a bhí siad ag coimheád. D'fhiafraigh Fionn ansin d'Fhios Mac Fios caidé an bealach a dteachaigh sé agus dúirt sé go raibh sé sa Domhan Thoir anois agus é ina luí ina chodladh agus beirt mhac an Rí ag caitheamh uisce ar a lámh, agus an páiste a ghoid sé ag diúl ar a dheirfiúr a bhí ina luí ag taobh an toí. ' Bhail, caithfimid a dhul soir ', arsa Fionn.

D'imigh siad ansin leis an long ar ais ag tarraingt ar an Domhan Thoir. Bhí míle agus fiche de bhalla cloiche ansin rompu agus spící iarainn uilig ar mhullach an bhalla. Chuaigh Dreapaire Mac

an Dreapaire suas agus dúirt go mb'fhíor d'Fhios Mac Fios an rud a dúirt sé, go raibh an bheirt pháiste ag caitheamh uisce ar lámh Lú agus an páiste ag diúl ar a dheirfiúr.

' Bhail ', arsa Gadaí Mac Séaltóige, ' ach go bé an rud a dúirt tú liomsa nuair a bhí tú ar fostú ghoidfinnse an páiste uaidh ar mo shuaimhneas '.

' Ó, a Ghadaí Mhic Séaltóige na seacht n-anam, goid an páiste agus ní iarrfaidh mé ort aon dath a dhéanamh go brách arís! '

' Ó bhail ', a deir Gadaí Mac Séaltóige, ' is doiligh liomsa sin a dhéanamh i ndiaidh an rud a dúirt tú liom sular fhág mé Éirinn '.

' Ó bhail ', a deir Fionn, ' caithfidh tú rud inteacht a dhéanamh anois ', a deir sé, ' tá gnoithe cruaidh leat '.

Ach d'admhaigh an gadaí sa deireadh go ngoidfeadh sé an páiste. Thug Dreapaire Mac an Dreapaire leis faoina ascaill é ansin agus thug sé leis Tóin Iarainn gan Tapadh faoin ascaill eile dá chuid. Chuaigh sé suas an míle agus fiche agus bhris Tóin Iarainn gan Tapadh na barraí iarainn lena thóin. Chuaigh siad agus ghoid siad an páiste ó Lú Lámh Fhada.

' Bhail ', arsa Gadaí Mac Séaltóige, ag teacht amach dó, le Fionn, ' níorbh fhusa dúinn an páiste seo a bheith linn inniu nó an bheirt eile ach go bé an rud a dúirt tusa liom nuair a bhí muid ag fágáil na hÉireann '.

' Ó, a Ghadaí Mhic Séaltóige na seacht n-anam ', a deir Fionn, a deir sé, ' pill anois ', a deir sé, ' agus goid an dá pháiste eile agus ná haifir orm é '.

D'fhág sé an páiste sin aige ansin agus d'imigh sé agus ghoid sé an bheirt eile.

Nuair a mhúscail Lú Lámh Fhada bhí an páiste a ghoid sé an oíche sin goidte ag an ghadaí agus an bheirt eile a ghoid sé roimhe sin.

' Ná habraigí mórán go fóill ', a deir Fios Mac Fios, ' nuair a mhúsclófas Lú Lámh Fhada leanfaidh sé sinn agus ní dhéanfaidh sinn aon seort de mhaith leis agus ní thig le fear ar bith é a mharbhadh ach Fionn mac Cumhaill '.

Bhail, bhí claímhte uilig leofu, ach bhí claíomh an-mhaith ag Fionn.

' Anois ', a deir Fios Mac Fios, ' nuair a bhéas Lú Lámh Fhada ag tarraingt orainn níl aon anáil nach dtabharfaidh sé chuige naoi n-eite, naoi n-iomaire sinn agus nuair a chuirfidh sé an anáil uaidh déanfaidh sé an cleas céanna agus fágfaidh sé sibh uilig ar bharr an chreatha le tréan eagla agus ní thig le haon fhear é a mharbhadh ach Fionn mac Cumhaill '.

B'fhíor é, nuair a mhúscail Lú Lámh Fhada ní thearn sé moill ar bith gur fhág sé an Domhan Thoir agus nuair a bhí sé ag tarraingt cóngarach acu bhí sé á dtarraingt naoi n-iomaire, naoi n-eite lena ghaosán agus á gcur an fad céanna uaidh. Nuair a chonaic Neart Mac Neart go raibh Lú ábalta Fionn mac Cumhaill agus a chuid fear a chur chuige agus uaidh mar ba mhian leis bheir sé greim ar Fhionn agus d'iarr sé air nuair a thiocfadh sé cóngarach go leor dó é an claíomh a tharraingt air. Rinne Fionn sin agus nuair a tháinig sé cóngarach go leor dó tharraing sé an claíomh air agus mharbh sé é.

Bhí go maith ansin, ar ndóiche, ní raibh trioblóid ar bith acu ansin go dtáinig siad i dtír i Sasana agus in áit an páiste a goideadh a bheith leofu bhí triúr mac an Rí leofu. Bhí an-lúchair ar Rí na Sasana ansin agus, ar ndóiche, rinne sé dinnéar mór daofu ansin. Thug sé mála óir agus mála airgid daofu ar son an rud a rinne siad. Tháinig Fionn mac Cumhaill agus a sheachtar buachall, seacht gcatha na Féinne agus seacht gcatha Chraobh Éireann ar ais go hÉirinn. Rann sé an t-ór agus an t-airgead orthu ansin agus bhí an-lúchair orthu faoin obair a bhí déanta acu.

Ní raibh siad i bhfad ar shiúl ó Fhionn mac Cumhaill uilig nuair a tháinig cailleach chuige, cailleach lannshúileach, camshúileach, lobharshúileach agus dhéanfadh an fhiacail ab fhaide siar ina cár pionna cléithe fhuirste. Bhí gruaig a cinn ag bualadh a slinneáin, bhí fionnadh a slinneáin ag bualadh a gorúin agus bhí fionnadh a gorúin ag bualadh na hioscaidí agus bhí fionnadh na hioscaidí ag scuabadh féir agus uisce leis. ' Ná déan stad mara nó cónaí ', a deir sí le Fionn mac Cumhaill, ' go raibh tú ag Conchúr na gcrosann '.

' Cén áit ', a deir sé, ' an bhfuil Conchúr na gcrosann? '

' Bhail, an méid fios atá inniu agat air ', a deir sí, ' oiread nach raibh amárach agat air ach caithfidh tú a dhul chuige '.

Ní bhfuair Fionn mac Cumhaill aon chuireadh ariamh nach bhfreastálfadh sé ach bhí sé ar an dóigh chéanna a raibh sé roimhe— ní raibh aon fhear aige ach Tóin Iarainn gan Tapadh agus d'imigh sé féin agus Tóin Iarainn gan Tapadh agus ní raibh a fhios aige cén bealach a rachadh sé ar chor ar bith.

Shiúil sé leis ansin gur casadh fear beag air nach raibh mór. Ní raibh Tóin Iarainn gan Tapadh an-ghasta, agus ba é an chéad rud a rinne an fear sin: bhuail sé cic beag ar Thóin Iarainn agus thit sé marbh ansin.

' My ó ', a deir Fionn mac Cumhaill leis, ' a chéasáin ghránna ', a deir sé, ' is tú an fear is lú múineadh a casadh ariamh orm, ar ndóiche, ní raibh aon chuideachta agam ach an fear beag sin, agus tá sé marbh anois agatsa '.

' Maise, is maith a thomhais tú ', arsa seisean, ' is é an Céasánach a bheir siad orm fosta ".

Shiúil sé leis le Fionn agus níorbh fhada a chuaigh siad uilig gur fhiafraigh sé d'Fhionn cá raibh sé ag dul. Dúirt Fionn go raibh sé ag dul a fhad le Conchúr na gcrosann.

' Bhail, ar an tsiúl a chímse ort ', a deir sé, ' ní bhéifeá ag Conchúr na gcrosann go ceann seacht mbliana '.

' Bhail ', arsa Fionn leis, ' is tú an chéad fhear ariamh a chuaigh ag ceasacht siúil orm '.

' Bhail, tá mé ag ceasacht siúil ort ', arsa an Céasánach, ' agus muna bhfuil tú ábalta siúl ach mar sin is fearr duit a dhul ar mo dhroim ', a deir sé, ' agus ní bheidh mise i bhfad de do thabhairt ionsar Chonchúr na gcrosann! '

Rinne Fionn amach ar an tsiúl a bhí air nach raibh gar ann, nach dtiocfadh coinneáilt leis agus chuaigh sé ar a dhroim agus thóg an fear sin a shiúl draíochta agus níor stad sé go raibh sé ag Conchúr na gcrosann. Chuaigh sé isteach ionsar Chonchúr ansin agus dúirt sé go raibh greim inteacht le hithe de dhíobháil orthusan nó go raibh cosán fada acusan ó d'fhág siad teach Fhinn mhic Cumhaill in Éirinn ag tarraingt air.

' Bhail, níl aon ghreim réidh anseo daoibh ', a deir sé, ' nó aon soitheach lena dhéanamh réidh ann, ach tá trí fathach óga thall ansin agus an coire a bhí againn anseo tá sé thall acu. Gabhaigí anonn ', a deir sé, ' agus tugaigí anall an coire chugam '.

Bhí an coire sin chomh mór agus go gcoinneochadh sé leath-thonna préataí nó leath-thonna de sheort ar bith a rachadh ann. Chuaigh siad anonn agus ní fhacaigh na fathaigh sin aon duine le seacht mbliana nach muirbhfeadh siad. Chuaigh na fathaigh ansin go muirbhfeadh siad iad nuair a fuair siad thall iad. Ach bhí an Céasánach leofu agus níl aon áit ar bhuail sé buille ar fhear de na fathaigh nár mharbh sé fear acu agus tháinig sé anall agus an coire leis ar a dhroim agus ní raibh an soitheach sin faoi thonna meáchain. Bhí Conchúr na gcrosann é féin ag scanradh nuair a chonaic sé an bunadh a bhí thall marbh agus an coire ag teacht. D'fhiafraigh sé d'Fhionn cén áit a bhfaighfí an rud a líonfadh an pota seo. (Bhí tarbh ag Conchúr na gcrosann ar chnoc ansin agus ní fhacaigh sé aon duine le seacht mbliana nach muirbhfeadh sé.) Dúirt Fionn nach raibh seift ar bith aige ach an tarbh a bhí ina leithéid seo

d'áit a chur amach fána choinne. Dúirt an Céasánach gur dheas an cuireadh a chuir sé chucusan dá gcaithfeadh siad a bheith amuigh ag cruinniú bia ar an dóigh seo. Bhí sé an-chonfach agus tharraing sé a lámh trasna an bhéil ar Chonchúr agus rinne sé an rud céanna leis a rinne sé leis na fathaigh. Chuaigh siad amach fá choinne an tairbh ansin agus nuair a chonaic an tarbh ag teacht iad tharraing an tarbh orthu. Chaith an Céasánach de a froc. ' Anois ', a deir sé le Fionn, ' mura dtéidh tú i bhfolach i lorg cos an tairbh marbh a bhéas tú '.

B'fhíor é. Rinne an tarbh orthu agus na lorgacha a bhí sé ag déanamh sa talamh bhí sé mór le rá agus chuaigh Fionn isteach i gceann de na lorgacha. Bheir an Céasánach ar dhá adharc an tairbh agus chuaigh sé ina léim a mharcaíocht air agus thoisigh sé air leis an chlaíomh. Bhain sé an ceann den tarbh. D'iarr sé ar Fhionn ansin an ceann a thabhairt leis agus go dtabharfadh sé féin leis an corpán. Chuir sé an tarbh ar a dhroim agus shíl sé, ar ndóiche, go mbeadh Fionn mac Cumhaill ábalta an ceann a thabhairt leis. Nuair a bhí sé fada go leor ar shiúl d'amharc sé ina dhiaidh agus ní raibh Fionn ábalta an ceann a thógáil den talamh. Nuair a chonaic sé mar bhí Fionn ghlac sé an-fhearg agus phill sé ar ais leath-mhíle talaimh.

' My ó ', a deir sé, ' a Fhinn mhic Cumhaill, i ndiaidh gach iomrá dár chualaigh mise ort is dána an mhaise duit é a rá nach bhfuil tú ábalta ceann an tairbh a thabhairt leat '. Bheir sé féin greim dhá adhairc air agus chaith sé siar ar mhullach an chuid eile den tarbh é agus d'imigh sé leis. Chuaigh, agus chuir sa choire an tarbh agus d'ith siad a sáith ansin de. Ní thearn sé leithcheal ar bith ar Fhionn ach d'ól sé féin braon beag den tsú agus d'iarr sé ar Fhionn gan deoir ar bith de a ól nó go luífeadh sé ar a chroí. Bhí an-ocras ar Fhionn agus d'ith sé barraíocht den fheoil agus chas sé é féin suas i gcroiceann an tairbh agus thit sé ina chnap codlata. Ní raibh codladh ar bith ar an Chéasánach ar fad agus bhí sé ina shuí ar bhruach na farraige agus é ag dearcadh isteach in amannaí inti agus sa deireadh chonaic sé teach beag ann in imeall deáin. Níorbh fhada uilig a bhí sé ag coimheád ar an teach go bhfacaigh sé cat ag fágáil an toí agus ní raibh ann ach cat beag bídeach rua ar dtús ach de réir mar bhí sé ag tarraingt ar an Chéasánach bhí sé ag éirí mór agus sa deireadh bhí sé chomh mór le bearach dhá bhliain.

' Mharbh tú mórán de mo chuid daoine le fada ', a deir an cat, ' ach muirbhfidh mise tú inniu '.

' B'fhéidir nach muirbhfeadh ', a deir an Céasánach.

Thug an cat iarraidh air isteach sa sceadamán agus fuair an Céasánach greim caibín íochtaraigh air agus caibín uachtaraigh agus scoilt sé é siar go dtí an ruball. Nuair a bhí sin déanta aige ní thearn an cat ach an ruball a thabhairt thart agus d'fhág sé putógaí an Chéasánaigh amuigh ar an léana.

Bhí go maith, nuair a mhúscail Fionn bhí an Céasánach marbh ar an léana, agus bhí an cat marbh, agus an bheirt sínte ar an léana ag taobh a chéile agus ní raibh a fhios aige in Éirinn caidé mar bhí an rud ar chor ar bith. Bhí sé an-bhuartha ansin agus ní raibh sé ábalta a theacht abhaile agus ní raibh sé ábalta a dhul bealach ar bith. Bhí sé ag bogadaigh thart go bhfacaigh sé an iolartán agus an seabhac ag meidhir lena chéile thuas ins an spéir. Bhí an-urchóid ariamh ar na seabhacannaí ar ndóiche, agus bhuail sé buille dá eiteog ar an iolartán anois agus thit an iolartán anuas marbh ins an áit a raibh Fionn ina luí i gcroiceann an tairbh. Níor lig Fionn dadaidh air féin agus bheir an seabhac ar an iolartán ar ais agus thug sé a fhad le tobar beag a bhí ann é agus chuireadh sé giota beag de na putógaí isteach agus thógadh sé amach iad agus chuireadh sé lán a ghoib den íocshláinte isteach air agus bhí sé mar sin ar feadh tamailt agus nuair a bhí deireadh istigh aige tharraing sé cleite as an iolartán agus d'éirigh sé chomh slán folláin agus a bhí sé ariamh agus chuaigh an bheirt istcach suas sa spéir ar ais.

Bhí Fionn ag amharc air seo i rith an ama.

' Maise, a sheabhaic bhradaigh ', a deir sé, ' níor chóir d'uisce an tobair sin an iolartán a leigheas duitse nó an Céasánach a leigheas domhsa '.

Thoisigh sé féin ar phutógaí an Chéasánaigh agus ní dadaidh a bhí sé ag cur isteach ach lán a bhoise le dúthracht. Nuair a bhí deireadh na híocshláinte istigh aige thug sé boiseog daoithi le hól dó agus chuimil sé boiseog ar an loit taobh amuigh agus bhí sé chomh maith agus a bhí sé ariamh.

' Bhail, bhí an-chodladh orm ', a deir an Céasánach, ' le fada '.

' Ó bhí tú ní ba mheasa nó bheith i do chodladh ', a deir Fionn, ' bhí tú chomh marbh le bata ', ag inse dó caidé mar bhí.

' Bhail, chím ', a deir an Céasánach, ' bhí tú i do chomrádaí maith agam sa deireadh. Shíl mé nach raibh agus nach smaoiteofá go brách ar a leithéid '.

D'fhan an Céasánach agus Fionn ansin ar feadh seachtaine ag ithe an tairbh go dtearn siad scíste mhaith. Dúirt Fionn ansin leis gur mhaith leis a theacht go hÉirinn ar ais. Chuaigh Fionn ar dhroim an Chéasánaigh agus níor stad siad go dtáinig siad ionsar an áit ar casadh Tóin Iarainn gan Tapadh air agus chuir sé sin ar na bonnaí ar ais é.

' Bhail ', a deir sé le Fionn, ' tá tuilleadh trioblóide romhat sula raibh tú sa bhaile go fóill ', a deir sé, ' tiocfaidh cailleach ar ais ort agus muirbhfidh an chailleach tú mura muirbhfidh tusa í '. Thug sé ubh dó. ' Beidh an chailleach ar mire amach anois nuair a thiocfas sí, tá a bunadh uilig marbh, agus muna muirbhfidh tusa í muirbhfidh sise tusa agus lena marbhadh caithfidh tusa í a bhualadh leis an ubh seo ins an bhall dobhráin atá faoina cíoch agus a marbhadh, imeochaidh splanc amach aisti agus rachaidh sí a fhad le do chaisleán agus dóighfidh sí é uilig go léir '.

B'fhíor é. Níorbh fhada a bhí sé féin agus Tóin Iarainn gan Tapadh ag siúl leofu ar ais go dtáinig an chailleach seo chucu—bhí gruaig a cinn ag bualadh a slinneáin, fionnadh a slinneáin ag bualadh a hioscaidí agus fionnadh a hioscaidí ag scuabadh féir agus uisce leis.

' Tá mórán de mo bhunadhsa marbh agat le fada anois, a deir sí le Fionn, ' ach tá tú a fhad is rachas tú anois '.

Leis an fhearg a bhí uirthi bhí a brollach foscailte siar léithi agus d'iarr an Céasánach air nuair a bhuailfeadh sé an ball dobhráin leis an ubh go n-imeochadh an splanc nimhe amach as, agus é an chuachóg a chaitheamh fosta agus go ndéanfadh an chuachóg loch a bháithfeadh an splanc. D'aimsigh Fionn go maith an ball dobhráin a bhí faoina cíoch leis an ubh agus d'imigh an splanc. Chaith sé cuachóg an Chéasánaigh roimpi agus d'éirigh an loch ar an bhomaite agus chuaigh splanc na nimhe isteach ins an loch. Ní raibh moill ar bith ar Fhionn agus ar Thóin Iarainn gan Tapadh a theacht abhaile agus ón lá sin go dtí an lá inniu níor chuir an chailleach buaireamh ar bith air.

Nóta

Deir Mícheál liom go raibh an scéal seo aige i bhfad ní b'fhearr tá deich mbliana fichead ó shin ach le díobháil cleachtaithe dá inse rinne sé dearmad de chuid de agus go háirithe na ranntaí a bhí ag a athair ann.

—Seán Ó hEochaidh

1.3. SCÉAL LOCH FINNE

Bhí seanduine ina chónaí lena mhac Fearghamhain agus lena iníon Finngheal i gcró fód cóngarach ag Loch Finne atá istigh i lár sléibhte Thír Chonaill.

Bhí na Fianna ag dul thart ag seilg cóngarach ag an loch lá amháin. Ní raibh sciath na ranna leofu agus nuair nach raibh ní thiocfadh leofu mórán seilge a dhéanamh. Tháinig an-ocras orthu

agus rinne siad amach go mb'fhearr tarraingt ar an chró go bhfeiceadh siad an bhfaigheadh siad aon rud le hithe. Rinne. Dúirt an seanfhear leofu nach raibh rud ar bith aigesean le tabhairt daofu, ach ', ar seisean, ' tá a fhios ag mo mhac áit a bhfuil tarbh allta agus rachaidh sé libh agus thig libh é a mharbhadh '.

Chuaigh an Fearghamhain leofu agus theistheáin sé an tarbh daofu ach theip ar na Fianna uilig é a mharbhadh. Ansin chuaigh an Fearghamhain de léim ar dhroim an tairbh agus ní raibh sé i bhfad gur mharbh sé é. Rannadh an tarbh ina cheithre cheathrú ansin agus ní raibh aon duine de na Fianna ábalta níos mó ná ceathrú amháin an duine a thabhairt leofu ach bhí an Fearghamhain ábalta dhá cheathrú a thabhairt leis. Tháinig éad ar Fhionn agus ar an Fhéinn leis an Fhearghamhain mar go raibh sé ina fhear níos fearr ná iad. Ba mhaith le Fionn cos i bpoll a chur leis. D'iarr sé ar an seanduine an Fearghamhain a ligint leofu ar feadh seacht mbliana agus go dtabharfadh seisean gach uile sheort oideachais dó i ngléas cogaidh agus arsa seisean, ' geallaimse duit go ligfidh mé ar ais chugat é i gceann seacht mbliana agus ní bheidh aon duine istigh in Éirinn a bhéas inchurtha leis ag an am sin '.

Níor mhaith leis an seanfhear an mac a ligint leofu ach sa deireadh thug sé cead do a dhul. D'imigh na Fianna agus an Fearghamhain leofu go dtí Gleann Cholm Cille agus d'fhan an Fearghamhain leofu seacht mbliana.

Bhí siad lá amháin, i ndiaidh an Fearghamhain a dhul leofu ar dtús, ag seilg cóngarach ag na Gleanntaí ag áit ar a dtugtar Malaidh na Muice—fuair siad nead muice duibhe ann ina raibh ocht mbanbh agus ní raibh an mhuc dhubh istigh. Mharbh na Fianna na bainbh uilig ach ceann amháin ar bhain Oscar an ruball daoithi. Ansin d'imigh siad leofu.

Bhí locht amháin ar an Fhearghamhain; bhí sé faoi gheasa, rud ar bith a d'iarrfaí air gan déanamh, chaithfeadh sé é a dhéanamh. Nuair a bhí sé na seacht mbliana cothrom ag na Fianna ní raibh aon fhear de na Fianna inchurtha leis agus bhí éad Fhinn ag méadú gach uile lá. Maidin amháin dúirt Fionn leis: ' Tá sé seacht mbliana anois ó tháinig tú chugainne agus anois tá ort dul abhaile chuig d'athair inniu ach ar rud ar bith ná gabh bealach na muice duibhe! '

Dúirt an Fearghamhain leis, ' A Fhinn, is maith atá a fhios agat caidé atá tú ag déanamh—tá a fhios agat go gcaithfidh mise dul ós rud é gur dhúirt tú liom gan dul agus rachaidh mé, bíodh sé le mo leas nó m'aimhleas '.

D'imigh an Fearghamhain agus thug sé leis a chlaíomh agus ceithre chú—an Loingseach, an Mhárach, an Ghrafach agus an

Ghrubach. Tháinig sé go Malaidh na Muice san áit a raibh nead ag an mhuc dhubh, ar bhain Oscar an ruball dithi. Ní raibh an mhuc istigh agus mharbh an Fearghamhain na muca beaga. Ní raibh sé i bhfad aniar ansin gur lean an mhuc dhubh é agus í ar chaor thineadh. Chaith sé an Loingseach chuici—níor mhair sí sin ach tamalt beag daoithi go raibh sí marbh agus tugtar Srath Loingsigh ar an áit sin ó shin.

Bhí an mhuc dhubh ag fáil suas leis aríst agus chaith sé an Ghrafach chuici. Choinnigh sí sin troid leis an mhuc tamalt beag níos faide ach ba ghairid go raibh sí marbh fosta. Tugtar an Ghrafach ar an áit sin go fóill.

Nuair a chonaic an Fearghamhain an mhuc ag teacht aríst chaith sé an Mhárach chuici. Sheas an Mhárach tamalt í agus tugtar Mín na Márach ar an áit sin ó shin.

Nuair a tháinig an mhuc suas leis aríst chaith sé an Ghrubach léithi. Mhair sí seo an-fhada daoithi nó go raibh an Fearghamhain amuigh ag Loch Muc agus ansin mharbh an mhuc í. Tugtar Mín an Ghrubaigh ar an áit inar marbhadh an Ghrubach.

Tháinig an mhuc suas leis an Fhearghamhain aríst ag Loch Muc. Ní raibh aige ach é féin anois le troid a choinneáilt léithi. Throid sé go cróga calma ach bhí an mhuc ag fáil lámh in uachtair air. Ansin lig sé trí scairt. Bhí a dheirfiúir Finngheal ag cíoradh a gruaige taobh amuigh den chró ar bhruach Loch Finne. Chualaigh sí an guth agus arsa sise léithi féin, ' Má tá mo dhearthair beo sin a ghlór, tá sé i gcontúirt agus tá sé ag iarraidh cuidithe '. Thóg sí trí chloch ina haprún agus shnámh sí trasna an locha ag tarraingt air. Nuair a bhí sí taobh thall chualaigh sí macalla an ghlóir taobh abhus aríst agus shíl sí gur taobh thall a bhí sé agus siúd trasna aríst léithi. Mhair sí mar sin ag snámh trasna an locha—nuair a bhíodh sí taobh thall shíleadh sí gur taobh abhus a bhí sé agus nuair a bhíodh sí taobh abhus shíleadh sí gur taobh thall a bhí sé nó go raibh nóin bheag agus deireadh an lae ann. Bhí an glór ag éirí níos laige.

Sa deireadh bhí Finngheal ag éirí tuirseach, chuaigh a gruaig i bhfostú ina cosa agus thug trom na gcloch síos í agus báitheadh í. Tugtar Loch Finne ar an loch sin ariamh ó shin mar gur báitheadh Finngheal inti agus tá na trí clocha ina dtrí oileán le feiceáil ar an loch go dtí an lá atá inniu ann.

Mharbh an mhuc an Fearghamhain agus mharbh an Fearghamhain an mhuc. Fuarthas ar maidin an bheirt marbh taobh le taobh agus tugtar Loch Muc ar loch atá i ngiorracht den áit i gcuimhne na muice duibhe.

1.4. AN CHÉAD MHILLEADH A THÁINIG AR AN FHÉINN

Bhí na Fianna a bhí in Éirinn an-tréan thart fá na cnoic seo sa tseanam. Tháinig siad thart anseo ag seilg lá amháin agus tháinig siad chuig teach—an áit a raibh baintreach mná ina cónaí. Bhí mac amháin aici agus dúirt Fionn lena mháthair go ndéanfadh sé an buachaill a fhostú agus go dtabharfadh sé foghlaim agus gaisciúlacht dó. D'imigh an buachaill leis na Fianna agus thit sé isteach leis na geasa a bhí acu uilig go léir.

Nuair a bhí na seacht mbliana istigh tháinig sé ar ais agus thoisigh sé gur thóg sé caisleán a rachadh seacht gcatha na Féinne agus seacht gcatha na Craoibhe Ruaidhe isteach ann ar achan doras dá raibh air. Chuir sé mórán áiteacha tineadh sa teach le móin agus le gaineamh.

Bhí go breá, nuair a bhí sin déanta thug sé cuireadh do sheacht gcatha na Féinne uilig ar dinnéar agus tháinig siad. Bhí drong mór fear ag an fhear seo é féin agus bhí siad uilig cruinnithe le chéile aige nuair a tháinig na Fianna agus sluasaid mhór ag achan fhear acu. Tháinig na Fianna uilig chun an toí agus shuigh siad thart ar na cathaoireacha agus níor luaithe sin déanta acu nó ghreamaigh achan fhear acu de na cathaoireacha. Las seisean na tinteacha ansin agus thoisigh na fir ag caitheamh an ghainimh orthu leis na sluaiste agus na n-aibhleog amach as na tinteacha agus bhíthear a mbruith ansin agus gan bealach acu bogadh.

Cé bith nach raibh greamaithe de na Fianna bhí Goll ann agus ar ndóiche b'eisean a ba láidre den Fhéinn agus bhí seisean ag streachailt agus ag tarraingt gur scoith sé é féin amach ón chathaoir agus d'fhág sé an craiceann ina dhiaidh. Réitigh seisean Fionn ansin agus réitigh an bheirt acu an chuid eile ach bhí siad brúite dóite san am.

Ní raibh itheachán ar bith aige fána gcoinne agus bhí siad ar an bhealach abhaile agus bhuail an-ocras iad. Bhí siad ag siúl thart le páirc a raibh an-mhórán stoc inti. Chuaigh Fionn isteach chun na páirce agus an fear nár chaith sé muc amach chuige chaith sé mart amach chuige agus an fear nár chaith sé mart chuige chaith sé molt chuige agus d'ith sé féin muc, mart agus molt.

Ba é sin an chéad mhilleadh a tháinig ar an Fhéinn agus ón lá sin go dtí gur éag siad níor throid siad cath.

1.5. OISÍN I nDIAIDH NA FÉINNE

Bhail, bhí dream anseo in Éirinn ins an tseanam a dtugadh siad na Fianna orthu. Ní bheadh a fhios a oiread fá dtaobh daofu ach go raibh fear ann a dtugadh siad Oisín i ndiaidh na Féinne air agus sin an fear a d'inis an scéal uilig.

Is cosúil, in am inteacht ina shaol, gur tugadh Oisín go Tír na hÓige agus bhí sé na céadta bliain ar shiúl sular smaoitigh sé ar a bhunadh ar chor ar bith. Smaoitigh sé sa deireadh ar Fhionn mac Cumhaill agus ar an bhunadh a bhí ina chuideachta in Éirinn. Shíl sé nach raibh sé ar shiúl ach cúpla lá uilig agus in áit mar bhí sin bhí sé na céadta bliain ar shiúl. Ní raibh suaimhneas ar bith le fáil aige go dtigeadh sé a dh'amharc ar a bhunadh. Fuair sé beathach maith capaill, chomh maith agus a thiocfadh le fear a thiomáint, go dtéadh sé thart ar Éirinn uilig go bhfeicfeadh sé na háiteacha a raibh sé iontu i dtús a shaoil agus na daoine a raibh aithne aige orthu.

Bhí go maith, tháinig sé ar ais go hÉirinn agus shiúil sé Éirinn uilig. Bhí sé ag dul trasna thoir ansin ag barr Bhaile Chiarragáin—agus tháinig athrú mór ar an tsaol ó d'imigh sé go dtáinig sé ar ais, tháinig Naomh Pádraig chun na tíre idir an dá am agus choisric sé an tír. Bhí an fear sin chomh láidir an uair sin agus a bheadh fiche fear ins an am ar phill sé. Chonaic sé seisear fear ann agus iad ag iarraidh cloch a chur suas ar chairt. Bhí plainceannaí acu agus bhí siad dá rollógadh suas ar na plainceannaí. Dúirt sé gur mhór an t-athrú a bhí ar na fir nó go dtiocfadh leisean breith ar an chloich sin agus a chur suas lena leathlámh. Bhí sé ag marcaíocht ar an bheathach agus nuair a bhí sé ag fágáil Tír na hÓige d'ordaigh siad dó gan a theacht anuas de dhroim an bheathaigh go bpillfeadh sé, nó dá dtigeadh go dtitfeadh sé ina sheanduine críon, caite as a chéile. Ach ca bith mar bhí sheas Oisín agus thoisigh sé a dh'amharc ar na fir. ' A Thiarcais ó! ' a deir sé, ' is dona an seisear fear sibh ', a deir sé, ' nach bhfuil ábalta an chloch sin a chaitheamh suas ar an chairt. Chaithfinnse suas an chloch sin le mo leathlámh ', a deir sé.

Ní raibh siadsan ag déanamh maith ar bith leis an chloich agus sheasaigh sé ansin ag coimheád orthu agus sa deireadh chuir siad mothú feirge air. Thug sé thart an beathach agus thug sé cóngarach don áit a raibh an chloch é, agus chuaigh sé a thabhairt teistheánadh daofu ar an dóigh a dtiocfadh leis an chloch a thógáil lena leathlámh, agus nuair a bhí sé ag caitheamh suas na cloiche bhris an stíoróip leis agus tháinig sé féin anuas chun an talaimh, ach bhí an chloch ar an chairt aige! Chomh luath géar agus a tháinig seisean chun

an talaimh d'imigh an beathach léithi ag tarraingt ar Thír na hÓige agus d'fhág sí eisean ansin ina sheanduine críon caite, gan maith ar bith ann ach oiread le duine inteacht eile.

Bhí sé ag bogadaigh thart ansin agus ní raibh a fhios aige cén bealach a rachadh sé. Bhí Naomh Pádraig in Éirinn an uair sin. Chualaigh Naomh Pádraig iomrá ar an fhear a tháinig isteach ar an dóigh a dtáinig sé, agus chuaigh sé féin a dh'amharc air. Chuaigh an bheirt chun comhraidh. Bhí Naomh Pádraig ag tabhairt na ndaoine chun creidimh san am sin, ní raibh creideamh ar bith ag na daoine roimhe sin agus ní raibh creideamh ar bith ag Oisín nó ag a bhunadh. Thoisigh Naomh Pádraig ag inse dó caidé an maitheas a bhí i nDia agus achan rud ar an dóigh sin.

' Bhail ', a deir Oisín leis, a deir sé, ' dá bhfeicfinnse Dia agus Goll ar thaobh na malacha údaí thall, dá bhfeicfinn Goll ar lár ansin déarfainn gurbh é Dia an fearr ab fhearr. Is é an dóigh a bhí sé ', a deir sé, ' ní thiocfadh le fear ar bith a dhul taobh thall de Gholl seo againne '.

' Bhail ', a deir Naomh Pádraig, ' ar mhaith leat Goll a fheiceáil anois? '

' Ba mhaith liom, cinnte', a deir Oisín, ' agus is ar mhaithe le Goll a fheiceáil a tháinig mé chun na háite seo ', a deir sé, ' agus mo bhunadh uilig chomh maith leofu. Shíl mé nach raibh mé ar shiúl ach cúpla lá agus cluinim anois go bhfuil sé na céadta bliain ó d'fhág mé an áit seo '.

' Bhail, dá bhfeicfeá Goll anois ', a deir Naomh Pádraig, ' agus an obair atá aige ní shílfeá mórán de '.

Ní raibh gar ann, ní thabharfadh Oisín isteach dó ar dhóigh nó ar dhóigh eile nach mb'fhearr an fear Goll nó Dia nó do chreideamh nó do rud ar bith eile. D'iarr Pádraig air a dhul a fhad le mullach a leithéid seo de chnoc ar maidin lá thar na mhárach agus go dteistheánfadh seisean Goll dó.

D'imigh siad go mullach an chnoic ar maidin lá thar na mhárach agus thug Naomh Pádraig amharc dó ar Ifreann agus ar na Flaithis. Bhí Goll thíos ansin in Ifreann agus é i gcionn súiste ar an chuid eile thíos ansin agus dá gcoinneáilt thíos i dtinidh Ifreann. I gceann tamailt ghairid briseadh an iall ins an tsúiste aige. ' Bhail, chím Goll anois ', a deir sé, ' agus is maith é i gcónaí, agus dá mbeadh iall ina shúiste a mhairfeadh dhéanfadh sé rud inteacht ins an áit a bhfuil sé fosta '.

' Bhail, achainí ar bith a bhfuil de dhíth ortsa anois ', a deir Pádraig, ' tá sí le fáil agat agus fáilte '.

' Iarraim achainí ', arsa Oisín, ' gan an iall briseadh go brách i súiste Ghoill ', agus dá n-iarrfadh sé achainí Goll a fháil amach as Ifreann ar fad ins an am sin gheobhadh sé é.

Bhail, níor thug Oisín ariamh isteach do bhaisteadh ar bith ariamh go dtí an lá sin. ' Gheobhaidh mise mé féin baistithe anois ', a deir sé, ' agus rachaidh mé leatsa '.

' Bhail, maith go leor ', arsa Naomh Pádraig.

D'imigh an bheirt le chéile ansin agus chuaigh Naomh Pádraig dá bhaisteadh. Bhí croisín le Naomh Pádraig ins an am sin agus nuair a bhí sé dá bhaisteadh—ní raibh amharc aige chomh maith an uair sin agus a bhí aige nuair a bhí sé óg—agus caidé a rinne sé nuair a bhí sé dá bhaisteadh ach an croisín a chur faoi ag baint taca as agus leag sé an croisín ar chos Oisín. Chuaigh an croisín fríd chois Oisín. Nuair a bhí deireadh thart agus d'fhéach Naomh Pádraig an croisín a thabhairt leis ní raibh dul aige é a fháil leis. D'amharc sé síos ar an urlár agus bhí *dam* fola ansin ar an urlár. ' Narbh iontach nár labhair tú ', arsa seisean le Oisín, ' nuair a bhí an croisín ag dul fríd do chois ".

' Labharfainn ', a deir Oisín, ' ach shíl mé gur den bhaisteadh é agus i ndiaidh an amhairc a thug tú dom d'fhulaingfinn rud maith do mo bhaisteadh '.

' Ó, maise, ní den bhaisteadh sin ar chor ar bith ', a deir Naomh Pádraig leis.

' Dá labharfá ní chuirfinnse an croisín fríd do chois ar chor a bith. Tá meath ar m'amharcsa agus ní fhacaigh mé caidé a bhí mé ag déanamh agus shíl mé gur chóir duit labhairt ', a deir sé.

' Ó bhail ', a deir Oisín, ' b'fhearr liomsa an croisín a dhul fríd mo chois fiche uair nó a bheith san áit a bhfuil Goll ar feadh na síoraíochta '.

Bhí Oisín é féin ansin mar fhear aosta agus ní raibh áit ar bith aige le dhul. ' Bhail, bí ag teacht liomsa ', a deir Naomh Pádraig, ' a fhad leis an teach seo agamsa. B'fhéidir go dtiocfadh leat tamalt de dheireadh do shaoil a chaitheamh ann '.

Chuaigh Oisín leis chun an bhaile ansin agus bhí sé ag bogadaigh thart ansin aige agus gan mórán ag cur bhuartha air. Rinne Naomh Pádraig amach go ndéanfadh sé leabhar ar shaol na bhFiannaibh. Bhí sé ag scríobh leis agus ba dhoiligh sin an cuntas a fháil amach uilig go dtí lá amháin mharbh sé mart agus bhí daoine le teacht fán teach aige mar bhíos ag a leithéidí uilig. Bhí mart aige istigh i gcoire agus bhí cailíní fán teach aige a bhí ag amharc i ndiaidh an

dinnéara. Ní thiocfadh a sháith a thabhairt le hithe do Oisín—bhí an-ghoile aige. Bhí Oisín i gcónaí fán chisteanach agus ag bogadaigh thart agus ag ithe na feola amach as an choire.

Bhí Naomh Pádraig mar a dúirt mé, ag scríobh scéal na bhFiannaibh. Bhí buachaill ag Naomh Pádraig fán teach fosta agus bhí cú aige. Fuair Oisín amach go raibh coileán ag an chú. D'éirigh sé amach lá amháin go bhfeicfeadh sé na coileáin, dúirt sé go raibh súil aige lá seilge a dhéanamh sula bhfaigheadh sé bás. Chuaigh sé amach a fhad leis an áit a raibh na coileáin ag an chú agus chaith sé coileán acu suas ar an Scraith—Scraith a bhí ar an áit a raibh siad—agus thit sé anuas ar ais. D'iarr sé ar an bhuachaill é sin a thabhairt leis agus é a bháitheadh. Bheir sé ar choileán eile agus chaith sé suas ar an Scraith é agus tháinig sé sin anuas. D'iarr sé air an coileán sin a thabhairt leis agus an rud céanna a dhéanamh leis. Rug sé ar an tríú coileán agus ghreamaigh sé sin sa Scraith. D'iarr sé air an coileán sin a choinneáilt agus aire mhaith a thabhairt dó—go raibh lá seilge aigesean le déanamh sula bhfaigheadh sé bás go fóill.

Ach an lá seo, bhí Oisín ina shuí a chois na tineadh agus bhí sé ag ithe na feola amach as an choire. Bhí Naomh Pádraig ag piocadh suas seantairngreacht na bhFiann ó Oisín agus mórán scríofa aige san am. Rinne na cailíní amach go n-íosfadh sé deireadh na feola le méid an ghoile a bhí aige agus thug siad an scéala do Naomh Pádraig. Tháinig Naomh Pádraig isteach chun na cisteanadh agus d'iarr sé air stad de thógáil na feola amach as an choire. ' Beidh muid náiríste amárach ' a deir sé, ' tá na stráinséirí ag teacht agus ní bheidh aon ghreim acu le hithe '.

' Ó, nach greannmhar thú ag caint ', a deir Oisín leis, a deir sé, 'ar mhaithe leis an méid atá i do choire uilig ', a deir sé. ' Chonaic mise lon amháin ', a deir sé, ' a bheadh chomh mór le seacht mart de do chuid ', a deir sé. ' Caidé atá mé ag ithe ach giotaí beaga amach as an phota le taobh an méid a d'ith mé i mo shaol ', a deir sé.

Níor chreid Naomh Pádraig é ansin ar chor ar bith go mbeadh lon amháin chomh mór le seacht mart dá chuidsean agus ghlac sé fearg agus rinne sé amach gur bréaga uilig a bhí sé ag inse. Rug sé ar a raibh scríofa aige ó Oisín agus chaith sé isteach ar chúl na tineadh é agus dhóigh sé é.

Bhí sin maith go leor go dtí traidhfil ama ina dhiaidh sin bhí an coileán a phioc Oisín mór. Bhí Oisín fán teach ar fad agus dúirt sé le buachaill Naomh Pádraig aon lá amháin go síleann sé gur chóir go mbeadh an coileán sin ábalta lá seilge a dhéanamh. Dúirt an

buachaill leis go síleann sé go mbeadh feasta. Ach bhí deireadh de thairngreacht na bhFiannaibh dóite ag Naomh Pádraig ins an am sin.

' Bhail, rachaimid inniu ', a deir sé le buachaill Naomh Pádraig, ' go ndéanfaimid lá seilge. Rachaimid go mullach a leithéid seo de chnoc, tabhair leat an gunna is fearr agat ', a deir sé, ' agus tug go dtí a leithéid seo de chnoc mise ', a deir sé.

Thug.

' An bhfuil carraig dhubh ar bith ar mhullach an chnoic sin? ' a deir sé.

' Tá ', a deir buachaill Naomh Pádraig.

' Tabhair go dtí an charraig mise ', a deir Oisín. Thug, agus nuair a tháinig Oisín go dtí an charraig chuir sé a lámh isteach faoin charraig agus tharraing sé feadóg amach as faoin charraig a bhí aige sa tseanam, sula dteachaigh sé go Tír na hÓige ariamh. Chuir sé fead ins an fheadóg. ' An bhfeiceann tú dadaidh ag teacht anois? ' a deir sé le buachaill Naomh Pádraig.

' Ní fheicim ar chor ar bith ', a deir buachaill Naomh Pádraig.

Chuir sé an tríú fead inti. ' An bhfeiceann tú dadaidh ins an ghleann anois? ' a deir sé.

' Chím ', a deir buachaill Naomh Pádraig. ' Tá beathach ag teacht anois ', a deir sé, ' agus tá sé ar eiteog, cinnte ', a deir sé, 'ach níl sé i bhfad ón talamh. Is é an beathach é is mó a chonaic mise ariamh. Tá an gleann cumhdaithe uilig go léir aige '.

' Chím ', a deir Oisín, ' sin anois an lon a raibh mise ag caint uirthi le Naomh Pádraig ', a deir sé, ' agus ní chreidfeadh sé mé. An bhfuil sí ag teacht cóngarach? ' arsa Oisín.

' Ó, ní bheidh sí i bhfad ar gcúl gan mhoill ', arsa buachaill Naomh Pádraig.

' Bhail, cocáil thusa an cú léithi ', a deir sé.

Rinne. Nuair a dreasadh an cú sa lon mharbh an cú an lon.

' An bhfuil súil mhaith agat ar an ghunna anois? ' a deir sé le buachaill Naomh Pádraig. ' Mura muirbhfidh tusa an cú anois ', a deir sé, ' nuair a thiocfas an cú ar ais i ndiaidh an lon a mharbhadh, muirbhfidh sí sinne '.

' Bhail, níl mise in innibh a marbhadh ', arsa buachaill Naomh Pádraig, ' níl misneach agam go mbeidh mé in innibh a marbhadh má tá rud chomh contúirteach sin '.

' Ó, spleoid ort! ' arsa Oisín, ' is mairg a d'fhág an baile leat ', a deir sé, ' agus níl amharc ar bith agam, agus cocáil leis an chú mé, agus féachfaidh mé féin leis an chú a mharbhadh '.

Scanraigh buachaill Naomh Pádraig chomh mór agus go mb'éigean dó an gunna a thabhairt do Oisín. Nuair a bhí an cú ag teacht ansin scaoil Oisín é féin léithi agus mharbh sé an cú. Bhí an lon marbh ag an chú ansin agus bhí an cú marbh ag Oisín.

' An bhfuil an cú marbh anois? ' arsa Oisín.

' Tá an cú marbh anois agat ', arsa an buachaill.

' B'fhéidir anois ', a deir sé, ' go bhfaighinnse greim le hithe, rud nach bhfuair mé leis na céadta bliain aroimhe '.

Chuaigh Oisín ansin a fhad leis an lon agus bhí bruaigh agus stacáin agus achan rud ins an ghleann a raibh siad ann agus bhí sponc agus tinidh chreasa—ní raibh *matches* ar bith ag dul an t-am sin ar chor ar bith—agus thoisigh siad agus rinne siad tinidh. Rós Oisín ceathrú amháin den lon agus bhí an ceathrú sin chomh mór le ceathrar nó cúig de mhartannaí ar scor ar bith agus d'ith sé uilig í ach sa bheag. Ní raibh buachaill Naomh Pádraig ábalta mórán daoithi a ithe uilig. ' Caidé an cineál cuma atá anois orm? ' a deir sé le buachaill Naomh Pádraig.

' Tá, fíor-dhroch-chuma ort ', a deir an buachaill. ' Tá dhá shúil an-dearg ionat ', a deir sé, ' agus an-bholg ort, agus ní fhacaigh mé ariamh dadaidh is measa cuma ná thú '.

' Bhail, chreidfinn sin go maith ', a deir Oisín, ' nó níor ith mise mo sháith leis na céadta bliain go dtí sin. Ó tugadh mise go Tír na hÓige na céadta bliain ó shin ní thiocfadh liom a rá gur ith mé mo sháith ó shin. Tá sé chomh maith againn an chuid eile den lon seo a thabhairt abhaile anois ionsar Naomh Pádraig ', a deir sé, ' go n-íosfaidh sinn ár sáith ag Naomh Pádraig fosta '.

Chuaigh sé féin agus an buachaill a fhad leis an lon ansin agus ní raibh buachaill Naomh Pádraig ábalta greim den lon a thógáil den talamh. Thiontaigh sé féin a fhad le béal bruaigh a bhí ann í agus chuir sé ar a mhuin í, agus thug sé go sráid Naomh Pádraig an lon. Scairt sé amach ar Naomh Pádraig ansin go bhfeicfeadh sé an lon. Chuaigh Naomh Pádraig amach agus d'amharc sé ar an lon. ' Bhail, chím ', a deir sé, ' shíl mé go raibh tú ag inse bréag dom nuair a d'inis tú dom fán bheathach seo agus chím anois nach raibh tú ag inse aon smid bhréige dom in am ar bith ', a deir sé. ' Dhóigh mé iomlán a raibh de sheantairngreacht déanta agat fá na Fiannaibh ', a deir sé, ' agus tá mé ag dréim go ndéanfaidh tú leabhar úr suas dom anois ', a deir sé—ní raibh cuimhne aige ar leath ar inis Oisín dó fá na Fiannaibh.

' Bhail, anois ', a deir Oisín leis, ' ní inseochaidh mise dadaidh duit fá na Fiannaibh go lá mo bháis ', a deir sé, nuair nach dtug tú aire dar inis mé duit ní chluinfidh tú níos mó ', a deir sé. ' Bhí meas bréige agat ormsa nuair a bhí mé ag inse na fírinne duit agus anois ní chluinfidh tú níos mó ', a deir sé.

Sin anois an fáth nach bhfuarthas amach deireadh scéal na bhFiannaibh ariamh ó shin. Nuair a dhóigh Naomh Pádraig an t-eolas a fuair sé ó Oisín ní raibh duine ar bith eile ábalta é a inse agus ní bhfaighfear amach deireadh an scéil go brách anois!

2. SCÉALTA DRAÍOCHTA

2.1. AN PRIONSA Ó DOMHNAILL

Bh fear thuas anseo in aon am amháin i nDún na nGall a dtugadh siad Ó Domhnaill air agus bhí mac aige agus ba é an t-ainm a bhí air an Prionsa Ó Domhnaill. Ní thearn an fear seo obair ar bith ariamh ach ar shiúl ag seilg. Bhí faisean aige, nuair a d'imeochadh sé ar maidin, ba chuma caidé an rud a dhéanfadh sé ní ligfeadh sé do rud ar bith éirí roimhe nach muirbhfeadh sé mura mbeadh ann ach éan riabhóige. Bhíodh cú agus gunna leis i gcónaí.

Bhí sé lá amháin ag teacht aníos ag cionn Dhún na nGall agus bhí sneachta trom ann. Caidé a d'éirigh roimhe ach fiach dubh agus scaoil sé leis agus mharbh sé é. Nuair a tháinig sé a fhad leis an fhiach dubh smaoitigh sé nach bpósfadh sé aon bhean go brách ach an bhean a mbeadh ceann uirthi chomh dubh leis an phréachán agus a mbeadh craiceann uirthi chomh geal leis an tsneachta agus a mbeadh fuil ina pluca chomh dearg leis an fhuil a tháinig as an phréachán. Phill sé abhaile an lá sin agus bhí sé ar shiúl achan áit agus ní raibh dul aige ceann ar bith a fheiceáil cosúil leis an smaoiteamh a rinne sé ar chor ar bith. Chaith sé mar sin gur chaith sé bliain. Nuair a bhí an bhliain istigh dar leis féin ' nárbh iontach amaideach an smaoiteamh a rinne mé an lá a smaoitigh mé ar an seort mná a bhí mé ag dul a phósadh. Tá mé ag siúl thart le bliain agus ní thearn mé seilg agus ní thearn mé dadaidh agus b'fhearr dom toiseacht a sheilg mar bhí mé i gcónaí agus an smaoiteamh amaideach sin a chaitheamh amach as mo cheann '.

D'imigh sé leis amach a sheilg ansin mar bhí sé ariamh. An lá seo d'imigh sé leis suas fá chnoic an Bhearnais ag seilg. Bhí lá an-bhog ann agus ní theachaigh sé i bhfad gur éirigh giorria roimhe. Lean an cú an giorria agus níor imigh aon ghiorria ariamh ar an chú ó chuaigh sí i ndiaidh an chéad cheann nach muirbhfeadh sí. D'imigh an cú is d'imigh an giorria agus d'imigh seisean i ndiaidh na beirte agus níor stad siad go dtáinig siad go bruach na habhann thiar ansin ag ceann na nGleanntach. Bhí an abhainn spréite agus chuaigh an giorria trasna agus ní theachaigh an cú. Tháinig sé go bruach na habhann ansin agus ní raibh a leithéid de bhuaireamh ariamh ina shaol air go mb'éigean dó an giorria a ligint ar shiúl. Ní raibh a fhios aige caidé ba siocair leis ar chor ar bith. D'amharc sé siar sa deireadh agus caidé a chí sé chuige aniar ar bharr an

uisce ach coite báid agus cailín dá hiomramh. Nuair a bhí sí ag tarraingt cóngarach aige dar leis nach bhfacaigh sé dadaidh ariamh a ba chosúla leis an bhean a dtearn sé an smaoiteamh uirthi anuraidh leis an chailín a bhí ag iomramh an bháid.

' Bhail, a Phrionsa Uí Dhomhnaill ', a deir sí, ' caidé do bhuaireamh inniu? '

' Bhail, ní raibh a leithéid de bhuaireamh orm ariamh ', a deir sé, ' chuaigh giorria trasna ansin agus chuir mo chú suas de a dhul trasna ina dhiaidh, rud nach dtearn sí ariamh aroimhe '.

' Bhail, trí achainí ar bith dá n-iarrfaidh tú ormsa anois bhéarfaidh mé duit iad ', arsa sise.

' Bhail, is í an chéad achainí atá mé ag dul a iarraidh ort, má thigim an bealach seo go mbeidh bealach ansin a bhfaighidh mé trasna air. An darna ceann a iarrfas mé ', a deir sé, ' gan mé a bheith i dtrioblóid ar bith a choíche nach bhfaighidh mé amach as agus an tríú achainí atá de dhíth orm go mbeidh tusa mar bhean agam '.

' Gheobhaidh tú a lán trioblóide go fóill sula raibh sin amhlaidh ', arsa an cailín. Thiontaigh sí an bád thart ar an uisce agus d'imigh sí léithi ar bharr na tuile agus d'fhág sí an prionsa ansin.

Bhí go maith is ní raibh go holc, chuaigh sé a luí an oíche sin agus ar maidin lá thar na mhárach smaoitigh sé go n-imeochadh sé agus nach n-íosfadh sé dhá ghreim bia ag aon tábla agus nach gcodlóchadh sé dhá oíche in aon leabaidh go bhfaigheadh sé amach cá raibh an cailín seo.

D'imigh sé leis agus d'imigh sé leis agus bhí sé amach as aitheantas go mór nuair a tháinig an oíche air. Tháinig sé ionsar chró beag teacht na hoíche agus chuaigh sé isteach ann agus bhí seanduine agus seanbhean istigh agus duine acu ar achan taobh den tinidh. D'iarr sé lóistín go maidin.

' Gheobhaidh tú lóistín cinnte ', arsa an tseanbhean, ' ach leoga níl mórán anseo ag duine ar bith ach mar sin féin b'fhéidir go mbainfeá oíche as '.

D'inis sé brí a shiúil don tseanduine.

' Ó bhail ', a deir sé, ' níl a fhios agam dadaidh fán rud atá tú ag cuartú ar chor ar bith '.

Nuair a cuireadh a luí é an oíche seo cuireadh isteach i bpoll de sheomra dhorcha é agus níorbh fhada a bhí sé ina luí go dtí gur thoisigh an sneachta agus thoisigh an plúchadh agus líonadh an cró a raibh sé istigh ann. Ach nuair a tháinig teacht an lae d'éirigh

sé aníos agus fuair sé amach as agus bhí sé beo agus is é a raibh ann. Bhí an seanduine agus an tseanbhean ina suí ar achan taobh den tinidh mar d'fhág sé ina suí iad ag dul a luí dó.

' Caidé an seort oíche a fuair tú aréir? ' a deir an seanduine, a deir sé.

' Bhail, chí Dia an suaimhneas a fuair mé ', a deir sé, ' nuair atá mé beo ar chor ar bith tá mé go maith ', a deir sé, ' ó tháinig mo cheann ar an tsaol ', a deir sé, ' níor mhothaigh mé siabadh ar bith go dtí aréir '.

' Níl siabadh ar bith ann inniu ' arsa an seanduine, ' tá lá breá socair ann. Anois ', a deir sé, nuair a bhí sé ag imeacht, ' siúil go socair anois ', a deir sé, ' nó siúil go gasta agus ca bith dá dhóigh a rachaidh tú beidh tú ag deartháir domsa anocht '.

D'imigh an Prionsa agus d'fhág sé slán agus beannacht acu agus ní ag siúl go socair a bhí sé ach an méid a bhí istigh ina chorp. Teacht na hoíche casadh cró den chineál céanna dó agus chuaigh sé isteach. Bhí péire den chineál céanna ansin a bhí sa teach a raibh sé ann an oíche roimhe agus duine acu ar achan taobh den tinidh. D'iarr sé lóistín, agus fuair, agus d'inis sé brí a shiúil don tseanduine. Dúirt an seanduine nach raibh a fhios aige dadaidh fá dtaobh de. Bhí go maith, nuair a tháinig am luí cuireadh síos ins an áit chéanna a luí é agus ba ghairid gur thoisigh an sioc. Shioc sé féin agus an leabaidh dá chéile agus shioc deireadh agus ní raibh sé ábalta bogadh.

Ag teacht an lae fuair sé é féin réitithe amach sa deireadh agus d'éirigh sé aníos agus bhí an bheirt ansin mar d'fhág sé iad, duine acu ar achan taobh den tinidh. D'fhiafraigh an seanduine de caidé an cineál suaimhnis a fuair sé ar feadh na hoíche.

' Chí Dia ' a deir sé, ' an suaimhneas a fuair mé. Ó tháinig mo cheann ar an tsaol níor mhothaigh mé sioc ar bith go dtí aréir ar scor ar bith '.

' Níl siocán ar bith ann inniu ', a deir an seanduine, ' tá lá breá socair ann. Anois ', a deir sé, ' siúil tusa go socair inniu ', a deir sé, ' sin nó siúil go gasta, ca bith acu is mian leat agus beidh tú ag deartháir domsa anocht agus b'fhéidir go mbeidh seisean ábalta tuairisc inteacht a thabhairt duit '.

D'imigh seisean ar maidin lá thar na mhárach agus ní ag siúl a bhí sé ach ag reathaigh. Tháinig sé a fhad le cró agus bhí seanduine ar achan taobh den tinidh. D'iarr sé lóistín, agus fuair. D'inis sé brí a shiúil don tseanduine.

' Bhail, chím ', a deir an seanduine, a deir sé, ' tá tú ag siúl le trí lá ', a deir sé, ' agus níor shiúil tú mórán uilig ach caithfidh mé

gléas a chur ort amárach a shiúlfaidh tú níos mó nó a shiúil tú le trí lá '.

Cuireadh síos a luí i bpoll den chineál céanna é agus dheamhan i bhfad a bhí sé thíos gur thoisigh an ghaoth mhór. Thóg sí amach as an leabaidh é agus bhuail sí thíos ar cheann an tseomra é agus bhí sé síos agus aníos go raibh sé chóir a bheith marbh. D'éirigh sé aníos agus d'fhiafraigh an seanduine de caidé an seort suaimhnis a fuair sé aréir.

' Bhí Dia ag amharc ar an seort suaimhnis a fuair mise ', arsa seisean, ' nuair nár marbhadh mé aréir gheobhaidh mé saol fada '.

' Caidé a tháinig ort? ' arsa an seanduine.

' Ó, bhíthear do mo *thossáil* ó chionn go cionn an toí ó tháinig an oíche le gaoth mhór '.

' Bhail, níl gaoth mhór ar bith ann inniu ', arsa an seanduine, ' tá lá deas ciúin ann. An bhfuil tú i do mharcach mhaith? ' a deir sé.

' Tá leoga ', arsa seisean, ' chomh maith agus a chuaigh ar dhroim beathaigh ariamh '.

' Bhail, tá beathach agamsa anseo ', a deir sé, ' agus b'fhéidir go rachfá níos gaiste nó a chuaigh tú le trí lá. Tá cú anseo agam fosta ', a deir sé, ' agus cuirfidh mé leat an cú. Is cuma caidé an mharcaíocht a dhéanfas tusa ar dhroim an bheathaigh ', a deir sé, ' tá tú cinnte go gcoinneochaidh an cú an bealach mór amach romhat. Coimheád go maith í go bhfeicfidh tú í ag fágáil an bhealaigh mhóir agus nuair a chífeas ná lig a dhath ort féin ach bí cinnte nuair a chífeas tú í ag fágáil an bhealaigh an darna huair— déanfaidh tú tuirlingt agus amharc caidé an seort áite a mbeidh sí ag scríobadh.

B'fhíor é. D'imigh sé agus chuaigh sé i bhfad agus i bhfad agus sa deireadh chuaigh an cú amach den bhealach mhór. Níor lig sé dadaidh air féin agus chuaigh sé ar aghaidh giota fada eile. D'fhág an cú an bealach ar ais agus chuaigh sí ag scríobadh. Tháinig sé anuas den bheathach an iarraidh seo agus chuaigh sé a dh'amharc caidé an seort áite a raibh sí ag scríobadh, agus an dá luas ar fhág seisean an diallait thug an cú léim isteach inti agus as go brách leis agus as go brách leofu ag tarraingt ar an bhaile.

Nuair a bhí sé ansin ar feadh tamailt bhig d'oscail poll sa talamh agus d'imigh sé síos faoin talamh. Bhí an staighre ag dul síos ansin ab fhearr ar shiúil sé ariamh air i nDún na nGall. Dhruid an talamh os a chionn agus b'éigean dó a dhul ar aghaidh síos go dteachaigh siad a fhad le háit a dtugadh siad an Domhan Íochtarach air. Shiúil sé gearrghiota maith agus fá dheireadh chonaic sé teach

mór giota uaidh a raibh cuma an-mhaith air. Rinne sé amach go rachadh sé chuige. Tharraing sé air agus chuaigh sé isteach agus d'fhiafraigh sé d'fhear an toí an bhfaigheadh sé lóistín. Dúirt fear an toí go bhfaigheadh agus fáilte. D'fhiafraigh sé de caidé an cineál duine é nó cá fhad a bhí siúlta aige. D'inis sé dó.

'Bhail, níl aon am le fada ariamh nach raibh mé ag dúil go dtiocfadh duine inteacht thart', a deir sé, 'a dhéanfadh cró toí dom agus níl dul agam fear ar bith a fháil a dhéanfas é agus b'fhéidir go ndéanfá thusa é. Caidé an cineál oibre a lean tú?' a deir sé.

'Bhail, an méid oibre a rinne mé ariamh ag saoirsíneacht a bhí mé'.

'Bhail, is maith mar tharlaigh', a deir sé, 'b'fhéidir go ndéanfá thusa é'.

'Bhail, dá mbeadh gléasraí agamsa' a deir sé, 'ní bheadh a fhios agat caidé a dhéanfainn'.

'Ó', a deir seisean, 'níl díobháil ar bith gléasraí fán áit seo'.

Bhí loch thíos faoin teach agus chruinnigh sé leis iomlán a raibh de ghléasraí saoir fán teach agus thug síos é. Bhí balla thart fán teach agus bhí na beara thart ins an bhalla agus ní raibh aon bhior ann nach raibh ceann duine thuas air ach aon bhior amháin. Chuaigh sé síos go bruach na locha agus d'inis sé ansin caidé an dóigh a ndéanfadh sé an teach—fad, leithead agus achan seort eile fá dtaobh de.

'Anois', a deir sé, 'mura raibh an teach déanta réidh agat nuair a thiocfas mise anuas ar a leithéid seo d'am', a deir sé, 'níl aon bhior folamh thuas ansin ach aon bhior amháin agus rachaidh do cheannsa air sin ar maidin amárach!'

An fear bocht nach dtearn a dhath ariamh ach ag seilg bhí sé ag teacht cruaidh go leor air! D'amharc sé siar ar an loch sa deireadh agus seo chuige aniar an bád agus an cailín céanna dá hiomramh a chonaic sé thiar ag cionn na nGleanntach. Tháinig sí os coinne na háite a raibh sé ina sheasamh agus stop sí an bád agus tháinig isteach chuige. 'Bhail, a Phrionsa', a deir sí, 'caidé do bhuaireamh inniu?'

'Ní raibh buaireamh ar bith ariamh orm go dtí inniu ar scor ar bith', a deir sé.

Tharraing sí éadach amach as a póca, agus spréigh sí ar an talamh é agus ní raibh sé bomaite go raibh achan seort bia agus dí ní b'fhearr nó a chonaic sé ariamh sa bhaile ar an éadach.

'Suigh agus déan do chuid ar scor ar bith', a deir sí.

'Bhail, is cuma dom caidé a íosfas mé nó a ólfas mé', a deir sé, 'tá mise a fhad is rachas mé ar scor ar bith'.

' Is cuma ', a deir sí, ' suigh agus ith greim ca bith a éireochas duit '.

Shuigh, agus nuair a bhí a chuid déanta aige bhí teach déanta réidh agus mura raibh sé ní b'fhearr ní raibh sé níos measa nó an dóigh ar hiarradh air é.

' Anois ', a deir sí leis, ' sin é m'athairse thuas ansin ', a deir sí, ' agus níl aon bhior thuas fán teach aige ', a deir sí, ' nach bhfuil ceann fir air agus ba mhaith leis do cheannsa a bheith ar an bhior dheireanach. Ní thearn mise aon dath d'aon duine ariamh go dtáinig tusa ', a deir sí, ' agus bhí dúil agam gan do cheannsa a ligint ar an bhior go dtí go sáraíodh orm. Nuair a thiocfas sé anuas anois ', a deir sí, ' ins an am ar dhúirt sé, cumhdaigh thusa tú féin le clábar agus lig ort féin go raibh tú an-ghnoitheach ', a deir sí. ' Caithfidh sé tú a mholadh ', a deir sí, agus abair leis gur beag is fiú eisean nach dtug aon ghreim le hithe nó le hól duit ó chuir sé anseo inniu thú '.

B'fhíor é. Chuaigh sé síos ins an am a dúirt sé agus ní thiocfadh leis locht a fháil air ar scor ar bith agus deir sé: ' Chonaic mé fir cheirde níos measa nó thú '.

' Is beag is fiú fear maith ceirde a bheith agatsa ', a deir sé, ' nár amharc ina dhiaidh ó mhaidin agus nach dtug bia nó deoch dó go dtí an t-am seo de lá '.

' Ó bhail, siúil leat agus gheobhaidh tú greim maith anois ', a deir sé. Thug sé leis é agus fuair sé dóigh mhaith cinnte nuair a chuaigh sé abhaile.

' Bhail ', a deir sé, ar maidin lá thar na mhárach leis an Phrionsa, ' ní raibh gar an teach udaí a dhéanamh inné mura dtéid ceann air inniu! '

' Bhail ', arsa an Prionsa, ' níl gléas ar bith agamsa le ceann a chur ar theach '.

' Bhail ', a deir sé, ' níl díobháil ar bith gléasraí anseo. Tá achan seort agamsa dá bhfuil de dhíobháil ort '.

D'imigh sé agus chruinnigh leis síos achan seort gléas a raibh ag teastáil air—adhmad agus sclátaí agus achan seort dá raibh ag leanúint do theach, agus dúirt leis mura mbeadh an ceann air agus é críochnaithe réidh aige nuair a rachadh sé síos go mbeadh a cheann ar bhior aigesean ar maidin lá thar na mhárach.

Bhail, creidim go raibh an Prionsa ag dúil an lá sin go réiteofaí dó fosta. Chuaigh sé síos agus ba ghairid a bhí sé thíos ag bruach na locha go bhfacaigh sé bád ag tarraingt chuige aniar ar an loch. Bhí an cailín céanna dá hiomramh a bhí an lá cheana. ' Bhail, a Phrionsa ', a deir sí, ' an bhfuil buaireamh mór inniu ort? '

'Tá', a deir an Prionsa, 'lán oiread agus a bhí orm inné'.

'Ó bhail', a deir sí, 'suigh agus déan do chuid ar scor ar bith agus ní bheadh a fhios agat caidé an cuidiú a thiocfadh liomsa a thabhairt duit'.

Tharraing sí éadach amach as a póca agus spréigh sí ar an talamh é, agus ní raibh greim bia nó dí dá bhfacaigh aon duine ariamh nach raibh ar an éadach ar an bhomaite. Shuigh sé agus chuaigh sé a dhéanamh a choda agus nuair a bhí a chuid déanta bhí ceann ar an teach agus é gléasta amach ar achan dóigh ab fhearr ná chéile.

Chuaigh an diúlach síos tráthnóna ins an am ar dhúirt sé agus ní tháinig leis locht ar bith a fháil ar an obair a bhí déanta. 'Bhail, chím', a deir sé, 'chonaic mé lucht ceirde ní ba mheasa nó thú'.

'Is beag is fiú fear maith ceirde a bheith agatsa', a deir an Prionsa, 'fear ar bith nach dtáinig os mo chomhair le bia nó le deoch ó tháinig mé anseo ar maidin inniu'.

'Ó bhail, siúil leat aníos', a deir sé, 'agus gheobhaidh tú gléas maith anois'.

Chuaigh, agus fuair sé a sháith le hithe is le hól.

Ar maidin lá thar na mhárach chomh luath is d'éirigh an Prionsa labhair an seanduine leis arís: 'Ní raibh gar an teach udaí a dhéanamh arú inné', a deir sé, 'agus ceann a chur air inné gan féacháilt le seort inteacht deis a chur air inniu'.

Thug sé leis síos achan chineál gléasraí agus d'inis dó cén áit a ndéanfadh sé seomra ansiúd agus staighre anseo agus dúirt leis muna mbeadh sé réidh tráthnóna nuair a thiocfadh seisean anuas go rachadh a cheann ar an bhior.

Bhí go maith, tháinig an bád aniar ar an loch i dtrátha an ama céanna a dtigeadh sí na laethe eile. Tháinig sí isteach chuige. 'Bhail, a Phrionsa', a deir sí, 'an bhfuil buaireamh mór ort inniu?'

'Tá mé chomh holc, mura bhfuil níos measa nó a bhí mé le dhá lá', ag inse daoithi caidé a bhí le déanamh aige.

Tharraing sí amach an t-éadach agus spréigh é. 'Suigh', a deir sí, 'agus déan do chuid agus ní bheadh a fhios agat caidé an cuidiú a bhéinnse ábalta a thabhairt duit'.

Shuigh, agus bhí achan seort bia agus dí roimhe dá dteachaigh roimh aon fhear ariamh. Nuair a bhí a chuid déanta aige agus chuaigh sé isteach ní thiocfadh deis a chur air ní b'fhearr nó ní ba dheise nó a bhí air agus ar achan seort dá raibh istigh. Bhí sé ag tabhairt solais do Neamh, bhí sé gléasta chomh maith sin.

' Bhail anois ', a deir sí, ' nuair a thiocfas sé anuas anocht ', a deir sí, ' caithfidh sé a rá go bhfuil mise bainte agat agus má tá mé bainte féin agat féachfaidh sé le mé a chur amú ort i ndiaidh an iomláin. Anois ', a deir sí, ' tá dhá chailín seirbhíse aige agus mise ', a deir sí, ' agus déanfaidh sé trí colmáin dínn anois ', a deir sí. ' agus i ndiaidh tusa do shuipéar a dhéanamh tiocfaidh sé a fhad leis an tábla agat agus ligfidh sé amach na colmáin ar an tábla agus déarfaidh sé leat ', a deir sí, ' go bhfuil a iníon seo aigesean ar cheann acu sin agus cead agatsa a piocadh amach astu nó ligint daofu '.

B'fhíor é. Chuaigh sé síos ins an am ar dhúirt sé agus d'amharc sé thart ar an teach agus ní tháinig leis locht ar bith a fháil air. ' Chonaic mé fir cheirde ní ba mheasa nó thú ', a deir sé, ' agus tá m'iníon bainte agat ', a deir sé.

' Má tá féin ', a deir an Prionsa, ní gan saothar '.

Thug leis suas chun an toí é agus nuair a bhí a shuipéar déanta aige tháinig sé agus na trí colmáin leis agus d'fhág sé ina seasamh ar an tábla iad. ' Bhail anois ', a deir sé, ' tá m'iníonsa ar cheann acu sin agus pioc thusa m'iníon amach astu '.

Dúirt sise leisean nuair a bhí sí ag caint leis: ' Má bhíonn tusa géar go leor ', a deir sí, ' nuair a bhéas sinne ag bogadaigh thart ar an tábla bogfaidh mise m'eiteog rud beag, ach ní thig liom ', adeir sí, ' mórán a dhéanamh agus má bhíonn tusa géar go leor le sin a thabhairt fá deara aithneochaidh tú mise '.

B'fhíor é. Chuir sé isteach na héanacha ar an tábla agus ní thiocfadh an difear a dhéanamh eatarthu ar dhóigh nó ar dhóigh eile, agus nuair a bhí siad tamalt beag ag dul thart thug sé fá deara gur bhog ceann acu a heiteog rud beag. Rug seisean uirthi in áit na mbonn.

' Nach raibh na rudaí eile chomh deas léithi sin? ' arsa seisean.

' Bhail tá ', arsa an Prionsa, ' ach níl aon lá ariamh ó bhí mise ag éirí suas i mo ghasúr nach raibh ceannaitheoir cearc ag m'athair agus bhéarfadh sé an oiread seo pingineacha de bharraíocht ar na cearca dá mbeadh aon chluimhreach deas orthu agus sin an ceann is deise cluimhreach den triúr '.

' Bhail, chím ', a deir sé, ' tá m'iníon féin agat '.

Bhí go maith is ní raibh go holc, ca bith am ina dhiaidh sin ar fhóir sé pósadh an lánúin. Tháinig an oíche agus bhí an bheirt ag dul a luí.

' Anois ', a deir sí, ' b'fhearr dúinn gan a dhul a luí ar chor ar bith nó is gairid an t-am ar chor ar bith a bhéas tusa i do luí go

dtigidh sé go muirbhfidh sé thú '. Lig sí anuas fuinneog agus chuaigh an bheirt amach ar an fhuinneoig. Chuaigh siad isteach chun an stábla ansin.

' An bhfuil tú i do mharcach mhaith? ' arsa seisean.

' Tá ', ar sise, ' chomh maith agus a chuaigh ar dhroim beathaigh ariamh '.

' Bhail, beidh sé uilig de dhíth ort anois ', a deir sé.

' Gabh isteach chun an stábla agus tug leat an beathach is fearr a bhfeicfidh tú cuma air '.

Chuaigh sé isteach chun an stábla agus thug sé amach an beathach ab fhearr a bhfacaigh sé cuma air agus chuaigh an bheirt a mharcaíocht agus d'imigh leofu.

Nuair a chuaigh siad gearrghiota ' amharc i do dhiaidh ', a deir sí, ' go bhfeicfidh tú an bhfuil dadaidh ag teacht '.

' Tá tóir ag teacht ', arsa seisean.

' Cuir do lámh isteach i gcluais an bheathaigh ', a deir sí, ' agus amharc an bhfaighfeá dadaidh ann a chaithfeá i do dhiaidh '.

Chuir sé a lámh isteach i gcluais an bheathaigh agus ní raibh ann ach giota de chipín. ' Níl anseo ach giota de chipín ', a deir sé.

'Bhail, sin féin', a deir sí, 'caith ar an talamh é agus ní bheadh a fhios agat caidé a thiocfadh as '.

Chaith sé an cipín ar an talamh agus níor luaithe a bhuail an cipín an talamh nó d'fhás coill ina ndiaidh a bhí chomh dlúth agus nach dtiocfadh le rud ar bith fáil fríthi mura dtéadh éanacha ann. Chuir sin moill mhór orthusan agus b'éigean daofu pilleadh agus cnap mór gléasraí a chruinniú a ghearr cosán fríd an choill. Bhí siadsan ag baint giota maith de i rith an ama.

Nuair a chuaigh siad giota maith eile ar aghaidh d'iarr sí air amharc ina dhiaidh ar ais. D'amharc, agus bhí an tóir ag teacht ar ais.

' Cuir do lámh isteach i gcluais an bheathaigh anois ', a deir sí, ' agus amharc caidé a gheobhas tú ann '.

Chuir, agus ní raibh leis amach ach deoir bheag uisce. 'Níl anseo ach deoir bheag uisce ', a deir sé.

' Bhail, sin féin ', adeir sise, ' caith ar an talamh é agus ní bheadh a fhios agat caidé a thiocfadh as '.

Chaith, agus ní raibh ann ach gur bhuail an deoir an talamh go raibh loch ann chomh mór agus a chonaic sé ariamh in Éirinn. Nuair a tháinig an tóir a fhad leis an loch chuir sé an-mhoill orthu agus ní raibh acu ach toiseacht a dhéanamh bádaí agus a dhéanamh gléas a bhéarfadh trasna iad agus bhain sin moill mhór astu.

Bhí go breá, d'imigh an péire leofu agus nuair a chuaigh siad giota maith eile ar aghaidh: ' amharc i do dhiaidh anois ', a deir sí, ' go bhfeicfidh tú an bhfuil tóir ar bith ag teacht '. D'amharc agus bhí an tóir ag teacht ar ais.

' Bhail anois ', a deir sí, ' an méid atá sa bheathach caithfidh tú a bhaint as nó níl mise ábalta níos mó a dhéanamh '.

B'fhíor é. Nuair a bhí siad fá ghiota beag bídeach de bhun an staighre a dteachaigh an Prionsa síos ann—bhí an staighre ag éirí an-chóngarach—agus léim an bheirt anuas de dhroim an bheathaigh agus ní raibh siad cúig choiscéim in airde ar an staighre gur thit an talamh thíos fúthu, agus shiúil siad leofu ansin go dtáinig siad amach ar barr. Bhí an cú agus an beathach ina seasamh ansin ag barr an phoill ag fanacht leofu agus chuaigh an bheirt a mharcaíocht agus d'imigh as go brách agus tháinig an méid a bhí ina gcorp ag reathaigh a fhad le seanduine na gaoithe móire.

Bhí an-lúchair go brách síoraí ar an tseanduine agus ar a bhean go raibh an Prionsa ag teacht agus a bhean leis. Chuir siad oíche bhreá phléisiúrtha isteach acu agus ní raibh gaoth mhór nó stoirm ann. Ar maidin lá thar na mhárach d'fhág siad slán agus beannacht ag an tseanlánúin, agus bhain siad seanduine an tsiocáin amach an oíche sin. Bhí oíche bhreá phléisiúrtha den chineál céanna ansin acu.

An tríú hoíche bhain siad seanduine an tsiabtha amach, agus chuir siad oíche bhreá phléisiúrtha isteach ansin fosta agus ní raibh siabadh nó seort ar bith eile ann. Ar maidin lá thar na mhárach d'fhág siad slán agus beannacht ag an tseanlánúin agus bhí siad fá choinne a mbealach a dhéanamh isteach go Dún na nGall. Nuair a bhí siad ag teacht aníos os cionn Dhún na nGall labhair seisean léithise: ' Is fearr duitse fanacht anseo ', a deir sé, ' agus rachaidh mise isteach go dtugaidh mé scéala do m'athair agus do mo mháthair go bhfuil mé ag teacht agus do leithéid liom '.

' Tá eagla orm ', a deir sí, ' má imíonn tú go ndéanfaidh tú dearmad dom '.

' Bheadh sé mór agam dearmad a dhéanamh duit ', a deir sé, ' agus a bhfuil tharam agam ó chuaigh mé fá dtaobh díot '.

' Bhail, má ligeann tú d'aon ní tú a phógadh go dtigidh tú ar ais chugamsa ', a deir sí, ' ní phillfidh tú níos mó ormsa '.

D'imigh seisean leis, agus bhí an-lúcháir go brách roimhe nuair a chonaic siad é, agus bhí achan duine ag iarraidh a bheith á phógadh, agus bhí seisean á stealladh féin chomh maith agus a tháinig leis amach as an bhealach ar eagla go bhfaigheadh aon duine acu póg a bhaint de.

Bhí cú ann a bhí aige ag imeacht dó agus bhí a oiread lúchaire ar an chú é a fheiceáil agus nár mhothaigh sé ariamh gur chuimil sé a theangaidh thart fán bhéal air. Shuigh an Prionsa síos agus níor smaoitigh sé aon seort níos mó.

Creidim go raibh a fhios aicise go maith gur seo mar bheadh agus tharraing sí ar an choill atá taobh thiar de Dhún na nGall agus chuaigh sé suas sa chrann ins an choill. Cén áit a dteachaigh sí suas ins an chrann ach ag tóin cró beag toí—teach le caibléir a bhí ag Ó Domhnaill. Bhí bean agus beirt iníonach ag an chaibléir agus anonn giota san oíche—bhí oíche réabghealach ann—d'iarr a máthair ar bhean de na hiníonacha a dhul amach agus stópa uisce a thabhairt isteach as an tobar. Chuaigh, agus bhí an tobar ag bun an chrainn agus nuair a d'amharc sí síos ins an tobar chonaic sí scáile na mná a bhí thuas ins an chrann thíos ins an tobar.

' Bhail ', dar léithi féin, ' caidé an fáth a bhfuil mé ag fanacht anseo ar chor ar bith, agus mé chomh dóighiúil is atá mé! ' D'imigh sí, agus bhuail sí an stópa ar an talamh agus d'imigh sí léithi.

Nuair nach raibh sí ag teacht isteach d'iarr an mháthair ar bhean eile a dhul amach. Rinne sí an cleas céanna.

' Caithfidh tú féin a dhul amach ', a deir an caibléir, ' nuair nach bhfuil déanamh ar aon duine acu go dtiocfaidh siad isteach '.

Chuaigh an bhean í féin amach agus nuair a chonaic sí a scáile thíos ins an tobar dar léithi féin, ' caidé an fáth ar chaith mise mo shaol go dtí seo ag an chaibléir, bean atá chomh dóighiúil liomsa '. Bhuail sise an stópa ar charraig agus ar shiúl léithi.

' Is cosúil ', arsa an caibléir leis féin, ' nach dtig duine ar bith acu isteach '. Bheir sé féin ar shoitheach agus chuaigh sé amach.

Nuair a chuaigh seisean a thógáil an uisce as an tobar chonaic sé an scáile dheas thíos ins an tobar. D'amharc sé suas ins an chrann. ' Caidé ', a deir sé, ' a bheir thuas ansin thú? '

' Tá maise ', a deir sí, ' bhí mé i mo stráinséir anseo agus rinne mé amach go rachainn suas anseo ', a deir sí, ' as an chosán ag achan seort '.

' Bhail, gabh anuas ', a deir sé, ' nó ca bith mar tá an áit seo istigh agamsa is fearr duit é nó a bheith thuas ansin. Bhéarfaidh mise lóistín go maidin duit '. Tháinig sí anuas agus chuaigh sí isteach chuig an chaibléir agus níor phill aon bhean dá chuid féin níos mó.

Bhí tuirne ina suí sa chlúid a mbítí ag sníomh lín uirthi. ' Bhail ', a deir sí, ' dá bhfaighfeá gráinnín lín domsa níorbh fhearr liom obair a mbeadh orm nó ag sníomh gráinnín de agus ca bith méid a sníomhfas mé bhéarfaidh mé a leath duit nuair a bhéas mé ag imeacht '.

' Ó, maise, tá gráinnín lín fán teach ', a deir an caibléir. Fuair sé an lín daoithi agus bhuail sí a shníomh.

Bhí úm de dhíth ar Ó Domhnaill gléasta agus chuir sé fear de na buachaillí síos chuig an chaibléir agus ní raibh an bhean nó na hiníonacha le feiceáil ar chor ar bith ach bhí an cailín dóighiúil seo ina suí ag sníomh agus dar leis gurbh í a ba dheise a chonaic sé ariamh. Thoisigh an caibléir ar an úm agus thoisigh seisean a chaint leis an chailín agus ba é an deireadh a bhí air gur fhiafraigh sé daoithi cé mhéad a mbeadh sí ag dúil leis dá dtigeadh sé aníos go maidin chuici. ' Má bheir tú cúig phunta dom ', a deir sí, ' tar anuas '.

Thug sé daoithi na cúig phunta agus chuaigh sé síos ag dul ó sholas dó. Nuair a bhí siad ag dul a luí: ' Bhail, rinne mise dearmad ', a deir sí.

' Caidé an dearmad a rinne tú? ' arsa seisean.

' Tá, rinne mé dearmad cró na gcearc a dhruid. Tá an cró amuigh ansin i gcúl an toí '.

' Ó bhail, fan ', a deir sé, ' agus rachaidh mise amach agus druidfidh mé féin é '.

Chuaigh sé amach agus bhí na lachain amuigh agus chuaigh sé á gcur isteach agus nuair a chuireadh sé isteach ar thaobh amháin iad thigeadh siad amach ar feadh fada go leor. Chaith sé ag dul daofu mar sin agus sa deireadh dar leis go bhfágfadh sé mar sin iad agus chuaigh sé isteach chun an toí agus nuair a chuaigh bhí an cailín ina suí a chois na tineadh.

' Caidé an fáth a bhfuil tú i do shuí? ' arsa seisean.

' Ó tá ', arsa sise, ' nuair a chaith tú an fad sin amuigh ag iarraidh na lachain tá am agamsa a bheith i gcionn mo ghnoithe '.

Ní raibh faic ag an fhear óg ach imeacht leis. Ar maidin lá thar na mhárach thug sí na cúig phunta don chaibléir. Dar leis féin ' cailín maith thú, sin rud nár ghnóthaigh mé ar mo bhunadh féin le cúig bliana '.

Bhí go maith, chuaigh an buachaill sin a inse do bhuachaill eile de chuid Ó Domhnaill fán chailín deas seo a bhí ag an chaibléir. ' Dar Dia! ' a deir sé, ' rachaidh mé féin síos inniu go bhfeicfidh mé í '. Chuaigh. Chuir sé spéis inti ar an dá luas a bhfacaigh sé í. Chuaigh an caibléir i gcionn a ghnoithe agus d'fhiafraigh an fear caidé a bheadh sí ag iarraidh dá dtigeadh sé anuas chuici go maidin. ' Má bheir tú deich bpunta dom ', a deir sí, ' tar anuas '.

Chuaigh sé síos ag dul ó sholas dó agus thug sé na deich bpunta don chailín. Nuair a bhí siad ag dul a luí: ' bhail, rinne mise dearmad ', a deir sí.

' Caidé an dearmad a rinne tú? ' a deir sé.

' Tá maise ', a deir sí, ' rinne mé dearmad an tinidh a choigilt '.

' Fan san áit a bhfuil tú ', a deir sé, ' coigilfidh mise í '.

Thoisigh sé a choigilt na tineadh agus nuair a chuirfeadh sé cuachadh suas an taobh thall uirthi bhí an taobh eile ag dul as barr lasrach. Is é an deireadh a bhí air nár mhothaigh sé faic go raibh an cailín ina suí agus í ag sníomh.

' Caidé bheir i do shuí cheana féin tú? ' a deir sé.

' O! ' a deir sise, ' nuair a bhain sé an fad sin asat an tinidh a choigilt tá an t-am agamsa a bheith i mo shuí ', a deir sí.

D'imigh sé sin leis agus ar maidin lá thar na mhárach chuaigh sé a inse don Phrionsa é féin caidé an seort cailín a bhí ag an chaibléir. ' Rachaidh mise mé féin síos go bhfeicfidh mé í ', arsa an Prionsa, ' agus bhéarfaidh mé liom úm '.

Chuaigh, agus nuair a thoisigh an caibléir ar an úm thoisigh an Prionsa é féin ag caint léithi. Ní raibh dul aige í a aithne ach sa deireadh dúirt sí leis dá mbeadh teach le déanamh aige go n-aithneochadh sé ní b'fhearr í. Smaoitigh an Prionsa ar an bhomaite caidé an rud a bhí amhlaidh agus thug sé leis a bhean aníos chun an bhaile.

Pósadh í féin agus an Prionsa agus mhair an bhainis naoi n-oíche agus naoi lá agus b'fhearr an oíche dheireanach nó an chéad oíche. Bhí mé féin ag an bhainis agus d'ith mé agus d'ól mé a oiread is nach dtáinig mé chugam féin go cionn míosa ina dhiaidh!

2.2. AN t-ÉAN ÓIR

Bhí fear ann i bhfad ó shin agus rinne sé amach go ndéanfadh sé garraí. Thóg sé garraí maith. Bhí sé mhíle agus fiche ar fad agus leithead dc réir sin ann. Bhí triúr mac aige agus chuir sé an triúr ag obair ann agus bhí sé féin acu go raibh an garraí críoch-naithe agus balla mór thart air.

Rinne sé amach ansin go gcaithfeadh sé plandáil a chur ann agus níor chuir sé uilig ann ach aon chrann beag amháin. Ní raibh an crann seo iontach fada curtha uilig go raibh sé ag dul amach thar bhallaí an gharraí ar achan taobh. Ní raibh aon scafóg a raibh ag fás amach as nach raibh úllaí óir ag fás amach as. Bhí sé féin agus an seanduine ag bogadaigh thart fán gharraí agus an-bhród air fán obair a rinne sé. Bhí sé ag dearcadh ar na húllaí agus ag cuntas an mhéid a bhí ar na brainsí. Níorbh fhada a bhí sé ag déanamh seo go dtug sé faoi deara go raibh cuid de na húllaí ag imeacht.

Thug sé gunna don mhac a ba sine oíche amháin agus thug sé ordú dó a dhul amach agus suí go maidin ag coimheád na n-úllaí. Chuaigh an fear sin amach agus bhí teach síbín a chomhair an gharraí agus bhí sé ag ól corrghloine. Bhí sé iontach fuar fosta agus shuigh sé isteach chuig an tinidh. Rinne sé amach go n-ólfadh sé ceann eile sula dtéadh sé amach ar ais agus d'ól sé ceann eile agus caidé a rinne sé ina dhiaidh sin ach titim ina chodladh.

D'éirigh an t-athair ar maidin lá thar na mhárach agus chuaigh sé amach a dh'amharc fá na húllaí agus bhí tuilleadh de na húllaí ar shiúl an lá sin. Chuartaigh sé thart agus ní raibh an mac le fáil ar chor ar bith aige agus chuaigh sé féin isteach go teach an tsíbín agus fuair sé an mac ina luí ina chodladh ansin.

' Is deas an rud a rinne tú aréir ', a deir sé, ' nuair a chuir mise amach thú a choimheád an gharraí agus a dhul ar meisce istigh anseo, ach gread leat anois i do rogha áit ', a deir sé, ' ní chodlóchaidh tú aon néall faoi aon scraith liomsa an dá lá de shaol a bhéas agat '.

D'imigh an fear sin leis agus é buartha go leor i ndiaidh an tsaothair a fuair sé ag cuidiú an garraí a dhéanamh agus achan rud eile dá dtearn sé ar feadh a shaoil.

An oíche thar na mhárach chuir sé amach mac eile dá chuid. D'éirigh an cleas céanna dósan, tháinig codladh roimh an lá air, agus bhí dúil san ól aige féin ar ndóiche, agus chuaigh sé isteach go n-ólfadh sé gloine, agus in áit mar bhí sin d'ól sé beirt nó a thriúr agus thit an fear sin ina chodladh. Nuair a d'éirigh an t-athair amach ar maidin lá thar na mhárach bhí cuid de na húllaí ar shiúl agus chuaigh sé isteach go teach an tsíbín ar an dóigh chéanna agus fuair sé an darna fear ina chodladh ansin. Rug sé ar a ghunna agus dúirt leis go gcaithfeadh sé greadadh leis, nach gcodlóchadh sé aon oíche faoin scraith leisean feasta. D'imigh an fear sin leis ar an dóigh chéanna ar imigh an chéad fhear.

Bhí an fear deireanach fágtha go fóill agus an fear ab óige agus chuir sé amach é chun an gharraí agus thug sé an gunna dó an oíche sin. Chuaigh sé sin amach agus shuigh sé leis go maidin. Anonn roimh an lá chonaic sé éan solais ag éirí ins an Domhan Thoir agus níor mhothaigh sé ariamh go raibh sé ag barr na gcrann agus é ag imeacht agus ceann de na húllaí leis. Scaoil sé leis agus bhain sé cleite amháin as bun an rubaill agus ór a bhí sa chleite. Rinne sé amach go sásóchadh seo an seanduine go maith agus nuair a tháinig an lá chuaigh sé isteach chuige. ' Nach maith an obair a rinne mé ', a deir sé, ' nuair a bhain mé cleite as an éan '.

' Ó, rinne tú beagán éadála ', a deir an t-athair, ' nuair nach bhfuil an t-éan agat ', a deir sé. ' Imigh anois ', a deir sé, ' agus

ná codlaigh dhá oíche in aon teach amháin ', a deir sé, ' nó go bhfaighidh tú an t-éan domsa, agus na húllaí a d'imigh uaim '. D'ordaigh sé don mháthair lón a dhéanamh a chuirfí leis.

Bhí go breá, d'imigh leis ar maidin lá thar na mhárach agus culaith mhaith éadaigh air agus buataisí óir agus chóirigh sé suas go han-mhaith é. Ní raibh a fhios aige cén bealach a raibh sé ag dul agus bhí sé buartha go leor ag fágáil an bhaile agus nuair a chuaigh sé giota shuigh sé cois srutháin a bhí ann go n-íosfadh sé an lón a bhí leis. Thoisigh sé dá ithe agus níorbh fhada uilig a bhí sé dá ithe go bhfacaigh sé seanchapall bán ag bogadaigh síos an sruthán. Nuair a tháinig an seanchapall chuige d'fhiafraigh sí dó an dtabharfadh sé daoithi greim den lón sin a bhí sé ag ithe.

' Ó leoga féadaim ', a deir sé, ' nó leoga is beag an lón dom féin uilig é ', a deir sé. ' Ní mhairfidh a bhfuil ann i bhfad uilig dom agus níl a fhios agam cén áit a bhfuil mé ag dul '.

Sheas an seanchapall aige agus rann sé an toirtín léithi agus bhí sí breá sásta. ' Bhail ', a deir an seanchapall, nuair a bhí an toirtín ite acu, ' cuir do lámh i mo chluais agus tug amach an buidéal beag gloine atá ann go n-ólfaimid gloine '. Chuir sé a lámh i gcluais an tseanchapaill agus thug sé amach an buidéal agus an gloine agus d'ól sé féin gloine agus thug sé gloine eile don tseanchapall.

' Cuir do lámh ins an chluas eile ', a deir sí, ' agus tug amach an slabhra atá ann '. Chuir sé a lámh ins an chluas eile agus fuair sé slabhra agus *bit* ann.

' Cuir do lámh faoi mo ruball anois ', a deir sí, ' agus tug amach an diallait atá ann '. Chuir, agus fuair sé an diallait.

' An bhfuil tú i do mharcach maith anois? ' arsa an capall.

' Tá, i mo bhulaí ', arsa seisean, ' nó sin an cheird ar chaith mé tús mo shaoil léithi ', a deir sé, ' ag marcaíocht ar bheathaigh capaill '.

' Ba bheag an obair uilig a rinne mise ar an gharraí ', a deir sé. ' Ba iad an bheirt eile a ba mhó a rinne obair '. D'inis sé dó ansin fán éan a thug na húllaí ar shiúl óna athair agus an dóigh ar imigh an bheirt eile.

' Ó bhail ', a deir an seanchapall, ' b'fhéidir nach n-éireochadh sin duitse ach caithfidh tú an rud a iarrfas mise ort a dhéanamh '.

' Féachfaidh mé leis ', arsa seisean.

Chuaigh sé a mharcaíocht ar an tseanchapall. D'éirigh an seanchapall i gcomhrac gaoithe agus gréine agus thug sí míle is fiche in aon léim amháin. Stop sí ansin ag teach mór galánta a bhí ann agus deir sí: ' Sin an teach a mbeidh tusa go maidin ann agus mura gcoimheádfaidh tú go maith tú féin crochfar thú roimh an deich a chlog amárach '.

' Ó, ní féidir sin! ' a deir sé, ' ní heagal domsa nó coimheádfaidh mé mé féin go maith '.

' B'fhéidir ', a deir an seanchapall, ' gur doiligh go leor a bheadh sé agat '.

Chuaigh sé suas chun an toí agus bhí fearadh na fáilte roimhe ansin. Teach a bhí ansin a raibh croich ann agus bhí mórán crochta ann mar mhaithe le triúr cailín a bhí ann.

' Bhail, beidh tú i do luí anocht ', a deir an seanchapall sular fhág sí é, ' agus beidh cailín acu seo ina luí taobh thiar duit agus an ceann eile taobh abhus duit agus an tríú ceann ag do chosa agus níl fear ar bith a dtig nach gcuirtear a luí ionsar na cailíní agus má bhogann sé nó má chorraíonn sé as an luí a bhéas air crochfar ar maidin é roimh an deich a chlog '.

Bhí go maith, chuaigh siad a luí mar d'inis an seanchapall dó agus anonn roimh an lá rinne sé amach go raibh sé tuirseach agus ní thearn an duine gránna ach a dhá lámh a shíneadh amach uaidh mar chonaic sinn fiche fear ag déanamh agus nuair a rinne ní bean dá raibh sa leabaidh a rinne scread ach an bheirt acu—an bhean a bhí taobh thiar de agus an bhean a bhí taobh abhus de agus dúirt an bhean a bhí ag a chosa go gcaithfí an fear seo a chrochadh amárach roimh an deich a chlog. D'éirigh an garda ansin agus bhí an fear seo le crochadh ar maidin lá thar na mhárach.

Bhí go maith, ar maidin lá thar na mhárach tugadh amach é agus cuireadh suas ar an chroich é. Sula dteachaigh an lúb ar a mhuineál d'fhiafraigh sé díofu an dtugadh siad achainí ar bith do dhuine sula gcrochfaí é. Dúirt an Rí go dtabharfadh ach nach achainí ar bith sin a bheith beo. Ins an am sin bhí an seanchapall bán ag tarraingt aníos ar an áit a raibh an chroich.

' Bhail, níl mise ag iarraidh achainí a bheith beo ', a deir sé, ' ach chaith mise páirt mhór de thús mo shaoil ag marcaíocht agus ag obair le caiple agus is é a n-iarrfainn de achainí cead a fháil a dhul thart trí huaire fán chroich seo, sula gcrochfaí mé, ar an tseanchapall bán sin atá ag tarraingt aníos ar an chroich sin '—agus bhí na cnámha ag teacht fríd an chraiceann ag an tseanchapall sin!

' Tá beathaigh maithe anseo ', a deir sé, ' agus nach mb'fhearr duit ceann acu a thabhairt leat nó a dhul a mharcaíocht ar an tseanchapall sin. Is beag an pléisiúr duit a dhul a mharcaíocht ar an tseanrud sin roimh do bhás ar scor ar bith '.

' Ó, dheamhan a miste liom ', a deir sé. ' Ní bheidh mo shaol fada uilig agus déanfaidh an seanchapall bán bulaí gnoithe dom '.

Tháinig an seanchapall bán aníos agus chuaigh seisean a mharcaíocht uirthi agus nuair a chuaigh an seanchapall bán thart an

darna *heat* ar an chroich d'éirigh sí in airde i gcomhrac gaoithe agus gréine agus thug sí míle agus fiche in aon léim amháin. Stop sí ag teach mór eile den chineál céanna—teach Rí a bhí ann.

' Sin thuas an teach ', a deir an seanchapall, ' a mbeidh tusa go maidin ann agus mura ndéanfaidh tú coimheád maith crochfar thú amárach roimh an deich a chlog '.

' Ó ba chóir ', arsa seisean, ' nuair a thug tú ar shiúl inniu mé gur bheag an rud dom mé féin a choimheád anocht '.

' Beidh tú i do luí anocht i leabaidh ', a deir an seanchapall bán, ' agus beidh beathach capaill ceangailte thíos ag do chosa agus beidh sligeáin óir uilig uirthi—níl aon ribe fionnaidh ina corp nach mbeidh ina ór uilig. Níl duine ar bith dá bhfeiceann an beathach nach dtiteann i ngrá uilig léithi agus nár mhaith leofu imeacht roimh mhaidin léithi agus gabhtar iad agus crochtar iad roimh an deich a chlog '.

Chuaigh seisean chun an toí agus bhí fearadh na fáilte roimhe, agus an oíche sin chuaigh sé a luí mar dúirt an seanchapall bán leis agus bhí beathach capaill ins an áit chéanna a raibh sé ina luí. Rinne sé amach anonn roimh an lá nach mbeadh iomrá ar bith ag a athair ar na húllaí nó ar an éan dá bhfaigheadh sé abhaile agus an capall seo leis. Rinne sé amach go ngoidfeadh sé an capall agus bheir sé ar an chapall go scaoilfeadh sé í agus chomh luath agus a bheir sé uirthi chroith sí í féin agus rinne na sligeáin óir a bhí uirthi a oiread tormáin agus gur chroith sí gach uile scláta dá raibh ar an teach.

D'éirigh an garda ansin agus bheir siad thíos agus thuas air agus bhí sé le crochadh lá thar na mhárach ar an deich a chlog.

Bhí go maith, ar maidin lá tharna mhárach tugadh amach é agus chuaigh sé suas ar an áit a raibh sé le crochadh. Bhí siad uilig cruinn fá dtaobh de ach ní raibh an seanchapall bán le feiceáil an lá sin. Bhí sé ag smaoiteamh caidé ab fhearr dó a dhéanamh an lá seo nuair nach raibh an seanchapall bán le feiceáil aige. D'fhiafraigh sé den fhear seo an dtabharfadh sé dó achainí amháin sula gcrochfaí é. Dúirt an fear sin go dtabharfadh ach nach achainí ar bith sin a bheith beo. Smaoitigh sé nuair nach raibh an seanchapall bán le feiceáil gur mhaith an rud a dhul thart fán chroich trí huaire ar bheathach na sligeán óir a raibh sé ag dul a bheith caillte mar mhaithe léithi. Tugadh dó an beathach a raibh na sligeáin óir uirthi agus nuair a bhí sé ag dul thart an tríú huair fán chroich caidé a chí sé ach an seanchapall bán thart roimhe. Thug sé a lámh ar shiúl de dhroim an bheathaigh a raibh sé uirthi agus chuaigh sé isteach ar

dhroim an tseanchapaill bháin agus ba mhaith an mhaise daoithise é—d'éirigh sí i gcomhrac gaoithe agus gréine agus thóg sí míle agus fiche in aon léim amháin.

Stop sí an oíche sin ag teach Rí eile agus nuair a tháinig sí a fhad leis an teach seo labhair sí leis: ' Sin thuas an teach ', a deir sí, ' a mbeidh tusa anocht ann '. Chuaigh sé suas chun an toí sin agus bhí, ar ndóiche, culaith mhaith éadaigh air agus bhí fearadh na fáilte roimhe. Ach sular fhág an seanchapall bán é d'inis sí dó fán áit a mbeadh sé ina luí an oíche sin. ' An t-éan óir a bhí ag goid na n-úllaí ó d'athair agus na húllaí fosta beidh sin istigh sa *room* agus mura dtugaidh tú aire mhaith bhéarfaidh tú iarraidh an t-iomlán a bheith leat roimh mhaidin agus má bheir crochfar thú roimh a deich a chlog ar maidin '.

' Is doiligh a rá nach gcoimheádfaidh mé mé féin anocht i ndiaidh tusa mé a shábháil le dhá lá '.

Chuaigh sé suas chun an toí agus bhí fearadh na fáilte roimhe agus nuair a tháinig an t-am cuireadh a luí é. Bhí an t-éan agus na húllaí ins an *room* céanna a raibh sé ann. Anonn roimh an lá rinne sé amach go n-imeochadh sé leis an éan. Bheir sé ar an éan go dtugadh sé leis é agus chomh luath agus a bheir rinne an t-éan sin scread a mhúscail an garda agus beireadh thíos agus thuas air agus bhí sé le crochadh ar maidin lá thar na mhárach ar an deich a chlog.

Ar maidin tugadh amach é ar an dóigh chéanna ar tugadh amach é roimhe sin agus d'fhiafraigh sé an bhfaigheadh sé achainí sula gcrochfaí é. Dúradh leis go bhfaigheadh ach nach achainí ar bith sin a bheith beo. Bhí sé thuas ar an chroich san am sin agus chí sé an seanchapall ag bogadaigh aníos an *lane* agus na cnámha ag dul fríd a chroiceann mar bhí sé na laetha eile.

' Caidé an achainí atá tú ag iarraidh anois? ' arsa an bodach leis.

' Níl an achainí atá mise ag iarraidh mór uilig. Dá bhfaighinn thart ar an chroich trí huaire ar an tseanchapall sin a chíonn sibh ag teacht aníos ansin beidh mé sásta go leor, agus an t-éan a bheith liom in mo lámh '.

' Gheobhaidh tú sin agus fáilte ', arsa an bodach.

Tháinig an seanchapall bán aníos agus chuaigh seisean a mharcaíocht uirthi, agus an t-éan agus na húllaí leis agus nuair a bhí sé ag dul thart fán chroich an tríú huair d'éirigh sí in airde i gcomhrac gaoithe agus gréine agus thug sí míle agus fiche sa chéad rúide agus cén áit ar stop sí ach an áit a raibh an beathach a raibh sligeáin an óir air. D'aithin siad sin é agus d'éirigh siad amach go bhfaigheadh siad greim air agus nuair a chonaic an seanchapall bán

sin ní thearn sí ach a hanáil a tharraingt agus d'éirigh sí in airde i gcomhrac gaoithe agus gréine agus tháinig sí anuas ag an teach a raibh triúr na gcailín ann. Bhí sé ina bheathach breá óg ansin—líonta, lán—agus nuair a bhí sí ag teacht anoir ag an teach a raibh na cailíní ann d'iarr sí air an *cage* a athrú sa lámh a bhí ar an taobh uachtarach. Bhí buataisí óir ansin agus bhí culaith mhaith air ar scor ar bith nuair a d'fhág sé an baile agus ní raibh an t-am i bhfad uilig. Bhí na cailíní ag coimheád amach agus dúirt siad go raibh an marcach ag teacht anoir an bealach mór a ba deise a chonaic siad ariamh. Reath an triúr síos nuair a chonaic siad an marcach a raibh na buataisí óir air, agus úllaí óir leis, agus rinne siad amach gur mhór an t-amharc súl a raibh d'ór fá dtaobh de. Ní raibh ann ach cén chéad bhean a bheadh thíos ag an bhealach mhór roimhe fá choinne fearadh fáilte a dhéanamh leis. Cén iníon acu a bhí thíos ach an ceann ab óige agus nuair a bheir sé greim láimhe uirthi tharraing seisean suas ar a chúl ar an tseanchapall bán í. Ní raibh ag an bheirt a bhí ag teacht ach seasamh ansin. Thug an seanchapall míle agus fiche in aon léim amháin agus b'éigean daofusan pilleadh chun an bhaile.

Cén áit a dtáinig sise anuas ach a chois an tsrutháin ins an áit chéanna ar ith siad an toirtín. D'iarr an seanchapall bán air ansin a lámh a chur ina chluais agus an t-éadach a bhí ann a tharraingt amach. Rinne agus bhí neart bia agus dí air ar an bhomaite agus d'ith sé féin agus an seanchapall agus an cailín a sáith agus d'ól siad a sáith fosta. D'iarr an seanchapall air ansin an srian a chur isteach faoina ruball agus an diallait agus gach seort a fhágáil san áit a bhfuair sé iad an chéad lá riamh. ' Ní bheidh moill ort a dhul abhaile anois ', a deir sí, ' nuair atá achan seort agat '.

Chuaigh sé abhaile ionsar a athair ansin, agus na húllaí leis agus an *cage*. Pósadh é féin agus an cailín agus mhair an bhainis naoi n-oíche agus naoi lá agus ba í an oíche dheireanach an oíche ab fhearr.

2.3. CEANNAÍ MÓR BHAILE DHOIRE

Bhail, bhí fear thíos ansin i nDoire ins an tseanam a dtugadh siad Ceannaí Mór Bhaile Dhoire air. Is é a bhí ag coinneáilt na siopaí beaga thart anseo uilig go léir ag gabháil. Thall ag Méara Londain a bhí sé ag fáil a chuid stuif uilig. Bhí sé ag cur oiread airgid anonn ionsar Mhéara Londain agus go dtearn sé amach go rachadh sé anonn a dh'amharc air go bhfeicfeadh sé caidé an cineál

cuma a bhí air. Chuaigh sé anonn agus bhí an-lúcháir ar Mhéara Londain roimhe—fear a bhí ina chustaiméir chomh maith aige—agus rinne sé amach go bhfaigheadh sé *treat* dó. Chuaigh sé isteach ins an teach ósta ab fhearr a bhí i Londain agus ba é an *treat* a scairt sé dó *treat* seacht lá itheacháin agus ólacháin. Nuair a bhí na seacht lá istigh rinne seisean é féin amach go raibh seisean ábalta *treat* a fháil chomh maith le Méara Londain agus scairt sé ar *treat* eile agus is é an *treat* ar scairt seisean air ceann seacht lá.

Bhí go maith is ní raibh go holc, nuair a bhí siad na ceithre lá dhéag ins an teach ósta tháinig an post isteach—bhí a fhios aige cén áit a raibh siad ag baint fúthu agus ag ithe agus ag ól—agus d'fhág sé litir ar an tábla ag achan duine acu. D'oscail Méara Londain a litir féin agus is é an cuntas a bhí inti go raibh iníon óg ag a bhean ó d'fhág sé an baile. D'oscail Ceannaí Mór Bhaile Dhoire a litir féin agus ba é an cuntas a bhí ina cheannsa go raibh mac óg ag a bhean ó d'fhág sé an baile. Bhí siad cineál tógtha ansin i ndiaidh na gceithre lá dhéag ólacháin agus dúirt Méara Londain go raibh sé chomh maith acu cleamhnas a scríobh síos do na páistí seo a bhí i ndiaidh a theacht chun an tsaoil agus cead acu pósadh nuair a bheadh siad bliain is fiche. Dúirt an Ceannaí Mór leis ionann is an cás go gcreidim nach mbeadh a mhac maith go leor ag an iníon seo aigesean. Dúirt Méara Londain go mbeadh siad maith go leor ag a chéile agus cead acu déanamh leis agus an cleamhnas a scríobh síos. Scríobh siad síos an cleamhnas agus stampáil siad é. Thug an Méara leis an páipéar agus chuir sé isteach i gcófra sa bhaile é.

Tháinig an Ceannaí Mór abhaile agus níor stad sé gur ól sé bunús a raibh aige—leoga, rud a níos mórán den saol—agus rith sé anuas go mór. Bhí an mac ag dul chun na scoile agus nuair a bhí sé trí nó ceathair déag de bhlianta bhí iníon Mhéara Londain ag amharc fríd na cófraí agus na boscaí thall, agus, mar a bhíos ag na scoláirí uilig, bhí dúil mhór sa léitheoireacht aici agus caidé a rinne sí ach a theacht ar an pháipéar seo agus léigh sí an cleamhnas a bhí déanta idir í féin agus mac an Cheannaí Mhóir. Ní raibh iomrá ar bith ag ceachtar acu ar an chleamhnas an t-am sin ach ca bith mar bhí scríobh sise anall go bhfeicfeadh sí caidé an cineál an fear a bhí le fáil aici agus d'iarr sí air a dhul anonn go bhfeicfeadh sí é. Chuaigh, agus an áit ar iarr sí air a dhul chuaigh sí féin chuige go bhfeicfeadh sí é.

D'fhiafraigh sí de an raibh a sháith léinn go fóill aige. Thug sí céad punta dó agus d'iarr sí air a dhul chun na scoile agus tuilleadh léinn a fhoghlaim mura raibh, ' agus mura raibh do sháith agat ', a deir sí, ' nuair a bhéas an céad sin caite agat tar ar ais '.

D'imigh sé agus ghlac sé lóistín agus chuaigh sé chun na scoile ar ais agus nuair a bhí an céad caite aige rinne sé amach nach raibh a sháith léinn go fóill aige agus d'imigh sé chuicise ar ais. D'fhiafraigh sí de an raibh a sháith léinn anois aige. Dúirt sé nach raibh go fóill. Thug sí céad eile dó agus d'iarr sí air an céad sin a chaitheamh leis féin, agus mura raibh a sháith ansin go bhfaigheadh sé tuilleadh. Tháinig sé an tríú *heat* agus dúirt sise leis mura raibh a sháith ansin é a theacht ar ais agus go bhfaigheadh sé céad eile. Tháinig sé ansin nuair a bhí an céad sin caite aige agus dúirt sé go raibh a sháith léinn aige. D'fhiafraigh sise de ansin caidé an cineál léinn a d'fhoghlaim sé. Dúirt sé gur léann farraige é. Ghléas sí seacht long dó ansin agus d'iarr sí air a dhul chun na hIndiacha Thoir agus go mbeadh a shaibhreas déanta aige nuair a phillfeadh sé.

Bhí go maith agus cha raibh go holc, d'imigh sé leis soir agus nuair a bhí sé leath bealaigh d'éirigh stoirm agus gaoth agus briseadh a chuid soitheach agus chaill sé a chuid fear uilig agus ní raibh ann ach é go bhfuair sé féin ar ais sábháilte i mbád beag agus nuair a fuair sé i dtír shiúil sé isteach go Londain agus gan aon seort leis. Chuaigh sé a fhad léithi ar ais agus d'inis sé caidé a tháinig air féin agus ar a chuid fear. Ghléas sí seacht long eile dó agus dúirt leis go gcaithfeadh sé a dhul an cosán céanna go dtí na hIndiacha Thoir agus go mbeadh a shaibhreas déanta aige ag teacht ar ais dó. D'éirigh an cleas céanna dó an iarraidh sin, nuair a bhí sé san áit chéanna d'éirigh an stoirm agus an ghaoth mhór agus chaill sé a chuid loingis agus a chuid fear ansin fosta.

Ag teacht ar ais dó ansin chuaigh sé a fhad le bean a bhí ar an bhaile a bhíodh ag déanamh ' fios ' agus dúirt sé léithi go raibh a chuid fear uilig caillte agus go gcreideann sé go gcuirfí ar shiúl ar ais é agus dá gcaillfeadh sé a chuid fear an iarraidh seo go mbeadh contúirt mhór air nach bhfaigheadh sé an bhean. ' Bhail ', arsa an bhean leis, ' imigh thusa agus faigh ancaire iarainn agus faigh coisricthe é agus sáigh ins an ghaineamh é achan am a dtiocfaidh an ghaoth '.

Chuaigh sé ionsar iníon Mhéara Londain ansin agus d'inis sé daoithi faoi mar d'éirigh dó. Ní thearn sí sin ach seacht long eile a chur leis, agus fir, agus chuir sí ins an tsiúl céanna é. Nuair a bhí sé ag dul soir ins an áit chéanna a dtigeadh an stoirm air d'éirigh an stoirm agus chaith sé uaidh an t-ancaire agus rinne sé sin achan am a bhfacaigh sé an stoirm ag tarraingt air. Nuair a thógadh sé an t-ancaire ansin bhíodh *log* mór leis aníos agus bhí logannaí go leor leis ins an deireadh.

Bhí go maith, bhí sé ag tarraingt ar na hIndiacha go láidir. Chonaic sé coill mhór ag éirí roimhe sa deireadh agus rinne sé a dhícheall an long a chasadh ar shiúl uaithi ach ní thiocfadh leis, ní raibh gar ann agus sáitheadh isteach sa choill é féin agus na seacht long. Bhí an oíche ag teacht ansin agus ní raibh a fhios aige caidé a dhéanfadh sé. Ní bhfaigheadh sé soir nó siar. Chí sé teach thuas i mbarr na gcrann sa deireadh agus bhí sé ag amharc suas nuair a tháinig an cailín rua amach a ba deise a chonaic sé ariamh. Chuaigh sé chuici agus d'fhiafraigh sé daoithi caidé a bhí sí ag iarraidh ar chuideachta na hoíche anocht. Dúirt sise gur trí cinn de na loingis. Rinne siad an margadh sin agus nuair a chuaigh sé isteach chuici bhí tábla ansin agus neart bia agus dí air agus shuigh sé agus nuair a d'ól sé cupa tae thit sé ina chodladh. Níor mhúscail sé go maidin agus ansin d'iarr sise air bogadh leis lena ghnoithe. Nuair a chuaigh sé amach bhí trí cinn de na loingis ar shiúl. An darna hoíche d'éirigh an rud céanna dó, tháinig sí amach ar an dóigh chéanna agus rinne sí margadh leis ar thrí cinn de na loingis ar chuideachta na hoíche sin. Chuaigh sé isteach agus d'ól sé cupa tae agus ní raibh an cupa tae ólta aige gur thit sé ina chodladh agus níor mhúscail sé go raibh an lá ann agus d'iarr sise air bogadh leis lena ghnoithe. Nuair a chuaigh sé amach ansin ní raibh aige ach aon long amháin. Bhí na loingis eile uilig suncáilte. Bhí sé ag bogadaigh thart ar an long sin go tráthnóna lá thar na mhárach agus bhí an oíche ag teacht agus bhí a fhios aige go dtiocfadh an cailín rua amach ar ais ach níorbh fhada dó go bhfacaigh sé bean bheag rua ag siúl aniar ar bharr an uisce. ' Tá tú chóir a bheith cóiríste ag an chailín rua ', a deir sí.

' Tá ', a deir seisean, ' tá mé i mo sheasamh istigh anseo agus níl mé ábalta a dhul soir nó siar '.

' Bhail, beidh tú inchurtha léithi anocht ', a deir sí, ' má ní tú mo chomhairlese. Tháinig mise i rith an bhealaigh as Connacht fá choinne comhairle a thabhairt duitse. Nuair a rachas tusa isteach anocht fág do chlaíomh taobh amuigh den doras agus nuair a shuífeas tú ag an tábla ag dul a dh'ól tae abair go dtearn tú dearmad, go bhfuil do chlaíomh sholasta taobh amuigh den doras agus má thig deoir d'aon chineál uirthi go mbeidh sí amú. Ní bheidh sise sásta agus déarfaidh sí go rachaidh sí féin amach fána coinne. Nuair a gheobhas tusa amach í athraigh na cupaí agus tiocfaidh an codladh uirthise i d'áitse. Bí thusa inchurtha léithi agus déan margadh léithi ar mhórán de na soithigh seo atá suncáilte a thabhairt duit. Níl ins an choill sin uilig a chíonn tú ansin ', a deir an bhean rua leis, ' ach crann seol soitheach atá suncáilte uilig go léir agus tá na céadta míle long thíos ansin aici leis na céadta

bliain. Seo cuachóg duit ', a deir sé, ' agus in am ar bith a dtiocfaidh stoirm ort ar an bhealach abhaile ar ais níl agat ach í a chaitheamh romhat agus socróchaidh an stoirm. Seo sciorta duit fosta ', a deir sí, ' agus dá gcuirfeá ar iníon bhean an toí é ní aithneochadh fear an toí a iníon féin. Gabh chun margaidh léithi nuair a gheobhas tú an codladh uirthi agus bain cuid mhaith de na loingis daoithi ar scor ar bith '.

B'fhíor é, nuair a tháinig an t-am d'athraigh seisean na cupaí agus d'ól sise an ceann seo aigesean agus d'ól seisean an ceann seo aicise. Níor tháinig codladh ar bith airsean an oíche sin agus nuair a thoisigh sise ag titim thart ina codladh dúirt seisean go gcaithfeadh sé cuideachta na hoíche anocht a fháil.

' Lig dom ', a deir sí, ' agus cuirfidh mise an méid loingis a chaill tú ó d'fhág tú Londain ar fáil duit ar ais agus lig dom mo sháith a chodladh '.

' Ní ligfidh ', a deir seisean, ' níl sin ag dul a dhéanamh maith ar bith domsa. Is fearr liom cuideachta na hoíche nó an t-iomlán '.

' Bhail ', a deir sí, ' cuirfidh mé trí chéad long ar bharr na farraige duit má bheir tú cead an bhealaigh dom agus ligean dom mo sháith a chodladh '.

' Bhail b'fhéidir ', a deir sé, ' mar mhaithe leis an méid a ghnófainnse uilig ort ', a deir sé, ' má gheibhim trí chéad long sílim go dtabharfaidh mé cead do chinn duit '.

Nuair a chuaigh sé amach ansin in áit aon long amháin a bheith fána choinne bhí trí chéad long siar roimhe ar an fharraige. Chuaigh sé amach agus bhí an-lúchair ar na fir roimhe ar ndóiche, fir a bhí suncáilte thíos ansin leis na céadta bliain agus ní raibh ann ach ' do chéad fáilte ' ag achan fhear acu. Níorbh fhada sin dó ar ndóiche, d'imigh sé leis chomh tiubh agus a tháinig leis ag tarraingt ar Londain.

Nuair a mhúscail sise i dtrátha an ama a n-éiríodh an stoirm i gcónaí tháinig an stoirm air agus chaith seisean an chuachóg bheag san fharraige. Shocraigh an stoirm agus ní raibh sé ábalta aon seort a dhéanamh de. Bhí go maith ansin, sheol sé leis agus nuair a bhí sé ag tarraingt ar Londain bhí an-ghiota aige le dhul thart taobh na farraige ann, ach bhí a fhios aige áit a dtiocfadh leis féin an-aicearra a dhéanamh isteach go Londain. Lig sé amach bád beag agus nuair a tháinig sé chun talaimh níor amharc sé ina dhiaidh uirthi ach shiúil sé leis ag tarraingt isteach go Londain an aicearra. Bhí an chuachóg seo leis agus bhí a fhios aige go dtiocfadh leis droichead a dhéanamh in áit ar bith agus níorbh fhada a bhí sé ag siúl go bhfacaigh sé fear an-ghalánta agus an cóiste leis ab fhearr a

chonaic sé ariamh. Ní raibh aon duine ar an bhealach ach é agus d'fhiafraigh an fear seo de an rachadh sé ar an chóiste, dúirt sé go raibh sé chomh maith aige a theacht isteach anseo má bhí sé ag dul isteach go Londain. Chuaigh sé isteach ina chóiste. Bhí giota aicearra trasna na farraige ann agus dúirt sé le fear an chóiste go mbeadh aicearra mór ann dá dtigeadh leofu a dhul trasna ann isteach go Londain. Chuir fear an chóiste an-iontas ann, ar ndóiche, caidé an dóigh a dtiocfaí a dhul an bealach seo ar chor ar bith. D'iarr seisean air tiomáint leis agus go mbeadh bealach mór aige a fhad is bheadh seisean leis ar scor ar bith. D'imigh siad leofu agus nuair a bhí siad ag tarraingt ar bhruach na farraige chaith seisean an chuachóg amach agus bhí bealach mór maith aige isteach an aicearra go Londain.

Shiúil siad leofu ansin agus d'fhiafraigh sé de ar ndóiche c'ainm a bhí air.

' Bhail ', arsa seisean, ' is é m'ainm is mo shloinne-se: *is minic a scar bochtanas cuideachta mhaith* '.

D'iarr an cailín rua a thug an chuachóg dó é an t-ainm sin a thabhairt air féin. Bhí go maith, chuaigh sé ar aghaidh leis fríd Londain go dtáinig sé ar an teach ósta ab fhearr a bhí i Londain. Stop sé sa teach mór sin. Dúirt an fear a bhí ar an chóiste leis go raibh seisean le pósadh ar maidin lá thar na mhárach ar iníon Mhéara Londain agus níor lig sé dadaidh air féin. Bhí scaifte mór ins an teach ósta agus anonn roimh an lá chuaigh achan duine a inse a chuid scéaltaí féin fá rudaí a chonaic sé agus a chualaigh sé. Dúirt an fear seo a bhí le pósadh ar iníon Mhéara Londain go raibh fear leisean giota sa chóiste inniu ab iontaí a chonaic sé ariamh, go raibh sé in innibh droichead a dhéanamh achan áit ar mhian leis agus nuair a d'amharcóchadh sé ina dhiaidh go dtitfeadh an droichead síos agus gurb é an t-ainm a bhí air *gur minic a scar bochtanas cuideachta mhaith* agus go raibh sé ina leithéid seo de theach ósta i Londain anocht. Nuair a chualaigh sí an chaint seo sciob sí amach go formhothaitheach agus ní raibh a fhios ag duine ar bith cá dteachaigh sí. Chuaigh sí a fhad leis an teach ósta a raibh seisean ann agus d'oscail sé an fhuinneog agus lig sé isteach í ins an tseomra ina raibh sé féin. Thoisigh siad ag comhrá agus, ar ndóiche, dúirt sí gurbh fhada ó chonaic siad a chéile ar chor ar bith.

' B'fhearr dúinn a dhul síos ', a deir sé, ' agus ár gcuid den ghreann a bheith againn féin '.

' Ó ní thiocfadh liomsa ', a deir sí, ' nó mhuirbhfeadh m'athair mé agus mhuirbhfeadh a bhfuil fán teach mé ag dul a fhágáil a raibh mé le pósadh air '.

' Bhail, tá sciorta beag liomsa anseo ', a deir sé, ' agus cuir ort é agus ní aithneochaidh aon duine beo thú '.

Chuir sí uirthi an sciorta agus bhí sé ag dul siar cóngarach ag an lá an uair sin nuair a chuaigh siad síos. Bhí an-itheachán agus an-ólachán thíos ach bhí cuma an-bhrónach orthu uilig mar nach raibh a fhios acu cén áit a dteachaigh an cailín óg agus bhí cuma an-bhrónach ar an fhear seo a bhí le pósadh uirthi agus ní raibh Méara Londain é féin, ar ndóiche, sásta ach oiread. Ach ca bith mar bhí na seanchailíní a bhí fán teach a bhí ag coimheád uirthise ag damhsa d'aithin siad í nuair a d'éirigh an sciorta suas dá cuid éadaí agus dúirt siad gurbh í seo bean an diúlaigh. D'imigh sise agus mac an Cheannaí Mhóir amach ar an doras agus bhí nádúr an lae ann an uair sin—bhí an-eagla cogaidh fá Londain—agus nuair a d'amharc siad síos bhí crann trí chéad long ag tarraingt isteach ar an chéidh. Rinne siad amach ansin go mbeadh a raibh i Londain marbh in am an-ghairid agus bhí siad scanraithe amach as an tsaol.

Thoisigh deireadh dá theicheadh. Ní thearn seisean agus iníon Mhéara Londain ach a dhul síos chun an toí ósta agus ní raibh eagla ar bith orthu. Níorbh fhada a chuaigh sé, nuair a fuair sé an bunadh eile uilig ar shiúl le heagla cogaidh, go dteachaigh sé síos chun na loinge. Bhí lúchair mhór ar an bhunadh a bhí thíos roimh iníon Mhéara Londain. Ní raibh amach as béal gach uile fhear a raibh thíos ansin ach gur mhaith an mhaise dó é na geasa a bhí orthusan leis na céadta bliain a scaoileadh, agus siúd agus seo mar sin. Chuaigh sé ar bord na loinge ansin, é féin agus iníon Mhéara Londain, agus bhí sé ag dul thart ansin ó long go long agus thugadh sé isteach ina *room* í agus bhíodh sí lán óir agus airgid.

' Fuair tusa seans ormsa aréir ', a deireadh sé, ' agus bronnaimse sin ortsa inniu '.

Bhí go maith, siar sa lá nuair a d'éirigh an gháir amach caidé a bhí ann thíos ag an chéidh chualaigh Méara Londain é féin fá dtaobh de agus gurbh é Méara Londain ar leis na loingis uilig a bhí ag teacht isteach agus rinne sé amach go mbeadh sé féin an-láidir nuair a bheadh a leithéid d'fhear ina chliamhain aige. Chuaigh sé féin agus a bhean síos agus chuaigh siad ar a nglúine faoi agus d'iarr siad pardún air fán scanradh a thug siad dó ar maidin. Thug sé sin daofu agus thug siad suas chun an toí é agus pósadh an lánúin. Mhair an bhainis lá agus bliain agus b'fhearr an lá deireanach ná an chéad lá.

2.4. GRUAGACH NA gCLEAS

Bhí fear ann fada ó shin a dtugadh siad Brian Ó Domhnaill air agus bhí teach aige le taobh na farraige. Ní raibh aige ach aon mhac amháin agus ba é an t-ainm a bhí air Gruagach na gCleas.

Chonaic sé caiftín loinge ag teacht thart faoin teach aige aon lá amháin agus stop sí agus lig sí ancaire agus tháinig an caiftín i dtír agus isteach aníos chun an toí. Chonaic an caiftín mac Bhriain agus d'fhiafraigh sé de an ligfeadh sé an mac leis go ceann seacht mbliana agus go dtabharfadh sé deich bpunta agus dhá fhichead dó agus go bhfágfadh sé sa bhaile ar ais é nuair a bheadh na seacht mbliana istigh aige. Rinne siad an margadh agus nuair a bhí na seacht mbliana istigh tháinig sé agus an mac leis. Bhí sé ina fhear an-mhaith agus é bisíste go maith ó d'fhág sé an baile.

' Bhail ', a deir an caiftín, ' má ligeann tú liom seacht mbliana eile é bhéarfaidh mé leathchéad punta eile duit agus bhéarfaidh mé ar ais slán sábháilte é i gceann na seacht mbliana '. Rinne sé an margadh leis agus d'iarr sé air an mac a thabhairt ar ais chuige nuair a bheadh na seacht mbliana istigh.

Nuair a bhí na seacht mbliana istigh tháinig an mac agus ní raibh siad ábalta é a aithne ar chor ar bith, bhí sé chomh breá sin. Dúirt sé ansin go dtabharfadh sé trí scór punta dó dá ligfeadh sé leis seacht mbliana eile é. Dúirt an t-athair go ligfeadh ach níor iarr sé air an iarraidh seo an mac a ligint chun an bhaile chuige ar chor ar bith.

Bhí go maith, d'imigh an caiftín agus an mac leis ach nuair a bhí na seacht mbliana istigh ní raibh sé ag pilleadh leis. Ní raibh a fhios aige ansin caidé a bhí le déanamh ar chor ar bith agus bhí sé an-bhuartha nach dtearn sé an margadh leis é a fhágáil sa bhaile. Chuaigh sé a fhad le fear dall a bhí ar an bhaile a raibh fios aige agus d'fhiafraigh sé de caidé a dhéanfadh sé. Ní raibh costas ar bith ag Brian Ó Domhnaill an uair sin, bhí deireadh caite aige le himeacht dá chuartú agus ní raibh a fhios aige cén bealach a rachadh sé dá chuartú. D'inis an fear sin dó go raibh a mhac thall ins an chuid ab fhada ar gcúl den Ioruaidh ar fad ag an chaiftín agus aon chloigeann déag eile ina chuideachta agus ' níl aon chleas dá dtearnadh ariamh nach dtig leofu a dhéanamh '.

' Caidé an dóigh a bhfaighidh mise an fad sin? ' arsa Brian Ó Domhnaill.

' Bhail, tá seanbhó bhán agat ', a deir an seandall leis, ' agus imigh agus bain an craiceann daoithi, ní fiú mórán í, agus nuair atá tú féin ag imeacht ar scor ar bith bheadh sí stiúgtha ag pilleadh duit.

Feann í agus gabh isteach ina craiceann nuair a rachas tú síos go bruach na farraige. Tá an t-éan is mó beo a dtugann siad an Roc air ag teacht anall as an Ioruaidh agus tig sé thart i gcónaí i mí na Bealtaine agus beidh sé ag teacht thart lá ar bith acu seo agus gabh thusa isteach i gcraiceann na bó agus cruinnigh tú féin suas gomaith istigh ann agus bhéarfaidh an t-éan mór seo anonn chun an Ioruaidh thú a fhad le dhá éan atá i neid ansin acu '.

B'fhíor é. Chuaigh Brian Ó Domhnaill abhaile agus thug leis scian mhaith agus d'fheann sé an bhó. Chuaigh sé isteach sa chraiceann agus caitheadh thíos ar bhruach na farraige é. Ní raibh sé i bhfad caite ansin go dtáinig an Roc thart ag cruinniú muca mara agus achan seort le tabhairt anonn ionsar na héanacha beaga. Chonaic sé an cnap bán agus tháinig sé anuas agus d'ardaigh sé leis ina dhá chrúb é agus ghread sé leis gur fhág sé istigh i mbarr crainn é thall ins an Ioruaidh, i mullach na neide a raibh an dá éan inti. D'fhág sé i mbéal na neide ag an dá éan é agus bhí an Roc é féin tuirseach agus chuaigh sé dá phiocadh féin agus thit sé ina chodladh.

Níorbh fhada a bhí an t-éan mór ina chodladh go dtearn na héanacha a bhí sa nead amach gur cheart daofu cuid den alpán a ithe. Thoisigh siad ag piocadh ar an chraiceann agus dheamhan i bhfad gur mhothaigh Brian Ó Domhnaill an rud géar ag teacht aníos fríd an chraiceann. Ca bith mar bhí rinne sé amach go bhfeicfeadh sé caidé a bhí dá pholladh ar scor ar bith. Rug sé ar an scian agus rinne sé poll ar chraiceann na bó go bhfeicfeadh sé caidé a bhí ag teacht air. Fuair sé amach as an chraiceann agus ba mhaith an mhaise sin dó é, chaith sé an ceann den dá éan. D'fhuaigh sé suas an poll ar ais agus nuair a mhúscail an Roc agus a chuaigh sé ag dearcadh bhí an dá éan marbh sa nead agus an cnap a bhí leis i mbéal na neide ar fad agus gan dadaidh de ite.

Bhí an-fhuath aige ar an chrann seo ansin—ar marbhadh an dá éan ann—agus bhí an oíche ag teacht agus rinne sé amach go n-athróchadh sé a fhad le crann eile. Chuir sé dhá chrúb thart fá Bhrian Ó Domhnaill ar ais agus nuair a bhí sé ag dul trasna os cionn corraigh a bhí ann thit sé. D'imigh sé leis agus d'fhág sé ansin é. Rinne sé amach go bhfaigheadh sé é lá thar na mhárach agus luigh sé i gcoill eile. Ba mhaith an mhaise sin ag Brian é, nuair a fuair sé an Roc ar shiúl thug sé leis an scian ar ais agus tháinig sé amach as craiceann na bó báine.

Bhí go maith is ní raibh go holc, shiúil sé leis ansin agus níorbh fhada uilig a bhí sé ag siúl go bhfacaigh sé teach a raibh solas beag ann—agus ní raibh sé san Ioruaidh riamh roimhe—bhuail sé féin agus an seanduine chun comhraidh agus fuair sé greim le hithe agus

chuaigh sé a chur seanchais fán mhac seo a d'imigh agus ag iarraidh tuairisc Ghruagach na gCleas, go gcaithfeadh sé a bheith in áit inteacht cóngarach ins an tír seo. ' Bhail, tá sé ar an bhaile le do thaobh ', a deir an seanduine, ' agus níl dadaidh trom nó te ag Gruagach na gCleas ', a deir sé, ' agus ag an chloigeann déag eile atá ina chuideachta agus nílthear ag déanamh dadaidh ach ag foghlaim béasaí daofu ', a deir sé.

Ar maidin lá thar na mhárach fuair sé greim le hithe ag an seanduine agus chuaigh sé a fhad leis an chaiftín. ' Caidé is ciall duit ', a deir sé, ' nár fhág tú mo mhac sa bhaile agam? ' a deir sé leis an chaiftín.

' Ó ', a deir sé, ' níor chuir tú am ar bith air. An t-am deireanach a thug mise uait é ní raibh mise ag dul a philleadh leis ', a deir sé, ' ach tá sé le fáil anois agat má tá sé de dhíth ort. Bí anseo amárach ', a deir sé, ' agus má tá tú in innibh do mhac a aithne gheobhaidh tú é agus fáilte '.

Shiúil Brian leis ag tarraingt a fhad leis an tseanduine ar ais agus níorbh fhada uilig a bhí sé ag siúl go dtáinig colmán agus luigh sé ar a ghualainn. ' Mise do mhac ', a deir an colmán, ' agus inseochaidh mise duitse anois caidé an dóigh a n-aithneochaidh tú mé amárach. Beidh dhá cholmán déag againne ar an urlár ag ithe arbhair agus ní bheidh difear ar bith idir an dá cholmán déag. Déarfaidh an caiftín leat go bhfuil mise le fáil agat agus céad fáilte má phiocann tú amach as na rudaí eile mé ach ní thig liom mórán níos mó a inse duit anois nó chrothnófaí ar shiúl mé, ach nuair a bhéas an t-arbhar caite ar an tsráid agus sinne dá phiocadh ', a deir sé, ' rachaidh mise amach rud beag as an bhunadh eile agus beidh mé ag piocadh corrghráinnín thall agus abhus de na gráinníneacha scaipthe agus craithfidh mé mé féin rud beag agus coinnigh thusa do shúil orm agus nuair a iarrfas seisean ort mise a thabhairt leat bí thusa cinnte an t-éan atá dá dhéanamh sin a bheith leat '.

Chuaigh sé lá thar na mhárach agus d'fhiafraigh sé den mháistir an raibh an mac réidh le bheith leis inniu. Dúirt an caiftín go raibh dá n-aithneochadh sé é. Tháinig dhá cholmán déag agus chaith sé dornán arbhair chucu agus thoisigh ag piocadh ar an tsráid. Ní raibh difear ar bith idir an dá cholmán déag ach ca bith mar bhí bhí an colmán seo ag piocadh gráinnín thall agus gráinnín abhus agus é ag reathaigh isteach is amach fríd an bhunaidh eile.

' Bhail, seo é mo cheannsa, mo mhacsa ar scor ar bith ', a deir sé. ' Bhí aithne go leor sa bhaile agam air agus tá mé ábalta é a aithne inniu fosta '.

' Bhail, chím ' a deir sé, ' caithfidh tú a fháil isteach '.

D'imigh sé agus an mac leis agus ní raibh airgead ar bith acu ansin a bhéarfadh go hÉirinn iad agus ní raibh a fhios acu caidé le déanamh.

' Bhail ', arsa Gruagach na gCleas, bhí aonach ar an chosán acu, ' déanfaidh mise beathach maith díom féin ', a deir Gruagach na gCleas, ' agus leanfaidh an caiftín muid agus gheobhaidh tusa luach ar bith orm a iarrfas tú. Beidh mé i mo bheathach capaill chomh maith agus a thiocfas isteach chun an aonaigh, ach bí cinnte ', a deir sé, ' agus ná lig ar shiúl an srian nó má ligeann tú ar shiúl an srian tá mise caillte '.

Tháinig siad isteach chun an aonaigh agus ní raibh aon duine ann nach raibh uilig i ndiaidh Bhrian Ó Domhnaill ag iarraidh an beathach rása a cheannacht. Bhí caiftín na loinge ansin ar ndóiche—é féin agus a chuid fear—ag ceannacht beathach agus ní dhéanfadh rud ar bith gnoithe dósan go bhfaigheadh sé an beathach seo agus thug sé do Bhrian Ó Domhnaill an méid a bhí sé ag iarraidh air. D'imigh sé agus a bheathach leis ach má rinne féin ní bhfuair sé an srian. Shiúil Brian leis agus chomh luath agus a chraith sé an srian tháinig an fear óg chuige ar ais.

' Bhail, tá traidhfil maith airgid againn anois ', a deir sé, ' agus tá mise ar ais agat ach beidh níos mó againn. Tá aonach eile romham '.

D'imigh siad leofu ag tarraingt ar an aonach sin. ' Beidh mise i mo chú amárach ', a deir sé, ' agus gheobhaidh tusa luach ar bith a iarrfas tú orm ach bí cinnte agus ná lig ar shiúl an bheilt a bhéas thart ar mo mhuineál nó má ligeann ní bheidh agat nuair a bhéas an lá istigh ach an t-airgead '.

D'imigh siad isteach chun an aonaigh agus bhí cúnna rásaí dá ndíol ar an aonach. D'iarr sé an-chnap ar an chú ar an chaiftín agus ca bith a d'iarr sé thug sé dó é agus thug sé leis an cú. Dúirt seisean nach dtabharfadh sé an bheilt do dhuine ar bith agus bhain sé an bheilt de mhuineál an chú nuair a fuair sé an t-airgead. Bhí an-chnap airgid ansin acu agus bhí siad ag tarraingt ar an long ar fad agus a sáith leofu dá mbeadh an chiall sin acu.

Bhí aonach eile ag teacht ina gcosán an lá seo lá thar na mhárach.

' Bhail, beidh mise i mo cholmán amárach ', a deir Gruagach na gCleas, ' agus gheobhaidh tú airgead ar bith orm dá n-iarrfaidh tú agus beidh ár sáith go brách againn ansin. Beidh mise ar do ghualainn ', a deir sé, ' agus bí cinnte agus coinnigh an snáithe glas a bhéas ar mo chois '.

Chuaigh sé isteach chun an aonaigh agus bhí Gruagach na gCleas an lá sin ina cholmán. Ba mhaith an mhaise sin do Bhrian é, d'iarr sé i bhfad ní ba mhó ar an cholmán nó a d'iarr sé na lactha eile, ach ba chuma caidé a d'iarrfadh sé bhéarfadh an caiftín a oiread eile dó. Le méad an mhéid a fuair sé ar an cholmán rinne sé dearmad an snáithe a bhaint de chois an cholmáin. D'imigh an colmán agus bhí Brian Ó Domhnaill an-bhuartha ach bhí a sháith airgid ar scor ar bith leis.

Bhí go maith, bhí sé ag teacht thart ansin traidhfil laetha agus bhí long ag teacht go hÉirinn agus chuaigh sé ar an long. Bhí an-bhuaireamh air, ar ndóiche, nach raibh an mac leis nó fios aige san am cén áit a dteachaigh sé. Ach ca bith mar bhí, rinne Gruagach na gCleas amach lá amháin go dtiocfadh sé féin go hÉirinn ainneoin an bhunaidh eile. D'imigh sé leis ag tarraingt ar a athair, Brian Ó Domhnaill, go hÉirinn. Ní raibh ag an chaiftín ansin ach aon chloigeann déag agus rinne sé féin colmán de féin agus d'imigh an dá cholmán déag ina dhiaidh. Bhain an Gruagach Éirinn amach sula bhfuair siad suas leis. Bhí sé ag teacht trasna ag caisleán Rí na hÉireann agus bhí iníon Rí na hÉireann ag siúl thart amuigh. Chonaic sí an rud ag teacht ab iontaí a chonaic sí ariamh—colmán amháin chun tosaigh agus aon cholmán déag eile ag teacht ina dhiaidh. Bhí siad ag teacht an-ghéar air nuair a bhí sé ag teacht cóngarach ag iníon an Rí agus é chóir a bheith gaibhte acu agus bhí a fhios aige nach dtiocfadh leis a dhul mórán ní b'fhaide agus rinne sé fáinne de féin agus chuaigh sé isteach ar mhéar iníon an Rí. Ní raibh a fhios acu caidé bhí le déanamh acu nuair a bhí seisean ina fháinne thuas ar mhéar iníon an Rí. Bhí siad thart fán teach agus chonaic siad mórán soithigh raiceáilte thart fán áit. Rinne siad amach nach raibh aon chúipéirí thart cóngarach. D'imigh siadsan agus rinne siad dhá chúipéir déag daofu féin agus chuaigh siad a chóiriú tubán agus achan soitheach dá raibh fán teach agus bhí siad chomh bláfar le haon scaifte fear dá dtáinig isteach go hÉirinn ariamh.

Bhí go maith, tháinig seisean anuas de mhéar iníon Rí na hÉireann agus níorbh fhada a bhí sé anuas daoithi uilig go raibh sé ina fhear agus d'inis sé daoithi caidé mar bhí. Dúirt sé léithi go raibh an dá chloigeann déag sin ina dhiaidhsean agus go gcaithfeadh siad é a fhágáil nuair a bheadh deireadh a raibh raiceáilte fán teach cóiríste acu agus nach mbeadh dadaidh de dhíth orthu ach an fáinne a bhí thuas ar a méar. Rinne seisean fáinne de féin agus chuaigh sé suas ar a méar ar ais. Dúirt seisean léithi gan an fáinne a thabhairt daoithi ar scor a bith nó go ndéanfadh siad an-rud sula

n-imeochadh siad gan é agus go mbeadh obair aici a gcur ar shiúl gan é ach oiread.

' Déan tusa margadh leofu ', a deir sé, ' nuair a bhéas géar ag gabháil ort ', a deir sé, ' iad trí charnán mónadh a fhágáil agat agus trí charnán arbhair—na sé charnán a bheith i ndiaidh a chéile, rudaí an arbhair agus rudaí na mónadh, agus ná tabhair suas an fáinne ar dhóigh ar bith is cuma caidé a dhéanfar leat go raibh carnán de chuid na mónadh le thinidh chomh mór agus a thig a dhéanamh agus bain anuas an fáinne ansin agus caith i lár na tineadh é. Má ní tusa sin féachfaidh mise leis an chuid eile a dhéanamh '.

Bhí go maith, ba mhaith an mhaise do na cúipéirí é nuair a bhí deireadh réidh acu. D'fhiafraigh siad de Rí na hÉireann an raibh soitheach ar bith eile raiceáilte aige. Dúirt sé nach raibh, ' agus ', a deir sé, ' caithfidh sibh bhur bpáighe a fháil '.

' Ó maise ', a deir an caiftín, a deir sé, ' níl mórán páighe uilig de dhíth orainne. Níl de dhíth orainn ', a deir sé, ' ach an fáinne atá ar mhéar d'inínse '.

' Ó, maise ', arsa an Rí, ' is beag an páighe sin daoibh agus ní bheidh sibh ina mhuinín sin ar scor ar bith '.

' Nach mb'fhearr daoibh ', a deir sé, ' rud inteacht ní b'fhearr nó an fáinne? '

' Níl gar ann ', a deir an caiftín, ' is é an fáinne a chaithfeas sinne a fháil agus sílim gur sinne a chaill an fáinne ar scor ar bith '.

Dúirt a hathair léithise ansin go gcaithfeadh an caiftín an fáinne a fháil ar son an méid a bhí cóiríste aige agus go gcaithfeadh sé tuilleadh a fháil fosta. Dúirt sise nach bhfaigheadh sé an fáinne ar dhóigh ar bith agus dúirt an caiftín nach raibh siadsan ag dul a imeacht gan an fáinne.

Chonaic sise nach raibh siadsan ag dul a imeacht gan an fáinne agus is é an margadh a rinne sí leofu sa deireadh, nuair a bhí siad ag dul chun garbhadais léithi, go gcaithfeadh siad trí charnán arbhair a fhágáil ar an tsráid aici. Dúirt siad gur bheag an rud sin agus thoisigh siad ag iompar agus ní raibh sé i bhfad uilig go raibh an mhóin agus an t-arbhar ar an tsráid. Bhí siad le carnán acu a chur le thinidh sula bhfágfadh siad an fáinne. Nuair a fuair sise an carnán le thinidh ní thearn sí ach breith ar an fháinne agus in áit é a thabhairt daofu bhuail sí isteach ins an charnán a bhí le thinidh é. Bhí siad chomh holc ansin agus a bhí siad ariamh agus ní raibh siad ábalta aon seort a dhéanamh.

D'imigh siad agus rinne siad dhá ghabha dhéag daofu féin agus thoisigh siad ag spíonadh na tineadh agus nuair a bhí an carnán

sin chomh mion le tobaca acu ag cuartú an fháinne d'éirigh cúpla drithleog agus chuaigh sé isteach sa charnán eile. Bhí an-ghaoth aniar ann agus chuaigh an dara carnán le thinidh agus rinne siadsan an rud céanna leis an charnán sin. Nuair a bhí an carnán sin déanta d'éirigh cúpla drithleog amach as agus chuaigh siad isteach sa tríú carnán. Rinne siadsan an rud céanna leis an tríú carnán agus nuair a bhí an tríú ceann thart acu d'éirigh drithleog thineadh amach as an charnán agus chuaigh sé isteach i gcarnán den arbhar. Ní raibh a fhios acu ansin caidé a bhí acu le déanamh. Ach rinne siad dhá thurcach dhéag daofu féin agus thoisigh siad ag ithe an arbhair. Nuair a bhí carnán acu ite acu d'éirigh cúpla gráinnín amach as an charnán sin agus chuaigh sé isteach sa darna carnán. D'ith siad an dara carnán sin fosta. Bhí a sáith amach ite acu an uair sin agus bhí seisean istigh sa tríú carnán san am seo. Nuair a bhí an darna carnán ite acusan dúirt achan fhear den dá chloigeann déag nach raibh sé féin ábalta níos mó a ithe agus caidé a bhí le déanamh anois?

'Ó bhail', a deir an caiftín, 'bhí a fhios againn i gcónaí go dtabharfadh Gruagach na gCleas ár sáith dúinn le déanamh. Is mairg nár choinnigh muid coimheád ní b'fhearr air agus gan é a ligean ar shiúl ar chor ar bith'.

'Bhail, níl dadaidh le déanamh againn anois', adeir siad, 'ach ár gcinn a chur faoinár gcuid eiteogaí agus ár sáith a chodladh'.

Bhí go maith, nuair a fuair Gruagach na gCleas ina gcodladh iad agus a gceann faoina n-eiteogaí rinne sé madadh rua de féin agus d'ith sé an ceann den dá thurcach dhéag agus níor thug sé seans bíogarnaí ar bith daofu ar dhóigh ar bith. D'ith sé an ceann go han-fhaichilleadh d'achan cheann acu. Bhí sé sásta ansin.

D'imigh sé ansin agus pósadh é féin agus iníon an Rí. Bhí lúchair ar iníon an Rí agus bhí an-bhainis acu, bhruith siad na turcaithe uilig agus mhair an bhainis seacht lá agus seacht n-oíche agus b'fhearr an oíche dheireanach nó an chéad oíche. Nuair a bhí deireadh thart agus shocraigh achan rud síos chuaigh sé abhaile ionsar Bhrian Ó Domhnaill le hiníon an Rí. Bhí a sháith airgid agus achan seort acu agus bhí dóigh mhaith orthu ón lá sin go lá a mbáis.

2.5. SCÉAL AN CHLIBISTÍN

Bhí sin ann agus is fada ó bhí, bhí rí in Éirinn agus bhí mac amháin aige. Nuair a bhí an mac ag fás suas ina ghearrghasúr fuair a mháthair bás agus fá cheann tamailt pósadh an Rí arís. Bhí an bhean úr seo ina han-droch-cheann don ghasúr agus ní raibh

amharc le feiceáil aici air. Smaoitigh sé lá amháin go n-imeochadh sé leis ag cuartú saothraithe dó féin nó gurbh olc an dóigh a bheadh air nach mb'fhearr dó nó sa bhaile.

Bhí go maith, d'imigh sé leis agus shiúil sé leis go dtáinig an nóin bheag agus deireadh an lae air. Chí sé teach mór eascairdeach giota uaidh. Dar leis féin go dtarraingeochadh sé air—go mb'fhéidir go bhfaigheadh sé lóistín na hoíche ann. Chuaigh sé chun an toí agus nuair a bhí sé ag tarraingt ar an doras tháinig fear an toí amach roimhe. D'fhiafraigh sé de caidé brí a shiúil.

'Tá', arsa seisean, 'ins an am i láthair tá mé ag cuartú lóistín na hoíche ach tá mé ar shiúl ar lorg saothraithe'.

'Is maith mar tharlaigh ar a chéile sinn', arsa seisean, 'tá buachaill de dhíth ormsa'.

Rinne sé margadh leis an bhuachaill go ceann lae agus bliana. Ba í an obair a bhí aige le déanamh—bhí mórán beathaigh capaill an an fhear seo agus bhí siad le buachailleacht i bpáirc mhór aige agus deis aige le coinneáilt orthu.

Bhí go maith, ar maidin lá thar na mhárach chuaigh sé amach chun na páirce leis na beathaigh agus choinnigh sé deis mhaith orthu agus ní raibh lá ar bith dá raibh ag dul thart nach raibh a bhród ag méadú fán bhuachaill maith a fuair sé. Bhí clibistín beag amháin i measc na mbeathach seo agus bhí an stócach an-mhór leis thar an chuid eile uilig. Bhí caint ag gach uile bheathach ins an am sin agus bhíodh comhrá mór aige féin agus an clibistín. Níor mhothaigh sé an t-am ag dul thart go raibh an bhliain istigh aige.

'Anois', arsa an clibistín leis aon lá amháin, 'tá an bhliain istigh agat amárach agus nuair a bhéas tú féin agus mé féin ag an bhricfeasta cuntasóchaidh sé do thuarastal chugat trasna ar an tábla. Cuir thusa cúl do láimhe ar ais leis agus abair leis go bhfuil neart airgid ag d'athair sa bhaile agus go mb'fhearr leat dá dtugfadh sé duit an clibistín beag atá leis na beathaigh. Glacfaidh sé an-fhearg leat nuair a déarfas tú seo leis agus iarrfaidh sé ort an beathach is fearr sa pháirc a thabhairt leat. Abair thusa leis go bhfuil beathaigh go leor ag d'athair agus go ndéanfaidh an clibistín beag do ghnoithe go breá'.

B'fhíor é. Ar maidin lá thar na mhárach nuair a bhí siad ag déanamh a mbricfeasta dúirt an máistir leis: 'Tá an t-am istigh agat inniu', a deir sé, 'agus caithfidh tú do chuid tuarastail a fháil'. Chuaigh sé a chuntas a thuarastal trasna an tábla chuige.

Chuir an buachaill a lámh ar ais leis agus dúirt leis go raibh neart airgid ag a athair sa bhaile agus nach raibh feidhm aige air.

' B'fhearr liom go mór ', a deir sé, ' dá dtugfá dom an clibistín beag sin atá leis na beathaigh agat '.

Tháinig fearg mhór ar an mháistir. ' Bhéarfaidh mé duit an beathach is fearr sa pháirc ', arsa seisean, ' ná caidé an mhaith atá duit ins an chlibistín beag sin? '

' Ó, tá go leor beathaigh ag m'athair sa bhaile ', ar seisean, ' agus b'fhearr liom an clibistín beag ná aon cheann eile acu '.

' Bhail, creidim go gcaithfidh tú sin a fháil ', arsa an máistir. D'fhág sé slán agus beannacht ag an mháistir ansin agus d'imigh sé féin agus an clibistín.

Shiúil siad leofu go raibh an tráthnóna mall dubh ann. Chonaic an buachaill bosca beag ina luí ar thaobh an bhealaigh mhóir. Tháinig sé anuas de dhroim an chlibistín agus thóg sé an bosca agus d'oscail sé é. Bhí dlaoi ghruaige sa bhosca agus bhéarfadh sé solas don domhan mór uilig.

' Fág i do dhiaidh sin ', arsa an clibistín leis.

' Chan fhágaim ', arsa an buachaill.

' Fág i do dhiaidh é ', a deir sé ar ais, ' nó beidh aithreachas ort '.

Ní raibh gar ann, chaithfeadh an buachaill an bosca a thabhairt leis. Bhí siad ag dul thart ag teach an-ghaládnta a bhí ar thaobh an bhealaigh mhóir, bhí an-phléisiúr ag dul ar aghaidh istigh ansin. Dúirt an buachaill go rachadh sé isteach anseo go bhfeicfeadh sé caidé a bhí ag dul ann. Dúirt an clibistín leis go mb'fhearr dó gan dul nó go mb'fhearr daofu a bheith ag baint giota de chomh tiubh, géar, gasta agus a tháinig leofu. Ní raibh gar a bheith leis. Chaithfeadh sé a dhul isteach. Tharraing sé an clibistín isteach i sean *gutter* gé a bhí ag tóin an toí agus chuaigh sé féin chun an dorais. Tháinig cailín an-ghaládnta chun an dorais. D'fhiafraigh sí de caidé an seort duine é nó cárbh as a dtáinig sé.

' Mise Mac Rí Éireann ', a deir sé, ' agus tá mé ag dréim le lóistín na hoíche '.

' Ó, tá céad fáilte agat ', arsa an cailín. ' Rosca Finne a bheir siad ormsa '.

Bhí go maith, chuaigh sé isteach agus fuair sé ósta maith. Cuireadh suas an staighre a luí é i seomra an-ghaládnta. Tamalt i ndiaidh é a dhul suas chuaigh na cailíní ag comhrá le chéile agus dúirt bean leis an bhean eile go mb'fhéidir nár fágadh solas ar bith thuas ag an stráinséar.

' Rith suas ', a deir Rosca Finne le bean de na cailíní eile, ' go bhfeicfidh tú an bhfuil solas ar bith aige '.

Rith sé suas go barr an staighre agus bhí an bosca ag an bhuachaill ar an tábla. Tháinig sí anuas ar ais. ' Ó! ' a deir sí, ' níl solas

ar bith de dhíth ar an fhear udaí. Tá bosca beag ar an tábla aige agus tá dealramh solais amach as agus tá an seomra uilig faoi sholas '.

D'imigh Rosca Finne í féin suas go barr an staighre agus chuir sí a gualainn leis an doras, chrom agus chuir a lámh isteach agus sciob sí an bosca amach den tábla. ' Cuirimse tusa faoi gheasa dubha draíochta ', a deir sí, ' go bhfaighidh tú iníon Rí Ello Phárra atá sa Domhan Thoir, ar fhás an dlaoi ghruaige seo uirthi, agus go raibh sí ag báidhtéireacht ormsa an lá a bhéas mé ag dul do mo phósadh '.

Bhí an buachaill ina luí ansin go maidin agus é mí-shuaimhneach go leor gan é ábalta néall a chodladh ach é aniar is siar sa leabaidh ag smaoiteamh air féin. D'éirigh sé amach ar maidin agus chuaigh sé a dh'amharc thart cá raibh an clibistín agus nuair a chuaigh sé chuige lig sé osna throm amach óna chroí.

' Hó hó! ' arsa an clibistín, ' sin osna mhic rí faoi gheasa. Sin geasa atá ort anois agus a bhéas ort go brách '. Theann sé ar gcúl ansin agus bhuail sé cic air agus chuir sé seacht slat é isteach sa charn aoiligh. ' Bíodh sin agat anois! ' arsa seisean. ' Cheangail tú mise anseo aréir agus ní raibh faic iomrá air. Ba chuma leat ach dóigh mhaith a bheith ort féin '.

D'éirigh an buachaill go fuar fadálach amach as an aoileach agus é uilig salach cáidheach, agus bhí sé dá ghlanadh féin suas chomh maith is thiocfadh leis. Níor lig an eagla dó a theacht a chomhair an chlibistín ar eagla go bhfaigheadh sé cic eile. Nuair a d'imigh an fhearg den chlibistín dúirt sé leis an bhuachaill: ' Imigh anois ', a deir sé, ' agus faigh galún cruithneachta agus leathghalún de leann Márta agus b'fhéidir go ndéanfadh sin maith dom '. Fuair an buachaill sin dó agus nuair a d'ith sé a sháith bhí sé chomh maith is a bhí sí ariamh.

' Gabh ar mo mhuin anseo anois ', arsa an clibistín, ' caithfear amharc fá na rudaí sin agus níl maith dúinne bheith ag dul thart anseo níos faide '.

Chuaigh an buachaill ar a mhuin agus ghearr sé aon léim amháin i gcomhrac gaoithe is gréine agus chuaigh sé míle is fiche leis an chéad léim. Shiúil siad leofu ansin ar a socair go raibh an nóin bheag agus deireadh an lae ann agus éanacha beaga an aeir ag dul chun suain agus chun síorchodlata. Chí siad teach beag ar thaobh an bhealaigh mhóir agus dar leis an bhuachaill go rachadh sé isteach agus go mb'fhéidir go bhfaigheadh sé lóistín na hoíche ann. Chuaigh sé isteach. Bhí seanduine beag caite ina shuí cois na tineadh. D'fhiafraigh sé den tseanduine an dtabharfadh sé lóistín

na hoíche dó. Dúirt an seanduine go dtabharfadh agus céad fáilte ach nach raibh áit ar bith aige a bhí ag fóirstean do ghaiscíoch óg cosúil leis, ná dá bheathach capaill ach oiread. Dúirt an buachaill leis an rud a bhí maith go leor aigesean ar feadh a shaoil gur dhoiligh a rá nach mbainfeadh seisean oíche amháin as. Cheangail sé an clibistín i gcionn an toí agus thug sé gráinnín coirce dó agus thug an seanduine a shuipéar dó. Ansin d'inis sé don tseanduine cé é féin agus caidé brí a shiúil agus d'fhiafraigh sé de cá raibh iníon Ello Phárra ina cónaí.

' Bhail, sin rud nach dtig liomsa a inse duit ', arsa an seanduine, ' ach tá deartháir agam atá céad bliain níos sine nó mise, má bhíonn a fhios ag aon duine ar an domhan cá bhfuil sí beidh a fhios aigesean é agus má ní sibh coisíocht mhaith amárach is é bhur gceart a bheith aige ag dul ó sholas dó '.

D'éirigh Mac Rí Éireann go leor a luas ar maidin lá thar na mhárach. Rinne an seanduine réidh a bhricfeasta agus nuair a thug sé dorn coirce don chlibistín ghléas sé suas é féin le dul chun siúil. D'fhág sé slán agus beannacht ag an tseanduine. Chuir an seanduine a bheannacht leis agus d'iarr air dá mbeadh sé ag teacht an bealach ar ais go raibh céad fáilte aige oíche eile a chaitheamh aige.

D'imigh siad leofu ansin tamalt ag marcaíocht agus seal ag coisíocht go raibh an nóin bheag agus deireadh an lae ann agus go díreach casadh orthu ar thaobh an bhealaigh cró beag a bhí déanta cosúil leis an chéad chró. Chuaigh mac Rí na hÉireann chun an dorais agus bhuail é go deas socair. Tháinig seanduine beag aosta chuige chun an dorais. D'fhiafraigh sé den tseanduine an bhfaigheadh sé lóistín na hoíche uaidh. ' Gheobhadh leoga ', arsa an seanduine, ' agus céad fáilte, ach níl áit ar bith agamsa a d'fhónfadh do ghaiscíoch óg dóighiúil cosúil leatsa '.

' Á ', arsa mac Rí Éireann, ' cinnte an rud atá maith go leor agat féin i dtólamh tá sé i bhfad rómhaith agamsa aon oíche amháin '.

D'iarr an seanduine air an beathach a thabhairt isteach agus a cheangal i gcionn an toí. Rinne. Rinne an seanduine réidh a shuipéar dó agus thug sé gráinnín coirce don chlibistín ansin. D'inis an buachaill dó ansin cérbh é agus brí a shiúil. D'inis sé dó gur chaith sé an oíche aréir ag a dheartháir agus gur dhúirt sé sin leis má bhí duine ar bith ar an domhan a raibh a fhios aige cén áit a raibh iníon Rí Ello Phárra ina cónaí gurbh eisean a mbeadh an t-eolas sin aige.

'Bhí an ceart aige', arsa an seanduine, 'tá a fhios agam cá bhfuil sí ina cónaí, ar ndóiche. Tá an teach sin ina leithéid seo d'áit agus an méid a chuaigh chun an toí sin ariamh níor phill aon duine acu ariamh. Tá ró spící thart taobh amuigh ar an chaisleán, agus níl aon spíce acu sin nach bhfuil ceann duine air ach aon cheann amháin agus tá iníon an Rí le pósadh nuair a gheofar ceann le cur ar an spíce sin'.

'Tá sin dona go leor', arsa mac Rí na hÉireann.

Chóirigh an seanduine leabaidh bheag luachra ar an urlár dó agus chuaigh sé a luí agus chodlaigh sé sámh go maidin.

Le héirí na gréine lá thar na mhárach bhí sé ar a chois. Bhí a bhricfeasta réidh ag an tseanduine dó agus thug sé dorn cruithneachta don chlibistín agus ansin ghléas sé é féin le dul chun siúil. D'fhág sé slán ag an tseanduine agus nuair a bhí sé ag imeacht dúirt an seanduine leis dá mbeadh sé a choíche ag teacht an bealach ar ais go mbeadh céad fáilte roimhe agus go bhfaigheadh sé lóistín oíche agus fáilte. Chuir sé beannacht leis agus d'imigh sé féin agus an clibistín. 'Creidim anois', a deir an clibistín, nuair a bhí siad giota ar aghaidh, 'creidim gurb é do cheannsa a bhéas ar an spíce sin'.

Shiúil siad leofu ansin go raibh an tráthnóna mall ann agus chí siad an caisleán ar amharc fá ghiota daofu. 'Anois', arsa an clibistín, 'déanfaidh mise each caol dubh díom féin agus beidh achan darna ball dubh agus bán ionam agus cuirfidh mé cruthacha óir orm féin agus gabh thusa ar mo dhroim agus léimfidh mise an bábhún agus nuair a bhéas mise ag siúl thart ar *footwalk* atá thart fán chaisleán cuirfidh iníon an Rí an ceann amach ar an fhuinneoig agus déarfaidh sí leat gur mór an croí duit a bheith ag siúl thart ansin ar airgead a hatharsan. Abair thusa léithi nach raibh airgead ariamh chomh honórach le hór. Tógfaidh mise mo chos agus chífidh sí na cruthacha óir orm. Déarfaidh sí leat gurb iontach deas an beathach é sin atá leat agus abair thusa léithi go bhfuil sé maith go leor, ar mhaith léithi giota marcaíochta a bheith aici air? Déarfaidh sí leat gur mhaith ach go mb'fhéidir go bhfeicfeadh a hathair í. Abair thusa léithi go mb'fhéidir nach bhfeicfeadh sé í ar feadh tamailt bhig. Cuirfidh sí amach a cos ar mo mhuin agus caith thusa isteach romhat ar mo mhuin í. Éireochaidh mise le léim ansin agus glanfaidh mé thar an bhábhún má thig liom é'.

B'fhíor é. Rinne an clibistín each caol dubh de féin agus achan darna ball dubh agus bán ann. Chuir sé na cruthacha óir air féin ansin. Thóg sé a cheo draíochta agus chuaigh sé le léim amháin isteach thar an bhábhún. Chuir iníon an Rí a ceann amach ar an

fhuinneoig agus chonaic sí an beathach deas agus an marcach dóighiúil ag siúl thart. Chuir sí ceiliúr air: 'Nach mór an croí duitse a bheith ag siúl thart fán chaisleán seo ar shráid m'athar'.

'Ó, ní raibh airgead d'athar ariamh agam', a deir sé, 'chomh honórach le hór', leis sin féin thóg an t-each a cos agus chonaic sise go raibh cruthacha óir air.

'Nach iontach deas an beathach é sin atá leat!' ar sise.

'Tá sé deas go leor, maise', arsa seisean, 'ar mhaith leat tamalt marcaíochta a bheith agat air?'

'Ba mhaith liom, maise', a deir sí, 'ach go bhfuil eagla orm go mb'fhéidir go bhfeicfeadh m'athair mé'.

'Ba chóir nach bhfeicfeadh sé thú ar feadh an fhaid sin', arsa seisean.

Chuir sise amach a cois ar mhuin an bheathaigh agus chaith seisean isteach ar a chúl í. D'éirigh an t-each ansin agus ghlan sé amach thar an bhábhún. Bhí sé ansin ina chlibistín beag clamhach mar bhí ariamh.

D'imigh leofu ansin ins na fatha fásaigh agus bhéarfadh an clibistín sin ar an ghaoth a bhí roimhe agus ní bhéarfadh an ghaoth a bhí ina dhiaidh air agus ní raibh tús nó deireadh ar an tsiúl a bhí air. 'Amharc i do dhiaidh', a deir sé leisean sa deireadh, 'agus amharc an bhfuil a dhath ag teacht?' arsa an clibistín.

'Ó, tá an tóir ag teacht cóngarach', arsa seisean. 'Amharc istigh i mo chluais dheis an bhfuil a dhath ann?' arsa an clibistín.

'Níl anseo ach giota beag de chipín', arsa seisean.

'Caith i do dhiaidh é', arsa an clibistín.

Chaith agus ar an bhomaite ar bhuail an cipín an talamh d'éirigh coill mhór ina ndiaidh. B'éigean don bhunadh a bhí ag teacht toiseacht a ghearradh agus a stróiceadh ag iarraidh a mbealach a dhéanamh agus nuair a bhí sin déanta acu bhí an clibistín giota maith ar aghaidh. D'iarr an clibistín air amharc ina dhiaidh ar ais go bhfeicfeadh sé an raibh a dhath ag teacht. Bhí an tóir ag teacht fá ghiota daofu ach ní raibh a oiread ann agus a bhí an chéaduair. 'Amharc i mo chluais chlé', arsa an clibistín leis. D'amharc. 'Níl a dhath inti', arsa seisean, 'ach deoir bheag uisce'.

'Caith i do dhiaidh é' arsa an clibistín.

Chaith agus níor luaithe a bhuail an deoir an talamh ná d'éirigh farraige mhór eatarthu. Chuaigh an tóir ar an tsnámh ansin agus báitheadh mórán acu agus an chuid acu a tháinig sábhailte féin bhí an clibistín giota maith ar shiúl sula bhfuair siad réitithe. Nuair a chuaigh siad giota maith eile ar aghaidh d'iarr an clibistín air

amharc ina dhiaidh ar ais ar eagla go mbeadh tóir de chineál ar bith ag teacht. D'amharc. ' Tá cuid mhór saighdiúirí ag teacht ', arsa seisean, ' ach níl baol ar oiread ann agus a bhí an chéaduair '.

' Amharc faoi mo ruball ', arsa an clibistín, ' agus amharc an bhfaighfeá a dhath ann '.

' Ó níl ann ach drithleog bheag tineadh ', arsa seisean.

' Caith i do dhiaidh í ', arsa an clibistín.

Chaith agus d'éirigh tinidh mhór eatarthu. Bruitheadh agus dóigheadh deireadh ins an tinidh. Bhí siad anois ag éirí cóngarach don teach a raibh Rosca Finne ina cónaí ann.

' Anois ', arsa an clibistín, ' beidh ollghairdeas mór ansin anois. Beidh damhsa agus pléisiúr ann agus beidh Rosca Finne i bhfách leatsa agus coimheád tusa go maith agus coinnigh amach as a bealach nó má gheibh sí póg amháin uait cuirfidh sí faoi gheasa arís thú. Beidh tú chomh holc ansin agus a bhí tú ariamh '.

Bhí go maith, nuair a tháinig siad chun an toí tharraing sé an clibistín bocht isteach ins an charn aoiligh le taobh an toí agus chuaigh sé féin agus iníon Rí Ello Phárra isteach. Rinne sé amach nach mbeadh gnoithe ar bith aige leis an chlibistín níos mó. Bhí an-lúcháir roimhe istigh agus bhí damhsa agus pléisiúr ann. Shuigh seisean i gcoirnéal tamalt a chéaduair ach fá chionn tamailt rinne sé dearmad agus rinne sé amach gur mhór an truaighe dó féin gan éirí i lár na cuideachta. D'éirigh sé a dhéanamh cúrsa damhsa agus thug sé leis Rosca Finne ach ba ghairid a bhí sé ag damhsa léithi gur bhain sí póg amháin de. ' Cuirimse anois ', a deir sí, ' faoi gheasa dubha, draíochta thú go bhfaighidh tú buidéal íocshláinte domsa as an tobar atá sa Domhan Thoir go dtí go nífidh mé mé féin ann an lá a bhéas mé ag dul do mo phósadh '.

Bhí sé ansin chomh holc is a bhí sé ariamh agus fuair sé leabaidh le dhul a luí uirthi ach leoga is iomaí osna bhrónach a lig sé go maidin.

D'éirigh sé ar maidin lá thar na mhárach a fhad leis an chlibistín agus lig sé osna amach óna chroí. ' Hó, hó! ' a deir an clibistín, ' osna mhic rí faoi gheasa í seo. Sin an geasa atá ort agus a bhéas ort go brách. Ní raibh gar domsa caidé a dúirt mé leat aréir. Bhí do dhóigh féin agatsa, ba chuma leatsa ach pléisiúr a bheith agat féin. Tá do sháith agat de anocht '. Thóg sé a chos agus bhuail sé cic air agus chuir sé seacht slat isteach sa charn aoiligh é.

' Cheangail tú mise anseo aréir fá fhuacht, shalachar agus anró gan a dhath a thabhairt le hithe dom, ach ba chuma leat ach dóigh mhaith a bheith ort féin. Bíodh sin anois agat! '

D'éirigh an buachaill bocht fá cheann tamailt agus thoisigh sé dá chraitheadh féin suas agus dá ghlanadh féin. Nuair a d'imigh an fhearg den chlibistín dúirt sé: ' Imigh agus faigh galún cruithneachta agus leathghalún de leann Márta dom '.

D'imigh an buachaill agus fuair sé sin dó. Nuair a bhí sé ite agus ólta aige: ' Gabh ar mo mhuin anseo anois ', arsa an clibistín, ' go bhfeicfidh mé an dtig a dhath a dhéanamh '.

Thóg an clibistín an ceo draíochta i gcomhrac gaoithe agus gréine agus chuaigh sé míle is fiche leis an chéad léim. Shiúil siad leofu ansin ar a socair go raibh an nóin bheag agus deireadh an lae ann agus go díreach le clapsholas bhuail siad isteach ins an chró bheag a bhí ag an chéad seanduine a raibh siad aige. Ar ndóiche, bhí fearadh na fáilte aigesean rompu agus fuair siad lóistín na hoíche aige. Cheangail sé an clibistín isteach i gcionn an toí agus rinne an seanduine réidh a shuipéar go maith don bhuachaill agus thug sé an chuid ab fhearr den ósta don chlibistín. Ansin chuaigh sé féin agus an buachaill chun comhraidh agus chuir an buachaill ceist air an raibh a fhios aige cá raibh tobar na híocshláinte. Dúirt sé sin nach raibh a fhios aige a dhath fá dtaobh de ach má bhí a fhios ag aon duine ar an domhan é go mbeadh a fhios ag a dhearthair é.

Bhí go maith, ar maidin lá thar na mhárach nuair a fuair an buachaill a bhricfeasta, agus ósta tugtha don chlibistín, ghléas sé air agus chuaigh an bheirt chun siúil. Thóg an clibistín an ceo draíochta agus chuaigh sé míle agus fiche leis an chéad léim. Shiúil siad leofu ansin go raibh an nóin bheag agus deireadh an lae ann agus go díreach le dubhsholas casadh iad ag an chró beag a raibh an darna seanduine ina chónaí ann. Ar ndóiche bhí fáilte is fiche aige rompu agus tharraing an buachaill an clibistín isteach i gcionn an toí. Rinne an seanduine réidh suipéar maith dó agus thug ósta maith don chlibistín fosta. Ansin chuir an buachaill ceist air an raibh barúil ar bith aigesean cá raibh tobar na híocshláinte Dúirt sé nach raibh agus nach gcualaigh sé ariamh iomrá air, ' ach ', a deir sé, ' is mise an máistir ar éanacha an domhain mhóir uilig agus tig siad ar féasta chugam uair gach uile sheachtú bliain agus tá siad le bheith anseo amárach agus beidh tuairisc acusan cá bhfuil sé, b'fhéidir '.

D'éirigh an seanduine amach ar maidin lá thar na mhárach agus chaith sé gráinnín beag cruithneachta ar lafta an sciobóil agus thoisigh na héanacha ag teacht anoir is aniar agus bhí iontas go deo ar a raibh acu ann sa deireadh. Nuair a bhí siad uilig cruinnithe

chuir an seanduine ceist orthu an raibh a fhios acu cá raibh tobar na híocshláinte. D'amharc ceann acu ar an cheann eile ach níor labhair ceann ar bith.

' Ó, spréadh dearg oraibh! ' arsa an seanduine, ' a phaca gan mhaith ', a deir sé, ' is mairg a bhí ag tabhairt bia daoibh leis an fhad seo d'am nuair nach bhfuil agaibh a dhath eolais inniu ach mar sin '.

' Maise ', a deir sclábhaí d'éan bheag bhídeach a bhí ann, ' bhí m'athair mórsa le theacht inniu agus ní raibh sé go maith le cúpla lá agus dúirt sé liomsa ar maidin dá n-éireochadh feochan gaoithe sa lá go mb'fhéidir go dtiocfadh sé agus tá mé cinnte go mb'fhéidir go mbeidh a fhios aigesean rud inteacht fá dtaobh de '.

Bhí siad amach is isteach ag amharc an bhfeicfeadh siad a dhath ag teacht agus sa deireadh d'éirigh feochan beag gaoithe. Chí siad an toirt mhór dhubh ag teacht anoir chucu sa spéir i bhfad uathu agus d'imigh an t-éan beag agus cúpla ceann eile acu ina araicis. Chuaigh cuid faoina ruball agus cuid faoina eiteogaí agus cúpla ceann faoina bhrollach agus streachail siad leofu é gur fhág siad ina luí istigh ar an lafta é. Bhí sé an-bhrónach tuirseach ar feadh tamailt ach sa deireadh d'ith sé gráinnín beag cruithneachta. Thug sin misneach beag dó agus d'imigh an chuma thuirseach a bhí air.

' Bhail, a athair mhóir ', arsa an t-éan beag leis, ' chuir an fear seo ceist orainne anseo inniu cén áit ins an Domhan Thoir a bhfuil tobar na híocshláinte. B'fhéidir, a athair mhóir, go bhfuil a fhios agatsa cá bhfuil sé '.

' Ó maise, tá fhios agam ', arsa an t-athair mór, ' tá an tobar sin istigh i gcroí cnoc tineadh ina leithéid seo d'áit agus ní theachaigh aon duine nó beathach ariamh dá chomhair nár bruitheadh is nár dóigheadh '.

Scaip na héanacha uilig soir is siar ansin is níor fhan aon cheann acu. Ghléas an buachaill is an clibistín orthu ansin agus d'imigh leofu. Thóg an clibistín an ceo dubh draíochta agus thug sé léim mhíle is fiche i gcomhrac gaoithe is gréine agus ní raibh siad tamalt ar bith ag dul go bun an chnoic.

' Marbh thusa mise anois ', arsa an clibistín.

' Maise ní mhuirbhfidh mé go deo thú ', arsa an buachaill.

' Marbh mé ', a deir sé, ' agus feann suas mé '. Gabh isteach i mo chraiceann agus tiocfaidh trí fiacha ag ól mo chuid fola. Cuir thusa amach do lámh agus faigh greim orthu, agus abair leofu go mbainfidh tú na cinn daofu mura dtugaidh siad buidéal íocshláinte amach as an tobar chugat '.

' Ní mhuirbhfidh mé go brách thú ', arsa an buachaill.

' Coinnigh an scian sin ', arsa an clibistín.

Choinnigh an buachaill an scian go fadálach agus leis sin thug an clibistín léim chun tosaigh in éadan na sceana. Chuaigh an scian fríd a chroí agus thit sé marbh ar an léana. Bhí an buachaill ina sheasamh ansin agus na deora ag sileadh leis ag amharc air ina luí marbh. Fá chionn tamailt nuair a chaoin sé a sháith rinne sé amach go mb'fhéidir go mb'fhearr dó é a fheannadh, agus d'fheann. Chas sé an craiceann fá dtaobh de agus luigh sé síos ar an talamh. Ba ghairid uilig go dtáinig na trí fiacha agus thoisigh a dh'ól na fola. Chuir an buachaill amach a lámh agus rug sé ar cheann acu a chéaduair. Chuir sé amach a lámh aríst agus fuair sé greim ar an darna ceann. Bhí an tríú ceann aige anois ina lámh agus dúirt sé go mbainfeadh sé an ceann díofa mura dtugadh siad buidéal íocshláinte amach as an tobar dó. Níor labhair ceann ar bith acu ar feadh tamailt.

' Maise ', a deir sclábhaí de cheann bheag bhídeach amháin acu a bhí i bhfad níos lú ná an bheirt eile, ' bhéarfaidh mé féin iarraidh air, le marbhadh atá mé ar scor ar bith, agus is ionann dom é. Cuirigí buidéal beag ar mo mhuineál agus bhéarfaidh mé iarraidh ar an tobar '. Cuireadh an buidéal air agus d'imigh sé leis suas, suas ag cleitearnach leis, agus nuair a bhí sé thuas díreach os cionn an tobair thug sé iarraidh anuas agus tháinig sé anuas díreach isteach i gcroí an tobair. Líon sé an buidéal ansin agus d'éirigh sé suas in airde. Ní raibh moill ar bith air anois nó bhí an íocshláinte air agus tháinig sé amach anuas an cnoc istigh i lár na tineadh agus ní raibh aon bhall dóite air. Tháinig sé chun talaimh agus port feadalaigh leis agus an buidéal leis.

' Maise ', a deir an dá phréachán mhóra, ' dá mbeadh cuid den íocshláinte cuimilte orainne agus buidéal a chur ar ár muineál agus ceann ar ár ruball bhéarfadh sinne amach ceithre bhuidéal den íocshláinte chugat '.

Chuimil an buachaill an íocshláinte orthu agus cheangail sé an dá bhuidéal orthu agus d'imigh siad suas fríd an tinidh. Ní raibh sé tamalt ar bith go raibh siad ar ais agus na ceithre bhuidéal leofu. Scaoil sé ar shiúl na fiacha ansin agus chuir sé na cúig bhuidéal ina phóca agus shiúil sé leis gearrghiota. Smaoitigh sé dá gcruinneochadh sé suas an clibistín ar ais agus cuid den íocshláinte a chur air go mb'fhéidir go n-éireochadh sé beo aríst. Phill sé chuige agus chas sé an craiceann air ar ais chomh maith is a tháinig leis is chuimil sé an íocshláinte air uilig. D'éirigh an clibistín suas chomh maith is bhí sé ariamh. Theann sé ar a chúl is bhuail sé an-chic ar an bhuachaill is chuir sé seacht slat síos an léana é.

' Bíodh sin anois agat! ' a deir sé, ' a sheanbhithiúnaigh gan mhaith, níor fhág mé a dhath ar an domhan nár inis mé duit, ach nár iarr mé ort mé a chruinniú suas agus hobair go bhfágfá i mo bhia préacháin ag bun an chnoic mé le mo shaol '.

D'éirigh an buachaill fá cheann tamailt bhig agus chraith sé é féin suas agus labhair an clibistín leis: ' Imigh agus faigh galún cruithneachta agus leathghalún de leann Márta domsa agus b'fhéidir go ndéanfainn rud inteacht '.

D'imigh an buachaill ansin agus fuair sé sin dó agus nuair a bhí a sháith ite, ólta aige d'iarr an clibistín air a dhul ar a mhuin. Chuaigh an buachaill ar a mhuin ansin agus thóg an clibistín an ceo draíochta agus chuaigh sí míle agus fiche leis an chéad léim. Bhog siad leofu go socair ansin agus go díreach le dubhsholas tháinig siad go dtí an cró a raibh seanduine na n-éanlaithe ina chónaí ann. D'fhan siad aigesean an oíche sin agus an darna lá chuaigh siad chun siúil aríst agus go díreach le dubhsholas tháinig siad a fhad leis an chró a raibh an chéad seanduine ann. D'fhan siad aigesean an oíche sin. An tríú maidin chuaigh siad i gcionn an tsiúil aríst, agus go díreach nuair a bhí coim dorchadais na hoíche ag teacht bhí ballaí arda an toí ghalánta a raibh Rosca Finne ina cónaí ann ar a n-amharc. Shiúil siad leofu go raibh siad ag taobh an toí.

' Anois ', a deir an clibistín, ' beidh an-lúcháir ar Rosca Finne romhatsa agus iarrfaidh sí buidéal na híocshláinte ort. Cuimleochaidh sí an íocshláinte seo daoithi féin anocht ó bhun go barr agus bí thusa cinnte agus coinnigh buidéal den íocshláinte duit féin agus cuimil ort féin é anocht nuair a rachas tú suas a luí. Beidh sé bhairille *tar* ag gail taobh amuigh den doras amárach agus rachaidh Rosca Finne isteach i gceann acu agus amach as sin agus isteach ins an cheann eile go dtí go raibh na sé cinn siúlta aici agus déarfaidh sí ansin nach nglacann sí aon fhear go brách ach an fear a bhéas ábalta an rud céanna a dhéanamh. Beidh tusa ábalta sin a dhéanamh nuair a bhéas an íocshláinte ort agus beidh sí bainte ansin agat '.

B'fhíor é. Chuaigh siad ar aghaidh chun an toí agus tharraing siad an clibistín san áit a mbíodh sé i dtólamh. Chuaigh sé isteach. Bhí lúcháir mhór roimhe agus rinne Rosca Finne réidh suipéar maith dó. D'iarr sí buidéal na híocshláinte air agus thug sé daoithi é. Ba ghairid ansin gur cuireadh suas an staighre ina luí é agus nuair a bhí sé ag dul isteach chun na leapa chuimil sé an íocshláinte air féin ó bhun go barr.

Ar maidin lá thar na mhárach d'éirigh sé go leor a luas agus chonaic sé na sé bairillí ag gail taobh amuigh den doras. Tháinig

Rosca Finne amach agus léim sí isteach i mbairille acu agus amach as sin isteach ins an cheann eile go raibh na sé cinn siúlta aici. Bhí cruinniú mór daoine sa láthair agus a deir Rosca Finne ' ní phósfaidh mé aon fhear go brách ach an fear a dhéanfas an rud céanna '.

Thoisigh fir ag féachailt leis ach bhíthear dá mbruith chomh luath is a rachadh siad isteach. Bhí cuid mhór bruite sa deireadh agus bhí mac Rí Éireann ina sheasamh ag amharc orthu ar fad. Sa deireadh deir sé, ' Sílim go bhféachfaidh mé féin leis '. Léim sé isteach ins an chéad bhairille agus ó sin isteach ins an cheann eile go raibh na sé cinn siúlta aige. Tháinig sé aníos an tsráid os a gcoinne uilig agus gan ball dóite air. Fuair Rosca Finne greim dhá láimh air agus a deir sí, ' is é seo anois m'fhearsa '. Rinneadh réidh an-fhéasta go deo ansin agus bhí an lánúin le pósadh lá thar na mhárach.

Smaoitigh an buachaill gur mhithid dó dearcadh thart go bhfeicfeadh sé fá dtaobh den chlibistín. D'imigh sé thart san áit ar fhág sé é ach ní raibh clibistín ar bith le fáil aige. Chuaigh sé thart le seomra beag a bhí amuigh i gcúl an toí agus go díreach nuair a bhí sé ag dul thart leis an fhuinneoig chí sé an buachaill óg dóighiúil rua ina shuí ag an tábla ag baint de na féasóige. Chuir sé a lámh amach ar an fhuinneoig chuige. ' Gabh isteach ', a deir sé, ' is mise do chlibistín agus bhí mé le bheith go brách faoi gheasa nó go mbainfeása Rosca Finne agus tá iníon Rí Ello Phárra anois le bheith mar bhean agamsa '.

Pósadh an dá lánúin lá thar na mhárach agus bhí bainis as cuimse ann agus tá siad go han-mhaith uilig ón lá sin go dtí an lá inniu.

2.6. AN BHEAN AR FHÓIR AN BHRÓG GHLOINE DAOITHI

Bhí fear ann fadó agus is fada ó bhí. Fuair a bhean bás agus ní raibh aige ach iníon amháin. Ba ghairid ina dhiaidh sin gur pósadh arís é agus bhí triúr iníonacha aige leis an bhean sin. Ach nuair a d'éirigh siad suas ina gcailíní ní raibh meas ar bith acu ar an chéad bhean—ba chuma cá mbeadh sí ag dul ní bheadh sí leofu in áit ar bith.

Bhí teach rí cóngarach agus bhí an-oíche dhamhsa le bheith ann. Ghléas an triúr óga iad féin agus d'imigh siad agus fágadh istigh ise agus ní ligfí ann í ar chor ar bith. Ba ghairid a bhí siad ar shiúl

go dtáinig bean isteach agus labhair sí leis an chailín. ' Caidé ', a deir sí, ' a bheir tusa istigh. Nach iontach nach bhfuil tú ag damhsa cosúil leis an chuid eile? '

' Ó, ní ligfeadh siad leofu ar chor ar bith mé ', a deir sí, ' agus caithfidh mé deireadh a bheith déanta agam nuair a thiocfas siad ', a deir sí.

' Bhail ', a deir an bhean, ' gléasfaidh mise thú agus cuirfidh mé ionsar an damhsa thú agus beidh deireadh déanta agam dá bhfuil le déanamh nuair a thiocfas tú. Amharc ins an *trap* atá ina leithéid seo d'áit an bhfuil luchóg ar bith ann '.

D'amharc. Bhí ceithre luchógaí sa *trap*. Ghléas sí suas an capall agus rinne sí ceithre bheathach capaill de na luchógaí agus fuair sí frog agus rinne sí gíománach de agus fuair sí *trap* ansin agus ghléas sí an t-iomlán ansin go maith agus ní raibh aon chailín ar an domhan a ba dheise nó an bhean óg agus go fiú nár chuir sí bróga gloine uirthi! Chuaigh sí chun an damhsa ansin agus níor aithin duine ar bith dá raibh istigh í ar chor ar bith. Ní raibh cailín ar bith istigh a raibh meas ag mac an Rí uirthi ach í. Bhí sí leis ag damhsa ar fad. D'iarr an bhean a ghléas í uirthi a bheith cinnte agus í an damhsa a fhágáil ar uair an mheánoíche. D'imigh sí ar uair an mheánoíche i ngan fhios do mhac an Rí. Nuair a chuaigh sé a dh'amharc fá dtaobh daoithi ní raibh sí le fáil ar chor ar bith aige. Bhí an cóiste amuigh ar fad ag fanacht léithi.

Bhí go maith, an oíche thar na mhárach bhí an damhsa le bheith ar ais ann agus ghléas an triúr óga iad féin agus d'imigh siad an dóigh chéanna. I dtrátha an ama céanna tháinig an bhean an oíche sin ar ais. ' An bhfuil tú istigh anocht ar ais? ' a deir sí.

' Tá cinnte ', a deir an ghirseach.

Rinne sí an cleas céanna an oíche sin agus chuir sí an cailín a fhad leis an damhsa. Nuair a chuaigh sí isteach ní raibh dadaidh istigh a raibh meas ag mac an Rí air ach í. Bhí sé ag damhsa i rith na hoíche léithi agus ar uair an mheánoíche d'imigh sí. D'imigh sí i ngan fhios dó an oíche sin fosta agus ag dul amach daoithi bhí an cóiste ag fanacht ar fad léithi agus chuaigh sí abhaile.

An tríú hoíche bhí an damhsa ag mac an Rí agus ghléas an triúr óga orthu agus chuaigh siad chuige. Ba ghairid a bhí siad ar shiúl go dtáinig an bhean seo isteach ionsar an chailín. ' An bhfuil tú anseo anocht ar ais? ' Ghléas sí í an dóigh chéanna ar imigh sí na hoícheannaí eile agus an cóiste léithi.

Bhain rud inteacht daoithi an oíche seo agus d'fhan sí bomaite nó beirt i ndiaidh an dó dhéag. D'imigh sí amach ansin agus ní raibh ann ach go raibh sí amuigh gur imigh an galántas agus gur

imigh an cóiriú uilig go léir. D'imigh sí i ngan fhios an oíche sin fosta agus lean sé amach í. Bhí fear ag an gheafta ag dul amach dó agus d'fhiafraigh sé den fhear seo an bhfacaigh sé cailín galánta ag dul amach ansin.

' Ní fhacaigh ', arsa seisean, ' ach chuaigh cailín amach ansin a bhí cumhdaithe le seanéadaí agus ní fhacaigh mé a leithéid ariamh—bhí sí chomh holc sin '.

Nuair a tháinig sise amach an oíche sin ní raibh cóiste nó dadaidh fána coinne ach thit ceann de na bróga gloine daoithi sul ar imigh sí. Fuair mac an Rí an bhróg agus an lá thar na mhárach d'imigh sé go bhfeicfeadh sé cén áit an bhfaigheadh sé ceann a n-oirfeadh an bhróg daoithi. Shiúil sé leis agus ní raibh dul aige ceann ar bith a fháil a raibh an bhróg ag fóirstean daoithi. Bhí siad ag baint na ladhar daofu féin agus bhí siad ag baint na sál daofu féin agus ní raibh dul acu an bhróg a fháil orthu mar sin féin. Ach tháinig sé a fhad leis an teach seo sa deireadh agus d'fhéach an triúr óga orthu an bhróg ach ní raibh sí ag fóirstean do dhuine ar bith acu. D'iarr sise í go deireanach go bhfeicfeadh sí an bhfóirfeadh sí daoithi féin—chomh luath is a chocáil sí an bhróg lena cois shleamhnaigh sí isteach siar inti. ' Bhail chím ', a deir sé, ' tusa mo bheansa ', a deir sé, ' agus caithfidh tú a dhul linn go bpósfar sinn '.

Pósadh é féin agus an cailín agus rinne siad gnoithe an-mhaith. Ní raibh dóigh leath chomh maith ar na cailíní eile ar scor ar bith. Bhí sise ní b'fhearr nádúir nó iadsan agus nuair a briseadh anuas ins an tsaol iad d'imigh sí agus thug sí an triúr léithi agus thug sí a sáith d'achan seort daofu go bhfuair siad bás.

3. SCÉALTA CRÁIFEACHA

3.1. GABHA AN tSOIC

Bhí seanghabha thíos ansin ag Gort an Easa. Ní raibh mórán maithe ann, nó ní raibh sé ábalta mórán a dhéanamh ní b'fhearr nó soc seisrigh. Bhíodh an-saothrú aige i gcónaí ó thoisíodh am an treafa go mbíodh an barr i dtalamh agus ní bhíodh *trade* ar bith aige níos mó.

Lá amháin go deireanach tháinig fear aníos an bealach mór agus d'fhiafraigh sé de an dtabharfadh sé iasacht na ceárta dó go gcuirfeadh sé cruthacha ar an bheathach seo. ' Bhéarfaidh cinnte ', arsa seisean, ' níl mise ag déanamh dadaidh léithi '.

Tháinig an fear isteach agus shéid sé suas an tinidh agus leag sé an beathach agus bhain sé na ceithre cosa daoithi agus sháigh sé cos acu isteach sa tinidh agus thoisigh sé ag séideadh agus ba ghairid a bhí sé ag séideadh gur tharraing sé amach í agus bhí an cruth uirthi ab fhearr a chonaic sé ar aon bheathach ariamh. Ach rinne sé sin leis na ceithre cinn agus leag sé isteach ar ais iad agus bhí siad chomh maith agus a bhí siad ariamh. Chuir sé an beathach ina sheasamh agus d'imigh sé leis.

Bhí seanbheathach ag an ghabha é féin agus ba ghairid go raibh cruthacha de dhíth air agus dar leis féin go ndéanfadh sé an rud céanna a rinne an fear a tháinig isteach. Thug sé isteach an beathach agus leag sé é agus ghearr sé na ceithre cosa de. Chuir sé ceann acu sa tinidh agus thoisigh sé ag séideadh gur éirigh boladh as an chois agus gur thoisigh sí ag dóú. Dhóigh sé isteach go dtí an ghlúin í ach leis an scéal fada a dhéanamh gairid rinne sé sin leis na ceithre cinn. Bhí na ceithre cinn dóite aige ansin agus an beathach marbh aige. Bhí sé buartha go leor ansin fán rud a bhí déanta aige.

Bhí go maith, ní raibh sé i bhfad ina dhiaidh sin go dtáinig an fear céanna aníos an bealach mór agus beirt bhan leis. Bhí na mná ag troid agus é ag déanamh an-rud dá gcoinneáilt amach óna chéile. Tháinig sé isteach an lá sin agus d'fhiafraigh sé de an dtabharfadh sé iasacht na ceárta dó agus dúirt sé go dtabharfadh. Chuir sé síos tinidh agus nuair a bhí sé lasta go maith rug sé ar an bheirt acu agus chuir sé trasna ar a chéile iad ar mhullach na tineadh. Thoisigh sé ag séideadh ansin go dtí go dteachaigh an bheirt le barr thineadh. Nuair a bhí siad ionann is a bheith dóite níor mhothaigh an gabha gur phreab an cailín óg a ba deise a chonaic sé ariamh amach as an tinidh. D'imigh an diúlach amach ar an doras agus an cailín leis.

Bhí máthair an ghabha agus an cailín a bhí aige—bhíodh siad féin ag titim amach le chéile corruair. Dar leis féin aon lá amháin ' b'fhearr domsa dá bhfaighinn cailín óg cosúil leis an fhear a bhí istigh anseo ar a leithéid seo d'am agus dá bhfaighinn cailín i bhur n-áit b'fhearr dom é go mór '.

D'éirigh troid eatarthu aon lá amháin go deireanach agus chuir an gabha síos tinidh mhór. Rug sé ar an bheirt ansin agus chaith sé isteach sa tinidh iad agus thoisigh sé ag séideadh. Shéid sé gur shéid sé amach ar an simléar iad ina luaith. Ní raibh cailín ar bith ag teacht amach as an tinidh chuigesean. Bhí sé fríd an teach ansin agus bhí sé ag tarraingt na gruaige amach as a chloigeann fán rud a bhí déanta aige agus leis sin féin seo isteach an diúlach.

' Caidé an buaireamh atá ort inniu? ' a deir sé leis an ghabha. ' Tá mo sháith de bhuaireamh orm ' a deir sé. ' Shíl mé go bhfaighinn macasamhailt an chailín sin a fuair tusa an lá deireanach a bhí tú sa cheárta. An bheirt bhan a bhí agamsa ', a deir sé, ' rinne mé an rud céanna leofu a rinne tusa agus níl aon *bhit* le fáil daofu anois nár shiab mé amach ar an simléar '.

' An síleann tú ', a deir sé, ' an bhfuil greim ar bith daofu le fáil ar chor ar bith? '

' Ó, tá mé ag déanamh nach bhfuil ', arsa an gabha.

Thoisigh an diúlach ag cruinniú thart ag féachailt an bhfaigheadh sé bratógaí beaga ar bith daofu ar chor ar bith nó seort ar bith conamair. Fuair sé traidhfil beag agus chóirigh sé suas an tinidh agus thoisigh sé ag séideadh. Ní raibh sé i bhfad ag séideadh gur phreab an cailín óg amach as an tinidh a ba dhathúla ar leag sé a shúil ariamh uirthi. Bhí an-lúchair ar an ghabha a ba mhó a bhí ar aon fhear ariamh.

Bhí go maith, d'fhan an fear seo ag an ghabha ansin gur fhoghlaim sé achan seort dó dá raibh ag baint leis an cheird agus ó sin amach bhí *trade* go leor aige ó cheann go ceann na bliana. Pósadh é féin agus an cailín óg a tháinig amach as an tinidh agus bhí dóigh mhaith orthu thoir i nGort an Easa go bhfuair siad bás agus i ndiaidh a mbáis ní raibh Gort an Easa ariamh ó shin gan ghabha.

3.2. ÁR SLÁNAITHEOIR AGUS NAOMH PEADAR

Fada ó shin nuair a bhí Ár Slánaitheoir ag dul thart ar an tsaol seo bhí Sé féin agus Naomh Peadar amuigh ag siúl lá amháin. Ar a mbealach casadh fear orthu nach raibh snáithe ar bith air ach go díreach mar tháinig sé ar an tsaol. Bheannaigh Ár Slánaitheoir dó ach ní raibh de ach sin.

Shiúil siad leofu giota eile agus casadh buachaill óg dathúil daofu agus é gléasta go galánta. Sheas Ár Slánaitheoir aige seo agus nuair a bhí sé dá fhágáil thug sé scilling don bhuachaill. D'imigh sé leis ansin.

' Bhail ', a deir Peadar, ' a Rí ', a deir sé, ' tá iontas orm caidé an fáth a dtug tú scilling don bhuachaill bhreá sin atá gléasta amach mar sin agus a rá nach dtug tú rud ar bith don fhear bhocht nach raibh snáithe air! '

' Bhail ', arsa Ár Slánaitheoir, ' thug mé an t-airgead don fhear chóiríste mar go bhfuil croí caite aige, ach an fear eile tá lán croiceann searraigh d'ór is de airgead aige agus tá sé chomh cruaidh leatromach agus nach gcaitheann sé pingin de agus níl aon phingin ag an bhuachaill ach go bhfuil croí caite aige. Gabh thusa amach ', arsa Seisean le Naomh Peadar, ' a fhad lena leithéid seo d'áit, agus ansin tá craiceann an tsearraigh agus é lán d'ór is d'airgead, agus tá mise ag tabhairt cead duit an t-ór a chaitheamh ar shiúl agus an t-airgead geal a choinneáilt duit féin '.

' Déanfaidh mise sin duit agus céad fáilte ', arsa Naomh Peadar.

Bhí go breá, d'imigh Naomh Peadar ar maidin lá thar na mhárach ach nuair a tharraing sé ar chraiceann an tsearraigh in áit an t-ór a chaitheamh uaidh thug sé leis é. Bhí barúil mhaith ag Ár Slánaitheoir go santóchadh sé an t-ór ach bhí sé fá choinne feiceáilt an ndéanfadh.

Chaith Peadar uaidh an t-airgead geal agus choinnigh sé an t-ór. Sin an fáth, chualaigh muid an seanbhunadh a rá, an bhfuil na sagairt santach ar an airgead ariamh ó shin.

3.3. BREITHIÚNAS AITHRÍ

Chualaigh mé iomrá go minic fá dhaoine sa tseanam a gcuireadh na sagairt breithiúnas aithrí trom orthu—sin daoine a mbeadh breithiúnas báis orthu in amannaí le hól poitín, nó a bhéarfadh iarraidh mharfa ar dhuine le neart feirge agus daoine nach mbeadh dá n-iompar féin mar ba mhaith le achan duine iad a dhéanamh. Is minic a chuireadh sagart sa tseanam mar bhreithiúnas aithrí orthu seo go gcaithfeadh siad siúl costarnochta go Loch Dearg nó go gcaithfeadh siad a dhul ó seo go Turas Chonaill trí Aoine ina dtroscadh. Bhí na sagairt i bhfad níos cruaidhe ar dhaoine san am sin nó mar atá siad anois agus bhíodh buaireamh níos mó ar dhaoine fosta nuair a dhéanfadh siad rud inteacht as bealach.

3.4. BREITHIÚNAS AITHRÍ NAOMH CONAILL

Chualaigh mé an seanbhunadh ag trácht go minic ar bhreithiúnas aithrí a cuireadh ar Naomh na paróiste seo fada ó shin—Naomh Conall Caol. Is cosúil gur peata gan chomhairle a bhí ann agus chnag sé a athair le smután aon lá amháin. Chuaigh sé ar faoistin ionsar shagart agus dúirt an sagart leis nach mbeadh maithiúnas aige choíche ó Dhia mura dtéadh sé amach ar oileán fásaigh agus a bheith ansin go dtigeadh éan de chuid an aeir agus go ndéanfadh sé nead ar chroí a bhoise agus nuair a d'imeochadh na héanacha óga as an nead go mbeadh maithiúnas aige ó Dhia.

Ba chruaidh an breithiúnas aithrí é ach shiúil Conall leis agus níor stad sé go dtáinig sé go hInis Caoil thiar anseo ag an fharraige. Deir siad gur chaith sé seacht mbliana ansin agus gan greim aige le hithe ach bia trá. Ar an seachtú bliain tháinig samhradh an-te, agus lá amháin bhí sé ina luí amuigh agus thit sé ina chodladh, agus ní raibh a fhios caidé an codladh a rinne sé ach nuair a mhúscail sé bhí soipín na neide ar a bhois agus an t-éillín ar shiúl. Bhí a bhreithiúnas aithrí istigh ansin agus bhí a fhios aige go raibh maithiúnas aige ó Dhia fosta ach ní raibh sé sásta ina intinn mar sin féin agus dar leis go gcaithfeadh sé an chuid eile dá shaol i gcionn oibre Dé. Thoisigh sé ansin agus chaith sé an chuid eile dá shaol ag déanamh turais agus ag beannú achan seort. Rinne sé turas mór in Inis Caoil agus níl bliain ar bith ó shin nach dtéid na céadta ann a shiúl an turais agus leoga leigheasadh daoine go leor ann fosta.

3.5. SCÉAL AN PHOTA MHÓIR

Bhí fear as na Cruacha ag faoistin sa tseanam in am *Stations* agus nuair a bhí sé éistithe tháinig sé ar ais chun na cistineadh agus mar is gnách chuaigh an bunadh a bhí ina suí thart ansin ag magadh air agus a fhiafraí de ar scríob sé an pota go maith.

' Scríob ', arsa seisean, ' ach níor inis mé scéal an phota mhóir dó agus sin scéal nach gcluin aon duine go brách '.

Níor inis sé don tsagart nó do dhuine ar bith eile scéal an phota mhóir agus tá sé ina shean-nathán ag daoine ariamh ó shin tá dhuine nach ligeann a rún le duine ar bith—deirtear fá dtaobh de gur beag a chluinfeas scéal an phota mhóir uaidh.

4. SCÉAL RÓMANSAÍOCHTA

4.1. SAIBHREAS AN GHOBÁIN tSAOIR

Bhail, bhí fear thoir ansin os cionn an bhealaigh mhóir ar an Fhál Gharbh ina chónaí fada ó shin—chonaic mé féin na seantoithe a raibh sé ina chónaí iontu—fear a dtugadh siad an Gobán Saor air. Ní raibh fear ar bith in Éirinn a bhí ina shaor chomh maith leis nó ina chearpantóir chomh maith leis.

Bhí am ann agus bhí caisleán mór le déanamh ag Ó Domhnaill a bhí i nDún na nGall. Chuir sé cuireadh ar an Ghobán tSaor leis an chaisleán a dhéanamh. Chuaigh an Gobán Saor suas agus rinne sé an caisleán agus is é an moirtéal a chuaigh sa chaisleán sin fuil bolóige agus gruth. Bhí an-obair aige ar an chaisleán a dhéanamh. Fuair sé na clocha anoir ó shléibhte Thamhnach an Mhullaigh agus is é an dóigh a bhfuair sé anoir iad—bhí sé ina fhear mhór sa tír—agus fuair sé scaifte mór fear agus chuir sé fear acu i ndiaidh an fhir eile ina ró anoir agus síneadh anoir iad de réir cloch agus cloch ó dhuine go duine gur fágadh thiar ag an chaisleán iad agus go bhfuair sé déanta an caisleán. Rinne sé an caisleán ansin de réir mar bhí sé ag fáil na gcloch agus nuair a bhí sé déanta aige cinnte bhí sé ina chaisleán mhaith. D'fhiafraigh Ó Domhnaill de caidé a bhí le fáil aige ar son an chaisleán a dhéanamh. D'inis an Gobán dó ach leoga thug Ó Domhnaill dó níos mó ná d'iarr sé; thug sé píce óir dó.

D'imigh an Gobán anuas an cnoc an aicearra, ní raibh bealaí móra fairsing an t-am sin, agus bhí na robairí dá choimheád agus an cineál coille atá thuas ansin i Loch Iasc ní coill a cuireadh atá inti ach coill a bhí ag fás ariamh as an talamh, bhí siad ina luí ins an choill roimhe agus bhí píce an óir leis. Mharbh siad an Gobán Saor agus bhí tuaigh leis a raibh geasa uirthi. Rinne siadsan amach go ngearrfadh siad crann a chaithfeadh siad sa mhullach air. Chuaigh siad a bhaint an chrainn agus bhí geasa ar thuaigh an Ghobáin tSaoir agus mhothaigh a bhean ar an Fhál Gharbh é. Ghearr sí amach an aicearra ag Bearnaí na gCloch Mór agus síos an cnoc ag tarraingt ar choill Loch Iasc, agus bhí siadsan ansin agus an crann leathghearrtha acu agus ní raibh dul acu é a ghearradh ar dóigh agus chuaigh sise a chuidiú leofu. Bhí foscladh beag ins an chrann agus d'iarr sise orthu é a bhrú agus go ngearrfadh sise

amach é. Nuair a fuair sé lámha an triúir istigh san fhoscladh a bhí sa chrann dhruid an crann isteach orthu agus ghreamaigh sise ar an triúr ansin agus mharbh sí an triúr. Chuir sí píce an óir ar a droim agus thug sí chun an Fhál Ghairbh é. Bhí athair an fhir a rinne an caisleán ansin ar fad.

' Tá an t-ór ansin anois ', arsa sise, ' agus creidim go dtiocfaidh daoine orainn anocht a bhéarfas ar shiúl é '.

Chuaigh an fear sin amach agus an t-ór leis agus chuir sé i bhfolach ar an Fhál Ghairbh é agus ní bhfuair aon duine aon phingin den ór sin ón lá sin go dtí an lá inniu agus níor baineadh úsáid ar bith as.

Chualaigh mé duine aosta ag rá—fear de na carraeirí móra a bhí ag teacht aniar as Íochtar Baoghallach roimhe seo—go dtearn sé brionglóid go raibh cnap óir i bhfolach ar thaobh an Fhál Ghairbh. Bhí sé ag amharc suas air agus dúirt sé le fear a bhí ag siúl an bhealaigh mhóir é. D'fhiafraigh an fear de cén áit a raibh sé.

'Bhail, dá dtiginnse fána choinne sa lá ní bhfaighinn é', a deir sé, ' nó dá bhfaighinn ní thiocfaidh liom é a thabhairt liom nó bhainfí díom é '.

' Bhail, an bhfuil sé i bhfad suas? ' a deir an fear a bhí ag comhrá leis.

' Bhail, níl sé i bhfad suas ', a deir fear Íochtair Bhaoghallaigh, agus níl sé i bhfad anuas '.

Níor mhothaigh mise go bhfuair aon duine an t-ór sin ón lá sin go dtí an lá inniu.

5. SCÉALTA GRINN

5.1. AN GASÚR A D'FHOGHLAIM GADAÍOCHT

Bhail, bhí bean ann i bhfad ó shin agus bhí gasúr aici agus nuair a d'éirigh an gasúr suas rinne sé amach go n-imeochadh sé ar fostú.

Bhí bodach mór ins an chomharsanacht acu agus nuair a chualaigh sé go raibh an gasúr ag imeacht ní dhéanfadh rud ar bith cúis dó ach go ndéanfadh sé féin é a fhostú. D'fhostaigh sé é. Bhí sé ina ghasúr an-mhaith umhal agus choinnigh sé i bhfad é. Bhíodh mórán bodach fán teach aige agus bhíodh coirmeacha móra aige daofu. Bhí an-fhéasta ann go deireanach agus bhí cailín ag déanamh réidh ann. Bhí seisean amach is isteach ann agus chonaic sé go deireanach caidé an rud a bhí leagtha síos ar thábla ann agus rinne sé amach go raibh sé an-deas. Bhí sceana agus spúnógaí airgid ann agus rinne seisean amach dá mbeadh sin ag a mháthair gur mhaith an rud é agus go raibh luach airgid ann dá ndíolfadh sí é. Chruinnigh sé lán a dhá láimh acu agus ní raibh aige ach reáchtáil thar an chlaí agus chuaigh sé isteach is thug sé sin don mháthair.

Thoisigh an cuartú ansin agus, ar ndóiche, fuair siad an gasúr ciontach gurbh é a ghoid na sceana agus na spúnógaí. Tháinig an máistir isteach ionsar mháthair an ghasúir agus d'inis sé daoithi caidé mar bhí agus go dtabharfadh seisean lá agus bliain don ghasúr anois le gadaíocht a fhoghlaim, agus i ndiaidh an ama sin mura ngoidfeadh sé rud ar bith a déarfadh seisean go gcrochfadh seisean é mar mhaithe leis. Théigh fá dtaobh den mháthair nuair a chualaigh sí caidé mar bhí agus thoisigh sí ag caoineadh. ' Ná bíodh eagla ar bith ort ', arsa an gasúr léithi, ' b'fhéidir go dtiocfadh go maith ar ball '.

Ghread sé leis as an bhaile i gcás ar bith go bhfeicfeadh sé an bhfaigheadh sé duine ar bith a d'fhoghlaimeochadh gadaíocht dó. Ní theachaigh sé i bhfad uilig gur chas beirt fhear dó. D'fhiafraigh siad den ghasúr cá raibh sé ag dul. D'inis an gasúr brí a shiúil daofu. ' Bhail is maith mar tharlaigh ar a chéile sinn ', arsa siadsan, ' is gadaithe sinne agus tá muid ag imeacht anocht ionsar a leithéid seo d'áit ag goid mála óir agus mála airgid atá ann agus tá sé chomh maith agat a bheith linn '.

' Maith go leor ', arsa an gasúr.

D'imigh siad leofu agus nuair a bhí sé anonn san oíche tháinig siad ionsar an teach a raibh an t-ór agus an t-airgead le goid as.

' Anois ', a deir fear acu leisean, ' cuirfimid rópa ortsa anois agus gabh isteach ar an simléar agus cuir rópa ar cheann de na málaí a chéaduair agus cuir amach é. Tiocfaidh an rópa isteach ansin agus cuir ar an mhála eile é agus cuir amach é agus cuirfimid sinne isteach an rópa fá do choinne féin '.

Bhí go maith agus cha raibh go holc, chuaigh an gasúr isteach agus chuir sé amach an dá mhála ach dá mbeadh sé istigh go maidin ní thiocfadh rópa ar bith isteach chuige féin ar chor ar bith. Bhí sé ag imeacht thart ansin agus ní raibh a fhios aige caidé le déanamh nó caidé an dóigh a bhfaigheadh sé amach. Caidé a rinne bunadh an toí seo ach bológ a mharbhadh in am inteacht fríd an lá agus bhí an craiceann istigh san áit a raibh sé. Spréigh sé an craiceann ar an urlár agus bhí dhá adharc ar an chraiceann a bhí slat ar fad, gach aon cheann acu. Thoisigh sé ag *roll*áil é féin fríd an teach agus bhuaileadh sé adharc ar chathaoir agus bhuaileadh sé adharc ar phota agus d'éirigh tormán a bhí damanta. Mhothaigh bean an toí an tormán agus bhuail sí uille ar an fhear. ' Éirigh ', a deir sí, ' tá an-rud inteacht fríd an teach '.

D'éirigh fear an toí agus d'amharc sé thart fríd an teach agus is beag nár thit sé i laige.

' Claitseach shalach! ' a deir sí, ' foscail an doras agus b'fhéidir go rachadh sé amach '.

Go deireanach fuair fear an toí oiread misnigh agus gur oscail sé an doras agus ba mhaith an mhaise sin dósan é—nuair a fuair sé an doras foscailte ní raibh sé i bhfad ag dul amach.

Amach leis agus nuair a fuair sé é féin ar thalamh sábhailte chuach sé suas an craiceann. Sa gheimhreadh a bhí ann agus bhí brat sneachta ann agus d'imigh sé agus lean sé lorga na beirte a d'imigh a raibh na málaí leofu. Ní theachaigh siad i bhfad go dteachaigh siad isteach i gcionn coille a bhí ann agus shuigh siad ag déanamh a scíste. Mhothaigh sé an callán agus nuair a mhothaigh seisean an callán spréigh sé an craiceann ar ais agus chuaigh sé isteach ann. Tháinig sé orthu ansin agus achan léim dhearg leis. ' Is fada ar shiúl sinn ', a deir fear acu, ' ach tá sinn gaibhte sa deireadh! '

Ar shiúl leis an bheirt agus níor fhan siad leis na málaí a thógáil ar a nguailleacha leoga! Ba mhaith an mhaise ag an ghasúr é, chuaigh sé a fhad leis na málaí agus chaith sé uaidh an craiceann fad urchair agus chuir sé mála i mullach an mhála eile agus níor

stad sé go dtáinig sé abhaile ionsar a athair. D'fhan ansin, ar ndóiche, agus bulaí dóigh orthu agus ní theachaigh sé a dh'fhoghlaim dadaidh níos mó.

Bhí go maith, nuair a bhí an lá agus an bhliain istigh tháinig an bodach a fhad leis an mháthair. ' Anois ', a deir sé, ' an bhfuil do ghasúr foghlaimíste agat? '

' Ó! ' arsa sise, ' níl foghlaim ar bith ag mo ghasúr ach mar bhí sé '.

' Bhail, mura ngoididh sé an beathach atá istigh sa stábla agamsa anocht ', a deir sé, ' agus ochtar fear dá choimheád crochfaidh mise ar maidin amárach é '.

Théigh fá dtaobh den mháthair bhocht, ar ndóiche, nuair a chualaigh sí sin. Bhí seisean ag éirí suas ina ghearrdhiúlach mhaith ins an am sin. D'iarr seisean uirthi ciall a bheith aici agus nuair a d'éirigh leis an t-ór agus an t-airgead a ghoid go mb'fhéidir go n-éireochadh leis sin a dhéanamh fosta. Chruinnigh sé air an méid bratóg a chaith sé le seacht mbliana roimhe sin agus ní raibh teach na tábhairne i bhfad uaidh agus tháinig sé ionsar theach na tábhairne agus thug sé leis cúig nó sé bhuidéal uisce beatha. Tharraing sé ar theach an bhodaigh agus sin leis. Bhí an stábla ansin agus ochtar fear ina suí ag coimheád an bheathaigh agus tinidh acu agus dóigh bhreá orthu. Bhí cró síos ó thóin an stábla a raibh cráin muice ann agus bhí banbhán le bheith ag an chráin. Chuaigh an gasúr isteach go cró na muice chuig an chráin. Nuair a chuaigh sé isteach thoisigh an mhuc, ar ndóiche, ag gnúsaíl. ' Bíodh geall air! ' a deir fear acu leis an fhear eile, a deir sé, ' le cois achan seort eile go mbeidh banbhán ag an mhuic '.

Chuaigh sé amach agus fuair sé an duine istigh i gcró na muice agus é chóir a bheith marbh. Streachail sé leis é go dtug sé isteach é agus bhí an anáil ann ach ní raibh mórán leis. Shín siad suas a chois na tineadh é agus thoisigh siad ag iarraidh a bheith á thabhairt ar ais ach le scéal fada a dhéanamh gairid ba ghairid gur nocht scóig buidéil aníos as bratóg dá chuid.

' Ólta atá sé ', a deir fear acu. Tharraing sé aníos an buidéal—agus bhí dúil acu uilig ann, creidim—agus d'ól siad a raibh sa bhuidéal. Nuair a bhí sin ólta thoisigh siad ag cuartú agus ba ghairid go dtáinig siad ar cheann eile. Ach leis an scéal fada a dhéanamh gairid fuair siad a oiread go deireanach agus nach raibh aon fhear den ochtar nach raibh ina luí thart fá na ballaí. Ba mhaith an mhaise don fhear a bhí ina luí é. Nuair a chonaic sé iadsan ina luí thart d'éirigh sé agus chuaigh sé amach chun an stábla agus scaoil sé an beathach agus thug sé leis é. Ní raibh baol ar an oíche thart go raibh sé sa bhaile ag a mháthair.

Bhí go maith, nuair a d'éirigh an bodach amach ar maidin bhí an beathach ar shiúl. Tháinig sé a fhad le máthair an ghasúir go bhfeicfeadh sé an dtáinig sé abhaile. ' Bhail, anois ', a deir sé, ' chím go bhfuil gasúr gasta ar bhealach a bheith agat '.

' Ba mhór an misneach dó a leithéid a dhéanamh ar chor ar bith ', a deir sí, ' agus sílim dá bhfaigheadh sé saol go ndéanfadh sé fear gasta '.

' Bhail, mura ngoididh sé an dá bheathach a bhéas agamsa ag treabhadh ina leithéid seo d'áit amárach ', a deir sé, ' crochfaidh mise é tráthnóna '.

Bhí sin cruaidh go leor ach d'iarr an gasúr ar a mháthair ciall a bheith aici agus go mb'fhéidir go n-éireochadh leis sin a dhéanamh chomh maith leis an chéad chuid.

Siar sa lá d'amharc sé agus bhí na beathaigh ag treabhadh san áit a húradh. D'imigh sé a fhad le brocach coinín a bhí ann agus rug sé ar dhá choinín. Bhris sé cos achan cheann acu agus luigh sé i gcúl an chlaí san áit a raibh an bheirt ag treabhadh. Bhí an fear ag treabhadh agus bhí fear eile ag siúl leis an bheathach agus lig seisean ceann de na coiníní amach as cúl an chlaí.

' Goda! ' a deir an fear a bhí ag treabhadh, ' an bhfeiceann tú an coinín a bhfuil a chos briste! Lean é ', a deir sé, ' agus beir air! '

Lean an fear sin an coinín agus chuaigh sé amach as an áit a raibh siad ag treabhadh agus chuaigh sé isteach i gceann eile. Lig seisean amach an coinín eile. Dar leis an fhear a bhí ag treabhadh ' ní bhéarfaidh an fear a bhí ag treabhadh ar an choinín a lean sé agus leanfaidh mé féin é seo '.

Lean sé é. Chuaigh an coinín amach ansin agus chuaigh sé isteach i gcuibhreann eile agus bhí sé ó cheann go ceann go dteachaigh sé i bhfad ar shiúl. Ba mhaith an mhaise don diúlach é, léim sé isteach thar an chlaí agus níor fhan sé le dadaidh a scaoileadh ach thug sé léim a mharcaíocht ar cheann de na beathaigh agus ní raibh sé cúig bhomaite go raibh sé sa bhaile ag a mháthair agus an dá bheathach leis.

D'fhág mé an méid seo den scéal i mo dhiaidh—dúirt an bodach leis rud ar bith a ghoidfeadh sé uaidh nach n-iarrfadh sé ar ais é. Nuair a chonaic an mháthair é ag teacht leis na beathaigh is é an rud a thit sí siar leis na gáirí fán éifeacht a bhí sé ag déanamh.

Bhí go maith, nuair a phill an bunadh a bhí i ndiaidh na gcoiníní ní raibh beathach nó dadaidh le fáil acu ach an tseisreach caite ansin ar an mhachaire. Tháinig siad chun an toí agus ní raibh faic acu.

Tháinig an bodach a fhad leis an teach ar ais. ' Bhail, chím ', a deir sé, ' tá do ghasúr ag éirí gasta achan lá '.

' Sílim ', a deir sise, ' dá bhfaigheadh sé an teagasc go ndéanfadh sé fear maith go fóill '.

' Bhail, mura ngoididh sé an bhraillín a bhfuil mise is mo bhean ina luí uirthi anocht ', a deir sé, ' crochfaidh mise ar maidin amárach é '.

Théigh fán mháthair ansin agus dúirt sí gur sin rud nach dtiocfadh a dhéanamh. ' Bíodh foighid agat ', arsa an gasúr, arsa seisean, ' b'fhéidir go mb'fhusa é a dhéanamh nó cuid de na rudaí a rinne mé '.

Teacht na hoíche ghléas an gasúr air agus ní raibh i bhfad aige le dhul uilig go dteachaigh sé a fhad le reilig. Chuartaigh sé uaigh a raibh sé ag déanamh nach raibh sé i bhfad ó cuireadh corp inti agus d'oscail sé é. Thug sé leis an diúlach a bhí thíos ins an uaigh agus chuir sé ar a dhroim é agus ní thearn stad mara nó cónaí gur fhág sé ina sheasamh suas leis an fhuinneoig é ag an *room*—an áit a raibh an bheirt ina luí. Bhí gunna ina luí ar an tábla aige fá choinne scaoileadh leis an ghasúr nuair a bhéarfadh sé iarraidh an bhraillín a ghoid as fúthu. D'amharc sé amach agus bhí oíche bhreá ghealaí ann agus chonaic sé an duine amuigh ag an fhuinneoig. Ní thearn sé faic ach an gunna a thógáil agus chuir sé an méid a bhí ann fríd chorp an té a bhí amuigh.

' Bhail anois ', a deir an bhean, ' tá tú féin agus an gasúr fá chéile ó thoisigh sibh agus tá sé marbh anois agat agus crochfar tusa anois mar mhaithe leis an ghasúr '.

' Ní chrochfar ', a deir sé, ' nó rachaidh mise anois agus cuirfidh mé i bpoll é agus ní bheidh iomrá ar bith caidé a tháinig air '.

Ghléas sé air agus amach leis agus rug ar an rud a bhí amuigh agus chaith ar a mhuin é agus d'imigh leis. Bhí giota maith aige le dul ar scor ar bith sula bhfaigheadh sé poll ar bith dó. Nuair a bhí sé tamalt ar shiúl siúd isteach leis an diúlach.

' Chualaigh mé ariamh ', a deir sé, ' nach raibh sé maith duine a chur i bpoll gan rud inteacht a chasadh air—fan ', a deir sé, ' agus casfaidh mé an bhraillín air '. Fuair sé greim coirnéil ar an bhraillín agus creidim nach raibh sé i bhfad uilig go dtug sé leis í agus siúd amach ar an doras leis.

Bhí go maith, tháinig an fear ar ball agus é breá sásta i ndiaidh an corp a chur i bpoll agus é ag déanamh nach dtiocfadh dadaidh air níos mó agus chuaigh sé a luí. Thug sé faoi deara nach raibh an leabaidh mar bhí sí nuair a d'imigh sé. ' Caidé an cineál athraithe ', a deir sé, ' a chuir tú ar an leabaidh seo ó d'imigh mise? '

' Níor chuir mise athrú ar bith uirthi ', a deir sí, ' ar ndóiche, tháinig tusa agus thug tú leat an bhraillín lena casadh ar chorp '.

' Tá sé le fáil go fóill anois ', a deir sé.

Bhí go maith, ar maidin lá thar na mhárach tháinig an bodach a fhad le máthair an ghasúir. ' Bhail, chím ', a deir sé, ' tá gasúr gasta ar bhealach a bheith agat '.

' B'fhéidir ', a deir a mháthair, ' dá bhfaigheadh sé saol go ndéanfadh sé fear gasta go fóill '.

' Bhail, sílim ', a deir sé, ' go bhfuil an rud a fhad ar aghaidh agus thig a chur anois agus níl rud ar bith ab fhearr a dhéanamh nó cleamhnas a dhéanamh idir an gasúr seo agus m'iníon '.

' Ní chuirfidh mise eatarthu ', a deir an tseanbhean.

D'imigh siad agus rinne siad an cleamhnas idir iníon an bhodaigh agus mac na mná boichte.

Seachtain ina dhiaidh sin pósadh an lánúin. Thug sé leis chun an bhaile í agus bhí sé ina chónaí go te ón lá sin go lá a bháis.

5.2. TONÓG IS DOMHNALL

Lánúin a bhí ann fada ó shin darbh ainm Tonóg is Domhnall. Bhí Domhnall an-mhaith ag saothrú agus ní raibh maith ar bith i dTonóig ach an méid a chuirfeadh sí amú. Bhí garraí cáil curtha acu. Bhí Domhnall lá amháin ar an bhaile mhór agus cheannaigh sé cúpla punta muiceola. Nuair a tháinig sé san oíche d'fhiafraigh Tonóg de caidé a bhí leis. ' Tá maise ', a deir sé, ' cúpla punta muiceola fá choinne an cháil '.

Bhí an cál ag cruinniú suas agus é ar bhealach a bheith ina cheirtlíneacha.

D'imigh Domhnall ag obair agus ag saothrú lá thar na mhárach. Nuair a fuair Tonóg ar shiúl é thug sí léithi an mhuiceoil agus ghearr sí ina ghiotaí beaga uilig go léir í. Níor fhág sí aon stoc cáil sa gharraí nár chuir sí giota beag daoithi leis. I ndiaidh iad a dhul a luí san oíche chruinnigh na madaidh ar an gharraí. Thoisigh na madaidh ag troid.

' Níl a fhios agam ', a deir Domhnall, ' caidé atá ar na madaidh sin atá ag troid? '

' Tá maise ', a deir sí, ' ag troid fán mhuiceoil sin a chuir mise leis an chál atá siad '.

' Nach é an rud a bhí sé agamsa ', a deir Domhnall, ' le bruith ar an chál '.

D'imigh Domhnall ag saothrú lá thar na mhárach ar ais. Nuair a thigeadh sé abhaile i gcónaí agus a pháighe leis bheireadh sé do Thonóig í. ' Anois ', a deireadh sé, ' pingin ar bith a bhéas spáráilte agat fág fá choinne na coise tinne é '.

' Déanfaidh mé sin cinnte ', arsa Tonóg.

Bhí go maith, bhí Tonóg bhocht ag spáráil léithi agus ag fágáil thart an airgid go dtí lá amháin go deireanach tháinig fear thart agus bhí cos an-tinn air. Thug sí ca bith pingineacha a bhí leagtha thart aici uilig don fhear a raibh an chos thinn air. Go deireanach rinne Domhnall amach go raibh ceart aige cuid mhór a bheith saothraithe aige. Chuaigh sé féin a dh'amharc fán airgead agus ní raibh pingin ann. ' Caidé ', a deir sé, ' a tháinig ar an airgead? ' ' Thug mise d'fhear na coise tinne é lá fá dheireadh ', arsa Tonóg.

' Chím ', a deir Domhnall, ' níl gar dom a bheith ag saothrú agus tá sé chomh maith againn imeacht linn béal ár gcinn agus ár gcuid a chruinniú '.

D'imigh siad leofu ag cruinniú. Bhí Domhnall i dtoiseach. ' Tarraing an doras i do dhiaidh ', arsa seisean le Tonóg.

Tharraing Tonóg léithi an chomhla agus na hursannaí agus deireadh. Bhí sí fadálach go maith ag teacht agus d'fhan Domhnall léithi. ' Caidé atá leat? ' adeir sé.

' Nár iarr tú orm ', a deir sí, ' an doras a tharraingt i mo dhiaidh! '

' Nach é an rud a d'iarr mise ort ', a deir sé, ' an doras a dhruid amach i do dhiaidh! '

Shiúil siad leofu ansin agus bhí sé ag éirí mall. Bhí coill mhór ann agus rinne siad amach go rachadh siad isteach chun na coilleadh agus go gcaithfeadh siad an oíche ann faoi scáth crainn. Ghlac siad eagla ansin go dtiocfadh tóir ar bith orthu agus dar leofu go mb'fhearr daofu a dhul suas i gceann de na crainn mhóra a bhí ann. Bhí go maith, chuaigh Domhnall suas sa chrann a chéaduair agus chuaigh Tonóg agus an chomhla suas ina dhiaidh. Shuigh siad ar ghéag mhór thuas ansin agus bhí dóigh bhreá orthu.

Bhí go maith, nuair a bhí siad thuas ansin gearrthamalt beag maith mhothaigh siad an callán agus an tormán ag tarraingt orthu fríd an choill agus ní raibh sé i bhfad go dtáinig dhá pheidléir agus cén áit ar shuigh siad ach ag bun an chrainn chéanna—an áit a raibh Tonóg agus Domhnall in airde sa chrann. Bhuail an chaint agus an comhrá acu ansin agus dúirt fear acu leis an fhear eile go gcreideann sé go raibh sé chomh maith acu an soláthar airgid a bhí acu a rann nuair a bhí siad ar an tsuaimhneas agus gan aon duine le theacht aníos nó anuas orthu. Spréigh siad amach éadach an

phaca ag bun an chrainn agus tharraing siad orthu ansin na málaí a raibh an t-airgead iontu. Nuair a chonaic Tonóg an cnap óir agus airgid a bhí acu chuaigh sí fríd a chéile agus caidé a rinne sí ach an greim a bhí aici ar an chomhla a ligint uaithi agus thit an chomhla chun talaimh. Scanraigh an dá pheidléir bhochta agus d'imigh siad leofu ina rith ins na fatha fásaigh agus níor phill siad ar a gcuid airgid ní ba mhó. Nuair a chonaic Tonóg is Domhnall nach raibh déanamh orthu pilleadh tháinig siad anuas as an chrann agus chruinnigh suas a raibh d'ór is d'airgead ansin, agus bhí sin ann soláthar mór. Thug siad leofu an chomhla agus na hursannaí ansin agus phill ar ais abhaile. Fuair Domhnall fear ceirde a chuir bail ar an teach agus a chroch an chomhla sa dóigh nach mbeadh Tonóg ábalta í a tharraingt ina diaidh a choíche aríst.

Stad Domhnall den obair ansin agus choinnigh sé a shúil ar Thonóig agus rinne siad araon gnoithe breá a fhad is a bhí siad beo agus bhí a sáith acu d'achan seort dá n-iarrfadh siad.

5.3. SÉAMAS NA LEATHCHRUAICHE

Bhí fear ina chónaí anseo ar an Leathchruach fada ó shin a dtugadh siad Séamas na Leithchruaiche air—buachaill chomh cruaidh gasta agus a gheobhfá i siúl lae. Ní raibh ann ach é féin de mhuirín agus nuair a bhí sé ina spáinnéar stócaigh fuair a athair agus a mháthair bás le fiabhras. Bhí sé fágtha leis féin ansin agus é ag iarraidh a bheith ag streachailt leis an tsaol.

Bhí go maith, bhíodh sé ag teacht agus ag imeacht idir dhamh-saithe, agus cosúil le go leor nach mbíonn ceannurraidh ar bith le comhairle a thabhairt dó théadh sé giota maith ó bhaile in amannaí. Bhí sé síos fá Shrath an Urláir aon oíche amháin agus caidé a rinne sé ach titim isteach le cailín deas ansin de chuid an bhaile mhóir. Bhí sé ina bhuachaill bhreá ar scor ar bith agus thaitin sé léithi go han-mhaith. Rinneadh lá pósta daofu agus pósadh an bheirt go gearr ina dhiaidh sin thíos i Srath an Urláir.

Bhí go maith, tháinig sí leis abhaile chun na gCruach, agus an créatúr, creidim dá mbeadh a fhios aici an seort áite a raibh sí ag tarraingt air, creidim nach dtiocfadh sí ann ar chor ar bith. Cailín baile móir a bhí inti agus ní raibh mórán céille aici don dioscaireacht a bhíos ag dul fá na cnoic anseo idir eallaigh agus caoirigh. Bhí Séamas bocht ag obair leis ar feadh an lae agus san oíche ní bhíodh sé ina chónaí ach oiread. Bhí sé bláfar agus chaitheadh sé mórán den am san oíche ag cur bail ar sheantuirní móra agus mar sin.

Ní fhacaigh sise aon tuirne ariamh go dtáinig sí chun na gCruach, agus oíche ar bith a mbíodh seisean ag dul de cheann acu shuíodh sí ansin ag coimheád air, agus ar feadh an lae ní dhéanfadh sí aon seort ach ina suí ansin ag coimheád ar an rotha fosta. Ní mó ná go ndéanfadh sí réidh greim bí dó. Ní raibh dúil aige toiseacht a scamhláil uirthi go róluath i ndiaidh a bpósta ach dar leis, ins an deireadh, dá ligfeadh sé daoithi go rachadh sí ins an chruth sa deireadh agus nach ndéanfadh sí réidh an bia féin dó. Ansin féin ní raibh dúil aige labhairt go garbh léithi ach smaoitigh sé ar dhóigh eile a bhféadfadh sé í a thabhairt thart go socair suaimhneach.

Bhí go maith agus ní raibh go holc, maidin amháin i ndiaidh iad éirí dúirt sé léithi: ' Bhail, chítear dom ', a deir sé, ' gur tú an bhean de d'aois is simplí agus is amaidí a chonaic mé ariamh. Ón lá a pósadh muid go dtí an lá inniu níor bheir tú ar dhealgán le péire giosán a dhéanamh, cosúil le bean eile. Tá tú i do shuí ansin oíche agus lá ag déanamh iontais de na tuirní seo agus shílfeá go mbeadh do nuacht caite leofu feasta agus go mbéarfá ar cheann acu agus go bhféachfá le rud inteacht a shníomh. Tá mise ag imeacht uait agus ní phillfidh mé go bhfaighidh mé amach an bhfuil aon bhean eile sa tír chomh hamaideach leat '.

' Bhail, a Shéamais ', arsa sise, ' measaim go siúlfaidh tú giota maith sula bhfaighidh tú aon bhean a bheadh chomh hamaideach agus go dtiocfadh sí a chónaí ina leithéid seo d'áit. Amaideach a bhí mé go dearfa ach má shiúlann tusa fada go leor gheobhaidh tú rudaí chomh hamaideach liom agus gan a dhul i bhfad dá gcuartú '.

D'imigh Séamas leis agus shiúil sé go dteachaigh sé a fhad síos an tír agus gur mheas sé nach mbeadh aithne ag duine ar bith air. Áit shléibhtiúil go maith a bhí ann síos fán Deirg [Caisleán na Deirge, Co. Thír Eoghain]. Dar leis ansin féin go n-athróchadh sé a chosúlacht chomh maith is a tháinig leis. Bhí bróga air agus chaith sé de iad agus chaith sé de na bristí agus bhí seanphéire *drawers* air fúthu a bhí pollta go maith. Chaith sé de a bhearad fosta agus bhí cuma fhiánta air. D'imigh sé agus d'fhág sé an t-iomlán i bhfolach i gcúl claí san áit a bhfaigheadh sé iad ag teacht ar ais dó. Shiúil sé leis ansin agus ní raibh teach ar bith nach raibh sé ag dul isteach ann agus ag déanamh comhrá leis na mná—an chuid acu a dhéanfadh comhrá leis nó bhí eagla ar mhórán acu roimhe.

Sa deireadh chuaigh sé isteach i dteach nach raibh ann ach bean a bhí anonn go maith in aois. Rinne sí fearadh fáilte roimhe agus d'iarr air suí go ndéanfadh sí réidh greim de sheort inteacht bia dó. Shuigh Séamas agus thoisigh an comhrá síoraí idir an bheirt, agus

bhí sise feasach go maith (cosúil leis na mná uilig) agus ba mhaith léithi fios a fháil cá fhad a bhí siúlta aige agus cén áit a d'fhág sé.

'Maise leoga, a bhean atá ann', arsa Séamas, 'is fada ar an tsiúl mise. Tháinig mé ón tsaol eile agus d'iarr do sheanduine orm a theacht isteach nuair a bhéinn ag dul thart an bealach seo agus scéala a bheith liom ar ais chuige caidé mar bhí tú ó d'imigh seisean agus le hinse duit go mbeadh áit mhaith aige réidh fá do choinne nuair a ghairfeadh Dia ort'.

'Ó, leoga, bhí Mícheál ina cheann mhaith domsa', arsa sise, 'nuair a bhí sé agam agus is maith liom nach dtearn sé dearmad dom ar an tsaol eile. Agus caidé mar tá sé, agus caidé an seort áite atá ag an duine bocht?'

'Ó, tá áit bhreá aige ach níl rud ar bith is cruaidhe atá ag cur air nó fuacht na hoíche. Tá an áit a bhfuil sé an-fhuar san oíche'.

'Agus an bhfuil aon snáithe air sa lá ach mar atá ortsa?' arsa sise le Séamas.

'Níl leoga', arsa seisean, 'agus na seanéadaí a bhí air ag imeacht dó tá siad raiceáilte, stróicthe agus tá a oiread paistí ar a chuid sean *drawers* anois agus go bhfuil ualach iontu'.

'Maise níor mhaith liom sin', arsa sise, 'agus a oiread éadaí anseo agus a chaithfeadh sé ar feadh fada go leor—éadaí oíche is lae'.

Thoisigh sí ansin agus d'oscail sí cófra a bhí i gcionn an toí agus thóg sí ceathair nó cúig de phlaincéid baile amach as agus an oiread seo léinteacha báinín agus scaoilteogaí, agus achan seort. 'Anois', a deir sí, 'dá bhfaighinnse sin chuige ní bheadh aon chaill air go ceann fada go leor'.

'Ná bíodh eagla ar bith ort má tá súil agat na héadaí seo a chur chuige bhéarfaidh mise liom iad', arsa Séamus.

'Bhail, caidé fán bhia?' arsa sise. 'Creidim nuair atá na héadaí chomh holc sin acu nach bhfuil an bia mórán níos fearr'.

'Bíonn amannaí', arsa Séamas, 'a gcaithfimid troscadh seacht lá na seachtaine. Ní ghoilleann sin go mór ar dhaoine óga ach an áit a bhfuil seandaoine bochta cosúil le Mícheál seo agatsa tá sé géar i gceart air'.

'Ó, mo dhuine bocht!' arsa sise, 'ocras ar mo sheanduine bocht agus an teach anseo lán bia agus gan duine le hamharc siar air! Tá cúig chéad mine coirce ansin sa bhairille i gcionn an toí', arsa sise, 'nach é an truaighe nach dtig liom mála maith de a chur chuige'.

'Ní bheidh moill ar bith ort', arsa Séamas, 'bhéarfaidh mise sin chuige fosta'.

' Do bharúil an bhfuil dadaidh eile a bheadh de dhíth air, an duine bocht? '

' Bhail, níl a fhios agam caidé eile a bheadh de dhíth air ach amháin go gcuireann díobháil toit de thobaca chomh cruaidh air le seort ar bith eile '.

' Maise, an duine bocht, tá sin mór agamsa díobháil toite a bheith ar Mhícheál bocht agus gach luach tobaca ar shaothraigh sé go cruaidh ar chnoc is ar mhullach ó dhubh go dubh ag streachailt, ag iarraidh a bheith ag déanamh pingineacha beaga airgid. Má fhanann tú anois go dtigidh mé as an tsiopa rachaidh mé isteach chun an bhaile mhóir go gceannóchaidh mé traidhfil tobaca a chuirfeas mé chuige '.

' Is beag an rud dom sin a dhéanamh duit, a bhean chóir ', arsa Séamas, ' mura mbeadh ann choíche ach mar mhaithe leis an mhéid de thobaca Mhíchíl a chaith mise ar an tsaol eile '. ' Bhail, fan ansin, agus ní bheidh mise deich mbomaite ag dul chun an bhaile uilig '.

D'imigh sí léithi, agus creidim leoga nach ina chónaí a bhí Séamas a fhad is bhí sí ar shiúl. D'amharc sé istigh is amuigh caidé a bhí fán teach aici. Chuaigh sé amach fá bhóitheach agus bhí sé ag amharc thart agus caidé a bhí ansin ach cliobóg bheag beathaigh chomh deas agus a chonaic sé ariamh agus cairt agus achan seort ag fóirstean daoithi. Dar leis féin ' dá mbéifeá agam fá na Cruacha nár bhreá an éadáil tú ag tarraingt mónadh agus ag déanamh achan seort an-obair dom '. Smaoitigh sé gur bhreá an éadáil dá dtigeadh leis an bheirt a mhealladh uaithi. D'fhan sé ansin go dtáinig sí ar ais as an tsiopa agus ní raibh sé i bhfad uilig ar an bhealach agus bhí ualach tobaca léithi. Thug sí stiall mhór do Shéamas é féin agus chorn sí suas an chuid eile le cur leis ionsar Mhícheál. Rinne sí réidh greim eile bia ansin sula n-imeochadh sé.

Bhí go maith, chuaigh sé a chruinniú suas na bagáistí uilig agus idir phlaincéid agus achan seort eile dá raibh aige le tabhairt leis nuair a cheangail sé an t-iomlán suas chuir sé an t-iomlán ar a mhuin agus lig sé air nach raibh sé ábalta éirí faoi. ' Tá eagla orm ', arsa seisean, ' nach dtéid agam an t-ualach seo a thabhairt chun an tsaoil eile. Tá bealach fada romham agus malaidh mhór ins an bhealach in áiteacha, agus nár bhocht an rud dom i ndiaidh do shaotharsa agus do chuid costais dá gcaithfinn cuid de na héadaí seo a fhágáil i mo dhiaidh ar an bhealach '.

' Níl a fhios agam ', arsa sise, ' caidé a thiocfadh liom a dhéanamh le cuidiú leat? '

' Bhail, inseochaidh mise sin duit ', arsa seisean, ' tá pónaí deas agus cairt agat amuigh ansin, agus dá dtugfá domsa é bhéarfadh sé an t-iomlán leis go sásta dom, agus b'fhéidir go mbéinn ag teacht ar ais an bealach céanna agus má bhím ag teacht choíche bhéarfaidh mé an dá chuid ar ais chugat '.

' Bhail leoga, ná spáráil é ', arsa sise.

' Tá sé ina luí ansin ó d'imigh Mícheál bocht é féin agus níl duine agamsa le seort ar bith a dhéanamh leis agus tá sé chomh maith agat é a thabhairt leat. B'fhéidir go mbainfeadh Mícheál é féin feidhm inteacht as san áit a bhfuil sé '.

' Is fíor duit ', arsa Séamas, ' dá mbeadh sé aige is iomaí ualach trom a thógfadh sé de '.

' Maise, más mar sin atá ', arsa sise, ' ná spáráil é '.

D'imigh Séamas agus ghléas sé an pónaí agus chuir sé an bagáiste uilig air agus d'fhág sé slán agus beannacht ag an tseanbhean.

Thiomáin sé leis go dtáinig sé ar ais chun na gCruach agus ar ndóiche ní thearn sé dadaidh níos críonna duine ar bith nárbh é an rud a cheannaigh sé an t-iomlán agus níor dhúirt sé a athrú lena bhean féin ach oiread. Bhí a sáith plaincéad aici ansin páirt mhór dá saol, agus stocaí, agus idir sin agus tobaca agus an pónaí agus an cairt bhí dóigh bhunachar orthu. Thiontaigh an bhean amach ina bean mhaith toí ina dhiaidh sin agus thóg sí féin agus Séamas muirín mhór pháistí agus fuair siad saol mór fada, ach ní theachaigh sé ar ais ariamh ionsar bhean na Deirge leis an phónaí!

5.4. AN SEANGHEARRÁN BÁN

Fear beag a bhí ina chónaí ar an taobh thiar de na Gleanntaí agus bhí seanghearrán bán aige. Pádraig Ó Gáil a thugadh siad air. Ba é a *thrade* ag díol ruacan agus sligeán agus bia beag trá mar sin. D'imigh sé amach síos an tír aon am amháin agus lód beag leis. Stop sé go maidin ag bodach mór a bhí ann. Ar maidin chuaigh sé amach chun an stábla ag cuir deis ar an tseanghearrán. Bhí sé ag glanadh amach an aoiligh agus bhí drochphónaí aige agus ca bith pingineacha beaga a rinne sé sa lá caidé a rinne siad ach titim isteach san aoileach uaidh.

Leis sin tháinig an bodach é féin isteach chun an stábla. ' Caidé tá tú ag déanamh? ' a deir sé le Pádraig.

' Tá seo le déanamh agamsa achan mhaidin ', arsa Pádraig.

' Seo an méid airgid a chuir sí seo fríthi aréir agus ní bhfuair sí gléas rómhaith ', a deir sé, ' agus dá bhfaigheadh bheadh níos mó nó seo ann '.

' An bhfuil sin fíor? ' a deir sé le Pádraig.

' Nach bhfeiceann tú ', a deir sé, ' go bhfuil sé fíor! '

' Sin a bhfuil de ghléas beo agamsa ', a deir sé, ' an scanghearrán beag sin '.

' An ndíolfá é? ' a deir sé.

' Ní dhíolfadh leoga, maise ', a deir Pádraig, ' nó dá ndíolfainn caidé a dhéanfainn dá dhíobháil agus gurb é sin a bhfuil de ghléas beo agam '.

' Bhéarfaidh mé céad punta duit air ', arsa an bodach.

' Bhail is deas an rud an céad ', arsa Pádraig, ' agus b'fhéidir go mb'fhearr domsa é a thabhairt duit. Anois tabhair a chuid go maith anocht dó ', a deir sé, ' agus de réir mar bhéarfaidh tú a chuid dó a gheobhas tú an t-airgead agus ansin mura bhfuil tú ag fáil an airgid i do mhian níl dochar duit traidhfil maith a bhualadh air '.

Rinne siad an margadh ansin agus thug an bodach a chuid go maith don tseanghearrán an oíche sin. Ní bhfuair sé airgead ar bith ar maidin lá thar na mhárach a raibh maith ar bith ann, mura raibh corr—shé pingine ann a d'fhág Pádraig ina dhiaidh. Thug sé a chuid ní b'fhearr an oíche thar na mhárach dó ach ní bhfuair sé pingin ar bith. D'iarr sé ar bheirt bhuachaill a bhí aige a dhul amach chun an stábla agus toiseacht dá bhualadh. Ba ghairid gur thit an beathach sin as a sheasamh agus diabhal cor níos mó a rinne sé.

Bhí an bodach ar buile ansin agus rinne sé amach go rachadh sé ionsar Phádraig go mbainfeadh sé luach an tseanghearráin de. Níor chríonna an cat nó an coimheádaí—smaoitigh Pádraig go dtiocfadh sé. Chuaigh sé isteach i gcoill a bhí ann agus fuair sé greim ar dhá choinín. Chuir sé ceann acu isteach i mbosca agus thug sé leis an ceann eile faoina ascaill agus d'imigh sé ag obair bealach inteacht. Dúirt sé leis an bhean dá dtigeadh duine ar bith dá chuartú an coinín a chur fána choinne.

Tháinig an bodach a chuartú Pádraig. ' Cá bhfuil Pádraig? ' a deir sé.

' Tá sé ar shiúl ag obair ', a deir an bhean eile, ' ina leithéid seo d'áit '.

' Caithfidh tú a dhul fána choinne, bhail ', a deir sé, ' tá gnoithe agamsa leis '.

' Níl feidhm dom ', a deir sí, ' tá beathach beag anseo a bhéarfas isteach é '. D'oscail sí an bosca agus thug sí amach an coinín. ' Gabh amach ', a deir sí leis an choinín, ' agus abair le Pádraig go bhfuil fear anseo a bhfuil gnoithe aige leis '.

Níorbh fhada go dtáinig Pádraig isteach agus coinín beag leis faoina ascaill. Chuir sé an coinín isteach sa bhosca ar ais.

' Nach damanta sásta an beathach beag é sin ', a deir an bodach.

' Tá ', a deir Pádraig, ' ní dhéanfaimis maith ar bith ach ca bith an beathach beag sin. Níl timirí beaga ar bith agamsa le dhul fá mo choinne nuair a bhím amuigh in áit ar bith agus níl ann ach an beathach beag sin a chur amach fá mo choinne '.

' Bhail, maithfidh mise gnoithe an tseanghearráin duit ', a deir sé, ' má bheir tú dom an beathach beag sin '.

' Is doiligh liom é ', arsa Pádraig. ' Níl anseo ach mo bhean agus mo mháthair agus má bheirim duit an coinín beidh drochdhóigh orthusan ach ó tharla go dtearn tú an siúl a fhad b'fhéidir go mb'fhearr dom é a thabhairt duit '.

Chuaigh an bodach chun an bhaile agus an coinín leis agus chuir sé isteach i mbosca é. Nuair a bhí sé féin agus na buachaillí ag imeacht ag obair ar maidin lá thar na mhárach: ' Anois ', a deir sé, ' nuair a bhéas an dinnéar réidh inis don bheathach beag sin cá bhfuil sinne ag obair agus cuir fánár gcoinne é '.

Nuair a bhí an dinnéar réidh d'iarr sí ar an choinín a dhul amach fána gcoinne. Ní tháinig siad isteach go raibh siad chóir a bheith caillte leis an ocras. ' Caidé thug ort ', a deir sé lena bhean, ' nár chuir amach an beathach beag a d'fhág mé istigh ansin? ' a deir sé.

' Nach fada ', a deir sí, ' ó chuir mise amach é '.

' Chím ', a deir sé, ' tá Pádraig ag déanamh na hoibre liom '. Rinne sé amach go n-imeochadh sé siar ionsar Phádraig.

Mheas Pádraig go dtiocfadh sé. Thug sé leis éan coiligh agus mharbh sé é agus cheap sé an fhuil ar phláta. Chonaic sé an bodach ag teacht ansin agus nuair a tháinig sé isteach i lár an dorais bhí scian mhór agus adharc mhór ag Pádraig. Bhí bean de na mná aige ar ghreim guaille agus thug sé an-sáitheadh den scian suas faoina cótaí agus chuir sé an tséideog is an adharc suas an bealach céanna. ' Gabh suas anois ', a deir sé léithi, ' agus suigh thuas udaí '.

' My ó! ' a deir an bodach, a deir sé, ' caidé atá tú ag déanamh? '

' Ó, is minic ', a deir Pádraig, ' a bhíos sin le déanamh agamsa. Tá beirt bhan anseo agus mhuirbhfeadh siad a chéile ach ca bith an dóigh a chuir mé orthu '.

' An ndéanann sin maith daofu? ' arsa an bodach, ' tá mná go leor a bhíos ag troid. An dtabharfá domsa an adharc agus an scian sin? '

' Is doiligh go leor liom é ', a deir Pádraig.

' Bhail, maithfidh mé deireadh eile a dtearn tú duit ', a deir sé, ' má bheir tú dom an adharc agus an scian '.

' Bhail, b'fhéidir ', a deir sé, ' nuair a rinne tú an siúl a fhad go mb'fhearr dom sin '.

D'imigh an bodach chun an bhaile agus an adharc agus an scian leis. D'fhiafraigh na mná de caidé an sásamh a thug Pádraig dó. ' Níor mhór ', a dúirt sé, ' caidé an sásamh a fuair sé. D'fhág sé an adharc agus an scian in airde os cionn bharr an dorais. Lá inteacht ina dhiaidh sin chuaigh a bhean agus a mháthair thar a chéile ar dhóigh inteacht. Ní thearn sé faic ach thug sé leis cathaoir agus pláta agus thug sé leis bean acu ar ghreim guaille agus sháigh sé an scian inti. Chuir sé séideog ins an adharc agus ní thearn sé ach í sin a chaitheamh suas an t-urlár. Thug sé leis an bhean eile agus rinne sé an cleas céanna léithi. Ba ghairid go raibh an bheirt bhan marbh.

D'imigh sé ansin siar ionsar Phádraig. Bhí beathach is carr leis agus nuair a chonaic Pádraig ag tarraingt air í bhí sé ag déanamh nach rachadh leis an iarraidh seo ach bhí a fhios aige go raibh sé chomh maith aige a chuid talaimh a sheasamh.

' Céad fáilte romhat ', arsa Pádraig nuair a tháinig sé isteach.

' Bhail murab é féin tháinig mé ', arsa an bodach.

' Caidé mar d'éirigh leat ó shin? ' arsa Pádraig.

' Beidh a fhios agatsa sin nuair a bhéas mise réidh leat '.

Bheir sé thíos agus thuas ar Phádraig agus bhí mála mór leis lena chur isteach ann go mbáithfeadh sé é i loch a bhí cóngarach. Cuireadh Pádraig isteach sa mhála agus ghlac Pádraig chomh maith é agus go dteachaigh sé a cheol. Bhí siad ag siúl leofu agus sa deireadh tháinig siad a fhad le teach síbín ar thaobh an bhealaigh mhóir. Chuaigh an bodach isteach go teach an tsíbín agus is cosúil go dteachaigh sé a dh'ól gloine. Bhí fear ag teacht an bealach mór agus scaifte mór eallaigh leis agus chuir sé sonrú ins an fhear a bhí istigh sa mhála. Bhuail sé buille beag den bhata a bhí leis ar an mhála.

' Fan amach uaim ', a deir Pádraig.

' Caidé atá ort? ' arsa fear an eallaigh, ' nó cá bhfuil tú ag dul? '

' Tá mé ag dul chun na bhFlaitheas ', a deir Pádraig.

' Gora ', a deir sé, ' dá dtigfeá amach as an mhála sin agus mise a chur isteach ann thiocfadh leat an t-eallach a thabhairt leat '.

' Scaoil an ceangal den mhála ', arsa Pádraig, ' agus déanfaidh mise sin '.

Scaoil agus tháinig Pádraig amach as an mhála. ' Anois ', a deir Pádraig, ' caithfidh tú a bheith ag gabháil cheoil '.

Bhí achan uaill cheoil ag an fhear a bhí istigh sa mhála agus d'imigh Pádraig agus thiomáin sé leis an t-eallach. Tháinig an bodach amach, ar ndóiche, agus chuaigh a fhad leis an loch. Rinne sé amach, ar ndóiche, ansin go raibh Pádraig báite aige.

Phill sé ar ais ar an bhaile ansin. Ba ghairid ina dhiaidh sin gur éirigh gáir amach go raibh Pádraig Ó Gáil an-saibhir, an-rud eallaigh agus achan seort aige. Rinne an bodach amach go rachadh sé ar ais a dh'amharc fá dtaobh de go bhfeicfeadh sé an raibh sé fíor.

' Bhail, an dtáinig tú ar ais as an loch? ' a deir sé le Pádraig.

' Tháinig ', a deir sé, ' agus bheadh mo sháith liom dá mbeadh tuilleadh cuidithe liom. Sin an méid eallaigh a bhí liom agus bheadh a thrí oiread liom dá mbeadh duine eile liom a chuideochadh liom '.

' An bhfuil siad le feiceáil sa loch go fóill? ' a deir sé le Pádraig.

' Tá leoga, agus go leor acu ', a deir Pádraig.

' Rachaidh mé leat chun an locha ', a deir sé, ' agus b'fhéidir go bhfaighinn féin traidhfil acu ', a deir an bodach.

' Rachaidh mise leat agus fáilte ', a deir Pádraig.

D'imigh siad leofu. Bhí sifíní móra ag fás amuigh ar an loch. ' Anois ', a deir Pádraig, ' siúil go socair agus ná déan tormán ar bith. Siúd iad adharca na mbó uilig atá le feiceáil aníos os cionn an uisce sa loch. Gabh thusa amach thall udaí ', a deir sé, ' agus rachaidh mise amach anseo, agus gardálfaidh muid iad. Tá siad an-fhiánta. Tabhair thusa an-rúide amach nuair a bhéas tú ag éirí cóngarach acu '.

Thug an bodach an-rúide amach agus bhí sé ag dul amach agus amach leis gur shuncáil sé agus gur báitheadh é.

Tháinig Pádraig chun an bhaile agus le cois eallaigh an fhir a bhain as an tsac é a bheith aige fuair sé rudaí an bhodaigh fosta agus idir an iomlán bhí dóigh mhaith air a fhad is bhí sé beo.

5.5. BRÉAG MHÓR ÉIREANN

Bhail, i dtús mo shaoil bhí dóigh an-bhreá ormsa agus bhí seachtar buachall agam. Ins an earrach, nuair a bhí mé ag cur an arbhair rith mé amach as an arbhar agus ní raibh faic le fáil ach a raibh thall i Londain. Thug mé liom fear de na buachaillí agus beathach capaill agus d'imigh mé fá choinne an arbhair. Nuair a tháinig mé a fhad leis an deán ní raibh gléas ar bith le fáil trasna agus rug mé ar an bhuachaill agus chaith mé trasna é agus rug mé ar an bheathach ansin agus chaith mé trasna é agus ansin ghearr mé féin mo léim trasna.

Chuaigh mé a fhad le *farmer* mór thall i Londain ansin agus d'fhiafraigh mé de an raibh arbhar ar bith aige. Dúirt sé go raibh—neart. Thug sé amach mé go bhfeicfinn an áit a bhí aige agus an dóigh a bhí air. Thug sé a fhad le garraí cáil a bhí ann mé agus d'fhiafraigh sé dom an bhfacaigh mé an garraí cáil ariamh a bhí cosúil leis sin. Dúirt mise go bhfacaigh, go raibh garraí agam féin ní b'fhearr nó é; nuair a thiocfadh an t-eallach as an chnoc ag aoibheall ins an tsamhradh nuair a rachadh siad isteach ann nach mbeadh aon amharc le feiceáil orthu go gcuirfeadh siad na madaidh iontu. ' Chím ', a deir sé, ' tá garraí maith agat '.

Thug sé a fhad le cruach mhónadh a bhí ann mé ansin. ' An bhfacaigh tú aon chruach mhónadh ariamh sa bhaile in Éirinn chomh mór léithi sin? '

' Chonaic ', a deirimse, ' tá cruach mhónadh agamsa sa bhaile atá i bhfad níos mó nó í. Nuair a théid na colmáin suas dá bpiocadh féin thig leofu a bheith ag ithe na réaltóg den spéir '.

' Chím ', a deir sí, ' tá cruach mhaith agat '.

Thug sé a fhad le scioból a bhí ann mé. ' An bhfacaigh tú aon scioból ariamh in Éirinn atá chomh mór leis sin? ' arsa seisean.

' Chonaic leoga ', a deir mé, ' tá scioból agamsa atá i bhfad níos mó nó é sin. Tá scioból agamsa agus nuair a théid na colmáin isteach ar eiteog ar chionn de beidh an oíche bheag ann nuair a bhéas siad ag dul amach ar an chionn eile '.

' Chím ', a deir sé, ' tá scioból maith agat '.

Thug sé dom an t-arbhar ar scor ar bith agus d'fhág sinn thall. Nuair a tháinig sinn a fhad leis an deán rug mé ar an bhuachaill a chéaduair agus chaith mé anall é. Bhí na málaí ar dhroim an bheathaigh liom agus rug mé ar na málaí agus ar an bheathach ansin agus chaith mé trasna iad agus caidé do bharúil nár briseadh droim an bheathaigh ina dhá chuid! Nuair a ghearr mé féin mo léim trasna bhí an beathach caite ansin agus ní raibh sé ábalta éirí. Ní thearn mé faic ach crann a tharraingt amach as an talamh agus ghearr mé suas an crann agus chuir mé isteach ar an tóin é agus amach ar an bhéal agus bhí an droim chomh maith agus a bhí ariamh agus tháinig mé abhaile.

Nuair a tháinig mé abhaile bhí an seisear eile buachall, a d'fhág mé i mo dhiaidh, bhí siad ina suí thart fán tinidh. Bhí mé níos faide ar an bhealach ná shíl mé agus an t-arbhar a bhí mé i ndiaidh a chur nuair a d'imigh mé bhí sé réidh le baint. Ní raibh mé sásta nuair nach raibh na buachaillí amuigh ag baint an arbhair. Rug mé ar chorrán agus chuaigh mé amach ag baint an arbhair. Ní raibh mórán bainte agam gur éirigh an giorria agus chaith mé

an corrán air agus chuaigh cos an chorráin isteach i dtóin an ghiorria agus thoisigh an giorria ag baint an arbhair agus thoisigh mise ag gearradh ina dhiaidh agus níorbh fhada a bhí go raibh an t-arbhar bainte agam féin agus ag an ghiorria. Nuair a chuaigh mé isteach bhí na buachaillí istigh ar fad agus ní thearn mé faic ansin ach a gcur amach ar an doras agus a ndíbirt abhaile.

Fá chionn cúpla lá ina dhiaidh chuaigh mé amach go bhfeicfinn an raibh an t-arbhar tirim. Thoisigh mé agus chuntas mé an t-arbhar agus bhí mé seacht stuca gairid.

D'éist mé go bhfeicfinn an mothóchainn dadaidh agus mhothaigh mé tormán thuas ar an stór uachtarach ag bualadh an arbhair. Níor stad mé ansin go raibh mé thuas. Bhí mo chuid arbhair ansin á bhualadh ag scaifte fear. Nuair a chonaic mise an t-arbhar ní raibh mé fá choinne é a fhágáil acu.

Nuair a bhí an t-arbhair buailte agam ní raibh mála agam agus ní raibh dadaidh agam leis an arbhar a chur ann agus d'amharc mé thart agus caidé a chím ach dearnad ag dul suas taobh an bhalla. Bhuail mé dorn ar an dearnad agus chnag mé anuas é agus thug mé feannadh an phocáin uirthi agus chuir mé an t-arbhar isteach ann agus rinne mé súgán ordóige den chochán agus chuir mé an súgán i bhfostú ann agus lig mé anuas leis an tsúgán é. Dá dtigeadh liom áit ar bith a fháil a gcuirfinn féin an súgán i bhfostú air thiocfadh liom a theacht anuas air fosta, ach ní raibh.

B'éigean dom féin mo léim a ghearradh anuas agus nuair a léim mé scoilteadh mo chloigeann ar an talamh. Ní raibh mé i bhfad i mo luí go dtáinig an madadh rua agus gur bhain sé an ceann díom. D'imigh an madadh rua agus mo cheann leis agus chonacthas é agus leanadh é agus baineadh de é. Chuir siad orm an ceann ar ais agus bhí mé chomh maith agus a bhí mé ariamh.

D'oibir mise liom mar bhí mé roimhe sin agus níor fhostaigh mé aon bhuachaill ón lá sin go dtí an lá inniu.

5.6. RANN AN REITHE

Bhail, bhí triúr deartháireacha ann i bhfad ó shin agus nuair a fuair a n-athair agus a máthair bás rinne siad amach go rannfadh siad an saibhreas agus go rannfadh siad an rud a bhí eatarthu. Rann, agus shocraigh siad go maith achan seort go dtí reithe a bhí ann agus ní raibh fear ar bith acu ag brath an reithe a thabhairt don fhear eile.

' Bhail ', arsa fear acu aon lá amháin leis an bheirt eile, ' tá a fhios agamsa caidé an dóigh a shocróchaidh muid gnoithe an reithe—an chéad fhear a rachas an bealach cead aige a rogha a dhéanamh ar an té a gheobhas an reithe '.

' Maith go leor ', arsa siadsan, ' tá sinne sásta '.

Ach b'fhíor é, ba ghairid go dteachaigh an fear an bealach mór agus d'inis siad dó caidé an rud a bhí eatarthu.

' Bhail ', a deir an fear, ' cé agaibh is sine? ' a deir sé.

' Tá mise chomh sean ', a deir an chéad fhear a labhair, a deir sé, ' agus nuair a d'éirigh mé suas i mo bhuachaill agus a thoisigh ribeacha féasóige ag teacht orm fuair mé lasta loinge de rásúir agus níor thit aon cheann acu uaim agus tá siad uilig caite agam anois isteach go dtí an cúl '.

' Bhail chím ', a deir an fear, ' tá aois mhór agat '.

' Caidé an aois atá agatsa? ' a deir sé leis an darna fear.

' Bhail, nuair a tháinig mé go haois céille ', a deir sé, ' chuaigh mé a chur paistí ar éadaí. Fuair mé lasta loinge de shnáthaidí agus níor chaill mé aon cheann acu agus níor bhris mé aon cheann acu ', a deir sé, ' agus tá an ceann deireanach acu caite agam anois isteach go dtí an cró '.

' Bhail chím ', a deir sé, ' tá cnagaois mhaith agat. Caidé an aois atá agatsa? ' a deir sé leis an tríú fear.

' Bhail, nuair a tháinig ionamsa ', a deir sé, ' chuaigh mé a chóiriú bróg ', a deir sé, ' agus fuair mé lasta loinge de mheanaí agus níor chaill mé aon cheann acu agus níor bhris mé aon cheann acu agus tá siad uilig caite agam anois isteach go dtí an bun '.

' Bhail, chím ', a deir sé, ' tá aois mhór agat '.

Ní raibh a fhios aige go fóill caidé a dhéanfadh sé leofu agus bhí sé ag iarraidh a bheith ag smaoiteamh ar dhóigh inteacht a bhfaigheadh sé an socrú déanta. ' Bhail, anois ', a deir sé leofu, ' tá mé ag dul a chur ceist eile oraibh. Cé agaibh is falsaí? ' a deir sé.

' Bhail, tá mise chomh falsa ', a deir fear acu, a deir sé, ' agus dá mbéinn i mo luí ar shlat chúl mo chinn ar an urlár agus na deora súiche a bheith ag titim anuas ins na súile orm, tá mé chomh falsa agus nach ndruidfinn mo shúile go líonfaí iad '.

' Chím ', a deir seisean, ' tá tú falsa go leor ', a deir sé. ' Caidé an fhalsacht atá ionatsa? ' a deir sé leis an fhear eile.

' Dá mbeinn i mo luí amuigh ansin ar an chnoc ', a deir sé, ' agus mé a bheith ag coimheád ar na clocha ag teacht anuas taobh an chnoic agus fios a bheith agam go raibh siad ag dul do mo mharbhadh, tá mé chomh falsa agus nach gcorróchainn go dtigeadh siad sa mhullach orm '.

' Bhail chím ', a deir sé, ' tá tú falsa go leor. Caidé an fhalsacht atá ionatsa? ' a deir sé leis an tríú fear.

' Tá mise chomh falsa ', a deir sé, ' agus an cailín óg a ba dóighiúla a sheasaigh ariamh i mbróg leathair—dá mbeadh sí taobh thiar díom ins an leabaidh ní ligfeadh an fhalsacht dom tiontú siar uirthi ', a deir sé, ' go maidin '.

' Chím ' a deir sé, ' tá tusa falsa go maith agus tusa a ndéanaimse an reithe duit ar scor ar bith '.

Bhí an bheirt eile sásta den mhargadh seo agus ghlac siad go maith le breithiúnas an fhir a bhí ag dul an bealach mór. Chuaigh gach aon duine acu abhaile ansin agus thug fear an reithe leis é agus bhí an triúr go maith dá chéile ón lá sin go lá a mbáis.

5.7. AN FEAR CRÍONNA AGUS AN FEAR AMAIDEACH

Bhí buachaill ann fada ó shin agus ní raibh sé iontach críonna. Rinne sé amach ina dhiaidh sin go rachadh sé a iarraidh mná. Chuaigh sé a fhad le fear na comharsan agus d'fhiafraigh sé de an rachadh sé leis. Dúirt sé go rachadh cinnte ach go raibh eagla air nach bhfaigheadh sé aon cheann. D'inis sé cén teach a raibh dúil aige a dhul ann. D'imigh siad.

Ins an tseanaimsir bhí sé ina ghnás, is cosúil, gur ins an lá uilig a d'iarrtaí na mná. D'imigh an bheirt, mar dúirt mé, ag éileamh na mná. Ins an earrach a bhí ann agus ní theachaigh siad i bhfad gur chas fear daofu agus é ag croitheadh síl. Chrom an fear a bhí ag dul a iarraidh na mná síos ins an mhála agus arsa seisean le fear an tsíl: ' Bhail ', a deir sé, ' fá ghráinnín de sin a dtáinig anuraidh fiche ceann nár thigidh i mbliana! ' Rinne sé moill bheag ag an fhear seo agus b'éigean dó rith ansin le fáil suas leis an fhear eile.

' Caidé an mhoill a bhain díot? ' a deir sé.

' Tá ', a deir sé, bhí mé ag caint leis an fhear a bhí ag cur an tsíl agus dúirt mé leis, ' fá ghráinnín dá dtáinig anuraidh gan fiche gráinnín a theacht i mbliana '.

' Caidé a thug ort nár dhúirt ', arsa an fear eile, ' fá ghráinnín dá dtáinig anuraidh fiche ceann go dtigidh i mbliana '.

' Déarfaidh mé sin ar ais ', a deir sé.

Shiúil an bheirt leofu píosa maith eile ansin agus caidé a chas orthu ach tórramh. Nuair a tháinig sé fá ghiota den tórramh labhair sé leis an mhuintir a bhí ar an tórramh: ' Fá dhuine agaibh dá bhfuil ag teacht marbh i mbliana fiche duine agaibh go raibh ag teacht ar an bhliain seo chugainn! '

Rinne sé moill ansin ag caint le lucht an tórraimh agus nuair a fuair sé suas leis an fhear eile deir sé leis: ' Caidé an mhoill mhór a rinne tú ag caint leis na daoine sin? '

' Tá ', a deir sé, ' bhí mé ag rá leofu an rud a d'iarr tusa orm '.

' Spréadh ort, a bhrealláin! ' arsa seisean, ' caidé a thug ort nár dhúirt le bunadh an choirp: " geaftaí na bhFlaitheas go raibh fosclaithe romhat! ' "

' Níor smaoitigh mé air ', a deir sé, ' ach déarfaidh mé ar ais é '.

Shiúil an bheirt leofu ansin agus nuair a bhí siad tuirseach ag siúl ba é an chéad rud eile a chas daofu fear a raibh bitseach madaidh leis agus é ag dul dá báitheadh. ' Geaftaí na bhFlaitheas ', a deir sé, ' a ghiolla udaí, go raibh fosclaithe romhat '. Rinne sé moill mhór ag caint le fear an mhadaidh agus shiúil an fear eile leis. Ach nuair a bheir sé ar an fhear a bhí roimhe d'fhiafraigh sé de caidé an mhoill a bhain de.

' Ó ', a deir sé, ' dúirt mé leis an rud a d'iarr tusa orm '.

' Caidé a thug ort nár dhúirt leis ', a deir sé, ' fear agus bitseach madaidh leis ag dul dá báitheadh! '

' Déarfaidh mé sin leis an chéad duine eile a chasfar orm ', arsa seisean.

B'fhíor é. Shiúil an bheirt leofu agus an chéad rud eile a chas daofu lánúin óg a bhíthear ag dul a phósadh. Bhí trí nó ceathair de charrannaí leofu. Bhí an lánúin ar an charr tosaigh, ar ndóiche. Nuair a bhí seisean ag éirí gearrchóngarach scairt sé leis an lánúin, ' fear agus bitseach madaidh leis ag dul dá báitheadh! '

Tugadh iarraidh bhuailte air an *heat* sin agus hobair nach bhfaigheadh sé ar shiúl orthu. Bhain seo moill mhór as agus nuair a bheir sé ar an fhear eile ' Caidé ', a deir sé, ' a dúirt tú leofu sin nuair a bhí siad chomh confach? '

' Dúirt mé an rud a d'iarr tusa orm ', arsa seisean.

' Spréadh ort a amadáin! ' arsa seisean, ' cad chuige nár dhúirt tú leofu " go n-éirí bhur *journey* libh " '.

' Déarfaidh mé sin a chéaduair eile ', arsa seisean.

Shiúil siad leofu ansin agus ba ghairid gur chas fear daofu agus beathach agus carr leis agus an t-iomlán tiontaithe amach i ndíog an bhealaigh mhóir. ' Go n-éirí do thuras leat, a ghiolla udaí! ' a deir sé le fear an bheathaigh.

' D'éireochadh agus leatsa! ' a deir seisean, ' dá mbeinnse istigh ar an bhealach mhór '.

Reath sé ansin agus bheir sé ar an fhear a bhí ag siúl roimhe. Ins an am sin bhí siad ag éirí cóngarach go maith don teach a

raibh siad ag dul a iarraidh na mná ann agus bhuail an fear a thabhairt comhairle don fhear amaideach caidé a ba cheart dó a dhéanamh.

' Bhail anois ', a deir sé, ' má gheibh sinn an bhean seo níl rud ar bith níos cinnte nó go mbeidh siad ár gcoinneáilt anocht go maidin agus beidh siad ag déanamh greim bia dúinn fosta. Ní raibh ciall ariamh agat do sháith a ithe agus itheann tú i dtólamh barraíocht agus má itheann tú a oiread sin anocht náireochaidh tú sinn agus beidh sé chomh dóiche acu an tóir a chur orainn. Inseochaidh mise duit anois caidé a dhéanfas muid nuair a bhéas sinn ár suí ag an tábla agus a mheasfas mise go bhfuil do sháith ite agat trampálfaidh mé ar do dhá chois agus chomh luath agus a dhéanfas mise sin leat stad thusa a ithe '.

' Maith go leor ', arsa seisean, ' níl moill ar bith orm cuimhne a choinneáilt air sin '.

Le scéal fada a dhéanamh gairid chuaigh siad chun an toí agus fuair siad an bhean. Bhí lúchair mhór rompu agus dúradh leofu go gcaithfeadh siad fanacht go maidin. Thoisigh an bia dá dhéanamh réidh ansin agus nuair a bhí an brat agus achan seort ar an tábla shuigh siad isteach. Bhí cúpla madadh mór ag dul thart ann agus ní raibh os cionn dhá phréata ite ag an diúlach go dtáinig ceann de na madaidh thart agus caidé a rinne sé ach seasamh ar a chois. Rinne sé amach gurbh é a chomrádaí a thrampáil air agus ní íosfadh sé níos mó.

Chuaigh siad a luí ach ba ghairid gur bhuail an t-ocras é. ' Ní bheidh mise beo ar maidin ', a deir sé, ' leis an ocras '.

' Bhail, imigh amach ', a deir an fear eile, ' agus tá crúiscín beag amuigh ansin atá lán brat agus cuir amach ladar de agus ól é agus ní ligfidh sé aon chaill ort go maidin '.

D'éirigh sé amach as an leabaidh agus thug sé leis an brat agus d'ól sé é. Dar leis féin ansin ' bhéarfaidh mé ladar eile de ionsar an fhear atá ina luí agam, b'fhéidir go bhfuil ocras air fosta '. Líon sé an ladar agus caidé an cat mara a rinne sé ach a dhul ar seachrán agus tharraing sé ar an leabaidh chontráilte agus cén ceann a dteachaigh sé chuici ach an ceann a raibh an seanduine agus an chailleach ina luí inti. ' Ól seo! ' arsa seisean.

Bhí an seanduine agus an chailleach ina luí ina gcodladh agus níor chualaigh siad é. D'éirigh sé gearr-aingiallta ansin. ' Mura n-ólaidh tú ar dhóigh é ', a deir sé, ' ólfaidh tú ar dhóigh eile é '. Ní thearn sé faic ach thóg sé an plaincéad is an chuilt agus steall sé an brat síos idir an seanduine agus an chailligh sa leabaidh.

D'éirigh an seanduine aniar mar bheadh fear mire sa leabaidh agus bhuail sé a uille ar an chailligh. ' A sheandiabhail! ' a deir sé, ' tá an leabaidh fliuch agat '.

' Fuist ', a deir an chailleach, ' tá daoine coimhthíoch fán teach agus ná bíodh oiread calláin agat agus ní bheidh mise i bhfad uilig dá triomú '.

Thug sí léithi an bhraillín agus thug sí leithi amach í—an áit a raibh sileán uisce ag teacht anuas ag binn an toí go nífeadh sí an ball a bhí fliuch. Idir an dá am bhuail an t-ocras ar ais an fear a bhí ina luí agus bhuail sé a uille ar an fhear a bhí ag n-a taoibh agus d'inis sé dó caidé mar bhí.

' Éirigh ', arsa an fear sin leis, ' agus mura bhfuil mise meallta cuireadh cnámh feola isteach sa chrúiscín céanna a raibh an brat ann, agus má gheibh tú sin ní ligfidh sé caill ar bith ort go maidin '.

D'éirigh sé amach agus chuartaigh sé go bhfuair sé an crúiscín agus chuir sé a lámh isteach síos ann go bhfaigheadh sé an cnámh. Bhí an muineál cúng ar an chrúiscín agus nuair a chuir sé a lámh isteach ann, ar ndóiche, ní tháinig leis a fáil amach, agus sin nuair a bhí sé san fhaopach cheart. Rith sé isteach ionsar an fhear a bhí ina luí. ' Tá mo lámh istigh anseo ', a deir sé, ' agus ní thig liom a fáil amach, agus caidé a dhéanfas mé anois? '

' Gabh amach ', a deir an fear a bhí ina luí, ' chomh gasta agus a thig leat agus tarraing ar chloch é amuigh ansin agus bris é. Sin a bhfuil de dhóigh agat le do lámh a fháil amach as anois, ach ná mothaíodh aon duine thú, ar do bhás! '

Chuaigh sé amach agus siocair an duine bocht a bheith a oiread fríd a chéile ní raibh an t-amharc go rómhaith ag an duine bocht ach chonaic sé cnapán bán ins an áit a raibh an sileán ag titim agus shíl sé gur cloch gheal a bhí ann agus thóg sé an lámh a raibh an crúiscín uirthi in airde agus tharraing sé anuas sa mhullach ar an chnapán í agus leis sin féin lig an tseanchailleach béic aisti. Rith seisean isteach ionsar an fhear a bhí ina luí.

' Sílim ', a deir sé, ' go bhfuil duine marbh agam! '

' Bhí a fhios agam go ndéanfá rud inteacht uafásach sula mbeimis réidh anseo ', arsa seisean, ' is mairg a d'fhág an baile ar chor ar bith leat. Ní fhanóchaidh mise anseo níos faide má tá duine marbh agatsa agus fan ansin anois agus déan as duit féin feasta '.

' Bhail, ní chorróchaidh mise go raibh an bhean liom ', arsa seisean. D'imigh an fear a bhí ina chuideachta leis agus chuaigh seisean ag smaoiteamh caidé a dhéanfadh sé. D'amharc sé thíos agus thuas, agus teach mór fada a bhí ann, agus caidé a bhí thíos i gcionn an toí, ach bairille. Síos leis agus chuaigh sé isteach faoin bhairille.

Ar maidin lá thar na mhárach d'éirigh an ghair amach fríd an áit uilig go bhfuair an chailleach bás tobann. Mar is gnách ansin tháinig mná na comharsan isteach go gcuirfeadh siad bail ar an chailligh. Nuair a bhí deireadh thart agus achan seort réidh acu chuaigh bean acu a scuabadh thart an urlár agus caidé a fuair sí sa scuabadh ach snáthaid mhór. ' Níl a fhios agam ', a deir sí, ' cé a chaill an tsnáthaid mhór? '

' Níor chaill mise í ', arsa bean acu as béal a chéile.

Bhí seisean faoin bhairille i rith an ama ag éisteacht lena gcuid comhraidh agus is cosúil go raibh snáthaid mhór aige agus leis an strácáil a bhí aige i rith na hoíche chaill sé í. Bhí sé ag meas go mbeadh feidhm aige uirthi agus creidim go raibh eagla air go dtabharfadh bean de na mná leofu í agus dheamhan greim de nár thóg suas taobh an bhairille: ' Mise a chaill an tsnáthaid sin! ' arsa seisean. Scanraigh na mná go corr nuair a labhair sé amach os faoin bhairille nó cha raibh a fhios acu go dtí sin duine ar bith a bheith ann.

' Ná scanraigí ', arsa an seanduine, ' sin strainséir a bhí fán teach agus nuair a d'éirigh an " rup rap " chuaigh sé i leataobh ansin '.

Rinneadh an chailleach a fhaire ansin agus nuair a bhí an tórramh agus achan seort thart pósadh é féin agus iníon na caillí. Ní raibh an bhainis mór acu siocair bás na caillí ach dá laghad a raibh ann d'ith seisean agus d'ól sé a sháith ar scor ar bith. Thug sé leis abhaile í ansin, agus ina leathamadán is eile agus mar a bhí sé chualaigh mé an seanbhunadh ag rá go minic go dtearn sé cúis mhaith agus gur thóg siad teaghlach mór.

6. SCÉAL FOIRMLE

6.1. MURCHADH MÓR AGUS MURCHADH BEAG

Beirt ghasúr a bhí ann i bhfad ó shin agus is fada ó bhí nó bhí caint ag achan seort san am udaí. Murchadh Mór agus Murchadh Beag arbh ainm daofu. Bhí siad amuigh ag baint sú craobh lá. Bhí barraíocht bainte ag Murchadh Mór agus thug sé do Mhurchadh Beag iad le taiscidh. In áit a gcur i dtaiscidh is é an rud a d'ith Murchadh Beag iad. Rinne Murchadh Mór amach ansin go bhfaigheadh sé slat a sciúrfadh é.

Chuaigh sé ionsar an tslat. ' A shlait ', a deir sé, ' an sciúrfaidh tú Murchadh Beag a d'ith mo chuid sú craobh aréir? '

' Ní bhfaighidh tú mise ' arsa an tslat, ' go bhfaighidh tú tuaigh a ghearrfas mé '.

Chuaigh sé a fhad leis an tuaigh. ' Tuaigh a ghearrfadh slat ', a deir sé, ' slat a sciúrfadh Murchadh Beag a d'ith mo chuid sú craobh aréir '.

' Ní bhfaighidh tú mise ', a deir sé, ' go bhfaighidh tú cloch a líomhfas mé '.

Chuaigh sé a fhad leis an chloch. ' Cloch a líomhfadh tuaigh, tuaigh a ghearrfadh slat, slat a sciúrfadh Murchadh Beag a d'ith mo chuid sú craobh aréir '.

' Ní bhfaighidh tú mise ', a deir an chloch, ' go bhfaighidh tú uisce a fhliuchfas mé '.

Chuaigh sé a fhad leis an uisce. ' Uisce a fhliuchfadh cloch, cloch a líomhfadh tuaigh, tuaigh a ghearrfadh slat, slat a sciúrfadh Murchadh Beag a d'ith mo chuid sú craobh aréir '.

' Ní bhfaighidh tú mise ', arsa an t-uisce, ' go bhfaighidh tú fia a shnámhfas mé '.

Chuaigh sé a fhad leis an fhia. ' Fia a shnámhfas uisce, uisce a fhliuchfadh cloch, cloch a líomhfadh tuaigh, tuaigh a ghearrfadh slat, slat a sciúrfadh Murchadh Beag a d'ith mo chuid sú craobh aréir '.

' Ní bhfaighidh tú mise ', arsa an fia, ' go bhfaighidh tú gadhar a ruaigfeas mé '.

Chuaigh sé a fhad leis an ghadhar. ' Gadhar a ruaigfeadh fia, fia a shnámhfadh uisce, uisce a fhliuchfadh cloch, cloch a líomhfadh tuaigh, tuaigh a ghearrfadh slat, slat a sciúrfadh Murchadh Beag a d'ith mo chuid sú craobh aréir! ' ' Ní bhfaighidh tú mise ', arsa an gadhar, ' go bhfaighidh tú im do mo chosa '.

Chuaigh sé a fhad leis an im. ' Ní bhfaighidh tú mise ', arsa an t-im, ' go bhfaighidh tú luchóg a scríobfas mé '.

Chuaigh sé a fhad leis an luchóg. ' Ní bhfaighidh tú mise ', arsa an luchóg, ' go bhfaighidh tú cat a ruaigfeas mé '.

' Cat a ruaigfeadh luchóg, luchóg a scríobfadh im, im i gcosa gadhair, gadhar a ruaigfeadh fia, fia a shnámhfadh uisce, uisce a fhliuchfadh cloch, cloch a líomhfadh tuaigh, tuaigh a ghearrfadh slat, slat a sciúrfadh Murchadh Beag a d'ith mo chuid sú craobh aréir! '

Chuaigh sé a fhad leis an chat. ' Ní bhfaighfidh tú mise ', arsa an cat, ' go bhfaighidh tú trí bhraon bainne ó na gamhna '.

' Trí bhraon bainne le tabhairt don chat, cat a ruaigfeadh luchóg, luchóg a scríobfadh im, im i gcosa gadhair, gadhar a ruaigfeadh fia, fia a shnámhfadh uisce, uisce a líomhfadh tuaigh, tuaigh a ghearrfadh slat, slat a sciúrfadh Murchadh Beag a d'ith mo chuid sú craobh aréir '.

' Ní bhfaighidh tú aon bhraon bainne ', a deir na gamhna go bhfaighidh tú trí phunann arbhair ó na buailteoirí '.

Chuaigh sé ionsar na buailteoirí. ' Ní bhfaighidh tú aon phunann arbhair uainne ', a deir na buailteoirí, ' go bhfaighidh tú trí bhonnóg aráin ó na bróinteoirí '.

' Ní bhfaighidh tú aon bhonnóg aráin uainne ', a deir na bróinteoirí, ' go dtugaidh tú trí rideal uisce chugainn '.

Chuirfeadh sé síos an rideal agus ar ndóiche nuair a thógfadh sé aníos í ní bhíodh deoir inti. Chuaigh feannóg thart os a cheann. ' Cuir lóib leis an rideal ', arsa an fheannóg.

Rinne sé sin agus thóg sé lán na dtrí rideal agus thug an t-uisce chucu. Thug na buailteoirí na trí phunann arbhair do na gamhna. Bhligh seisean trí bhraon bainne ó na gamhna. Thug sé na trí bhraon bainne don chat. Ruaig an cat an luchóg. Scríob an luchóg an t-im. Chuaigh an t-im i gcosa an ghadhair. Ruaig an gadhar an fia. Shnámh an fia an t-uisce. Fhliuch an t-uisce an chloch. Líomh an chloch an tuaigh. Ghearr an tuaigh an tslat.

Bhí sé ag sciúradh Murchadh Bhig leis an tslat go raibh sé tuirseach agus ca bith a d'éirigh daofu ina dhiaidh sin níor chualaigh mise aon iomrá orthu ón lá sin go dtí an lá inniu!

7. SCÉALTA EILE

7.1. SCÉAL RUAIRÍ

Lánúin bheag a bhí ann agus Síle agus Ruairí a bhí orthu. Bhí Síle ina cailín dóighiúil agus bhí Ruairí ag éirí sean agus ní raibh sé an-dóighiúil. Bhí máistir scoile ar an bhaile agus b'fhearr le Síle é.

Ag coiteoireacht a bhí siad agus ní raibh a fhios aici in Éirinn caidé an dóigh a bhfaigheadh sí Ruairí a chur chun báis. Rinne sí amach go rachadh sí ag cuartaíocht lá amháin ionsar an fhear a raibh siad ag coiteoireacht aige. Bhí an-droch theach aigesean. ' Nach iontach ', a deir sé, ' fear chomh saibhir leatsa nach bhfaigheann tú cúirt déanta? '

' Nárbh fhada ó gheobhainn sin déanta ', a deir sí, ' dá bhfaighinn aon fhear a dhéanfadh é '.

' Maise ', a deir sí, ' dhéanfadh Ruairí seo agamsa cúirt '.

' Bhail ', a deir sé, ' abair leis a theacht anall amárach go bhfeicfidh mé é '.

Tháinig Síle chun an bhaile. ' Bhí an bodach ', a deir sí le Ruairí, ' ag iarraidh ort a dhul anonn go raibh gnoithe aige leat '.

' Níl a fhios agam ', a deir Ruairí, ' caidé a bheadh sé ag déanamh liom? '

' Níl a fhios agam ', a deir sí.

D'imigh Ruairí anonn. ' Caithfidh tú ', a deir an bodach, ' cúirt a thógáil domsa '.

' Bhail, tá sin dona go leor agamsa ', arsa Ruairí. ' Ní fhacaigh mise aon chúirt ariamh, ní hé aon cheann a dhéanamh '.

' Chonaic leoga ', a deir an fear eile, ' agus níl tú ach ag déanamh olcais, ach crochfaidh mise thú mura ndéanaidh tú an chúirt dom '.

Tháinig Ruairí bocht chun an bhaile agus bhí achan bhéic chaointe aige. Bhí Síle ina araicis nuair a chonaic sí ag teacht é. ' My ó ', a deir sí, ' caidé atá ort? '

' Deir an bodach go gcaithfidh mise cúirt a dhéanamh dó agus ar ndóiche níl mise ábalta sin a dhéanamh '.

' Is fearr duit imeacht ', a deir sí, ' agus gan pilleadh choíche nó crochfaidh sé thú. Fan ', a deir sí, ' go ndéanfaidh mé lón duit '. Rinne sí seort inteacht sodairlín aráin dó agus cam tae. ' Imigh anois ', a deir sí, ' agus ná pill choíche! '

D'imigh Ruairí bocht agus é ag caoineadh leis. Bhí sé ag siúl leis an bealach mór agus ní raibh teach nó dadaidh le feiceáil aige. Bhí áit an-uaigneach ann agus leis sin níor mhothaigh sé go dtáinig fear beag rua isteach roimhe ar an bhealach mór.

' Caidé do bhuaireamh? ' arsa seisean le Ruairí.

' Ó, inniu atá an buaireamh orm ', a deir Ruairí, ag inse dó go raibh an bodach ag dul dá chrochadh mura mbeadh sé ábalta an chúirt a dhéanamh '.

' Fuist, a Ruairí ', a deir sé, ' ní fiú biorán é. Seo slat bheag duit anois ', a deir sé, ' agus gabh anonn ionsar an bhodach. Fiafraigh de cén áit ar mhaith leis an chúirt sin a bheith déanta. Buail buille den tslat in achan choirnéal den talamh sin agus bíodh geall gur gairid go mbeidh cúirt agat '.

Rinne Ruairí sin agus bhí cúirt bhreá déanta aige. Tháinig Ruairí chun an bhaile ar ais ansin. Bhí an-lúchair ar Shíle roimhe. ' My o! ' a deir sí, ' ar phill tú ar ais? '

' Phill ', a deir Ruairí, ' tá an chúirt udaí déanta ', a deir sé.

' Caithfidh mé a dhul anonn amárach ', a deir Síle, a deir sí, ' go bhfeicfidh mé í '.

Bhí go maith, ar maidin lá thar na mhárach chuaigh Síle anonn agus bhí sí ag teacht thart fán chúirt agus dá bhreathnú agus ag amharc suas uirthi. ' Nach maith Ruairí! ' a deir sí leis an bhodach. ' Ní thearn sé í seo cosúil leis na rudaí eile a rinne sé. Ba ghnách leis pléiseam a chur ar na rudaí eile agus ní fheicim dadaidh air seo de '.

' Caithfidh sé an rud céanna a chur air seo, maise ', a deir an bodach, ' a chuir sé ar na rudaí eile. Abair leis a theacht anall amárach ar ais, go bhfuil gnoithe agamsa leis '.

' Caithfidh tú ', a deir sé le Ruairí, ' pléiseam a chur ar an chaisleán seo chomh maith leis na rudaí eile a rinne tú nó mura gcuirfidh ', a deir sé, ' crochfaidh mise thú '. ' Tá sin dona go leor agam ', a deir Ruairí, ' ní fhacaigh mé aon phléiseam ariamh, chan amháin é a dhéanamh '.

Tháinig Ruairí chun an bhaile agus d'inis sé caidé mar bhí. ' Bhail, is fearr duit imeacht ', arsa Síle, ' agus gan pilleadh a choíche nó muirbhfidh an bodach thú. Fan ', a deir sí, ' go ndéanfaidh mé lón duit '. Rinne sí seort inteacht sodairlín aráin dó agus cam tae. D'imigh Ruairí leis ansin.

Nuair a bhí sé ag dul thart ins an áit chéanna a raibh sé an lá eile níor mhothaigh sé ariamh go dtáinig an fear beag rua isteach chun an bhealaigh mhóir. Bhí boc gabhair leis an fhear bheag rua an iarraidh seo.

' Caidé do bhuaireamh inniu, a Ruairí? ' a deir sé.

' Níor bhuaireamh ariamh é go dtí inniu ' arsa Ruairí, ag inse dó caidé mar bhí.

' Ní fiú biorán é ', arsa an fear rua.

' Seo dhuit anois ', a deir sé, ' boc an ghabhair seo agus gabh a mharcaíocht air agus am ar bith a ndéarfaidh sé ' meig eig ' abair thusa ' siúil leat! ' Pill ar ais anois chun an bhaile. Tá máistir na scoile anois ina luí ag Síle '.

Phill Ruairí chun an bhaile agus é ag marcaíocht ar an bhoc. Nuair a tháinig sé a fhad leis an doras: ' Meig eig ', a deir an boc. ' Siúil leat! ' a deir Ruairí. Bhris siad isteach fríd an doras agus níor stad siad go dteachaigh go colbha na leapa. ' Meig eig ', a deir an boc. ' Siúil leat! ' a deir Ruairí, ' agus thug sé a aghaidh isteach chun na leapa.

' Cuir do lámh amach leis an bheathach salach sin ', a deir Síle leis an mháistir. Ghreamaigh lámh an mháistir don bhoc, fuair Síle greim ar an mháistir ansin.

' Meig eig ', a deir an boc. ' Siúil leat! ' a deir Ruairí.

Amach ar an doras le deireadh agus d'imigh leofu. Nuair a chuaigh siad giota ar aghaidh tháinig siad ar fhear a bhí ag déanamh bealach mór. ' Caith sluasaid don ghairbhéal orm ', a deir Síle, ' a fholochas mo náire '. Ghreamaigh an tsluasaid do Shíle agus an fear don tsluasaid agus d'imigh deireadh mar sin greamaithe dá chéile. Chuaigh siad a fhad le teach an bhodaigh.

' Gabh amach anois ', arsa Ruairí leis an bhodach, ' go bhfeicfidh tú cén áit a gcuirfidh tú seo ar an chúirt.

' Meig eig ', arsa an boc. ' Siúil leat ', arsa Ruairí agus thug sé a aghaidh suas ar choirnéal an toí.

Scanraigh an bodach go rachadh an t-iomlán suas ar an chúirt agus go mbeadh deireadh náiríste. ' Bhail, ca bith thug mé duit as an chúirt a dhéanamh ', arsa an bodach, ' bhéarfaidh mé a oiread eile agus níos mó duit ach gan tú sinn a ligean suas ar an chúirt '.

Thug an bodach suim mhór airgid do Ruairí agus scaoil sé an t-iomlán as a chéile ar ais agus chuaigh abhaile é féin agus Síle. Thug sé leis an boc agus nuair a tháinig siad ionsar an áit ar cheart don fhear rua a bheith bhí sé ansin ag fanacht le Ruairí. Thug sé dó boc an ghabhair agus sínteanas maith láimhe lena chois agus d'imigh an fear rua agus ní fhacaigh Ruairí aon amharc air ón lá sin go dtí an lá a chuaigh sé i dtalamh agus ní raibh aon ghnoithe aige leis ach oiread—bhí Síle ina cailín maith fosta go bhfuair sí bás.

7.2. AN PÓSADH

Bhí buachaill ann i bhfad ó shin agus bhí sé ag dul a phósadh. Bhí an-loch mór thíos faoin teach a raibh an buachaill ann, ní raibh an teach a raibh sé féin ina chónaí ann agus teach na mná i bhfad ó chéile. Chuaigh an buachaill ionsar an teach a raibh an cailín ann lá inteacht sula bpósfaí iad, creidim go raibh gnoithe aige ann. Bhí athair agus máthair an chailín ina suí amuigh nuair a tháinig an buachaill chucu agus an bheirt ag caoineadh. ' Caidé atá oraibh? ' a deir sé.

' Tá maise ', a deir siad, ' tá muid ag smaoiteamh nuair a phósfar sibh nach mbíonn duine clainne agaibh nach mbáithfear sa loch sin thíos faoin teach '.

' Bhail, beirt amaideach atá ionaibh ', a deir sé, ' ní chodlóchaidh mé dhá oíche in aon teach agus ní íosfaidh mé dhá ghreim bia den aon tábla go bhfaighidh mé beirt eile atá leath féin chomh hamaideach libh '.

D'imigh sé leis agus bhí sé ag siúl leis. Chas cró beag toí dó go deireanach. Bhí féar fada glas ag fás air. Bhí bó ar an tsráid ann agus ceathrar fear i bhfostú inti. D'fhiafraigh sé daofu caidé a bhí siad ag déanamh. ' Tá maise ', a deir fear acu, ' bhí dúil againn an bhó seo a chur suas go n-íosfadh sí an féar de '.

' Nárbh fhearr daoibh i bhfad an féar a bhaint agus a chaitheamh anuas agus d'íosfadh sí é '.

' Maise, b'fhéidir go mb'fhearr dúinn ', a deir fear acu.

Rinne sé amach go raibh siadsan go measartha amaideach, ach ba chuma, shiúil sé leis. Chuaigh sé giota maith ansin agus chas scioból mór dó agus fear ina sheasamh sa doras agus sluasaid aige agus é ag iarraidh a bheith ag cur na gaoithe isteach ar an doras.

' Caidé atá tú ag déanamh? ' a deir sé.

' Tá, maise, gráinnín arbhair atá istigh agam anseo ', a deir sé, 'agus bhí mé ag iarraidh a bheith dá cháitheadh '.

' Nach mb'fhearr duit é a thabhairt amach anseo chun an bhealaigh mhóir agus ligint don ghaoth cáitheadh a dhéanamh amuigh? '

' Maise, b'fhéidir go mb'fhearr dom sin féin a dhéanamh ', arsa fear na sluaiste.

Rinne sé amach, ar ndóiche, go raibh an fear sin é féin gearr-amaideach, ach ar ndóiche ba chuma, dar leis go rachadh sé giota eile. Chuaigh sé giota maith eile ansin agus bhí geafta iarainn ar thaobh an bhealaigh mhóir. Nuair a bhí sé ag éirí cóngarach chonaic sé an fear ag léimnigh suas in éadán an gheafta. Nuair a chuaigh sé chuige: ' Caidé ', a deir sé, ' atá tú ag déanamh? '

' Tá, maise ', a deir sé, ' fuair mé bristí úra inniu agus tá mé fá choinne á gcur orm '. Bhí na bristí crochta anuas ar an gheafta agus é ag léimnigh suas ag iarraidh a bheith dá gcur air.

' Nach mb'fhearr duit ', a deir sé, ' á scaoileadh anuas agus tú féin seasamh suas in éadán an gheafta agus féacháilt le do chosa a chur isteach iontu? '

' Bhail, b'fhéidir gur fhéad mé sin ', a deir sé.

Rinne sé sin agus fuair sé air iad.

Bhí sé ag smaoiteamh ansin go raibh a sháith de dhaoine amaideacha thairis aige agus phill sé ar ais abhaile. Pósadh é féin agus an cailín agus thóg siad muirín mhór pháistí agus níor báitheadh aon duine acu ariamh ins an loch. Tá siad go maith ina gcónaí ón lá sin go dtí an lá inniu!

7.3. COITEOIR AN tSRATH BÁIN

Bhí fear saibhir ina chónaí thíos ag ceann an tSrath Báin agus bhí triúr mac aige. Thug sé léann mór daofu agus nuair a bhí sin acu d'imigh an bheirt a ba sine go Sasain. Fuair fear acu isteach ina dhochtúir agus fuair an fear eile post ina chléireach i mbanc. Bhí an fear óg ag dul thart fá bhaile agus ní raibh úsáid do dhadaidh ann. Ní raibh aon phingin a bhfaigheadh sé greim air nach raibh ólta aige agus bhí sé ag cur amú mórán ar an athair.

Bhí coiteoir ina chónaí i dteach beag ar an talamh agus is é a níodh an obair uilig daofu. Bhí sé an-bhocht agus bhí muirín bheag lagpháistí aige. Bhí an máistir é féin go han-mhaith dó i gcónaí agus bhí sé féin agus é féin cosúil le chéile i dtráthaibh méid agus déanaimh agus smigín beag féasóige ar achan duine acu. Sháraigh sé ar na comharsanaigh ariamh nuair a bheadh an bheirt giota uathu difear ar bith a dhéanamh eatarthu, ach ar ndóiche, bhí an coiteoir gránna i gcónaí ní ba bhratógaí nó an máistir nuair a bheifeá ag a dtaobh. Bhí an fear óg é féin an-mhór leis an choiteoir agus chaithfeadh sé leath a shaoil aige ag cuartaíocht is ag caint leis nuair a bhíodh sé ag obair, nó ní dhéanfadh sé féin rud ar bith ach ar fad ag déanamh falsachta.

Bhí go maith, nuair a d'éirigh an fear óg maidin amháin ní raibh an t-athair le feiceáil aige agus ar ndóiche bhíodh sé i gcónaí ina shuí i bhfad roimhesean agus nuair a chuaigh sé isteach chun an *room* bhí an t-athair ina luí ar a leabaidh agus é marbh. Bhí an-bhuaireamh go deo air agus thoisigh sé ag rá leis féin caidé faoi Dhia a bhí le déanamh aige anois. Thiocfadh an bheirt a bhí ar shiúl agus bhéarfadh siad leofu deireadh a raibh d'ollmhaitheas fá na toithe.

D'imigh sé ag reathaigh, an méid a bhí ina chorp, is é ag béicfigh is ag scairtigh go toí an choiteora ag rá go raibh a athair marbh. ' Caidé faoi Dhia ', a deir sé leis an choiteoir, ' atá agam le déanamh anois nó tiocfaidh siad siúd atá i Sasain is beidh deireadh acu nuair nach bhfuair sé faill tiomna ar bith a dhéanamh '.

' Fuist! ' a deir an coiteoir, ' is cuirfidh muid deis inteacht ar an rud. Níor aithin aon duine ariamh idir mise is é féin agus anois gabh thusa ar ais chun an toí agus tóg an corp as an leabaidh agus fág thart é i leataobh. Rachaidh mise chun an toí ansin agus luífidh mé sa leabaidh agus cuirfidh mé cuma dhona lag orm féin. Gabh thusa chomh tiubh is a thig leat ag marcaíocht isteach chun an tSrath Báin chuig an aturnae, agus abair leis go bhfuil d'athair go híseal lag ar leabaidh an bháis agus gur mhaith leis socrú a dhéanamh ar a ghnoithe. Ar ndóiche, tiocfaidh sé sin leat ar an bhomaite agus beidh mise roimhe ansin '.

B'fhíor é. Rinne an fear óg mar a hordaíodh dó. Chuir sé an corp i leataobh, agus ar shiúl leis ag marcaíocht chomh tiubh géar is tháinig leis isteach chun an tSrath Báin chuig an aturnae. Ar ndóiche tháinig an coiteoir is chaith de na seanbhratógaí is chuaigh a luí sa leabaidh is chuir an t-éadach thart fá dtaobh de is chuir cuma iontach lagdhona air féin.

Bhí an fear óg i dtrátha an ama céanna ag dul isteach chuig an aturnae. ' Bhail, a dhuine uasail ', a deir sé, ' tá m'athair go hiontach íseal le bás agus chuir sé mise anseo ag iarraidh ort a dhul chomh tiubh is a thig leat chun an toí go ndéanfaidh sé socrú ar a ghnoithe leat '.

' Rachaidh mise leat cinnte ', arsa an aturnae agus d'éirigh sé ina sheasamh agus chuir a mhála leathair faoina ascaill is amach ar an doras leis. Ba ghairid, ar ndóiche, go raibh sé ag teach an fhir thinn agus chuaigh isteach agus suas an staighre agus isteach chun an *room*, an áit a raibh an coiteoir ina luí. D'oscail an fear a bhí ins an leabaidh a shúile agus réitigh sé é féin agus ar seisean, ' A dhuine uasail, tá mise lag agus is gairid uaim an bás agus ba mhaith liom nithe beaga atá ag cur bhuartha orm a shocrú agus fágfaidh sin rudaí sa dóigh nach mbíonn imreas ar bith ag dul i ndiaidh mo bháis '.

Rinne sé moill ansin agus d'iarr an aturnae air a am a ghlacadh agus labhairt go socair. Thoisigh sé le glór íseal ansin. ' Tá coiteoir agam anseo le fada de bhlianta agus bhí mé iontach mór leis. Is é a rinne mo chuid oibre i gcónaí dom. Tá sé bocht agus muirín bheag lag aige agus caithfidh mise é a chuimhniú. Tá mé ag fágáil an toí a bhfuil sé ann aige a chéaduair. Bhail ansin, tá páirc mhór thuas ansin a bhfuil fiche acra inti a dtugann siad Páirc an Tobair

uirthi, agus fágfaidh mé í sin ag an choiteoir. Tá dhá bhó ghorm agam agus tá mé dá bhfágáil sin ag an choiteoir. Tá dhá bheathach mhaithe capaill ansin ar oibir sé féin i gcónaí leofu—ceann acu dubh agus ceann gorm—agus fágfaidh mé iad sin aige fosta. Anois, an mac is óige agam, d'fhan sé agam i gcónaí agus bíodh an chuid eile amuigh agus istigh, airgead, stoc agus tailte aigesean. Tá an bheirt eile mac atá agam i bpostaí maithe agus níl dadaidh de dhíth orthu. Díolfaidh mé amach iadsan le scilling an duine, agus anois tá mise réidh '.

Ar ndóiche bhí deireadh scríofa ag an aturnae agus chuir a mhála faoina ascaill agus ar shiúl leis. Nuair a fuair an coiteoir ar shiúl é ní raibh seisean i bhfad sa leabaidh agus theann air na seanbhratógaí ar ais agus ar shiúl abhaile leis. Tháinig an fear óg ansin agus thug leis an corp ar ais agus d'fhág sa leabaidh é. D'éirigh sé amach ansin fríd na comharsanaigh agus achan ghair dhearg leis go raibh a athair i ndiaidh bás a fháil. Chruinnigh an-chomóradh ansin agus, ar ndóiche, cuireadh scéala chuig an bheirt mhac a bhí i Sasain. Tháinig siad sin an oíche chéanna agus an-bhuaireamh orthu. Bhí an-chomóradh go deo ann agus an-tórramh agus cuireadh go han-ghalánta an duine uasal sin.

Lá thar na mhárach, i ndiaidh an tórraimh, d'fhiafraigh an bunadh a tháinig don fhear a bhí sa bhaile an dtearn an t-athair tiomna ar bith. Dúirt seisean go dtearn ach nach raibh a fhios aigesean caidé a rinne sé. Dúirt siadsan nach n-imeochadh siad go bhfeicfeadh siad caidé a rinne sé agus chuaigh an triúr isteach chun an tSrath Báin chuig an aturnae. Léigh seisean amach an tiomna dó ó thús go deireadh agus nuair a chualaigh an bunadh a bhí thall nár fágadh dadaidh acu féin níor phill siad ar an bhaile ní ba mhó ach ar shiúl chomh tiubh is a tháinig leofu.

Phill an fear óg abhaile agus é féin briste go mór fán méid a bhí caillte aige. Ar an bhealach scairt sé isteach chuig an choiteoir agus ar seisean leis, ' Nár mhillteanach an rud a rinne tusa ormsa, ar ndóiche d'fhág tú an chuid ab fhearr uilig agat féin! '

' Há! ' a deir an coiteoir, ' ní raibh ann ach greann eadrainn agus ach go bé mise bheadh deireadh caillte agat ar scorar bith agus tar le a bhfuil agat anois! '

Bhí an coiteoir go láidir sa tsaol ó sin amach agus bhí an mac óg ag dul thart ag déanamh falsachta agus ag ól go dtí gur chaith sé deireadh agus ansin b'éigean dó imeacht as an áit ar fad.

Nóta

Chuir an bhean seo síos an scéal seo dom ar phláta cainte nuair a bhí mé féin agus an Caiftín Ó Danachair i gcionn na hoibre sin ar na Cruacha...S. Ó hEochaidh.

8. SÍSHEANCHAS

8.1. GALLCHÓIRÍ CHAISIL MHULLÁIN

Chualaigh mé an seanbhunadh ag trácht go raibh fear de chlann Uí Gallchóir ina chónaí thiar i gCaiseal Mhulláin[1] fada ó shin, agus go raibh sé síos fán chladach lá amháin. Chonaic sé bean ansin ina suí ar charraig agus í ag cíoradh a cinn. Chuaigh sé síos go suaimhneach agus ca bith rud a dtugann siad an brat air bhí sé caite lena taobh agus fuair sé greim air agus thug sé abhaile é, agus chuir i dtaiscidh é.

Bhí go maith, is cosúil nach dtáinig léithise a dhul ar ais chun na farraige gan é agus bhí a fhios aigesean gur mar sin a bhí agus caidé do bharúil nár lean sí chun an toí é. D'fhan sí aige ansin agus sa deireadh pósadh an bheirt. Bhí seisean ag cur an bhrait seo i bhfolach thall is abhus ar eagla go bhfaigheadh sise é agus ní fhacaigh duine ar bith é agus ní raibh a fhios ag duine ar bith dadaidh fá dtaobh de ach é féin. Ní fhacaigh an chlann féin é.

Lá amháin ins an fhómhar bhí sé ag déanamh cruach arbhair agus fear de na gasúraí aige ag cuidiú leis. Chuir sé an brat isteach i gcroí na cruaiche agus shíl sé nach dtráchtfadh an gasúr go brách air. An tráthnóna céanna sin nuair a bhí an chruach críochnaithe d'imigh an t-athair i ndiaidh eallaigh agus chuaigh an gasúr isteach chuig a mháthair. ' Bhail, a mháthair ', arsa seisean, ' dá bhfeicfeá an rud deas a chuir mo dheá isteach i gcruach an arbhair inniu! '

' Caidé an seort a bhí ann? ' arsa sise.

D'inis sé daoithi agus níor lig sí uirthi níos mó fá dtaobh de nó go raibh a fhios aici caidé a bhí ann, maith nó olc, ach bhí a fhios aici go breá gurbh é an brat a bhí ann.

Bhí aonach na nGleanntach ag teacht gan mhoill ina dhiaidh sin agus bhí gnoithe inteacht chuige ag an fhear. Chomh luath is fuair sise ar shiúl é chuaigh sí amach agus chuartaigh sí an brat go bhfuair sí é. Chuir sí uirthi é agus ar shiúl go brách léithi gur bhain sí an fharraige amach. Ag teacht abhaile dósan tráthnóna bhí na páistí leofu féin agus smaoitigh seisean ar an bhomaite go mb'éigean daoithi go bhfuair sí an brat.

[1] Cóngarach do Phort Nua i bparóiste Inis Caoil.

Bhí sé sa scéal ag an tseanbhunadh go dtigeadh sí go mion is go minic go níodh sí na páistí beaga agus go gcíoródh sí na cinn acu. Bhí siad dá rá fosta gurbh é sin an rud a d'fhág na Gallchóirí seo Chaisil Mhulláin bheith chomh dóighiúil dathúil.

Bhí cumhaidh mhór ar a fear ina diaidh agus chum sé amhrán fada fá dtaobh daoithi agus dá moladh agus ag trácht ar an dóigh ar fhág sí chomh huaigneach é féin agus na páistí. Níl agamsa ach cúpla focal de ach bhí sé uilig ag cuid den tseanbhunadh a bhí thart anseo fada ó shin.

I

Is doiligh dom trácht ar aicíd an ghrá
Is gur leannán dom é nach scaoiltear,
Gan duine san áit a gcluinfeadh mo thásc
Nach gcuirfeadh os ard mo chaoineadh,
Ach is doiligh dom an pháirt sin a adhradh go brách
Do ainnir na séad nár síolraíodh,
Is dá dtógfá do lámh is mé a thógáil ón bhás
Do mhalairt go brách ní dhéanfainn.

II

Shiúil mise an domhan is ní léir dom go bhfacthas
'Mo leabhar do leithéid a stáidbhean,
An mhaighdean mhara a bhí lámh le beanna
Is ní bréag atá mise ag rá leat,
Le scéimh, le deise, le méin is le maise
Bhí sí ag síorghealladh grá dom,
Bhí naoi míle eochair ag cuartú a hochras
A scaoilfeadh glais as gach gábhadh,
Osna gan sochar ag méadú mo dhochar
Nuair a smaoitím ar fhocal dá béilín.

8.2. AN DÓIGH A dTÁINIG NA DAOINE BEAGA

Fada ó shin nuair a bhí an cogadh ins na Flaithis ghlan Dia na haingle uilig amach as agus chuir sé cuid acu san fharraige, cuid acu san aer agus cuid eile isteach ins na beanna. Deir siad gur ordaigh sé daofu fanacht ansin go lá an bhreithiúnais, agus an chuid acu nach mbeadh a oiread fola iontu an lá sin agus a scríofadh a n-ainm nach bhfeicfeadh siad na Flaithis go brách. Sin an fáth go bhfuil sé canta gurb iad a bheir leofu na daoine a bháitear agus a

thugtar as—go bhfuil siad ag dréim le hoiread fola a fháil astu agus a scríofas a n-ainm sa dóigh go mbeidh seans acu fáil chun na bhFlaitheas.

Bhí sagart ins an tseanam ag dul amach ar airteagal agus tháinig scaifte mór roimhe den dream acu a bhí sa chnoc. Dúirt siad leis nach ligfeadh siad ní b'fhaide é go n-inseochadh sé daofusan caidé a bhí ag dul a éirí daofu lá an bhreithiúnais. ' Bhail, tá deifre orm anois ', arsa an sagart, ' ach má bhíonn sibh anseo ag teacht ar ais dom inseochaidh mé daoibh é '.

D'imigh sé leis ansin agus nuair a tháinig sé ar ais bhí siad ina seasamh sa talamh céanna. Thug sé pionna beag amach as a chuid éadaí agus sháigh sé i dtriúr acu é agus ní bhfuair sé deoir amháin fola i gceachtar acu. ' Tá eagla orm nach bhfaigheann sibh chun na bhFlaitheas choíche ', arsa seisean, ' níl deoir amháin fola i gceachtar agaibh, agus nuair nach bhfuil tá drochsheans agaibh '.

D'imigh an t-iomlán ansin uaidh mar bheadh ceo an chnoic agus iad uilig ag gol is ag caoineadh agus ní fhacaigh sé iad ní ba mhó.

8.3. SLUA SÍ AN AEIR

Bhíodh an seanbhunadh ag rá fada ó shin gurbh iad slua sí na spéire a thógadh an ghaoth mhór. Chonaic mé féin séideán sí lá samhraidh ag tógáil a raibh d'fhéar ar bhaile talaimh suas go glinntí an aeir. Thógfadh siad gaoth mhór go minic san fhómhar lena sáith arbhair a fháil.

Bliain amháin fada ó shin bhí fear thoir anseo ar an Fhál Gharbh—fear arbh ainm dó Paidí Bhríde agus bhí an dubhrud go brách arbhair curtha aige—a oiread agus a bhí ag an chuid eile de bhunadh an bhaile uilig. Nuair a bhí an t-arbhar uilig bainte stóraithe aige tháinig oíche gaoithe móire agus nuair a chuaigh Paidí amach ní raibh a oiread agus a chraithfeadh braon uisce coisricthe ar chorp dá chuid arbhair fágtha sa chuibhreann nach dtug an ghaoth mhór léithi. Ní raibh ann ach é nach dteachaigh sé as a chéill nuair a chonaic sé caidé mar bhí.

Bhí go maith nuair a tháinig an oíche d'imigh sé soir chun na Brocaigh le méad is bhí buaireamh intinne air agus d'ól sé a sháith. Ar philleadh dó tháinig cith trom air ar an bhealach agus dar leis go mb'fhearr dó a dhul ar foscadh. Bhí tom draighin ar thaobh an bhealaigh agus chuaigh sé isteach faoin tom. Dheamhan i bhfad a bhí sé ansin go dtáinig suanán codlata air agus gur chaill sé cuimhne an tsaoil. Dar leis ina chodladh go gcualaigh sé mar bheadh glór

ag caint leis agus is é a bhí dá rá aige: ' Maise, a Phaidí Bhríde, tá a fhios agamsa cá bhfuil do chuid arbhair! ' Dúirt an glór seo cúpla uair nó trí.

' Maise, má tá a fhios ', arsa Paidí, ' is trua nach dtugann tú mise chun na háite sin! '

Níor luaithe a chan sé an focal ná tógadh amach as faoin tor é agus tógadh idir chorp agus chleiteacha suas chun an aeir é. Tugadh isteach i scioból mór é thuas ansin agus bhí triúr den mhuintir bheaga istigh ansin agus bhí súistí acu agus a chuid arbhair chóir a bheith buailte acu. Bhí fear nó beirt eile acu ag cur an choirce ins na málaí. Chuir siad a sháith feirge ar Phaidí nuair a chonaic sé caidé mar bhí agus ní thearn sé ach cromadh ar an chlár buailte a bhí acu agus ghread sé orthu gur loit sé iad a oiread agus nach raibh siad ábalta bogadh. Rug sé ar an chochán ansin agus chuaigh sé chun an dorais leis agus thoisigh sé dá chaitheamh anuas gur chaith sé batáil fá dheireadh amach ar an doras. Ní raibh a fhios aige cá raibh siad ag dul ach bhí barúil aige go dtiocfadh siad chun talaimh. Rug sé ar mhálaí an arbhair agus rinne sé an cleas céanna leofu agus nuair a bhí sin déanta aige bhí sé chomh tuirseach agus gur thit sé thart ina chnap codlata aríst.

Níor mhothaigh sé aon seort níos mó agus níor mhúscail sé go maidin agus nuair a mhúscail sé cén áit a raibh sé ach ina luí i gcruach an chocháin a chaith sé anuas as an spéir agus nuair a d'amharc sé fá dtaobh de bhí na málaí uilig a chaith sé amach as an scioból thuas uilig fá ghiota beag de. Chroith sé suas é féin ansin agus nuair a chuaigh sé abhaile d'inis sé dá bhean caidé a d'éirigh dó.

' B'fhéidir ', a deir sí, ' go mb'fhearr duit reathaigh sleamhain leis an dream aerach sin. B'fhíor daoithi. Ní raibh bó, gamhain nó colpach fán teach a dtug sé an cochán dó nár stiúg uilig agus bhí sé chomh maith aige cead a gcinn a thabhairt daofu agus gan bacadh leis an ghlór a d'inis dó cá raibh a chuid cocháin.

8.4. TAIRNÍ AR IOMPAR LE DAOINE

Tá muid ag éisteacht leis ariamh nár chóir do dhuine ar bith a dhul amach in am antráthach san oíche gan cúpla tairne a bheith leis ina phóca. Deir siad an té a mbeadh an tairne leis nach dtig le rud ar bith neamhshaolta baint dó agus má thig neach ar bith ina bhealach atá sé ag déanamh nach den saol seo níl aige ach an tairne a chaitheamh in aghaidh na hurchóide agus tá an chontúirt thart. Bhí sé ina ghnás mór ag fir fada ó shin a mbíodh a gcuid

ban i dtinneas clainne nuair a bhíodh siad ag imeacht fá choinne banaltraigh, nó bean ghlúin mar bhí ann ins an am sin, go gcuireadh siad cúpla tairne ina bpóca sula bhfágfadh siad an teach.

Chualaigh mé iomrá ar fhear a bhí ansin sa tseanam agus tháinig air ar an dóigh seo oíche amháin i lár na hoíche. Bhí bean ghlúin—bean a dtugadh siad Ciot Mhór Ní Cheallaigh uirthi—thoir ina cónaí ar an Chlochar agus chuaigh sé soir fána coinne. Chuir sé cúpla tairne ina phóca agus thug sé leis aibhleog ar bior. Bhí an oíche garbh, mar is minic a bhíos an oíche a bhíos bean ag dul ar na carraigeacha,[1] agus ní theachaigh sé i bhfad uilig go raibh an aibhleog caite. Shiúil sé leis agus mhúscail sé an bhean a bhí sé ag iarraidh agus tháinig sí leis.

Nuair a bhí siad ag teacht anoir ag Mín na Sróna mhothaigh siad an callán agus an gleo ag tarraingt orthu soir, agus bhí iontas mór orthu cé a bheadh amuigh fán am sin d'oíche nó níor chualaigh siad iomrá ar dhuine ar bith a bheith marbh nó damhsa nó seort ar bith a bheith ag dul a bhéarfadh daoine amach as a gcuid toithe. Ach ba ghairid go raibh a fhios acu nach daoine saolta a bhí iontu—ba ghairid go dteachaigh an callán trasna os cionn mhullach a gcinn agus nuair a mhothaigh seisean seo bhí a fhios aige go maith caidé mar bhí. Cha dtearn sé ach na tairní a chaitheamh suas chun aeir agus scairt sé amach ' In ainm Dé! ' arsa seisean, ' má tá seort ar bith libh a bhfuil allas goirt ann ligigí uaibh é '. Níor luaithe a dúirt sé na focla nó thit an tollairt anuas ag a gcosa. Scanraigh siad go maith a chéaduair ach nuair a labhair an neach leofu d'aithin an fear ar an bhomaite glór a mhná féin. Bheir sé greim uirthi thíos agus thuas agus bhí sí chomh fuar leis an éag agus í uilig ar shiúl ar bharr creatha. Labhair sé léithi agus d'fhiafraigh sé daoithi caidé a tháinig uirthi agus chomh luath is labhair sé tháinig sí chuici féin ach bhí sé tamalt sula bhfuair sí an chaint. D'fhiafraigh sé daoithi caidé a tháinig uirthi agus dúirt sí gur sin rud nach dtáinig léithi inse dó i gceart—go dtáinig suanán codlata uirthi tamalt i ndiaidh é imeacht agus nár mhothaigh sí níos mó gur rug sé greim uirthi. Thug siad leofu ar ais chun an bhaile í ansin agus nuair a bhí siad ag tarraingt ar an teach bhí an caoineadh agus an búirfeach a bhí ansin mór le rá.

Bhí na mná a bhí ansin istigh rompu amuigh ar an chnoc agus gach uile bhéic chaointe acu go raibh bean an toí marbh agus siúd is seo.

' Bhail ', arsa an fear, ' b'fhéidir nach bhfuil sí marbh go fóill '.

[1] I dtinneas clainne—leagan cainte atá coitianta i dTír Chonaill.

' Ó, tá ', arsa siadsan, ' gabh chun an *room* agus chífidh tú féin í ansin agus í chomh marbh le scadán '.

Chuaigh fear an toí chun an *room* agus nuair a d'amharc sé sa leabaidh ní raibh aon seort le fáil aige. D'inis sé do na mná caidé mar bhí agus ar ndóiche ní chreidfeadh siad é. Chuaigh siad féin chun an *room* ach ní raibh le fáil acu ach an leabaidh fholamh.

Bhí an dubh-iontas orthu agus i rith an ama bhí an bhean seo aige féin amuigh ag an doras. Chuaigh sé amach agus thug sé isteach í agus níorbh iontas ariamh é go dtí sin. Bhí cuid de na mná a bhí istigh ag titim i laige agus ní chreidfeadh siad gurbh í a bhí ann ach nuair a rinne sí a comhrá leofu d'aithin siad go maith gurbh í agus fuair siad a suaimhneas.

Bhí go maith, nuair a shocraigh siad uilig síos agus a chuaigh siad a dh'amharc fá dtaobh daofu féin smaoitigh duine inteacht ar an pháiste agus chuaigh cuartú air ach ní raibh sé le fáil acu thíos nó thuas. Chuartaigh siad agus chuartaigh siad in achan áit é ach dá mbeadh siad dá chuartú ó shin sin a mbeadh ar a shon acu. Ní raibh sé ar fáil agus ní bhfuair siad é go dteachaigh siad i dtalamh. Thug ' siadsan ' leofu an créatúr nach raibh an tonn bhaiste air agus ca bith áit a dtug siad an créatúr tá sé ann ón lá sin go dtí an lá inniu. Chaith an lánúin an chuid eile dá saol agus chuir siad a gcuid géibhinn tharstu gan duine ar bith a theacht aníos nó anuas orthu. Ach go bé go raibh na tairní leisean ina phóca an oíche sin bhí an bhean agus an páiste caillte aige agus ní bheadh a fhios ag aon duine go brách cén áit a dteachaigh sí nó caidé a d'éirigh daoithi.

8.5. BEAN A TUGADH AS

Bhí lánúin ins an pharóiste seo agus bhí siad ar Aonach na Brocaigh. Tráthnóna ar a mbealach chun an bhaile bhí aicearra acu trasna na habhann. Dúirt an bhean go dtiocfadh sí féin an aicearra. Chuaigh an fear agus gasúr leis thart an bealach mór. Nuair a tháinig an fear agus an gasúr abhaile ní raibh an bhean sa bhaile ar chor ar bith. D'imigh siad dá cuartú. D'éirigh taisme daoithi san abhainn agus báitheadh í.

Seal blianta ina dhiaidh sin bhí beirt mhac dá cuid ag teacht ó aonach síos an tír. Tráthnóna samhraidh a bhí ann agus tháinig an oíche orthu nuair a bhí siad ag teacht trasna an chnoic. Tháinig siad a fhad le teach beag sa chnoc agus chuaigh siad isteach go bhfaigheadh siad deoch. Bhí fear acu seo pósta agus fear acu dío-

mhaoin agus an fear acu a bhí pósta nuair a chuaigh sé isteach sean-daoine uilig a bhí sé ag feiceáil istigh agus bhí sé ábalta a mháthair a fheiceáil ina suí ins an choirnéal. An fear a bhí díomhaoin daoine óga uilig a chonaic sé sin sa teach agus ní raibh sé ábalta duine aosta ar bith a fheiceáil. Chuaigh an bunadh a bhí istigh a thabhairt aráin agus deoch daofu agus ní ligfeadh an tseanbhean a bhí ins an choirnéal—bhí an fear ag leagan amach gurbh í a mháthair í—ní ligfeadh sí daofu dadaidh a ithe nó dadaidh a ól. Chuaigh siad amach ar an doras agus shiúil siad leofu abhaile. Bhí siad ag meas dá mblaisfeadh siad bia nó deoch ins an áit a raibh siad nach gcorróchadh siad amach as go brách ach shábháil a máthair, a báitheadh san abhainn, iad.

8.6. MAISTREADH MÓR CHRUACH AN AIRGID

Bhí daoine ina gcónaí thiar i gCruach an Airgid sa tseanam agus bhí ceithre ba bainne acu a bhí i ndiaidh breith. Ní nach ionadh, bhí go leor bainne acu agus ábhar ime go leor. Thoisigh siad ar mhaistreadh agus bhí siad ag bualadh leofu ach ní raibh a dhath ag teacht air ach cúr.

D'fhéach siad leis trí nó ceathair de chuarta ach ní raibh maith ann. D'imigh siad ansin agus hinsíodh daofu fán mhaistreadh mór agus gur cheart daofu ceann acu a dhéanamh. Ba é an dóigh a ndéantaí an maistreadh mór—bheireadh siad leofu agus chuireadh siad éadach dubh ar an fhuinneoig, agus dhruideadh siad an poll leataigh sa dóigh nach dtiocfadh aon ghreim de sholas an lae isteach. Dhruidtí an doras ansin agus chuirtí an chuinneog ina suí i lár an urláir—chaithfeadh ceathrar fear a bheith istigh—triúr le breith ar an chuinneoig agus an ceathrú fear ag bualadh an bhainne.

Fuair siad seo crú gearráin agus chuir siad isteach sa tinidh é agus nuair a bhí sé dearg te tógadh amach é agus cuireadh faoin chuinneoig é. Leis sin féin thoisigh an chuinneog ag bogadaigh agus ar an dóigh sin féin bhí obair ag an triúr í a choinneáilt. Leis sin féin tháinig an tormán go bun an dorais agus b'éigean an doras a fhoscailt agus shiúil an chailleach isteach agus achan bhéic aici. D'iarr sí orthu an crú a chur in uisce agus nach mbainfeadh sí d'aon deoir bhainne go brách aríst fá na bailte. Rinne siad truaighe daoithi agus d'fhuaraigh siad an crú agus ón lá sin go dtí an lá inniu níor baineadh don bhainne i gCruach an Airgid agus sin an rud a dtugtar Maistreadh Mór Chruach an Airgid air.

8.7. BUNADH NA gCNOC AG IMIRT ' FOOTBALL '

Caithfidh sé gur chuir míoruiltí na sagart an tóir ar bhunadh na gcnoc ar fad! Anois, le seal de bhlianta níor mhothaigh mé iomrá ar dhuine ar bith a chonaic iad ach i m'óige féin bhí siad le feiceáil go mion is go minic ag achan duine óg is aosta.

Chualaigh mise m'athair ag caint ar fhear a bhí amuigh ins na Cruacha Gorma ina óige féin—fear a bhí ag amharc fána chuid caorach. Tráthnóna deas samhraidh a bhí ann agus bhí sé ar an bhealach abhaile go díreach i ndiaidh luí gréine. Bhí sé ag teacht anuas in áit a dtugann siad an Ghlaiseach air agus dar leis gur mhothaigh sé callán ar an taobh cúil d'ardán a bhí sa ghleanntán. Shíl sé go mb'fhéidir gur abhus fá na toithe a bhí sé ansin agus siocair an tráthnóna a bheith chomh ciúin go mb'fhéidir gur cineál de mhacalla a bhí ann a bhí ag teacht aníos fríd an ghleann. Sheas sé ansin agus d'éist sé agus bhí an callán agus an gleo a bhí ann mór le rá.

Dar leis féin ins an deireadh: ' Rachaidh mé thart i gcúl an aird go bhfeicfidh mé caidé atá ann '. Chuaigh agus bhí an baicle a ba mhó a chonaic sé ariamh ansin agus *football* acu agus iad ag imirt an mhéid a bhí ina gcorp. Sheas sé ansin ar thaobh an aird ag coimheád orthu agus thosaigh siad ag scairtigh agus ag béicíl leis ach ní raibh eagla ar bith air rompu. Thoisigh siad ag scaoileadh an *bhall* aníos ina aice sa deireadh agus níl uair ar bith nach n-imíodh an *ball* ar ais uaidh gan greim a fháil air. Bhí siad mar sin go dtearn siad amadán de agus iad ag briseadh a gcroí ag gáirí nuair nach dtáinig leis breith ar an *bhall*.

Bhí siad mar sin leis gur shásaigh siad iad féin. Ach bhí sé ag éirí mall agus chuaigh sé a imeacht le tarraingt ar an bhaile. Nuair a fuair fear acu taobh a leicinn leis bheir sé ar an *bhall* agus thug sé an tóiteog dó isteach i dtaobh an leicinn agus thit sé, agus d'imigh cuimhne an tsaoil amach as a cheann. Ní raibh a fhios aige féin cá fhad a bhí sé ins an néall sin ach nuair a mhúscail sé bhí coim na hoíche ann agus ní raibh aon duine acusan le feiceáil. Bhain sé an baile amach agus is é a raibh ann é. Chuaigh sé a luí agus tugadh an sagart chuige agus hobair go bhfuair sé bás. Chualaigh mise an seanbhunadh ag rá fosta nach raibh aon lá a fhad is bhí sé beo nach raibh coilm ar thaobh a leicinn ins an áit ar bhuail an diúlach é leis an *bhall*. Fuair sé biseach ach ní thearn sé faisean de ariamh ina dhiaidh sin a bheith amuigh leis féin i ndiaidh luí gréine sa chnoc.

8.8. BEANNA DEARGA GHÁIGÍN

Tá beanna ins an tsliabh seo thuas os cionn an toí againn a dtugann siad na Beanna Dearga orthu. Ar ndóiche d'áiríodh an seanbhunadh ariamh anall go raibh sé uasal agus go mbíodh na daoine beaga fá dtaobh de.

Ach bhí lá tá seal de bhlianta ó shin agus bhí bean an toí seo ag dul siar chun na gCruach. Bhí lá breá gréine ann. Nuair a bhí sí ag dul siar chas fear daoithi ag teacht aniar agus sheasaigh an bheirt ag comhrá. Ar an chnoc seo taobh thiar den áit seo d'éirigh an slua daoine amach as an alt. Bhí siad ag coimheád orthu ar feadh i bhfad agus smaoitigh siad go deireanach gur rud inteacht a bhí cearr ins an chomharsanacht nó gur beathach duine inteacht a chuaigh leis an ailt. Beagán laetha ina dhiaidh bhí sí ag caint leis an bhunadh a raibh an teach acu cóngarach den alt agus a gcuid talaimh thart fán alt agus d'fhiafraigh sí caidé a bhí cearr ar a leithéid seo de lá nuair a bhí a leithéid de chuidiú acu amuigh. Dúirt an duine sin nach raibh aon duine acu amuigh an lá sin ar chor ar bith agus nach raibh dadaidh cearr ach oiread.

Bhí siad ag leagan amach gurbh iad an bunadh beag a bhí ann agus tá go dtí an lá inniu.

8.9. EOIN MAC AN BHAIRD AGUS NA DAOINE BEAGA

Bhí fear thíos fada ó shin ins an áit a dtugann siad an Gleann Dorcha air—fear a dtugadh siad Eoin Mac an Bhaird air. Bhí sé an-ramhar ins an réasún agus ba bheag an rud a dhéanfadh an t-aos óg nuair a bhéarfadh sé leis amach gunna go scaoilfeadh sé leofu.

Bhí sé lá amháin ag imeacht ag dul a bhaint ábhar cléibh agus bhí áit ann a bhí crosta os cionn gach uile áit le neart pisreog agus daoine beaga. Sin an áit a gcaithfeadh Eoin a dhul go mbainfeadh sé ábhar an chléibh agus ní raibh gar a bheith ag caint leis fán bhaile. Chuaigh sé ann. Bhain sé ábhar an chléibh agus nuair a bhí beairtín ábhar an chléibh bainte aige chuaigh sé dá gceangal agus nuair a bhí an beairtín ceangailte suas aige thoisigh an caoineadh agus an búirfeach ins an bhinn os a choinne anonn.

D'fhág sé síos an beairtín tamalt beag agus d'éist sé leofu. Rinne sé amach ansin nach dtabharfadh sé a oiread de shásamh daofu agus nach dtabharfadh sé leis na slatacha. Chuaigh sé isteach ins an bheairtín agus thug sé leis na slatacha abhaile. Dúirt sé leis an bhean gur mhothaigh sé an caoineadh ins an bhinn.

'Ó, is trua Mhuire!' a deir sí, 'nach suíonn tú ar do thóin leath an ama agus gan a bheith ag baint leis an rud nach mbaineann duit. Beidh a fhios agat caidé a éireochas duit ar a dheireadh'.

Níor lig seisean faic air cé acu a bhí sí ag caint nó nach raibh ach i ndiaidh é a dhul a luí thoisigh an caoineadh thart fán teach agus an búirfeach agus an caoineadh a ba mhillteanaí a chualaigh aon duine ariamh.

D'éirigh Eoin is chuir sé air a bhríste agus rug sé ar an ghunna a bhí in airde aige. D'éirigh a bhean agus fuair sí greim láimhe air agus d'iarr sí air ar gheall ar Dhia fanacht istigh nó go raibh a fhios aici go maith nach daoine saolta ar bith a bhí ann nó gurbh é an áit ar bhain sé na slatacha a ba chiontaí leis. Ní bhfuair sé néall codlata go dtí go raibh teacht an lae ann agus nuair a tháinig an ball bán isteach ar an lá ní thearn sé aon seort ach a dhul amach agus breith ar na slatacha agus siúl ar ais aríst go dtí an spota a bhfuair sé ann iad. Bhain sé díofu an rópa agus thug sé cic don bheairtín. 'Sin anois agaibh iad', a deir sé, 'agus drochrath oraibh féin is orthu féin!'

8.10. SEACHRÁN JOHN UÍ CHUINN

Bhí an fear seo—John Ó Cuinn—ag teacht isteach aicearra an chnoic ó bhealach na gCreach isteach go bealach na gCruach. Oíche shamhraidh a bhí ann agus ba ghairid go dtáinig an ceo air agus chuaigh sé ar seachrán. Shiúil sé leis agus nuair a bhí sé anonn i dtrátha an mheán-oíche d'éirigh triúr buachall amach roimhe ar an chosán a raibh sé air. Lean sé iad agus ní raibh taobh ar bith a raibh siadsan ag tabhairt a n-aghaidh nach raibh seisean ins na sála acu—suas ar bhruach agus anuas le bruach—'agus', a deireadh sé féin, 'diabhal léim ar ghearr siad i rith na hoíche nach raibh mise ina ndiaidh agus orthu san féin a bhí na *jacket*achaí rite!'

Chaill sé fá na hAirde Scoilte iad agus ins an am sin bhí nádúr an lae ag teacht agus ghlan an ceo agus bhain sé an baile amach agus é tuirseach sáraithe.

8.11. BRIAN MÓR Ó SCANNLÁIN AGUS AN SIOSANACH

Seo scéal beag anois agus fíor bréag é ní ní mise a chum é ach chualaigh mé é.

Bhí fear ina chónaí thoir anseo arbh ainm dó Brian Mór Ó Scannláin. Ba leis an rud a dtabharfadh siad ceathrú talaimh air ins an am sin. Bhí stoc eallaigh aige air agus é ag díol cíosa. Stad

sé ag díol an chíosa nuair a d'éirigh an t-am olc agus bhí dligheadh imríste air leis an stoc a thógáil. Tháinig fear beag chuige agus d'iarr sé lóistín air. Thug sé sin dó agus chaith sé bliain ann, i scioból a bhí aige.

Bhí go maith agus cha raibh go holc nuair a bhí an bhliain thuas fuair Brian Mór scéala go raibh an t-arm le theacht a thógáil a chuid eallaigh. Chruinnigh sé an-chuid stoic leis an arm a throid agus le féacháilt leis an stoc a choinneáilt. I rith na bliana seo a bhí an fear beag aige chaith sé an bhliain go hiomlán ag déanamh *bow and arrows* agus ag cóiriú bróg. Ach an lá a tháinig an t-arm le cuid stoic an fhir mhóir a thógáil d'imigh sé ar maidin lena chuid cuidithe agus chuaigh sé i gcionn a bhriste.

'Och, och!' a deir bean an toí leis an fhear bheag a raibh an bhliain caite sa scioból aige, 'is iontach agus an fad atá caite fán teach agat agus an géibheann a bhfuil an fear seo agamsa inniu ann nach dteachaigh tú a thabhairt cuidithe dó'.

'Maise, is dóiligh dom a dhul', a deir sé, 'agus gan aon bhróg agam'.

'Bhail', a deir sí, 'tá tréan leathair ansin agus cad chuige nach dtearn tusa péire duit féin'. Shuigh sé ansin agus chuaigh sé i gcionn péire agus bhí siad sin ró-mhór aige. Rinne sé an darna péire agus bhí siad sin ró-bheag ach rinne sé an tríú péire agus bhí siad sin ag fóirstean i gceart dó. Chuir sé air iad agus chruinnigh sé suas a chuid *bow and arrows* agus chuir air a dhroim iad agus bhain an briseadh amach.

Nuair a bhain sé amach iad bhí an fear agus a chuid cuidithe chóir a bheith buailte. D'fhiafraigh sé don fhear mhór cé acu a cheapfadh sé an stoc ná a throidfeadh sé na fir. Dúirt seisean go gceapfadh sé an stoc. Chaith an fear beag de an t-ualach agus níor luaithe a rinne ná bhí fear ansin le breith ar achan cheann de na *bow and arrows*. Thoisigh an troid agus an scaoileadh ansin agus ní raibh an t-arm ábalta feiceáil caidé a bhí ag teacht orthu go dtí go raibh a mbunús loitithe agus ansin theich siad.

Bhí go maith, ar theacht abhaile daofu agus an lá istigh agus an stoc coinníste acu, a deir an fear mór, a deir sé leis an fhear bheag: 'Níl a fhios agam', a deir sé, 'caidé a thiocfadh liom a thabhairt duit anois ar son an ghair atá déanta agat inniu dom'.

'Níl mise ag iarraidh dadaidh ort', arsa an fear beag, 'ach cabhair de sheort ar bith dá mbeidh agat féin a rann liomsa'.

Tháinig siad chun an toí agus, ar ndóiche, i ndiaidh an lá a bheith istigh go maslach acu bhí tart orthu agus fuair an fear mór deoch agus d'ól sé í agus níor thairg sé deoir ar bith don fhear bheag.

'Bhail', a deir an fear beag, 'tá an margadh a bhí muid ag déanamh ag teacht chun an toí dúinn briste anois agus caithfidh mise a bheith ar shiúl. Ní fhanóchaidh mé agat níos faide'.

'Caidé an fáth', a deir an fear mór, 'a n-imeofá anois i ndiaidh a fhad a bheith caite fán teach agat agus an lá maslach a chuir tú isteach ó mhaidin!'

'Bhail', a deir sé, 'nuair nár sheas tusa do do mhargadh caithfidh mise a bheith ar shiúl agus ní thabharfaidh mé aon lá do thalamh na hÉireann go brách ach aon lá amháin a bhéarfas mé do Thadhg na dTadhgann'.

D'imigh an fear beag leis ansin agus ní fhacaigh duine ar bith cén taobh a dtug sé a aghaidh nó ní fhacthas aon amharc air ón lá sin go dtí an lá inniu. Char casadh duine ar bith dom ariamh ach oiread a bhí ábalta inse dom cén uair a thiocfas lá Thaidhg na dTadhgann.

8.12. TÓRRAMH SÍ

Tá mé ag éisteacht leis an tseanbhunadh ariamh dá rá go bhfaigheann daoine áirid comharthaí roimh bhás duine. Tá daoine anseo a chaointear roimh an mbás agus chualaigh mé mo mháthair féin dá rá go gcaointí Clann Mhic an Bhaird fada ó shin. Bhí deartháir óg agam féin a fuair bás nuair a bhí sé ina fhear agus thiocfadh liom mionnú gur caoineadh é roimh a bhás.

Bhí mé oíche amháin anseo agus tháinig m'athair ón chnoc go mall (go ndéana an Rí grásta orthu, tá siad uilig marbh anois); ní raibh tobaca ar bith aige agus nuair a bhíodh sé mar sin bhíodh sé mar bheadh easóg agus ní mó nó go dtiocfadh le duine amharc air mura mbeadh toit aige. Thug mo mháthair cogar domsa agus dúirt sí go mb'fhearr dom labhairt le cailín beag eile a bhí thiar anseo i dtoí na comharsan agus muid araon a dhul siar chun an Éadáin fá choinne giota tobaca dó. Ní raibh de dhíth ormsa ach an leideadh a fháil agus ní raibh eagla nó uaigneas orm a dhul chun siúil nó ar an chailín a bhí liom. Bhí oíche gheal ann agus bhí sé chomh ciúin agus dá dtitfeadh pionna as an aer go mothófá é ag bualadh an talaimh. Chuaigh muid siar chun an Éadáin agus fuair muid an tobaca agus tháinig muid aniar ar ais agus leoga ní raibh deifre ar bith orainn—coiscéim anois agus aríst agus is trua Mhuire gan mise chomh neamh-mbuartha inniu agus a bhí mé an oíche sin!

Ag teacht aniar dúinn os coinne Chruach an Airgid mhothaigh mise an caoineadh a ba thruacánta a mhothaigh mé ariamh.

Sheas mé go tobann agus d'éist mé agus nuair a sheas mé stad sé. Shiúil mé liom agus d'fhiafraigh an cailín eile díom an bhfacaigh mé dadaidh. ' Ní fhacas ', arsa mise, ' ach chualaigh mé rud inteacht. An gcualaigh tusa dadaidh? ' arsa mise.

' Níor chualaigh ', arsa sise, ' caidé a chualaigh tusa? '

' Chuala mé caoineadh, agus caoineadh truacánta! ' arsa mise. Sin a raibh de sin. Shiúil muid linn agus ní theachaigh muid céad slat gur mhothaigh mise an rud céanna. Stad sé ar ais agus níor mhothaigh sise é ach oiread. Bhí muid ag dul ó ghiota go giota agus ní raibh giota slat ar bith a raibh muid ag dul nach raibh mise ag éisteacht leis an chaoineadh. Sa deireadh tháinig muid aniar ar amharc an bhaile agus leis sin féin chuaigh an caoineadh thart fá fhad bata dúinn agus bhí mise ag éisteacht leis go dteachaigh sé suas taobh na Cruaiche Goirme agus i rith an ama níor chualaigh an bhean a bhí liom é.

Bhí go maith, tháinig muid chun an bhaile agus bhí sé ag tarraingt anonn ar am luí an uair sin agus bhí cúpla duine de bhunadh an bhaile istigh ag airneáil. Thug mo mháthair fá deara orm féin go raibh mé tógtha agus cuma scanraithe i gceart orm. D'fhiafraigh sí díom ar lean duine ar bith mé nó an bhfacaigh mé dadaidh. D'inis mé daoithi caidé mar bhí. ' Bhail, níor mhaith liom sin ', arsa sise agus níor chuir sí an scéal ní b'fhaide.

Bhí mo dhearthair istigh, agus an tráthnóna céanna bhí seisean suas fán Leamhach ag amharc fá ghráinnín caorach a bhí thuas ansin againn. Bhí seisean ag éisteacht liom fosta. ' Bhail, a mháthair ', arsa seisean, ' caithfidh sé go bhfuil rud inteacht le héirí do dhuine inteacht againne gan mhoill. Chonaic mise rud uafásach tráthnóna inniu thuas ar mhalaidh na Leamhaigh ach ní raibh súil agam trácht air nó shíl mé gur ar mo shúile a bhí sé '.

' Caidé a chonaic tú? ' arsa sise.

' Tá maise, chonaic mé an tórramh a ba chorpartha a chonaic mé ariamh ag ardú suas taobh thoir díom. Bhíthear ag iompar na cónra agus an gleo agus an callán a bhí acu bhí sé mór le rá. Choimheád mé iad tamalt agus ansin thóg mé mo shúil daofu agus nuair a d'amharc mé ar ais ach oiread agus dá slogfadh an talamh iad ní raibh aon amharc agam le feiceáil orthu. Shíl mé ansin gur ar mo shúile a bhí sé ach tá a fhios agam anois nach ea '.

Bhí go maith, ní raibh sé an-fhada ina dhiaidh sin gur ghlac an dearthair céanna tinneas agus go dteachaigh sé a luí agus níor éirigh sé ariamh go bhfuair sé bás. Rinneadh a chaoineadh agus chonaic sé a thórramh féin an lá céanna a rinneadh a chaoineadh.

9. SEANCHAS FAOI THAIBHSÍ

9.1. TAIBHSE GHRÁINNE NÍ CHAILLEOIGE

Bhí sí aon mhaidin amháin ag dul go Bealach Féich agus bhí cúpla bean eile le bheith léithi agus ní raibh a fhios aici caidé an t-am a raibh sé nuair a d'éirigh sí. Bhí oíche an-mhaith gealaí ann agus d'amharc sí amuigh agus ní fhacaigh sí solas i dteach ar bith eile. Rinne sí amach go ndéanfadh sí réidh agus nuair a tháinig sí anall go raibh sí amuigh ag bachta Bhriain mar a thugtar air—amuigh anseo ag Taobh an Locha—shonraigh sí ansin nach raibh baol ar an ghealach ag dul a luí agus nach dtiocfadh le dadaidh le lár na hoíche a bheith ann. Shiúil sí léithi soir an bealach mór mar sin féin agus nuair a bhí sí ag dul soir ag Pollán an Charraig ghlac sí an-uaigneas go deo, agus choisric sí í féin agus thoisigh sí ag urnaí roimpi. Bhí cúig dheichniúr den phaidrín ráite aici nuair a bhí sí ag dul soir taobh thoir de Charraic Bhidí Hughie, agus ansin mhothaigh sí an fhead ghlaice a ba mhillteanaí a mhothaigh sí ariamh. D'amharc sí thart agus ní fhacaigh sí dadaidh. Mhothaigh sí fead ghlaice eile ina dhiadh sin agus ansin mhothaigh sí tormán ag dul soir faoin bhealach mhór agus nuair a d'amharc sí bhí madadh mór ag dul thart ann agus a bhéal foscailte agus a theangaidh crochta leis. Scanraigh sí ansin ar ndóiche agus scanraigh sí go mór. Thoisigh sí ag urnaí ansin agus shiúil sí léithi. Bhí a fhios aici nach raibh gar daoithi a dhul a philleadh agus nach raibh teach ar bith cóngarach aici le dhul ann agus nuair a bhí an lá ag glanadh bhí sí ag dul síos fá mhíle de Bhealach Féich. Rinne sí a gnoithe ansin chomh gasta agus a tháinig léithi agus tháinig sí ar ais go luath fá choinne a dhul síos Bealach na gCruach agus a bheith sa bhaile roimh am dul ó sholas. Bhí sí ansin fosta agus ariamh ina dhiaidh sin rinne sí amach ca bith mar rachadh sé nach mbeadh sí amuigh in uair antráthach san oíche nó go raibh an diabhal ábalta cuid mhór drochrud a dhéanamh san am sin.

9.2. TAIBHSE SHÉAMAIS MHIC AOIDH

Bhí fear thoir ansin ar an Chlochar sa tseanam a dtugadh siad Paidí Mac Giolla Bhaird air. Bhí sé oíche amháin ag teacht anoir ag airneáil go teach Shéamais Mhic Aoidh. Nuair a tháinig sé anoir ansin—leath an Chlochair anoir—bhuail an-uaigneas é.

Mhothaigh sé tamalt ina dhiaidh sin thuas i mbinn a bhí ann, mhothaigh sé an-tormán mar a bheadh ag ealaí nuair a bheadh siad ag éirí in airde agus iad ag greadadh a gcuid eiteog. D'amharc sé suas agus shiúil sé leis. Tamalt ina dhiaidh sin mhothaigh sé an-ghháire. D'amharc sé suas ansin ar ais, agus scaifte gasúr a bhí ann agus iad ag casadh thart rud inteacht cosúil le rideal a bheadh acu ar chorda agus iad ag gáirí agus ag éirí in airde agus ag teacht thart fríd a chéile. D'aithin sé go maith ansin go raibh an dainséar agus an urchóid cóngarach agus thoisigh sé ag déanamh deifre.

Nuair a tháinig sé giota beag eile anoir mhothaigh sé an tuaim mhillteanach ag tarraingt anuas air. Ba ghairid go dtáinig an *bull-dog* mór anuas agus nuair a chaith sé an choiscéim isteach ar chlaí an bhealaigh mhóir shíl sé gur chroith sé an claí uilig go léir agus an bealach mór mar an gcéanna. Chuaigh sé trasna an bhealaigh ansin agus síos agus shuncáil sé go bun mar a dhéanfadh cnap tairní a thitfeadh istigh i mbinn. Tháinig sé anoir ansin go teach Shéamais Mhic Aoidh agus é cumhdaithe go mullach a chinn le salachar an bhealaigh mhóir agus bhí sruth allais síos go talamh leis.

Bhí go maith ansin go raibh sé ag teacht abhaile agus ní ligfeadh an t-uaigneas dó a theacht aniar leis féin. B'éigean do bhean Shéamais Mhic Aoidh giota de choinneal Mhuire a chur leis agus braon uisce choisricthe agus cúpla duine de na daoine a bhí istigh ag airneáil a dhul leis gur fágadh thoir ar ais é ins an bhaile.

9.3. AN tALBANACH[1] AGUS NA TAIBHSÍ

Bhí sé ina rud coitianta ag buachaillí an cheantair seo sa tseanam a dhul suas agus aimsir a dhéanamh i gContae Thír Eoghain.

Bhí mé féin thuas fada go leor cosúil leofu uilig. Bhí mé in am amháin ann agus bhí sagart ins an pháirt den chontae a dtugadh siad Droim Chaoin air. Bhí sagart na paróiste agus an *curate* ina gcónaí ins an teach amháin agus bhí an teach sin iontach beag. An samhradh seo bhí misean ag dul a bheith sa pharóiste. Bhí teach an phobail ag taobh caisleáin mhóir a bhí ag géillstean do Albanach ach ní raibh duine ar bith ann, nó ní raibh duine ar bith dar chuir na hAlbanaigh ann ábalta a bheith beo ann le taibhsí. Bhí mórán stáblaí ag an chaisleán seo agus nuair a thigeadh mórán daoine an uair sin ag marcaíocht ar dhroim beathaigh capall chuireadh siad isteach ins na stáblaí seo iad agus nuair a thigeadh siad amach i

[1] Bheirtear Albanach ar Phrotastúnach fá na Cruacha.

ndiaidh an tAifreann a dhul thart bhíodh na beathaigh scaoilte amach fríd an bhaile. Dhruideadh siad na doirse ar na stáblaí nuair a chuireadh siad isteach na beathaigh agus bhí geafta breá ar thaobh an bhealaigh mhóir a dhruidtí fosta agus nuair a thigeadh siad amach as teach an phobail bhíodh deireadh foscailte.

Bhí go maith, Domhnach amháin rinne beirt de na fir a chuir isteach na beathaigh, amach go bhfanóchadh siad amuigh agus nach rachadh siad isteach ag éisteacht an Aifrinn ar chor ar bith go bhfeicfeadh siad caidé a bhí ag scaoileadh amach na mbeathach. Sheasaigh beirt acu amuigh agus nuair a bhí an tAifreann ag dul ar aghaidh tháinig madadh mór dubh anuas an bealach mór agus chuaigh sé isteach ar bhun an gheafta agus ní raibh sé tamalt ar bith istigh nuair a bhí na beathaigh uilig amuigh agus ar fud an bhaile.

Tháinig sé thart, mar dúirt mé, go raibh misean ag dul a bheith an bhliain seo ins an pharóiste agus bhí an caisleán seo ina luí folamh. Rinne an sagart paróiste amach go n-iarrfadh siad úsáid an toí ar an fhear ar leis é go dtí go dtéadh an misean thart. D'iarr siad an teach agus fuair siad é. Bhí a fhios acu caidé mar bhí, nach raibh aon duine ábalta fanacht ann le taibhsí agus rinne siad amach go rachadh siad féin agus cúpla comharsanach nó trí, agus beirt nó triúr cailín a bhí ag na sagairt go bhfeicfeadh siad caidé mar d'éireochadh leofu. Chuaigh. Fuair siad cúpla comharsanach agus cúpla máistir scoile agus chuaigh siad isteach chun an toí mhóir seo. Bhí achan rud ag dul go breá go dteachaigh sé anonn idir an deich a chlog agus an mheán-oíche agus ansin thoisigh an tormán agus an tuargaint fríd an teach acu. Thoisigh na comharsanaigh ag scanradh agus shlíoc duine amach anois agus duine ar ais go dtí gur fágadh an dá shagart agus a gcuid cailíní istigh.

Tamalt ina dhiaidh sin rinne an dá shagart amach go rachadh siad a luí. Bhí dhá leabaidh cóiríste suas i seomra amháin don dá shagart agus tinidh bhreá thíos acu. I ndiaidh iad a dhul a luí thángthas agus tógadh brístí an tsagairt paróiste agus cuireadh isteach sa tinidh iad. Dúirt an sagart óg leis nuair a chonaic sé seo go raibh an t-am aige a bheith ina shuí. ' Bhail ' arsa seisean, ' níl mise ábalta dadaidh a dhéanamh mura ndéanfaidh sibhse é '. D'éirigh an bheirt agus thoisigh an sagart óg agus nuair a bhí sé ag teacht cóngarach ag solas an lae chuir sé na boic a bhí istigh sa teach ar shiúl agus dúirt sé an tormán a bhí acu ag dul síos na staighrí agus amach ar na doirse go sílfeá nach raibh aon doras ar chor ar bith fágtha ar an teach nó dadaidh fágtha istigh ar chor ar bith nach raibh briste. D'imigh deireadh ina mbladhairí tineadh.

D'fhan siad ins an teach go dteachaigh an misean thart agus d'fhan na haithreacha naofa ann ina gcuideachta agus níor mhothaigh siad dadaidh d'aon seort.

Bhí an teach lán diabhail go dtí sin ach dhíbir an sagart óg iad agus níor mothaíodh iad istigh nó amuigh fá dtaobh den chaisleán ón lá sin go dtí an lá inniu.

9.4. FEAR A THÁINIG AR AIS ÓN MARBH

Chuaigh fear de Chlann Mhic an Luain agus fear de Chlann Mhic Fhionntaigh suas go coill Loch Iasc ins an tseanam ag baint dhá bheairtín slat. Chuaigh an lá a chur nuair a bhí siad ar an bhealach abhaile agus d'éirigh an abhainn. Bhí fear de na Connacháin breá eolach ar an abhainn agus chuaigh sé leofu a phiocadh áite daofu a dtiocfadh siad trasna ar an abhainn. Theistheáin sé áit daofu a rachadh siad amach—creidim chomh maith agus a tháinig leis—agus tháinig cnap tuile anuas agus bhí na hualaí anásta orthu agus tugadh ar shiúl iad agus báitheadh an bheirt.

Bhail, bhí go maith ansin, ní raibh Clann Mhic an Luain sásta le Connachán. Bhí an-am ag dul an uair sin le Mollies—gheobhadh siad rud ar bith déanta a n-iarrfadh siad agus ní raibh seort ar bith dligheadh agus bhí siad ag dréim le Connachán a bháitheadh—ag déanamh gurbh é a ba chiontaí leis an bheirt a cailleadh sa tuile. Bhí na Mollies ag dul thart agus bhí siad ag cruinniú go gcuirfeadh siad den tsaol Connachán. Tháinig Mac an Luain a fhad le fear de na Cuinneannaí a bhí thuas i mbun Chruach Mhín an Fheannta agus chuaigh sé chun cainte leis. D'aithin Cuinn go maith é—bhí aithne mhaith aige air ná comharsanach dá chuid a bhí ann ar scor ar bith. Dúirt sé leis go raibh sé chun tamalt comhraidh a dhéanamh leis.

'Níl bealach agamsa', a deir Cuinn, a deir sé, 'comhrá ar bith a thabhairt duit agus b'iontach', a deir sé, 'nach dtáinig tú a fhad le duine inteacht de chlann Mhic an Luain iad féin le comhrá a dhéanamh leofu agus gan a bheith ag tabhairt trioblóide domsa'.

'Bhail', a deir Mac an Luain leis, 'thiocfainn a fhad le duine acu', a deir sé, 'bhí a fhios agam nach mbeadh croí acu mé a sheasamh agus tá a fhios agam go bhfuil croí agatsa le comhrá a thabhairt dom'.

'Bhail, níl bealach agamsa anocht', a deir Cuinn, 'comhrá ar bith a dhéanamh leat, ach tar chugam ar a leithéid seo d'oíche agus beidh mé réidh le caint a choinneáilt leat agus comhrá a dhéanamh fosta'.

An oíche seo a bhí Mac an Luain le theacht luigh Cuinn i leabaidh na cistineadh agus chuir sé síos tinidh. Ní raibh solas de chineál ar bith fairsing ins an tír seo san am sin ach bhí solas maith ar an tinidh agus thug sé leis an coileach agus d'fhág sé ag crann na leapa é. Tháinig Mac an Luain chuige agus d'iarr sé orthu gan trioblóid ar bith a thabhairt do Chonnachán de bharr a gcailleadhsan agus gan samhailt baint dó ar aon dóigh de na dóigheannaí nó go raibh seisean le báitheadh an lá sin dá mbáithfí é i lorg cos bó, ach go raibh cúig bliana déag eile de shaol le fáil ag Mac Fhionntaigh ach go bé go dtug seisean leis é a bhaint na slat go Coill Loch Iasc. Nuair a bhí an comhrá sin déanta acu scairt an coileach agus ansin dúirt Mac an Luain go raibh seisean fada go leor anseo, go gcaithfeadh sé imeacht.

Chuaigh sé amach ar an doras agus d'iarr sé gan trioblóid ar bith a thabhairt do Chonnachán ón lá sin go lá a bháis agus ní raibh olc ar bith ag Clann Mhic an Luain dó ach oiread.

10. SEANCHAS FAOIN DIABHAL

10.1. MURDER SAM YOUNG

Bhail, bhí fear ann am amháin ina thiarna ar cheathrú Loch Iasc agus is cosúil nach raibh airgead ar bith aige le é féin a choinneáilt agus dhíol sé é féin leis an diabhal. Fuair sé an oiread seo ama ansin—seacht mbliana—sula dtigeadh an diabhal fána choinne.

Bhí maith go leor, nuair a bhí an t-am thuas aige chonaic sé ag teacht é lá amháin ag marcaíocht ar bheathach dubh capaill agus d'imigh sé agus ghlasáil sé é féin ins an *room* ab fhaide ar shiúl ins an chaisleán. Ach ní raibh gar ann, nuair a chuathar a dh'amharc fá dtaobh de bhí sé marbh agus bhí a dhá lámh sínte amach ó chéile agus ní thiocfadh a lúbadh isteach ar dhóigh ar bith. Ghlac sé cónra a raibh naoi gcláir ar leithead inti sulmar cuireadh é. Cuireadh é ansin, agus bhí an t-adhmad gann sa tír ins an am sin agus ní raibh duine ar bith dá dtéadh go coillidh Loch Iasc nach mbíodh sé ina sheasamh leis ó d'éireochadh an ghrian.

Bhí go maith, bhí beirt thoir ansin ar an Chluain Claí, fear de na Gallchóirí agus fear de chlann Mhic Gloinn agus bhí an-anás dréimirí orthu. Bhí an t-adhmad an-ghann mar tá sé anois. Thug siad leofu gunna dhá bhairille agus lódáil siad le hairgead é agus d'imigh siad a bhaint ábhar dréimire.

Ní thiocfadh adhmad ar bith a bhaint inti ach san oíche agus bhí an fear seo ina sheasamh le soc achan duine agus níl aon bhuille dá mbuailfeadh siad ar chrann nach raibh sé acu—an fear seo a dhíol é féin leis an diabhal. Bhain fear acu an crann agus choinnigh an fear eile, a raibh gunna an dá bhairille lódáilte le hairgead aige, cocáilte leis. Chuir siad an crann ar a ndroim ansin agus d'fhág siad thuas leis agus nuair a bhí siad ag teacht trasna ag Eas Dúnain—lean sé ar fad iad—scaoil sé an t-airgead leis. D'imigh sé síos an t-eas uathu ansin agus níor thug sé trioblóid ar bith d'aon duine dá raibh i gCoill Loch Iasc ní ba mhó. Mhothaigh mé na seandaoine ag rá, a tógadh ins an tír seo, go mbíodh sé i mbeanna na Dubh Chruaiche ina dhiaidh sin agus go mbíodh sé le mothachtáil acu san oíche ach níor thug sé buaireamh ar bith daofu agus ní bhíodh amach as a bhéal ach ' murder Sam Young, murder Sam Young '.

10.2. AN DIABHAL I gCOSÚLACHT MADAIDH

Chualaigh mé go minic an seanbhunadh ag rá gur ghnách leis an diabhal a bheith le feiceáil fada ó shin i gcosúlacht madaidh, agus madadh dubh a bhíodh chomh mór le gamhain in amannaí. Deir siad go dtigeadh an madadh seo ar dhaoine a bhíodh amuigh go mall ag imirt chártaí sa tseanam. Bhí fear ann fada ó shin ar chualaigh muid iomrá air agus bhí sé ag dul a dh'amharc ar dhuine tinn agus nuair a bhí sé ag éirí cóngarach ag an teach chonaic sé duine ag imeacht ag reathaigh agus coinneal leis ina lámh agus madadh mór dubh ag reathaigh ina dhiaidh. Nuair a chuaigh sé isteach ansin bhí an duine a bhí istigh marbh. Bhí go maith, lá an tórraimh bhí sé ag an tórramh agus nuair a bhí an corp curtha thug sé i leataobh an sagart agus d'inis sé dó caidé a chonaic sé agus ba é an rud a dúirt an sagart leis go raibh sé ag dúil gur imigh sé air; gurbh é an drochrud [an diabhal] a bhí ina dhiaidh nuair a bhí an t-anam dá fhágáil.

10.3. AN DIABHAL INA ROTHA

Bhail, bhí beirt fhear thíos fada ó shin ins an áit a dtugann siad Barr an Ghaoth air agus dálta go leor áiteacha bhí an áit a bhí ann gearrgheasrógach agus gearrphisreogach. Bhí siad oíche amháin ag siúl ar an bhealach mhór agus ag comhrá rompu agus d'amharc siad thart—bhí ardán beag ar thaobh an bhealaigh agus bhí tinidh bheag an-chocántach in airde ar an ardán lasta.

'An bhfeiceann tú an tinidh?' arsa fear acu leis an fhear eile.

'Chím, leabhra [dar an leabhar]' arsa an fear eile, 'agus chonaic mé romhat féin í ach go raibh ciall agam a bheith i mo thost.

D'amharc sé ar ais agus bhí fear acu agus bhí haincearsan ar a mhuineál agus thart ar a mhuineál uilig go léir, agus suas ar mhullach a chinn agus a hata bhí coinnle lasta chomh tiubh agus a bhí ceann ábalta seasamh. Bhí féasóg fhada ar fhear acu agus bhí ró coinneal lasta ar an fhéasóg aige. Chonaic achan duine acu an duine eile agus cumhdach solais ar a gcinn uilig, agus ní raibh duine ar bith acu ag labhairt leis an duine eile.

Bhí go maith, shiúil siad leofu giota maith ar an bhealach an dóigh sin go dtí go dtáinig siad a fhad leis an áit a dtugann siad Carraig an Bhearaid Dhuibh air. Bhí an fidiléir ansin a ba deise a chualaigh aon duine ariamh agus taobh thall den charraig—an áit nach raibh ann ach caorán bog—bhí tinidh ghaládnta ansin.

'Caidé do bharúil do sin?' arsa fear acu leis an fhear eile.

'Tá, drochbharúil', arsa an fear eile, 'agus mar a dúirt mé anocht cheana leat dá dtigeadh leat do bhéal a dhruid bhéarfadh sé an-suaimhneas domsa'.

Shiúil siad leofu ansin, agus shiúil siad giota maith, agus nuair a bhí siad ag éirí cóngarach ag an bhaile chuaigh rotha thart leofu ar an bhealach mhór agus ní thiocfadh leofu a rá cé acu rotha tuirne mhóir a bhí ann nó macasamhailt eascoin a mbeadh greim rubaill aici uirthi féin, agus chuaigh sin thart leofu araon agus an drochbholadh a bhí as níor mhothaigh siad dadaidh ariamh a bhí chomh holc leis. D'imigh siad sa rása ansin agus an méid a bhí siad ábalta a reachtáil rinne siad é go dteachaigh siad a fhad lena ndoras féin agus ní raibh na toithe i bhfad ó chéile agus sílim nach mó nó go raibh faill acu fanacht go bhfosclóchadh duine inteacht an doras daofu le méad is a bhí siad scanraithe, agus nuair a chuaigh fear acu isteach chun an toí thit sé i laige agus b'éigean é sin a thógáil agus a thabhairt amach ar ais go bhfuair sé an t-aer glan. Tháinig an fear eile thart fosta ach má tháinig féin bhí sé ina luí tinn ar feadh seachtaine. Sin mar d'éirigh don bheirt sin.

10.4. AN COILEACH DUBH

Bhí fear agus bean ina gcónaí i gcró bheag a bhí anseo i gCruach Thiobraid fada ó shin. D'imigh sé ag cruinniú cailleach dá bhean, an áit a raibh duine beag le bheith aici.

Sular phill seisean tháinig an leanbh ar an tsaol. Bhí an bhean gan choisreacan istigh ansin agus an páiste gan bhaisteadh. Tháinig an diabhal fán teach agus gan duine ar bith istigh ach an péire. Bhíodh na cearca agus na coiligh istigh ins na toithe an uair sin agus bhí coileach maith dubh Márta acu fosta—ní raibh aon seort druide ar an doras ach seanchliabh a d'fhág sé ann ag dul amach dó.

Nuair a tháinig an diabhal fán teach d'éirigh an coileach agus sheas sé ar thóin an tseanchléibh sa doras. Scairt sé leis go maidin ann agus choinnigh sé an diabhal amuigh. Bhí go maith, ar ndóiche, bhí an bhean a bhí ina luí i ngéibheann mór agus idir a cuid trioblóide féin agus achan seort bhí sí chóir a bheith marbh nuair a tháinig an fear agus níor tháinig sé go raibh an lá ann. Nuair a

d'éirigh an ghrian agus shoilsigh sí ar an áit a raibh an coileach ina sheasamh ar an tseanchliabh thit sé anuas marbh de thóin an chléibh. Tháinig an fear ansin agus na mná leis agus bhí achan rud thart.

Níor tháinig leis an ' drochrud ' a theacht isteach thar an áit a raibh an coileach dubh, agus ar ndóiche nuair a d'éirigh an ghrian b'éigean dó imeacht leis. Bhí oiread scairtí déanta ag an choileach an uair sin agus a chroí chomh briste agus gur thit sé marbh, ach shábháil sé an bhean agus an páiste agus sin an fáth ar maith le daoine coileach dubh a choinneáilt i dtólamh má bhíonn fáil air.

11. SEANCHAS STAIRE

11.1. COMHRÁ CHOLM CILLE

Bhíodh an seanbhunadh ag rá nuair a bhí Colm Cille ag dul thart anseo go raibh sé corr le comhrá agus bhí fuath ag fir é a fheiceáil ag teacht fá thoithe sa deireadh.

Chonaic fear ag teacht é aon lá amháin agus dúirt sé lena bhean go raibh Colm ag teacht agus dá dtéadh sé i mbun comhraidh nach bhfaighfí amach é. ' Caithfidh mise mé féin sa leabaidh ', a deir sé, ' agus má thig sé isteach abair leis go bhfuil mise i mo chodladh, go raibh mé i mo shuí le bó a bhí tinn ar ghamhain aréir '.

Bhí go breá, ba ghairid go raibh Colm Cille ag an teach agus, ar ndóiche, tháinig sé isteach mar ba ghnách leis. D'fhiafraigh sé ar an bhomaite cá raibh fear an toí.

' Tá sé thíos udaí ina chodladh ', a deir sí, ' bhí sé ina shuí le bó aréir agus chaith sé é féin thíos udaí go gcodlóchadh sé néall '.

' Bhail, má tá sé ina chodladh go n-éirí sé slán, agus mura bhfuil sé ina chodladh go gcodlaí sé a sháith! '

D'áiríodh an seanbhunadh nár éirigh fear an toí ar feadh seacht mbliana agus gur chodlaigh sé i rith an ama.

11.2. MALLACHTAÍ CHOLM CILLE

Is minic a chualaigh mé an seanbhunadh ag rá nach raibh aon fhear ariamh sa tír seo a bhí chomh héadrom sa nádúr le Colm Cille. Bhí sé an-fhurast fearg a chur air agus nuair a bheadh an fhearg sin air bhéarfadh sé a mhallacht do achan seort. Bhí sé an-tobann agus ar a chúl sin bhí nádúr mhaith aige agus nuair a chuirfeadh sé tallann acu sin de d'imeochadh sé leis i gcoirnéal uaigneach go n-iarrfadh sé maithiúnas ar Dhia.

11.2.1

Chualaigh mé go minic go dtug sé a mhallacht go brách do ghach uile dhuine nach nífeadh a dhá láimh go maith sula nífeadh sé a aghaidh. Deir siad go dtug sé a mhallacht fosta don té a bheadh ag rósadh scadáin ar na haibhleogaí agus a chuirfeadh a bholg (an

scadán) leis an tinidh. Thug sé a mhallacht ar an dóigh chéanna don fhear a bheadh ag baint bachta mónadh agus nach bhfágfadh staighre ina dhiaidh i gcionn an bhachta agus tá sé ina ghnás sin a dhéanamh ins an áit seo go dtí an lá inniu.

Is cosúil go raibh sé lá amháin amuigh ar an tsliabh agus an tóir ina dhiaidh. Rith sé ariamh go dtáinig sé chuig bachta domhain agus léim sé isteach ann. Rith sé go cionn an bhachta ag déanamh go mbeadh staighre ann agus nach mbeadh moill ar bith air a dhul in airde ann. Ach an fear a bhain an bachta níor fhág sé staighre ar bith ann agus bhí Colm Cille ansin go dtáinig an tóir agus gur rug siad air. Thug sé a mhallacht ansin d'fhear ar bith ó sin amach a bhainfeadh bachta nach bhfágfadh aon staighre ina dhiaidh.

11.2.2.

Thug sé a mhallacht uair eile do dhuine ar bith ina dhiaidh féin, do dhuine ar bith a chuirfeadh bróg agus stoca ar chois amháin sula gcuirfeadh sé an dá stoca air. Is cosúil go raibh an tóir ina dhiaidh aon am amháin eile agus tháinig siad air agus leathstoca agus leathbhróg air. D'imigh sé sa rása ach chuir an leathbhróg oiread de chrapall air agus gur rug an tóir air. Dá mbeadh an dá bhróig air ní bhéarfadh siad air nó an dá stoca ach oiread agus ón lá sin go dtí an lá inniu thug sé a mhallacht do dhuine ar bith a chuirfeadh leathbhróg agus leathstoca air féin.

11.2.3.

Nuair a bhí Colm Cille ag dul thart sa cheantar seo fada ó shin bhí na bradáin chomh tiubh ins na haibhneacha le móin an phortaigh. Bhí sé lá amháin amuigh ag siúl thoir anseo in áit a dtugtar Corr Ghoill air agus caidé a rinne sé ach barr a laidhre a bhualadh ar bhradán agus thit sé gan chosnamh. Bhí sé tobann go maith ina nádúr agus nuair a d'éirigh sé bhí sé ar buile agus chuaigh sé a mhallachtaigh ar an bhradán a leag é agus d'iarr sé achainí gan aon bhradán a dhul choíche níos faide anoir nó an áit seo go dtéadh droichead ar an talamh tirim.

Bhí na daoine ag coimheád na mbradán ar feadh na gcéadta bliain agus thigeadh siad uilig aníos an fad seo ach níor tháinig siad ariamh ní b'fhaide go dtáinig an *rail* isteach chun na nGleanntach. Bhí áiteacha ansin ina raibh ísleacht agus a mb'éigean daofu droichid

mhóra a dhéanamh san áit nach raibh abhainn nó uisce agus bhí Corr Ghoill ar áit acu sin. Ariamh anall ó rinneadh seo tá na bradáin ag teacht aníos agus ní stadann siad go dtéid siad isteach suas go Loch Finne.

11.3

ACHAINÍ CHOLM CILLE DO DHÁ CHINEADH DAOINE

Chualaigh mé an seanbhunadh ag rá go minic nuair a bhí Colm Cille ag dul thart fríd an tír gur iarr sé achainí do dhá chineadh daoine a bhí ina gcónaí fá na gaobhair anseo.

D'iarr sé achainí do na Scannláin gan aon dhá theach acu a bheith ag taobh a chéile a choíche nach mbeadh ag troid. D'iarr sé achainí do chlann Uí Dhuibheannaigh gan aon dhá theach acu a bheith choíche ar amharc a chéile.

Deir siad gurb é an fáth ar iarr sé na hachainí seo don dá chineadh; nuair a bhí sé ag fágáil na hÉireann bhí na daoine chomh buartha ina dhiaidh agus nach gcuirfeadh aon fhear an bád a raibh sé inti amach ó chéidh Dhoire. Tháinig fear de chlann Uí Dhuibheannaigh agus fear de na Scannláin sa deireadh agus sháigh siad an bád amach ón chéidh le maide. Nuair a chonaic Colm Cille go dtearn siad sin d'fhág sé an buaidh a dúirt mé ar an dá dhream ón lá sin go dtí an lá inniu, agus tá sé fíor go leor fán áit seo ca bith mar tá siad in áiteacha eile.

11.4. BÁS CHOLM CILLE

Chualaigh mise an seanbhunadh dá rá nuair a fuair Colm Cille bás thall in Albain gur cuireadh dhá chónra air agus caitheadh amach ar an fharraige é agus bhí sé ag imeacht leis ansin ar bharr na farraige gur siabadh isteach ar chósta na hÉireann é. Tháinig sé i dtír ar chladach farraige.

Bhí Rí ina chónaí san áit a dtáinig an chónra i dtír agus bhí an-mhórán ba aige agus bhí bó amháin ann agus ba ghnách léithi a dhul síos chun an chladaigh achan lá agus a dhul a lí carraige a bhí ann i mbéal na toinne, mar shíl siad féin! Thoisigh an bhó seo ag biseadh sa bhainne agus ba é an deireadh a bhí air nach dtiocfadh soithigh go leor a fháil lena choinneáilt. Chuaigh an gháir seo i gcluasa an Rí agus d'ordaigh an Rí do dhaoine a dhul agus amharc ar an charraig seo go bhfeicfí cén seort í. Rinneadh sin agus nuair a cuireadh aníos an charraig caidé a bhí inti ach cónra.

D'amharc siad go géar ansin uirthi agus bhí pláta beag ar an chónra a raibh sé scríofa uirthi cé bith a gheobhadh an chónra á cur ar dhá asal agus cead a gcinn a thabhairt daofu ansin agus gan stopadh go brách go seasóchadh siad féin agus gur sin an áit a raibh seisean le cur.

Bhí go breá, nuair a chualaigh an Rí seo caidé mar bhí dúirt sé go gcaithfí déanamh mar d'ordaigh Colm Cille. Cuireadh an cónra ar an dá asal agus cuireadh chun siúil iad. D'imigh siad leofu agus níor stad ariamh go dteachaigh siad go Dún Pádraig agus sheas siad ansin ar mhullach cnoic atá ann agus cuireadh Colm Cille ansin. Is minic a d'inis an seanbhunadh an scéal seo dúinn nuair a bhí sinn inár bpáistí. Bhí an scéal ní b'fhaide acusan ar ndóiche, agus níl anseo ach giota beag de.

11.5. DOMHNALL Ó CONAILL

Fada ó shin nuair a bhí Domhnall Ó Conaill fríd Éirinn bhí sé ina fhear dligheadh agus deir siad nach bhfuair aon duine ariamh a bhuaidh—bhí sé corr maith ar chás ar bith. Ins an tseanam bhí cuid mhór i gceart línéadaigh a dhéanamh sa tír seo agus ní raibh éadach ar bith a rabhthar a chaitheamh nach raibh daoine ag déanamh iad féin fá na bailte. Chonaic sinn féin na braillíneacha agus na héadaí láimhe thart fá na bailte anseo a rinneadh sa cheantar. Bhí fear amháin suas an tír agus bhí gréasán mór línéadaigh déanta aige agus é gealaithe réidh aige. D'fhág sé amuigh é oíche amháin agus caidé a rinne fear eile ach a theacht agus a ghoid. D'éirigh an gháir amach ansin fán ghadaíocht agus tháinig na péas agus thoisigh an cuartú agus fuair siad an gréasán nó ceann cosúil leis ag an fhear seo a rabhthar ag cur síos dó gurbh é a ghoid é. Bhí an dligheadh le bheith ann ansin.

Bhí go breá, d'imigh an fear a ghoid an gréasán agus níor stad sé go raibh sé ag Domhnall Ó Conaill agus d'inis sé dó caidé mar bhí. Dúirt Domhnall leis gan eagla ar bith a bheith air, nach raibh cruthú mór ar bith acu gurbh é a ghoid an gréasán. ' An dtiocfadh leat a oiread den ghréasán a fháil domsa ', arsa Domhnall, ' agus a bhfaighidh mé dhá léinidh déanta as? '

' Gheobhaidh, go dearfa ', arsa an fear.

' Bhail, tabhair chugamsa anseo é go gasta ', arsa Domhnall, ' agus ná bí i bhfad fá dtaobh de '.

D'imigh an fear ansin agus fuair sé an giota línéadaigh agus thug sé chuig Domhall é. D'imigh Domhnall ansin agus fuair sé dhá léinidh déanta den éadach agus dúirt leis an fhear a dhul chun an

bhaile agus gan eagla ar bith a bheith air. Rinne an fear sin agus ní bhfuair sé scéala ar bith eile go bhfuair sé gairm chun dligheadh ar a leithéid seo de lá.

Bhí gach aon duine ag cruinniú isteach chun an bhaile mhóir roimh lá an dligheadh agus nuair a tháinig Ó Conaill isteach shiúil sé thart go bhfuair sé tuairisc cén áit a raibh breitheamh an tseisiúin ar lóistín. Chuaigh sé isteach agus d'iarr sé lóistín sa teach seo agus fuair sé sin. Ní raibh mórán aithne ag duine ar bith air agus níor lig sé a aithne mórán le duine ar bith.

Ar maidin lá thar na mhárach bhí sé ina shuí go luath—maidin an dligheadh. Chuir sé air ceann de na léinte a fuair sé déanta as an ghréasán agus nuair a bhí sé gléasta réidh tháinig sé chun na cisteanadh agus bhí léinidh an bhreithimh leis an tinidh ag an chailín á thriomú ar eagla go mbeadh sí ar dhóigh ar bith tais.

Nuair a fuair Ó Conaill seans ar an chailín thug sé leis cnapán súiche agus shalaigh sé brollach na léineadh uilig leis an tsúiche. Tháinig an cailín isteach ansin agus nuair a chonaic sí an léinidh hobair go bhfuair sí bás. Bhí eagla uirthi roimh an bhreitheamh agus a dhá oiread uirthi go gcuirfí ar shiúl ar fad í. D'inis sí seo do Dhomhnall.

'Ná bíodh eagla ar bith ort', arsa Domhnall, tá léinidh den seort chéanna thuas in mo mhálasa agus bhéarfaidh mé duit í agus ní aithneochaidh an breitheamh nach í a cheann féin atá tú ag tabhairt dó agus ní amharcóchaidh sé siar uirthi. Chuaigh sé suas agus fuair sé an léinidh agus thug sé daoithi í le tabhairt don bhreitheamh. Chuir an fear sin air í agus níor amharc sé ar chor ar bith uirthi.

D'imigh siad uilig ansin go teach an dligheadh. Chuaigh an dligheadh ar aghaidh agus scairteadh ar chás an ghréasáin agus achan seort ansin i dteach an dligheadh. Thoisigh an díospóireacht fán ghréasán ach ba ghairid gur éirigh Ó Conaill ina sheasamh. 'Éadach an línéadach', arsa seisean, 'atá an-chosúil le chéile agus is doiligh a inse cé acu goidte atá an gréasán seo nó nach ea'.

Chuaigh sé chuig an áit a raibh an gréasán agus thrusáil sé suas a mhuinchille. Scairt sé ar an bhreitheamh. 'Anois', a deir sé, 'is doiligh liom a rá go gcuirfeadh duine ar bith síos domsa gur léinidh den ghréasán goidte í seo orm'.

'Níl duine ar bith dá rá sin', arsa an breitheamh.

Leag Ó Conaill a léinidh ag taobh an ghréasáin. 'Anois' a deir sé, 'nach mionnóchadh duine ar bith ar an tsaol gurb é sin an t-éadach céanna'.

' Mhionnóchadh go dearfa ', arsa an breitheamh.

' Trusáil suas do mhuinchille féin anois ', arsa seisean leis an bhreitheamh.

Rinne an breitheamh sin.

' Anois ', arsa seisean, ' leag do léinidh ag taobh mo cheannsa '.

Leag, agus ar ndóiche ní thiocfadh le duine ar bith beo déanamh amach nárbh é an t-éadach céanna a bhí sa dá léinidh agus ins an ghréasán.

' Nach doiligh a rá gur éadach goidte atá i do léinidhse ach oiread ', arsa seisean leis an bhreitheamh.

' Chan ea ', arsa an breitheamh, ' agus chím go bhfuil an ceart agat fán éadach seo agus níl duine ar bith beo a dtiocfadh leis mionnú gurb é seo an gréasán goidte agus ar an ábhar sin caithfidh mé amach an cás seo ar fad agus tá súil agam nach dtugtar aon chás den tseort i mo láthair ó seo amach. Bheirim comhairle d'achan duine dá bhfuil ag éisteacht liom aire a thabhairt dá gcuid gréasán feasta agus má nítear sin ní bheidh feidhm ag duine ar bith a theacht anseo chun dligheadh '.

Chuir sin deireadh leis an chás agus chuaigh fear an ghréasáin abhaile briste brónach agus gan aon seort aige ar son a chuid trioblóide.

11.6. MAR FUAIR Ó DOMHNAILL CLOCHA AN CHAISLEÁIN

Bhíodh bunadh na háite ag cur síos do Ó Domhnaill a bhí i nDún na nGall gur drochdhuine a bhí ann. Is minic a chualaigh muid go gcrochfadh sé duine mar mhaithe le cnaipe. Rud ar bith a d'iarrfadh sé a dhéanamh ansin chaithfeadh achan duine a bheith ina rith dá dhéanamh dó.

Ins an am a raibh sé ag toiseacht ar an chaisleán scairt sé isteach ar fhir a dhúiche uilig agus d'inis sé daofu go raibh sé ag dul a thógáil caisleán i nDún na nGall agus go gcaithfí na clocha a thabhairt aníos ón Bhearnas Mhór,[1] agus nach dtabharfadh sé cead ceann amháin acu a chur ar carr nó ar bara. B'éigean do na fir a dhul soir agus seasamh fear i ndiaidh an fhir eile ón áit a rabhthar ag déanamh an chaisleáin. Nuair a thógadh an fear a bhí i mbéal

[1] Idir Dún na nGall agus Sraith an Urláir.

na cortha an chloch ansin shíneadh sé chuig an fhear a bhí in aice í agus ní bhuaileadh sí an talamh go mbeadh sí ag na saoir a bhí ag tógáil an chaisleáin.

D'oibir siad leofu mar sin gur chuir siad an chloch dheireanach ar áit an chaisleáin agus bhí beagán buíochas aige orthu i ndiaidh iad sin a dhéanamh.

Chualaigh mé féin an seanbhunadh dá rá go mb'éigean do fhir na gCruach anseo agus thart fríd an áit uilig a dhul siar agus cuidiú an obair sin a dhéanamh. Chaitheadh siad imeacht dhá uair roimh an lá agus a bheith ina seasamh ina n-áit féin nuair a thiocfadh an t-am.

11.7. Ó DOMHNAILL AGUS MAC AN BHAIRD

Bhí gasúr beag ag Ó Domhnaill sa tseanam arbh ainm dó Mac an Bhaird. Peata gan chomhairle a bhí ann nach ndéanfadh rud ar bith ach an rud a d'oirfeadh dó féin agus, ar ndóiche, níor shásaigh seo an Dálach. Ba mhaith leisean achan duine a bheith faoi smacht aige féin.

Bhí deartháir ag Ó Domhnaill a bhí ina chónaí thíos i gCaisleán na Finne agus smaoitigh sé dá gcuirfeadh sé an gasúr síos chuige seo le litir, agus é a bheith scríofa sa litir an gasúr a chrochadh, nach mbeadh a fhios caidé a tháinig air agus nach mbeadh cáipéis ar bith airsean.

D'imigh Mac an Bhaird leis an litir agus nuair a chuaigh sé síos bhí scaifte mór bodach ansin agus iad ag caitheamh leofu féin—dinnéar mór acu. Chomh luath agus a chuaigh an gasúr isteach chun an chaisleáin shín sé an litir don fhear thíos agus léigh sé í, agus chuir ina phóca í, agus ar ndóiche ba é an rud a bhí sa litir: an dá luas a mbeadh sí léite aige an gasúr a chur chun báis agus nach mbeadh de ach sin. Bhí seisean gnoitheach ins an am ag iarraidh a bheith ag freastal ar na bodaigh agus d'iarr sé ar an ghasúr suí tamalt beag agus a scríste a dhéanamh.

Bhí an gasúr bocht tuirseach ocrach i ndiaidh a theacht a fhad de bhealach agus ar ndóiche, an duine bocht, bhí sé ag dúil an bhfiafróchadh duine inteacht de an raibh béal air. Sa deireadh nuair ab fhada leis a bhíthear gan greim ar bith a thairgean dó labhair sé amach os ard leis an bhunadh a bhí ina suí thart fán tábla ag ithe. ' Is cosúil agus is róchosúil! ' arsa seisean.

D'ith siad leofu agus níor amharc siad siar air. Dúirt sé an rud céanna an darna huair agus an tríú huair labhair an boc mór leis. ' Caidé an chosúlacht atá orainn? ' arsa seisean.

' Tá, maise ', arsa an gasúr, ' tá scaifte gabhar ag m'athair agus tá boc leofu agus in áit ar bith a mbeidh féar maith ní ligfidh sé daofu aon ghreim de a phiocadh go n-íosfaidh sé féin a sháith den chuid is fearr de uilig agus ansin cead acusan an pracar a phiocadh '.

Thóg seisean a cheann agus é i bhfeirg mhór leis an ghasúr. ' Crochfaidh mé thú le solas na gealaí! ' arsa seisean.

' Ní fearr liom thú mé a chrochadh le rópa orlaigh cnáibe! ' arsa an gasúr ar an darna focal.

Tugadh greim le hithe dó ansin agus ní chrochfadh an fear thoir é nó ní bhainfeadh sé dó, agus d'iarr sé air an baile a bhaint amach.

D'imigh an gasúr ansin agus níor stad sé go raibh sé ar ais i nDún na nGall. Bhí iontas ar an fhear sin é ag teacht ar ais beo. ' Cá fhad síos a bhí tú ó shin? ' arsa seisean leis an ghasúr.

' Fad síos is chíonn tú lábán orm! '

' Imigh leat amach as m'amharc anois ', arsa Ó Domhnaill, ' agus bronnaim Leitir Mac an Bhaird[1] ort, agus Cnoc Leitreach ina bhaile stoic '.

Rinne sé seo ar éacht a bheith réitithe leis an ghasúr ná bhí a fhios aige go maith nach raibh gar dó caidé a dhéanfadh sé leis an ghasúr—go mbeadh a bhuaidh aige dá ainneoin agus go mb'fhéidir nuair a thiocfadh ann go gcuirfeadh sé cruaidh go leor air féin.

D'imigh an gasúr síos ansin go Leitir agus tháinig sé ar aghaidh i gceart ann. Bhí sé ceathrúnacha déag na Rosann ina dhúiche agus go leor eallaigh agus stoic aige. Ní raibh samhradh ar bith nach gcuireadh sé aníos an stoc thoir anseo go Cnoc Leitreach agus nuair a chualaigh an fear thiar fán dóigh a raibh ag éirí leis chuireadh sé aniar arm sa tsamhradh agus thugadh sé leis mórán den stoc. Sin an rud a bheireas an seanbhunadh an ' chreach ' air. Ní raibh aon lá suaimhnis acu thiar nó abhus ansin ach ag troid agus ag marbhadh a chéile fán stoc seo go deireadh a saoil.

11.8. Ó DOMHNAILL AGUS NA BRÁITHRE

Nuair a bhí Ó Domhnaill i nDún na nGall fada ó shin ní raibh bliain ar bith nach gcuireadh sé a chuid buachaillí chucu leis an bhológ ab fhearr a bhíodh aige. Chuireadh na bráithre lód mór úll ar ais chuige.

[1] Bailte fearainn i bparóiste na nGleanntach.

Tháinig bliain amháin agus rinne sé dearmad an bhológ a chur chucu agus nuair a tháinig an tSamhain chuir sé na buachaillí fá choinne na n-úll agus ní bhfuair siad úll ar bith. Chonaic Ó Domhnaill iad ag pilleadh folamh agus ní raibh sé róshásta. Bhí a fhios aige go maith cad chuige nach raibh na húllaí leofu agus arsa seisean:

' Na bráithre Dhún na nGall
A chuireas na crannaibh go tiubh
Ní thig úllaí ar a mbarr
Gan sail a chur lena mbun '.

Sin ionann is a rá nach bhfuair seisean na húllaí nuair a rinne sé dearmad an bhológ a chur chucu.

11.9. Ó DOMHNAILL AGUS A INÍON

Bhí Ó Domhnaill fá bhaile aon am amháin eile agus d'iarr sé ar a iníon a dhul amach go bhfeicfeadh sé caidé an seort oíche a bhí ann. Chuaigh sí amach agus nuair a tháinig sí isteach ar ais d'fhiafraigh sé daoithi caidé an chuma a bhí ar an oíche anocht.

' Tá an ghaoth anoir ', arsa sise, ' agus an fhearthainn aniar agus gan é ag cur nó ina thuradh! '

' A iníon ', adeir sé, ' tá sin iontach! '

' Níl sé leath chomh hiontach ', arsa mise, ' le gan a bheith sa bhearach deireanach a mharbh tusa ach croí agus cruógae uilig! '

' Bhail, má tá sin fíor ', arsa seisean, ' ní íosfaidh mise aon *bhit* a chóiche gan tusa a bheith ag an tábla liom '.

Is cosúil gur leasmháthair a bhí ag freastal uirthise agus nuair a bhíodh feoil mhaith acu féin in am dinnéara ní thugadh sí daoithise ach cruógae agus pracar gan mhaith.

11.10. BEOIR LOCHLANNACH

Ins an am ar cuireadh an tóir ar na Lochlannaigh as an tír seo bhí corráit thall is abhus fá na cnoic a raibh fear acu fágtha. Bhí siad ag rá go raibh na Cruacha ar cheann de na háiteanna deireanacha in Éirinn a raibh fear acu fágtha ann. Bhí a mhac aige agus ba í an tslí bheatha a bhí aige lionn a bhí sé ag déanamh de bharr an fhraoich.

Dar leis na daoine gur bhocht an rud a oiread de shásamh a bheith ag an fhear i ndiaidh a dtearn a dhream agus go mbeadh sé ag déanamh slí bheatha ar an fhraoch a bhí ag fás istcach go leic an dorais acu, agus gan fios acu féin caidé an dóigh leis an lionn seo a dhéanamh. D'imigh siad agus chuaigh siad uilig i gceann a chéile agus rinne siad amach go gcaithfeadh siad fáil amach ón Lochlannach seo caidé mar bhí sé ag déanamh an leanna.

Chuir siad cuireadh air a theacht chucu. D'iarr siad air teistheáint daofu an dóigh leis an lionn a dhéanamh den fhraoch nó mura ndéanfadh go gcuireadh siad chun báis é féin agus a bhean. ' Ná déanaigí sin ', arsa seisean, ' ach cuirigí mo mhac chun báis a chéaduair agus inseochaidh mise mé féin daoibh caidé an dóigh a ndéanaim é '.

Marbhadh an mac ansin.

' Marbhaigí mé féin anois ', arsa an t-athair, ' nó sin rud nach n-insímse daoibh go brách! '

Ní raibh maith daofu caidé a dhéanfadh siad leis, ní inseochadh sé ar dhóigh nó eile caidé mar bhí sé ag déanamh an leanna.

Marbhadh eisean fosta. Bhí sé ag meas dá gcuirfí é féin chun báis a chéaduair go bhfaigheadh siad ball bog ins an fhear óg agus go ligfeadh sé an rún leofu agus bhí sé chomh dílis don bhunadh a chuir an rún air agus go mb'fhearr leis an bás nó fios a thabhairt uaidh.

Ón lá sin go dtí an lá inniu ní bhfuair na hÉireannaigh amach caidé an dóigh a ndéantaí an lionn de bharr an fhraoich agus creidim nach bhfaigheann!

12. SEANCHAS FAOI DHAOINE SA CHEANTAR

12.1. TADHG Ó TIOMÁNAÍ

Bhí file ceoil ins an cheantar seo fada ó shin a dtugadh siad Tadhg Ó Tiománaí air. Bhí dúiche mhór talaimh aige agus chualaigh mé an seanbhunadh ag rá go minic go raibh trí áit chónaithe aige agus d'athraíodh sé ó cheann go ceann de réir is mar bhí sé ag fóirstean dó. Drochdhuine a bhí ann agus bhí fuath ag achan duine air agus go speisialta ag na sagairt. Bhí sé ina fhile an-mhaith ach nuair a bhuaileadh an tallann é chumadh sé amhráin an-salacha agus rudaí nach dtiocfadh le duine ar bith a aithris. Bhí cuid acu ag an tseanbhunadh ach nuair a bhí sinne beag ní ligfeadh an eagla do dhuine againn éisteacht le duine ar bith dá rá.

Deirtear go dteachaigh Tadhg as Cnoc Leitreach[1] go Taobh an Mhuilinn,[1] an áit a raibh scáthlán san am sin, le páiste dá choinneáilt le baisteadh. Ní ligfeadh an sagart isteach go toí an phobail é. Shuigh Tadhg síos ar thaobh an bhealaigh gur chum sé amhrán mór fada agus d'éist an sagart leis agus nuair a bhí sé réidh lig an sagart isteach é agus bhaist sé an páiste dó. Níl a fhios agamsa ach cúpla líne de:

> ' Cé a chuirfeas ort fód
> Nó a thógfas maide ó do uaigh
> Nó a shilfeas aon deoir tráthnóna
> Nó maidin i do dhiaidh?
> Dá mbeifeá ag an abhainn cé thógfadh
> tirim thú anall
> Agus fear óg gan dóigh
> Nach bpósfadh bean acu in am '.

Chualaigh mé an seanbhunadh ag rá go mbíodh cailín ar aimsir ag Tadhg seo gach uile bhliain—agus bhí sé pósta. Fá Shamhain, nuair a bhíodh an cailín ag imeacht bhíodh sí ' mar siúd '[2] aige. Thugadh sé leathscór bearach agus tarbh daoithi ansin agus cead aici imeacht léithi. Nuair a bhéarfadh sé seo daoithi níor tháinig léithi a dhul san éileamh ar níos mó.

[1] Bailte fearainn i nGleann Fhinne.

[2] Ag iompair clainne.

Bhí bean de na cailíní seo ag imeacht bliain amháin agus bhí a cuid eallaigh ag dul léithi. Bhí a bhean féin agus athair na mná istigh san am agus d'iarr a hathair ar bhean Thaidhg a dhul amach agus an t-eallach a cheapadh agus gan iad a ligint ar shiúl. Nuair a chuaigh an bhean roimh an eallach lena gceapadh d'iarr Tadhg uirthi aithne a súil acu a cheapadh anois, an méid acu a raibh baint aici féin daofu a cheapadh, ach níor léithi aon cheann amháin acu agus b'éigean daoithi na beathaigh a ligint leis an chailín a bhí ag imeacht.

Bhí scéalta go leor mar seo ag na daoine sa tseanam fá Thadhg ach siocair na sagairt a bheith go láidir ina éadan ba dhoiligh leofu a bheith ag trácht air ar chor ar bith. Ar an dóigh chéanna bhí bunadh Thaidhg scaipthe thart ar chúpla paróiste agus níor mhaith le daoine a bheith ag rá mórán fá dtaobh de. Bhí an ' clann ' a bhí aige mór agus leoga tá cuid den iolraibh thall is abhus go fóill.

Nóta

Ins an nóta atá scríofa in Dhá Chéad de cheoltaibh Uladh *ag Énrí Ó Muirgheasa fán fhile seo deir sé go dtearn na daoine dearmad d'fhilíocht Thaidhg siocair gan é a bheith ró-dheas ach de réir mo chuimhne anois ar an nóta sin ní abrann sé cad chuige. Smaoitigh mé nuair a chualaigh mé an blúire eolais seo atá scríofa agam go mb'fhiú a chur síos anseo le barúil a thabhairt ar an chineál duine a bhí ann.*

—S. Ó hEochaidh

12.2. GEARAILT Ó DOCHARTAIGH

Bhí fear an-mhór céimiúil ina chónaí thoir anseo sa tseanam a dtugadh siad Gearailt Ó Dochartaigh air—soir ansin fá Bhéal an Átha Mhóir a bhí sé ina chónaí ach bhí ceathrú talaimh aige agus saibhreas eallaigh agus caorach aige. Ba de na Dochartaigh móra, a bhí in Inis Eoin, Gearailt agus fear an-chéimiúil a bhí ann, agus dá mbeadh coir a chrochta déanta ag duine thiocfadh leisean a dhul chun tseisiúin agus é a shábháil le focal a bhéil. Ba ghnách leis na Dálaigh a bhí thiar i nDún na nGall a theacht aniar ar laetha saoire chuige agus chaitheadh siad mí i gcónaí ag seilg fá na sléibhte thart anseo agus ag iascaireacht ar na haibhneacha.

Bhí iníon ag Gearailt seo agus pósadh í ar fhear de na Dálaigh. Bhuail an Dálach suas léithi nuair a bhí sé abhus ag déanamh cuairte. Thug an t-athair daofu baile talaimh na Glaisí Móire. Deir siad gur sin an chéad dóigh a dtáinig na Dálaigh ariamh

isteach sa taobh seo den chontae. Ba mhaith le Gearailt a chomharsanaigh thart fá dtaobh de a bheith an-láidir agus dá dtigeadh cogadh ar bith air go mbeadh fir go leor aige le cuidiú leis troid agus ní raibh máthair ar bith fá mhílte dó a mbíodh mac óg aici sa bhliain nach dtabharfadh sé nóta chúig bpunta daoithi. Bhí bean amháin ina cónaí cóngarach dó féin agus bhí sí pósta ach ní raibh clann ar bith aici. Bhí sí bocht agus ba mhaith léithi na cúig phunta a fháil. Smaoitigh sí an chéad lá a chífeadh sí Gearailt ag teacht an bealach go dtabharfadh sí léithi an cat mór fireann a bhí aici agus go gcasfadh sí istigh i mbáinín é agus go ligfeadh sí uirthi gurbh é an mac a bhí ann.

Bhí go maith, choimheád sí go bhfacaigh sí Gearailt ag teacht ar dhroim beathaigh lá amháin agus thug sí léithi an cat agus chas sí istigh sa bháinín é agus nuair a bhí Gearailt os coinne an toí rith sí amach leis. ' Más fada mé ag fanacht leis an pháiste gasúir seo ', a deir sí, ' tá sé liom sa deireadh! '

' Gura mar sin duit! ' arsa Gearailt, ' nocht siar a dhroim dom go bhfeicfidh mé é '.

Bhain sise an báinín den chat, agus ar ndóiche, d'aithin Gearailt go maith nach páiste a bhí ann ar chor ar bith, siúd is go raibh meath beag ag teacht ar a amharc san am, agus arsa seisean: ' Má bhíonn oiread fionnaidh air i gcionn a bhliana agus atá air i gceann a mhíosa déanfaidh sé fear folláin fíochmhar! '

Chuir sé a lámh ina phóca ansin agus thug sé daoithi na cúig phunta. Bhí a fhios aige go raibh sé de dhíth uirthi go cruaidh agus d' imigh sé leis.

Mar dúirt mé, an té a mbeadh coir a chrochta air dá labharfadh Gearailt ar a shon i dteach na cúirte shaoróchadh sé é. Bhí sé thíos an oíche roimh ré agus stop sé i dtoí ósta. Bhí sé aithneach go maith ar na daoine uilig síos fá Leifear ins an am. Bhí cailín ar fostú sa teach ósta agus caidé a bhí ach deartháir daoithi le bheith ag an tseisiún lá thar na mhárach fosta fá chaoirigh a ghoid sé ó bhodach mór inteacht.

Bhí sin ina choir chrochta ins an am sin agus ní nach ionadh, ba mhaith leis an chailín a deartháir féin a shaoradh. D'inis sí do Ghearailt caidé mar bhí agus d'iarr sí air labhairt ar son a dearthár. ' Bhail, tá mé an-bhuartha ', arsa Gearailt, ' ach tháinig mé anseo le fear eile a shábháil ar an chroich amárach agus ní thig liom a shábháil ach fear acu, agus mar gur fear de m'fhocal mé níor mhaith liom ó gheall mé go saoróchainn an fear eile, níor mhaith liom gan sin a dhéanamh '.

Shíl an cailín siocair gur leis an bhodach mhór eile na caoirigh, shíl sí gur ag cur suas daoithi a bhí Gearailt, agus an oíche sin, i ndiaidh é a dhul a luí, d'imigh sí agus thug sí léithi a chuid bróg agus líon sí lán nimhe iad. Chaith sé an lá thar na mhárach ar a chois agus é ag cur allais agus d'oibir an nimh suas as na cosa fríd a chorp agus ar a bhealach abhaile fuair sé bás. Ní raibh a fhios ag duine ar bith caidé a d'éirigh dó ach fuarthas amach é ina dhiaidh sin. Deir siad gurbh é a thórramh an ceann a ba mhó a bhí ariamh ins an taobh ó thuaidh d'Éirinn. Caoineadh é seacht n-uaire ar an bhealach lá an tórraimh agus tá sé curtha soir fá Ghleann tSúiligh in áit a bhfuil Leacht Ghearailt air go dtí an lá inniu.

Cumadh amhrán deas fá Ghearailt a bhí ag achan seanduine agus seanbhean dá raibh san áit seo i m'óige-se ach níl mórán le fáil anois a bhfuil sé acu.

12.3. AN SAGART Ó GIOBÚIN

Bhí an Sagart Ó Giobúin thoir anseo i mBaile na Finne fada ó shin agus ba ghnách leis rudaí iontacha a dhéanamh. Bhí bácús i dteach thoir ansin san am sin agus lá amháin bhí meitheal ag an tsagart seo ag baint mhónadh. Chuir sé teachtaire chucu ag iarraidh cuid den arán. B'annamh a cheannaíodh sé arán ar bith uathu agus siúd is go raibh an t-arán istigh sa teach acu d'eitigh siad an sagart.

Bhí go maith agus cha raibh go holc, tháinig an teachtaire ar ais agus an scéala leis nach raibh arán ar bith ag na fuinteoirí seo. Bhí a fhios aigesean go maith go raibh agus chuaigh sé ar buile. ' Bhail ', ar seisean, ' tá arán go leor acu ach ó inniu amach cha mbíonn mórán acu '.

B'fhíor dó, ón lá sin amach ba chuma caidé an taos a chuirfeadh siad isteach ní thiocfadh amach ach luchógaí móra. B'éigean daofu stad síos siar ar fad a dhéanamh an aráin agus ní thearn siad aon ghreim ón lá sin go dtí an lá inniu.

Bhí sé aon am amháin eile agus bhí beathach capaill aige. Bhí tiarna mór ann de bhodach mór arbh ainm dó Hamilton agus bhíodh beathach an tsagairt istigh i bpáirc an tiarna. Bhí sean-bhean agus a hiníon ina gcónaí i gcoirnéal na páirce agus bhí sé ag briseadh a gcroí ag amharc ar bheathach an tsagairt istigh sa pháirc. Chuaigh siad sa tóir ar an bheathach ach ba mhaith an

mhaise sin don tsagart é—caidé a bhí sé ach ag coimheád orthu agus ca bith a dúirt sé d'fhág sé an tseanbhean agus a hiníon ina seasamh ansin go tráthnóna agus fuair an beathach cead a sháith a ithe. Thug sé cead a gcoise daofusan ansin nuair a mheas sé go raibh siad múinte aige agus ón lá sin gur fhág an sagart an áit níor lig siad orthu go bhfacaigh siad an beathach.

Bhí teach aige iarraidh eile thoir anseo i gcoill an Chlochain agus níl aon uair a dtigeadh sé taobh amuigh den doras nach salaíodh siad a chuid éadaí. Chuir siad an-fhearg air go deireanach—na préacháin—agus ghuigh sé Dia gan aon cheann acu cónú go brách aríst ins na crainn. Ón bhliain sin amach d'imigh na préacháin agus ní thearn siad aon nead i gCoill an Chlochain ón lá sin go dtí an lá inniu. Caithfidh sé gurbh é a chuir an tóir orthu nó tá sé sonraíoch a rá go bhfuil neadracha na bpréachán thart in achan chrann dá bhfuil san áit ach thart fán áit a raibh teach an tsagairt. Tháinig Albanaigh go leor ar a lorg ins an teach céanna ó shin ach mar sin féin char phill na préacháin ariamh ar an áit.

Bhí sé iarraidh eile thoir anseo agus bhí seanchailleach Ghallda ann agus thit sé amach léithi—cailleach an Dochtúra Ó Maitiú a bhí ina chónaí sa Ghléib. Tháinig an bás ar an chailligh agus char shocraigh siad an rud a bhí eatarthu, ca bith rud beag a bhí ann. Bhí go maith go dtáinig lá an tórraimh agus nuair a bhí na Gaill uilig cruinnithe agus an cónra amuigh ar an tsráid acu an méid fear a bhí i nGleann Fhinne agus ní chuirfeadh sin suas ar an charr an corp! Bhí siad ansin fada go leor agus cha raibh a fhios acu caidé a bhí cearr. Bhí a fhios ag an tsagart go maith caidé a bheadh ag dul agus dar leis go dtiocfadh sé féin an bealach.

Tháinig, agus bhí an rud a bhí ag dul ag teach an tórraimh bocht go leor. Sheas seisean ansin ag amharc orthu ar feadh tamailt agus fá dheireadh labhair sé: 'Chítear dom', a deir sé, 'gur bocht, beag de mhaith an scaifte sibh nach bhfuil ábalta seort ar bith a dhéanamh leis an chorp, ach mar seo. Beirigí suas ar an chónra seo go bhfeicfidh mise an dtiocfadh liom cuidiú ar bith a thabhairt daoibh'.

Thóg siadsan suas an chónra agus ní thearn an sagart ach barr a bhróige a bhualadh uirthi agus thóg siad isteach suas ar an charr í agus ní raibh trioblóid ar bith acu ní ba mhó. Ca bith rud a bhí idir é féin agus an chailligh ní thiocfaidh a cur suas ar an charr dá mbeadh sí ansin ó shin go dtigeadh an sagart agus go mbeadh lámh aige ina cur ar shiúl ón teach.

12.4. AN CAIFTÍN Ó SCANNLÁIN

Bhí an caiftín ina chónaí thoir anseo i mBaile na mBan agus Caitliceach a bhí ann—agus fear maith. Ins an tseanam sin bhí teach pobail thoir anseo i gCill Taobhóige ag na Caitlicigh agus is cosúil go dtáinig ar an chaiftín seo imeacht chun cogaidh in áit inteacht ins na tíortha i bhfad ar shiúl. Idir eisean imeacht agus a theacht ar ais tháinig na hAlbanaigh isteach agus ghlac siad seilbh ar Chill Taobhóige agus thóg siad a dteampall féin istigh sa reilig. Bhíthear ag cur na gCaitliceach agus na nAlbanach istigh sa reilig ansin agus bhí gach aon dream acu ag déanamh go gcoinneochadh siad féin an reilig.

Cuireadh bodach d'Albanach inti a dtugadh siad Alex Anderson air, agus ba ghairid a bhí sé curtha go dtáinig an Caiftín Ó Scannláin ar ais abhaile. Chualaigh sé seo uilig agus níor lig sé dadaidh air féin go dtáinig lá maith tuile. Thug sé leis a bhuachaill chun na rcilige ansin agus beathach maith dubh leis agus píosa de rópa maith cnáibe. Thug sé ar an bhuachaill tochailt leis gur nocht sé an chónra. Ghreamaigh sé an rópa ar an chónra agus thug sé a aghaidh ar an abhainn agus nuair a bhí an beathach ag dul isteach ar an talamh ar thaobh Ailt na Péiste ghearr an caiftín an rópa agus lig sé an chónra leis an tuile.

Nuair a chualaigh na hAlbanaigh caidé mar bhí níor chuir siad aon chorp ón lá sin go dtí an lá inniu i reilig Chill Taobhóige.

Deir siad nach bhfuil aon reilig sa tír is deise áit nó reilig Chill Taobhóige. Tá sé ag léim an bhradáin, scairt an choiligh fhraoich agus géim an ghamhna; tá na bradáin ag léimnigh in éadan an easa ag a taobh, tá na coiligh fraoich anonn is anall ó Chnoc Alt na Péiste go cnoc an Mhullacháin os a cionn agus tá na gamhna ag ingilt thart fá dtaobh daoithi achan lá sa bhliain.

Chualaigh mé fosta go raibh an caiftín seo chomh hard agus oiread onóra aige agus gur shíl sé go gcaithfeadh an sagart fanacht Dé Domhnaigh go dtigeadh seisean ar dhroim an bheathaigh. Is cosúil, ins na laetha sin, gur amuigh a léigheadh an sagart an tAifreann Dé Domhnaigh agus an Domhnach seo is cosúil nár fhan an sagart leis. Chonaic an caiftín, nuair a bhí sé ag tarraingt ar an phobal, go raibh an sagart ar obair ar an Aifreann agus tháinig a oiread feirge air gur bhuail sé buille den fuip ar an bheathach agus chuaigh sé isteach i dteann cois in airde fríd an phobal. Bhris sé na cosa ar chuid acu agus bhris sé na lámha ag cuid eile acu. Ní raibh an sagart sásta, ar ndóiche, agus nuair a bhí sé réidh leis an

Aifreann d'iarr sé achainí don chaiftín na Scannláin a bheith sa lá ab airde a mbeadh siad a choíche ann an lá sin. Tá sé fíor go leor—tá siad ag teacht anuas sa tsaol ó shin—agus is beag acu atá fágtha i nGleann Fhinne anois.

12.5. LEABHAR DHOMHNALL MHÁIRE

Bhí fear amuigh anseo i Mín an Loig os coinne na Brocaí a dtugadh siad Domhnall Mháire air. Bhí siad ag cur ina leith go raibh drochleabhar aige agus nuair a léigheadh sé stiall as an leabhar seo nach raibh rud ar bith nach raibh sé ábalta a dhéanamh. Ní raibh a fhios ag duine ar bith caidé mar fuair sé an leabhar seo.

Bhí sé lá amháin ag teacht ón chnoc ins an am a rabhthar ag déanamh an phoitín go láidir an bealach seo agus caidé a casadh dó ach an *Revenue*. Bhí stil leofu a bhí tógtha acu ó fhear inteacht a bhí ag déanamh poitín. D'fhiafraigh Domhnall díofa cá bhfuair siad an stil agus d'inis siad dó gur ó fhear inteacht a bhí ag dul a reachtáil ina leithéid seo de chró.

' Ba dhona an fear é ', arsa Domhnall, ' a lig libh í '.

' B'fhéidir go ligfeadh agus tusa fosta ', arsa an t-oifigeach, ' nó tá fir phiocaithe na banríona liomsa anseo inniu agus bheadh an fear aige féin go maith a choinneochadh an stil uathu '.

' Bhail, tugaigí domsa í ', a deir Domhnall, ' agus ní iarrfaidh mé oraibh ach sibh seasamh fad an ghunna uaim agus ní bhainfidh aon fhear agaibh díom go brách í '. D'amharc fear acu ar an fhear eile agus níor labhair an fear a raibh an stil leis ar chor ar bith ach d'iarr an t-oifigeach air, le cineál magaidh, an stil a thabhairt do Dhomhnall go bhfeicfeadh siad caidé a bheadh sé ábalta a dhéanamh. Tugadh dó í, agus d'imigh sé agus an stil leis agus lean an *Revenue* é.

Ba ghairid a chuaigh siad go raibh fear a raibh stil leis fá fhad a sciatháin d'achan fhear acu agus gan iad ábalta breith ar fhear ar bith. Lean siad iad anonn agus anall fríd an chaorán agus ba ghairid go raibh in aice cúpla céad fear ann agus stil ar achan fhear. Lean siad iad go raibh siad caoch tuirseach agus ba é an deireadh a bhí orthu go mb'éigean daofu tarraingt ar an bhaile gan stil ar bith. Ba léir leis na daoine gur de bharr an leabhair a bhí Domhnall ábalta seo a dhéanamh.

Bhí Domhnall é féin ag déanamh poitín aon lá amháin agus bhí trí bhairille ar oibriú aige ina scioból. Rinneadh spiadóireacht air agus níor mhothaigh sé ariamh go raibh an *Revenue* ag tarraingt

ar an teach. Ní bhfuair sé faill mórán a dhéanamh ach tharraing sé air a leabhar agus léigh sé stiall aisti. Nuair a chuaigh siadsan isteach chun an sciobóil bhí na trí beara ba bhreátha a chonaic siad ariamh ceangailte istigh sa scioból.

' Good luck to your heifers, Domhnall ', a deir siad leis, ' they are feeding well! '

' Tá ', arsa Domhnall agus níor dhúirt siad níos mó agus phill siad thart ar a gcois, agus bhain siad an baile amach. Bhí a fhios acusan fosta nach raibh maith daofu a bheith leis, agus d'imigh siad agus fuair Domhnall a théamh déanta.

12.6. TOIRDHEALBHACH AS MÍN AN FHIA

Bhí fear ins an cheantar seo aon uair amháin agus bhí sé ina chónaí istigh i ndoimhneacht na gcnoc. Ní raibh cosán do dhuine nó do bheathach fá dhó nó trí de mhílte den teach. Ach má bhí sé seo ina chónaí i bhfad ar gcúl féin ní raibh a dhath ar a theangaidh nó bhí sé ar fhear chomh dea-chainteach briatharthach agus a casadh ar dhuine ar bith ariamh.

Bhí fear ag dul amach chun na gcnoc Domhnach amháin sa tsamhradh agus, ar ndóiche, bhí an teach istigh sna cnoic. Tháinig an fear seo isteach chuige bord ar an am a mbeadh an tAifreann dá léamh agus bhí an fear seo ag rá an phaidrín. Níor thóg sé súil leis an fhear a chuaigh isteach nó go raibh an paidrín ráite. D'éirigh sé dá ghlúine ansin agus chuir sé fearadh fáilte roimhe.

' Is iontach an fear thú ', a deir an fear a chuaigh isteach, ' nach labharfadh le do chomharsan nuair a thiocfadh sé isteach '.

' Bhí mé ag caint ', a deir sé, ' le fear i bhfad ní b'fhearr nó thú! '

Bhí an fear seo aon uair amháin, nuair a bhí sé óg, ag cuartú cuideachta. Bhí cailín ins an áit agus bhí sé ag caint léithi ar feadh blianta agus blianta. Bhí sí dá chur ar ais ó lá go lá nó go dtáinig sé an bhliain seo a fhad le ham bhaint na bpréataí. Bhí an geimhreadh ag teacht agus é ag éirí fuar agus ba mhaith leis cuideachta. Chuaigh sé a fhad léithi—bhí sí ag toghadh préataí agus labhair sé léithi. ' A Mháire ', a deir sé, ' sílim go raibh an t-am againn a bheith ag baint as amach agus ag dul i gcionn an tsaoil '.

' Bhail, a Thoirdhealbhaigh ', a deir sé, ' b'fhearr liom fuireacht dhá mhí eile. An dtabharfaidh tú dhá mhí eile dom? '

' Bhéarfaidh ', arsa seisean, ' agus ansin nuair a bhéas an dá mhí agat bhéarfaidh mé rith do shaoil duit '.

Rinne sé mar sin é.

Bliain nó beirt ina dhiaidh sin d'éirigh sé amach chun Aifrinn aon lá amháin, é féin agus comharsanach dó. Bhí cailín ag teacht ón Aifreann agus deir an comharsanach leis: ' A Thoirdhealbhaigh, caidé do bharúil daoithi sin? Ba mhaith a d'oirfeadh sí duit '.

' Bhail, sílim ', a deir Toirdhealbhach, ' dá mbeadh sí sa bhaile agam go mb'fhearr í nó a bheith folamh '.

Nuair a tháinig siad ar ais ón Aifreann chuaigh siad a fhad le teach síbín agus d'ól siad braon. Cuireadh cuireadh ar an chailín agus rinne siad an cleamhnas agus pósadh é. Rinne siad gnoithe an-mhaith ina dhiaidh sin agus thóg siad teaghlach mór.

Bhíodh Toirdhealbhach ag déanamh braonacha poitín ins na blianta seo agus ba ghnách leis an *pholice* tarraingt air anois is arís go bhfeicfeadh siad an bhfaigheadh siad dadaidh. Ach chuaigh fear nó beirt acu an lá seo—agus bhí lá iontach doineanta ann, é ag cur—chuaigh siad isteach agus ní raibh tuí iontach maith ag Toirdhealbhach ar an teach agus bhí deora anuas ann. Dúirt fear acu leis go cineál míshásta. ' A Thoirdhealbhaigh ', a deir sé, ' b'fhearr duit tuí a chur ar do theach agus na deora anuas seo a cheapadh nó a bheith ag tabhairt trioblóide dúinne ag teacht a chuartú poitín '.

' Bhail ', a deir Toirdhealbhach, ' caidé mar d'ordófá dom a dhul amach inniu a chur tuí ar an teach agus an fhearthainn atá ann? '

' Nach dtiocfadh leat tuí a chur air ', a deir an *policeman*, ' nuair a bheadh lá maith ann? '

' Bhail, nuair a bhíos lá maith ann ', a deir Toirdhealbhach, ní bhíonn deoir ar bith ar chor ar bith agam! '

Bhí fear anseo san am céanna a dtugadh siad Harry air agus chuaigh sé ionsar Thoirdhealbhach aon lá amháin fá choinne lá aighnis a bheith acu. Ach nuair a chuaigh Harry a fhad le Toirdhealbhach: ' A Thoirdhealbhaigh ', a deir sé, ' is fada an bealach ón teach seo agatsa go dtí an teach seo agamsa '.

' Bhail, go díreach, a Harry ', a deir Toirdhealbhach, ' tá sé an fad céanna ón teach seo agatsa go dtí an teach seo! '

Tháinig Toirdhealbhach le dhá bhó a bhí aige a fhad le tarbh a bhí ag fear a dtugadh siad Parthalán Rua air. Mharbh bó de chuid Thoirdhealbhaigh bó Pharthaláin agus d'fhág Toirdhealbhach bó dá chuid féin ina dhiaidh ina háit agus ansin chum sé amhrán fán rud.

I

An gcualaigh sibhse an t-ármhach a rinne bó Mhín an Fhia
Mar bhí sí luachmhar láidir is ba ró-bheag a ciall,
Gur bhuail sí an boc báire sin ar bhó Pharthalán Rua.

II

Dá bhfeicfeadh sibhse Parthalán is na deora leis anuas
Ag scairtigh agus ag gárthach, ' Orú, Séarlaí díol an luach ',
Is é a chluinim iad ag rá agus creidim ó seo suas
Gur iompair siad a cnámha thart siar thar an Chruaich.

III

Le truaighe do Pharthalán a d'fhág mé an bhó bhán
Le braon a thabhairt don Phápa is leis an tae a dhéanamh bán,
Ach tá súil as an Ard Rí agam anois ó phósfas Paidí Bán
Go bhfaighidh mé dornán páipéir a dhéanfas mo chroí slán.

IV

Tá mise ag imeacht agus féadaim a bheith ag caoi
Ag tarraingt go Cill na mBard ionsar mo ghrá féin, bean an toí,
Is í Eilís bhán an bhean ab fhearr liom dá bhfacaigh mé faoin Rí
Agus fágáil na bó báine uaithi nach bhfaighim pardún a choíche.

13. SEANCHAS FAOI ÁITAINMNEACHA AN CHEANTAIR

13.1. LOCH BHÉAL SÉAD

Tá loch mór amuigh anseo ins na cnoic a dtugann siad Loch Bhéal Séad uirthi agus deirtear go bhfuil saibhreas d'ór istigh uirthi ar oileán beag atá uirthi. Tá cat rua ag coimheád an óir seo agus duine ar bith a bhéarfadh iarraidh ar an ór ghearrfadh sé a sceadamán ar an bhomaite.

Níl fear ar bith leis an ór seo a fháil choíche ach fear de Chlann tSuibhne agus deir siad gurb é an dóigh a bhfaighidh seisean í: caithfidh sé trí nó ceathair de chléibh mhónadh a thabhairt leis agus tinidh a chur síos ar an oileán agus nuair a bhéas an tinidh ina neart banbhán muice a chaitheamh isteach ina lár.

Tá carraig mhór ag taobh an oileáin agus caithfidh sé brat a spréadh ar an charraig. Tiocfaidh an cat rua amach agus rachaidh sí go dtí na gualainneacha ins an charraig. Beidh an claíomh ag an tSuibhneach agus caithfidh sé an ceann den chat agus gheobhaidh sé cnoc an óir ansin!

13.2. AILT AODH RUAIDH

Bhí cúpla Aodh Rua Ó Domhnaill i nDún na nGall agus deir siad go bhfuil fear acu curtha thoir anseo in áit a dtugann siad Ailt Aodh Ruaidh air. Deirtear gur soir Bealach na gCruach, soir an cnoc, an Fál Garbh, Ailt an tSneachta, Baile na mBan agus soir fríd an Gharbhabhainn a tugadh é. D'fhág siad an chónra síos ins an ailt agus ní raibh siad ábalta í a thabhairt ní b'fhaide agus cuireadh ansin é agus ón lá sin go dtí an lá inniu Ailt Aodh Ruaidh a bheir siad ar an áit.

13.3. AIFREANNACH

Chualaigh sinne anseo an seanbhunadh ag rá go minic gur Aifreannach ab ainm don bhaile talaimh seo Cruach Leaca ins an tseanam. Tá daoine go leor a bheir Ifreann air anois!

Ins an am a raibh cúig phunta ar chloigeann sagairt ba ghnách le sagart a theacht corruair ansin go huaigneas an tsléibhe agus

thigeadh daoine anoir as Gleann Fhinne agus aniar as taobh na nGleanntach. Chuireadh sé scéala roimhe nuair a bhíodh sé ag teacht agus bhíodh na daoine le chéile ansin nuair a thigeadh sé agus d'éistfeadh siad an tAifreann.

Tá an chloch mhór ag taobh an tSrutháin Ghairbh i dtalamh Pheadair Mhic Ghiolla Dhiarmada an áit ar ghnách an tAifreann sin a rá anois is aríst agus thart fá bhun na cloiche móire seo tá giota talaimh atá glas samhradh agus geimhreadh. Chualaigh an seanbhunadh go raibh sagart curtha anseo agus go raibh an talamh a raibh sé ann coisricthe agus gur fágadh de bhuaidh air a bheith i gcónaí glas. D'áiríodh siadsan go raibh an uaigh le feiceáil go soiléir ina n-am féin. Duine ar bith a mbíodh pian nó galar air san am sin thigeadh sé fá choinne gráinnín de chréafóg na huaighe. Stadadh de seo sa deireadh agus treabhadh an giota talaimh seo ach má rinneadh féin b'éigean é a ligint bán aríst agus níor cuireadh barr de chineál ar bith ann ó shin.

13.4. PÍOPA NA bhFIANN

Bhí beirt de na Fiannaibh anseo fada ó shin, agus bhí fear acu ar mhullach Chnoc an Chairn agus an fear eile ar an Chruach Ghorm.

Bhí lá breá te ann agus an bheirt go neamhbhuartha ar an chomhrá agus ag caitheamh tobaca. Shín an fear a bhí abhus a phíopa siar chuig an fhear a bhí thiar agus nuair a bhí sé idir an bheirt thit an píopa. Bhí an portach sa Ghleann ins an áit ar thit sé agus shuncáil sé síos sa mhóin a fhad is bhí ann, agus b'éigin daofu é a fhágáil mar sin.

Bhí go breá, blianta—b'fhéidir céadta bliain ina dhiaidh—tháinig daoine a bhí ag déanamh toithe air agus bhí an oiread adhmaid ann agus a chuir creataí ar naoi dtoithe agus fuíoll. Mín an Ghiúis a bheirtear ar an bhaile sin ón lá sin go dtí an lá inniu.

14. GNÁSANNA ÁITIÚLA

14.1. LEABAIDH NA dTINCLÉIRÍ

Bhí teach thoir anseo ar an Droim sa tseanam agus ní raibh aon tincléirí nó aon duine bocht dá dtigeadh an bealach nach bhfaigheadh lóistín ann uilig go léir. Bhí éadaí leapa agus achan seort acu fána gcoinne agus nuair a d'imíodh na bochta sin ní raibh ann ach na héadaí a chur ar leataobh go dtigeadh baicle eile.

Ach bhí go breá, fá dheireadh tháinig an bás ar sheanbhean an toí agus bhí sí ina luí ansin ar a cuntas ar feadh seachtaine nó níos mó, agus ní raibh déanamh uirthi go bhfaigheadh sí bás nó biseach. Tháinig seanbhean de chuid na comharsan isteach aon lá amháin agus dúirt sí le bunadh an toí gur mhór an náire daofu a bheith ag coinneáilt na seanmhná i bpian ar leabaidh chluimhrí nuair a thiocfadh leofu bás sócúlach a thabhairt daoithi gan phian, gan phiolóid. D'iarr sé orthu a tógáil amach as an leabaidh a raibh sí inti agus a cur isteach i leabaidh na dtincléirí agus nach mbeadh sí i bhfad ansin go bhfaigheadh sí suaimhneas.

Rinne siad sin. Thóg siad amach í agus chuir siad isteach i leabaidh na dtincléirí í agus ba ghairid an t-am a bhí sí ar an leabaidh sin ar chor ar bith go bhfuair sí bás socair suaimhneach.

Ba léir leis an tseanbhunadh uilig anseo agus tá go leor acu a chreideas sin go fóill—nach raibh sé ceart ligint do dhuine bás a fháil ar leabaidh chluimhrí agus nuair a d'éiríodh daoine lag i gceart thógtaí amach de na leapacha seo iad agus chuirtí ina luí ar na soip iad, agus ba ghairid a bhíodh siad ag saothrú an bháis ar na soip.

14.2. BIA AN DROCHSHAOIL

Bhí am cruaidh ag na daoine ins na sléibhte seo in am an drochshaoil. Ba ar phréataí agus ar mhin choirce a ba mhó a bhí na daoine ag teacht i dtír ar fad. Mheath barr na bpréataí ar fad bliain an drochshaoil agus ní raibh an coirce maith ach oiread. Bhí oiread acu agus a mhairfeadh tamalt maith daofu ina mhin ach ghlac siad róchraosach é i dtús ama, agus tháinig ceann caol air sa deireadh agus chuaigh siad á spáráil nuair a bhí siad rómhall.

Ins na laetha sin bhí na daoine uilig ag déanamh a gcuid mine féin leis na bróinte láimhe a bhí acu. Bhí ceann acu sin bunús i ngach uile theach agus tháinig leofu a ndornán beag mine a dhéan-

amh go mion is go minic de réir is mar bheadh sé de dhíth orthu. Chonaic mé na seanbhróinte sin caite fá na cabhsaí gur fhás an féar sa mhullach orthu.

Bhail, mar d'inis mé duit d'éirigh an bia gann ar na daoine, agus an mhin, agus bhí mórán acu a bhí ag iarraidh a bheith beo ar na luibheannaí. An té a raibh an t-ádh air caora a bheith aige le marbhadh bhí sé ceart go leor, ach chuaigh sin féin sa dóigh sa deireadh agus go dtáinig daoine mílte gur ghoid siad na caoirigh den chnoc. Ní raibh na heallaí ag achan duine ach oiread ach an chuid a raibh ní raibh siad ag ligean caill ar bith orthu. Bhí an bainne acu agus bhí siad ag baint úsáide as a gcuid fola fosta. Bhí neart bia ag an eallach amuigh ar na cnoic agus bhí a oiread fola iontu agus a bhí ariamh.

Bhail, ba é an dóigh a ndéanadh siad an bia den fhuil thugadh siad leofu an gráinnín beag mine a bhíodh acu agus bhruitheadh siad í ina bhrachán. Bhaineadh siad steall fola as cuisle de chuid na bó—fán mhuineál—agus bhruitheadh siad an fhuil sin fríd an mhin nó an brachán agus deir siad nár ith duine ar bith ariamh aon bhia atá chomh láidir le fuil bhruite fríd min choirce.

Choinnigh sin, agus an fhuil ar lombhruite, beo mórán a bheadh marbh leis an ocras san am sin.

14.3. CRÚBÓG NA nDÁLACH

Bhí dream de na Dálaigh ina gcónaí thoir anseo ar an Ghlaisigh sa tseanam agus bhí treise mhór acu. Bhí deich mbeathach capaill acu agus thigeadh siad isteach go Baile na Finne ag marcaíocht ar dhroim na mbeathach. Chualaigh mé an seanbhunadh ag rá nach ligfeadh an eagla don tsagart toiseacht ar an Aifreann go dtigeadh siadsan.

Deir siad fosta gur ghnách na daoine a chur san am sin gan chónra ar bith agus bhí crúbóg ag na Dálaigh déanta de shlatacha geala agus nuair a gheibheadh duine ar bith fá mhílte daofu bás chaithfeadh siad a dhul agus iasacht na crúbóige a fháil ó na Dálaigh.

Bhí daoine ansin a dtabharfadh siad daofu an chrúbóg agus daoine eile nach dtabharfadh. Dá measfadh siad go raibh an té a bhí ag iarraidh na crúbóige go láidir ar a dtaobh féin bhéarfadh siad daofu sin agus fáilte an chrúbóg ach dá measfadh siad nach raibh chaithfí an corp a thabhairt chun na reilige agus gan seort ar bith air ach é casta istigh i mbáinín. Chuirtí isteach síos sa talamh é mar sin.

Bhí an chrúbóg sin ar dhéanamh bascáide ach amháin go raibh sí ní b'fhaide. Creidim go gcaithfeadh sí a bheith sé troigh ar fad. Bhí dhá mhaide faoin tóin aici agus nuair a shíntí an corp ar an chrúbóig tháinig le ceathrar fear í a iompar.

Is fada an t-am ó bhí an gnás seo ag gabháil. An seanbhunadh a bhí dá inse domsa níor chuimhneach leofu féin é agus bhí cuid acu ceithre scór bliain an uair sin.

14.4. NA CRÓINÍNÍ

Chualaigh mé na seandaoine ag rá gur cróiníní a thugtaí ar fhir a rachadh thar na trí scór anseo in Éirinn sa tseanam agus bhí dligheadh ins an tír an uair sin go gcaithfí achan fhear ariamh acu sin a chur chun báis, ba chuma dá mbeadh siad chomh láidir le gearráin ins an am. Bhí sé ina dhligheadh cruaidh agus ní nach ionadh d'fhéachfadh siad le dhul i bhfolach anois is aríst. Bhíodh na saighdiúirí ag dul thart ins an am fosta agus dá bhfeicfeadh siad fear ar bith a mheasfadh siad a bheadh thar na trí scór bhéarfadh siad leofu é gan cheist ná fiafraí a chur air agus bhéarfadh siad i láthair an Rí é, agus, mura dtigeadh leis cruthú go raibh sé faoin aois, dá mbeadh mac aige fán teach bhéarfadh siad leofu an mac fosta agus chuirfeadh siad chun báis é. Níor fhág siad aon seanduine bocht ins an tír nár chuir siad uilig chun báis an dóigh sin. Is cosúil go raibh siad ag meas nach mb'fhiú a bheith ag cothú na seandaoine ó rachadh siad thar na trí scór!

Ach bhí go maith, bhí seanduine agus mac ina gcónaí fá na bailte seo san am agus bhí an bheirt an-mhór le chéile, agus nuair a tháinig an t-athair go haois na dtrí scór bhí sé ag briseadh croí an mhic go gcaithfeadh sé é a chur chun báis. Bhí sé ansin agus é ag smaoiteamh agus ag meabhrú caidé ab fhearr dó a dhéanamh agus corruair smaoitíodh sé gur bhocht an rud dó dá gcuirtí an bheirt chun báis agus ansin aríst smaoitíodh sé nach mbeadh sé féin beo le buaireamh agus le cumhaidh i ndiaidh an tseanduine agus go raibh sé chomh maith ag an bheirt imeacht i gcuideachta a chéile. Bhí sé mar sin ar feadh i bhfad agus ní raibh a fhios aige caidé ab fhearr dó a dhéanamh.

Fá dheireadh smaoitigh sé go gcuirfeadh sé an t-athair i bhfolach agus dá dtigeadh tóir ar bith air go n-inseochadh sé gur chuir sé an t-athair. Bhí go maith, d'imigh sé agus thug sé leis an t-athair agus a oiread bia agus a dhéanfadh é fada go leor agus níor stad sé gur fhág sé amuigh i bPoll an Ghréasaí é, amuigh ag Loch Bhéal Séad. Chuir sé isteach sa pholl ansin é agus bhí sé ag meas nach

bhfeicfeadh aon duine go brách é amuigh ansin agus nach mbeadh moill air bia a thabhairt amach chuige anois is aríst nuair a bheadh sé ag dul fá na cnoic anois is aríst.

Bhí sé ansin ar feadh fada go leor agus ní fhacaigh duine ar bith é, ach fá dheireadh caidé a bhí ach fear d'arm an Rí amuigh ag seilg aon lá amháin agus chonaic sé an seanduine. Chuaigh an saighdiúir ar ais agus caidé a rinne sé ach spiadóireacht a dhéanamh ar an tseanduine agus d'inis sé dó fán áit folacháin a bhí aige agus achan seort.

' Bhail ', arsa an Rí, ' caithfidh tú imeacht anois agus mac an fhir seo a thabhairt chugamsa go bhfeicfidh mé caidé a dhéanfas mé leis '.

D'imigh an saighdiúir agus níor stad sé go dtáinig sé anseo chun na gCruach go toí mhac an tseanduine. ' Chuir an Rí anseo mé fá do choinne ', arsa an saighdiúir. ' Chualaigh sé go raibh d'athair i bhfolach amuigh i bPoll an Ghréasaí ag Loch Bhéal Séad agus tá a fhios agat go bhfuil sin in aghaidh an dligheadh '.

Ghléas an fear bocht sin air agus d'imigh sé leis an tsaighdiúir ionsar an Rí.

Bhí fearadh na fáilte roimhe ag an Rí agus d'iarr sé air suí agus a scríste a dhéanamh. Bhuail an-chomhrá ag an Rí leis agus fá dheireadh thrácht sé ar an athair. ' Chualaigh mé ', a deir sé, ' go raibh d'athair i bhfolach amuigh i bPoll an Ghréasaí ag Loch Bhéal Séad '.

' Bhail, creidim ', arsa an fear eile, ' nach bhfuil maith dom a bheith dá cheilt ort. D'fhág mise amuigh ansin é mar nach bhfaighinn ó mo chroí é a chur chun báis nó amharc ar dhuine eile dá chur chun báis ach oiread. Bhí cion mór againn ar a chéile agus b'fhearr liomsa go gcuirfí chun báis mé féin nó eisean '.

' Ó bhail ', a deir an Rí, ' tá a fhios agat dligheadh na tíre agus níl maith domsa iasc a dhéanamh do dhuine agus feoil do dhuine eile ach bhéarfaidh mé seans amháin duitse ó tharlaigh go bhfuil tú chomh ceanúil ar d'athair. Má bheir tú trí ní atá mise ag dul a ainmniú anseo chugamsa amárach bhéarfaidh mé cead do choise duit féin agus d'athair '.

' Bhail ar ndóiche, sin a dtig leat a dhéanamh ', arsa an fear eile, ' agus má thig liomsa ó Dhia anuas é bhéarfaidh mé chugat na trí ní seo atá tú ag dul a iarraidh orm '.

' Bhail, is iad na trí ní a chaithfeas tú a thabhairt chugamsa anseo roimh an mheán-lae amárach ', arsa an Rí, ' do charaid, do namhaid, agus do shlí bheatha, agus mura raibh tú anseo roimh

uair an mheán-lae leis na rudaí seo caillfidh tú an ceann agus cuirfidh mé d'athair chun báis fosta '.

' Chím ', arsa an fear eile, ' is cruaidh do mhargadh ach caithfidh mé féacháilt leis '.

D'imigh an duine bocht, briste, buartha agus tharraing sé ar an bhaile. Nuair a d'ith sé greim thug sé iarraidh ar a sheanathair go Loch Bhéal Séad agus d'inis sé dó caidé mar bhí. 'Ná cuireadh sin buaireamh ar bith ort ', arsa an t-athair leis, ' má réitíonn sin dúinn ní bheidh mise i bhfad ag inse duit caidé na trí ní a bhéarfas tú leat ionsair '.

' Tá eagla orm ', arsa an mac, ' gur mó nó do dhícheall na rudaí a chur liom atá de dhíth air '.

' Amaidí ', arsa an t-athair, ' nuair a bhéas tusa ag imeacht ar maidin amárach ionsar an Rí tabhair leat do bhean, do bheathach agus do mhadadh. Agus nuair a fhiafróchas sé duit cá bhfuil do charaid abair leis gurb é do mhadadh do charaid. Nuair a fhiafróchas sé duit cá bhfuil do namhaid abair thusa leis nach bhfuil aon namhaid agat is mó nó do bhean. Agus nuair a fhiafróchas sé duit cá bhfuil do shlí bheatha abair leis gurb é do bheathach do shlí bheatha '.

Bhí go maith agus ní raibh go holc, ar maidin lá thar na mhárach d'imigh an mac, agus na trí ní leis a d'iarr an t-athair air, leis ionsar an Rí. Nuair a chuaigh sé a fhad le geafta an chaisleáin chuir sé teachtaire ionsar an Rí, go raibh sé amuigh. Tháinig an Rí amach agus bhí sé ina sheasamh ansin ag an gheafta. Chuir an Rí fáilte roimhe agus d'fhiafraigh sé de an raibh na trí ní leis mar d'iarr sé air.

' Tá siad liom anseo ', arsa an fear.

' Bhail ', a deir an Rí, ' cá bhfuil do shlí bheatha? '

' Seo é ', arsa seisean, ag teistheáint an bheathaigh dó.

' Agus cá bhfuil do charaid? ' arsa an Rí.

' Seo é ', arsa seisean, ag teistheáint an mhadaidh dó.

' Agus cá bhfuil do namhaid? ' arsa seisean.

' Seo í ', arsa seisean, ag teistheáint na mná dó.

Rinne an Rí racht mór gáire nuair a dúirt seisean gurbh í an bhean a namhaid. ' Caidé an t-ábhar a n-abrann tú gurb í do bhean do namhaid? ' arsa an Rí.

' Tá maise, inseochaidh mé sin duit ', arsa an fear, ' dá n-inseoinn coir mo chrochta daoithi ní bheadh sé ceithre huaire fichead go mbeadh a fhios ag achan bhean ar an bhaile é! '

' Maise, más sin mar atá ', arsa seisean, ' is iontach atá d'athair leis an fhad seo d'am i bPoll an Ghréasaí gan fios a bheith ag aon duine beo air ach mé féin! '

Nuair a chonaic an Rí caidé mar bhí d'iarr sé ar fhear na gCruach a dhul abhaile agus a namhaid agus a charaid agus a shlí bheatha a thabhairt leis agus nuair a d'fhágfadh sé sa bhaile iad a imeacht leis go Loch Bhéal Séad agus a athair a thabhairt leis agus nach gcuirfeadh seisean buaireamh ar bith air féin nó ar aon chróinín eile an dá lá de shaol a bheadh aige.

Cuireadh deireadh le dligheadh marfa na gcróiníní san am sin agus sin an rud a fhágfas mise anseo ag inse an scéil!

14.5. AN TEAGASC CRÍOSTAÍ AR NA CRUACHA

Níor fhoghlaim duine ar bith ariamh ar na Cruacha an Teagasc Críostaí ar an scoil go dtí ar na mallaibh. Bhí bean ina cónaí i gCruach Mhín an Fheannta a dtugadh siad Máire Nic Fhionnghaile (Máire Bn. Mhic an Luain, pósta) agus ba í sin an bhean (go ndéanaidh Dia trócaire uirthi!) a d'fhoghlaim an Teagasc Críostaí d'iomlán a raibh fá na bailte. Bhí beagán de léann Gaeilge aicise a d'fhoghlaim sí ó chineál inteacht máistir scoile a bhí ag dul thart ó theach go teach ina hóige. Bhí leabhar dá chuid seo aicise agus ní raibh oíche ar bith nach mbíodh scaifte páistí istigh aici agus í ag foghlaim an Teagaisc Chríostaí daofu.

Ní bhfaigheadh sí páighe nó aon seort ar son a saothair agus bhí an Teagasc Críostaí ag páistí an uair sin i bhfad ní b'fhearr nó atá sí acu anois.

Bhíodh daoine mór, ar ndóiche, san am sin nuair a théadh siad faoi lámh easpaig agus go minic bhíodh daoine thall is abhus ina seandaoine agus ina seanmhná sula dtéadh siad chuige. Chualaigh mé iomrá ar sheanduine a chuaigh ionsar an easpag sa tseanam. D'fhiafraigh an t-easpag de cé mhéad Dia a bhí ann.

' Sílim ', a deir an seanduine, ' go bhfuil trí cinn ann '.

' Bo, bo! ' a deir an t-easpag, ' caidé an t-ábhar a ndeir tú sin? '

' Tá mé chomh sean ', a deir an seanduine, ' agus go bhfuil an tríú sagart paróiste anseo ó tháinig mé i gcuimhne agus níl sagart ar bith acu ', a deir sé, ' nach raibh a dhligheadh féin aige, agus shíl mé go raibh Dia ag géilleadh d'achan sagart acu! '

Ní thearn an t-easpag faic ach ticéad a thabhairt dó. ' Seo dhuit ', a deir sé, ' agus bog leat '. D'aithin sé go maith go raibh an Teagasc Críostaí ag an tseanduine.

14.6.1. AN BAISTEADH

Tá cuid de na daoine a dtig Tinneas Beannaithe orthu agus deir siad gurb é an rud is siocair leis go bhfágann an sagart cuid inteacht den bhaisteadh ina dhiaidh agus, míle beannacht le hanam Póil, an té a bhfágfaidh an sagart an chuid sin dá bhaisteadh ina dhiaidh tiocfaidh an Tinneas Beannaithe air.

14.6.2. FUÍOLL BAISTE[1]

Chualaigh muid an seanbhunadh ag trácht go minic go mbíodh daoine ann a mbíodh fuíoll baiste orthu ar feadh a saoil agus ba é an rud a ba siocair leis sin mar go mbíodh braon beag ólta ag an tsagart (i gcead dá chóta!) nuair a bheadh sé ag déanamh an bhaiste.

14.6.3. PÁISTÍ GAN BHAISTEADH

Bhíodh an-eagla ar dhaoine, go dearfa, páistí gan bhaisteadh a choinneáilt i bhfad sa teach. Bhíodh eagla orthu go dtabharfaí as iad agus bhíodh coimheád mór orthu go gcuirtí an tonn bhaiste orthu. Nuair a bheadh páiste mar sin fá theach chuireadh siad snáthaidí agus pionnaí agus achan seort i bhfostú ina gceirteacha.

14.6.5. PÁISTÍ GAN BHAISTEADH AR AN tSAOL EILE

Tá muid ag éisteacht leis ariamh canta ag an tseanbhunadh go bhfuil páistí gan bhaisteadh in áit dhorcha, ins an áit nach bhfeiceann siad gnúis Dé go deo, ach amháin nach mbíonn pian nó piolóid orthu ar feadh na síoraíochta.

14.6.4. PÁISTÍ AG TEACHT AR AIS ÓN MARBH

Chualaigh mé iomrá go minic an páiste a bhaistfí agus a gheobhadh bás idir sin agus aois céille go mbeadh an páiste sin ina Naomh ar an bhomaite ins na Flaithis agus rud ar bith cearr a dhéanfadh a athair nó a mháthair ar feadh a saoil go bhfaigheadh sé maithiúnas daofu ó Dhia. Chualaigh mé fosta go ndéanfadh

[1] Neamart sa bhaisteadh.

siad an rud céanna don bhunadh a choinneochas le baisteadh iad, agus, má tá rud ar bith ann, deir siad go ndéanann siad saothar níos mó ag iarraidh a gcairdeas Críost a thabhairt chun na bhFlaitheas ná a ní siad lena n-athair agus a máthair féin.

Chualaigh mé go minic an lánúin a choinneochas páiste le baisteadh nach bhfuil sé ceart ag an pháiste sin, nuair a thiocfas ann, amharc ar theach na lánúine sin nuair a bheadh fearg air.

14.6.6. SIÚL AG PÁISTÍ I nDIAIDH A THEACHT CHUN AN tSAOIL

Chualaigh mé an seanbhunadh ag rá go minic go mbíodh siúl ag achan pháiste i ndiaidh a theacht chun an tsaoil fada ó shin, go díreach mar atá ag achan seort beathaigh anois—chan dá gcuir i gcomórtas! Bhí an siúl sin acu go ham Cholm Cille. Nuair a bhí seisean ag siúl thart fríd an tír tháinig sé isteach i dteach aon lá amháin agus bhí páiste beag ann i ndiaidh a theacht ar an tsaol. D'iarr sé ar an pháiste a dhul amach fá choinne deoch uisce dó. Dúirt an páiste nach rachadh, agus thoisigh sé ag tabhairt seanchaint do Cholm Cille. Chuir sé mothú feirge ar Cholm Cille—sílim nach raibh sin deacair a dhéanamh leis ar scor ar bith—agus d'iarr sé air suí síos agus fanacht ina shuí go dtí go mbeadh ciall aige éirí. Tá na páistí gan siúl ó shin go dtí go raibh siad cúpla bliain agus cuid acu a bhíos níos mó nó sin.

14.6.7. PÁISTÍ GAN BHAISTEADH

Is gnách i gcónaí san áit seo páiste gan bhaisteadh a chur i ngiota den reilig atá fána gcoinne féin. Níor chualaigh mé iomrá ar bith ariamh ins an áit seo ar pháistí a bheith dá gcur i gcuibhrinn nó ins na portaigh thart ins na tailte.

Chualaigh mé go raibh páistí anseo fada ó shin agus bhuail fiabhras iad agus fuair beirt acu bás—ní raibh oiread fán áit agus a bhí ábalta a dtabhairt chun na reilige agus cuireadh thoir anseo iad os cionn an bhealaigh mhóir i dtalamh Mhíchil Phádraig (Mac an Luain) istigh faoi bhun carraige atá ansin—Carraig na bPáistí a bheir siad ar an charraig sin ón lá sin go dtí an lá inniu.

14.7. AITHRÍ

Tá muid ag éisteacht ariamh leis an tseanfhocal ' Níl aithreachas mall maith ach amháin san fhaoistin! '

Dhá uair sa bhliain a ba ghnách le seandaoine an cheantair seo a dhul chun faoistin ins an tseanam agus cuid mhór acu atá mar sin go fóill. Tá siad i bhfad ó thoí an phobail, agus sa tseanam bhí orthu a dhul chun na nGleanntach. Thigeadh an sagart thart idir na toithe cúpla uair sa bhliain agus d'éistfeadh siad na daoine uilig. Chualaigh mé fosta go raibh sé ina ghnás nuair a thigeadh an sagart ar airteagal fá na bailte sa tseanam dá mbeadh seandaoine aosta ar bith eile ann go n-éistfeadh sé iad fosta.

14.8. FEAR AN TOBACA

Chualaigh mé daoine ag trácht fá uair eile a raibh *stations* fá na bailte seo agus bhí an tobaca an-ghann. Chuaigh an sagart síos chun an *room* ag éisteacht agus chroch sé an cóta a bhí air i leataobh an dorais ag dul síos dó. Thoisigh an fear seo ag cuartú na bpócaí aige agus tháinig sé ar sparán an tobaca. Thug sé leis é agus sháigh sé ina phóca féin é. Bhí go maith, nuair a tháinig a sheal chuaigh sé síos chuig an tsagart agus ca bith eile a bhí le hinse aige d'inis sé don tsagart gur ghoid sé tobaca fir uasail!

' Bhail ', a deir an sagart, ' ní thig liomsa maithiúnas ar bith a thabhairt duit go dtugaidh tú ar ais an tobaca don fhear sin '.

' Bhail, seo dhuit féin é ', arsa seisean leis an tsagart ag síneadh an tobaca chuige.

' Ó bhail ', arsa an sagart, ' ní ghlacfaidh mise uait é. Caithfidh tú é a thabhairt don té ar ghoid tú uaidh é '.

' Bhail, thairg mé dó é ', arsa fear na faoistine, ' agus ní ghlacfaidh sé uaim é agus níl a fhios agam anois caidé le déanamh leis nuair nach dtugann sibhse maithiúnas dom '.

' Ó bhail ', arsa an sagart, ' más mar sin atá bhéarfaidh mé maithiúnas duit '. Thug an sagart maithiúnas dó, ach ar ball nuair a bhí deireadh thart agus a bhricfeasta ite ag an tsagart chuaigh sé a chuartú an tobaca ach ní raibh sé le fáil aige.

Bhí a fhios aige go maith caidé a d'éirigh dó, ach siocair gur in am faoistine a d'inis an fear fá dtaobh de níor tháinig leis labhairt le duine beo fá dtaobh de agus thairg an fear an tobaca dó agus ní ghlacfadh sé é.

15. CLUICHÍ PÁISTÍ

15.1. LÚRAPÓG LÁRAPÓG

Lúrapóg lárapóg
Nóiníní buí
Méirín fada
Mac an obair
Gilidín beag
is a cheann sa log
is é ag baint nóinín buí
Preabán súileach
Sac na milleach
Crap isteach an phlaiceog bheag.

15.2. CEANGAIL AN BHALLA

Bhí cleas beag eile againn fosta a dtugaimis ' Ceangail an Bhalla ' air. Bheirtí ar pháiste gasúir nó girsí agus cheanglaítí a dhá láimh thiar ar chúl a chinn. Chuirtí a cheann leis an bhalla ansin agus na cosa amach ón bhalla. Bheadh sé ansin agus mura mbeadh gasúr nó girseach an-umhal ins na cnámha ní bheadh sé ábalta bogadh go dtógfadh duine inteacht amach é.

15.3. AN SROICHEADH AB FHAIDE

Nuair a bhí sinne inár bpáistí bhí cleas beag simplí againn agus is minic a chaith scaifte againn i rith oíche ag gabháil dó. Chuirfimis bata trasna i lár an urláir agus chuirfeadh duine againn a ladhracha leis an bhata agus caofrán mónadh aige ina lámh. Shroicheadh an duine sin a fhad is bheadh sé ábalta leis an chaofrán go bhfágfadh sé síos ar an urlár é. Dhéanfadh duine i ndiaidh an duine eile sin—gasúraí agus girseachaí go bhfeicfí cé ab fhaide a raibh sroicheadh aige.

15.4. BUICIDÍN

Bhíodh caithimh aimsire againn inár bpáistí ag gabháil don bhuicidín. Rud beag cosúil le bréagán a bheadh ag páiste a bhí ins an bhuicidín agus é déanta d'fhéar nó de chochán—trí cosa beaga air ar an talamh agus ceann beag cruinn air. Chuirtí an

buicidín seo ina sheasamh i lár an urláir ar na trí cosa. Chaithfeadh na páistí ansin—duine i ndiaidh an duine eile—breith ar leathchois dá gcuid féin agus a dhul thart trí huaire ar a leathchois eile agus an tríú huair a bheadh siad ag dul thart cromadh síos ar an bhuicidín lena mbéal agus a thógáil amach ón talamh. Bhíodh mórán acu a bhíodh tuirseach go maith nuair a bhíodh siad thart na trí huaire ar an bhuicidín ar an leathchois agus nuair a théadh siad a chromadh síos thiteadh siad ar an talamh agus ansin bhíodh ábhar mór gáire ag an chuid eile.

Is minic nuair a bhí sinn inár bpáistí a chaith sinn leath-oíche ag dul don chleas seo agus chomh maith linn féin bhíodh greann mór ag ár muintir ag coimheád orainn.

15.5. CLEAS NA dTÁILLIÚIR

Cleas beag é seo a mbíodh daoine fásta ag gabháil dó sa tseanam chomh maith le páistí. Ceann simplí go leor a bhí ann siúd is gurbh iomaí duine a fuair buille cráite ina cheann. Chuirtí dhá chathaoir os coinne a chéile i lár an urláir agus ceann spáide nó maide caol de chineál ar bith idir an dá chathaoir. Shuífeadh duine ar an mhaide ansin agus suí táilliúra air—a chosa pléatáilte le chéile mar bheadh táilliúir ina shuí ar an tábla. Bhíodh dhá chaofrán mónadh ar achan cheann de na cathaoireacha—beirt os coinne an té a bhíodh ina shuí ar an chathaoir agus beirt eile ar chúl a chinn. Bhíodh bata ina lámh ag an té a bhíodh ag déanamh an cleas agus a mheáchán ar an bhata. Chaithfeadh sé an bata a thógáil ón talamh, na caofráin uilig a leagan de na cathaoireacha—na rudaí a bhí os a choinne agus ar chúl a chinn. Bhí sé an-doiligh ag duine sin a dhéanamh a bhíodh ina shuí ar mhaide cruinn agus a rachadh i leataobh leis chomh luath agus a bhogfadh sé agus is iomaí ábhar gáire a thugadh sé do pháistí ag coimheád ar bhuachaillí agus ar ghasúraí ag titim chun talaimh gan chosnamh.

Bhí sé seo ina chluiche mhór ag fairí go háirid agus níl sé i bhfad ó chonaic mé stócaí dá dhéanamh ag faire anseo ar na Cruacha.

16. RAINN

16.1. SPÁG AR AN BHAC

Tháinig an dá spág isteach agus shuigh siad ar an bhac. Tháinig an dá mhurnán isteach agus shuig siad ar an dá spág agus bhí an dá spág ar an bhac.

Tháinig an dá lorgán isteach agus
shuigh siad ar an dá mhurnán,
Shuigh an dá mhurnán ar an dá spág agus
shuigh an dá spág ar an bhac.

Tháinig an dá ghlúin isteach agus
shuigh siad ar an dá lorgán,
an dá lorgán ar an dá mhurnán,
an dá mhurnán ar an dá spág agus
shuigh an dá spág ar an bhac.

Tháinig an dá láirig isteach,
Shuigh an dá láirig ar an dá ghlúin,
an dá ghlúin ar an dá lorgán,
an dá lorgán ar an dá mhurnán,
an dá mhurnán ar an dá spág, agus
shuigh an dá spág ar an bhac.

Tháinig an dá leis isteach.
Shuigh an dá leis ar an dá láirig,
an dá láirig ar an dá ghlúin,
an dá ghlúin ar an dá lorgán,
an dá lorgán ar an dá mhurnán,
an dá mhurnán ar an dá spág agus
an dá spág ar an bhac.

Tháinig an tóin isteach.
Shuigh an tóin ar an dá leis,
an dá leis ar an dá láirig,
an dá láirig ar an dá ghlúin,
an dá ghlúin ar an dá lorgán,
an dá lorgán ar an dá mhurnán,
an dá mhurnán ar an dá spág agus
an dá spág ar an bhac.

Tháinig an droim isteach.
Shuigh an droim ar an tóin,
an tóin ar an dá leis,
an dá leis ar an dá láirig,
an dá láirig ar an dá ghlúin,
an dá ghlúin ar an dá lorgán
an dá lorgán ar an dá mhurnán,
an dá mhurnán ar an dá spág, agus
an dá spág ar an bhac.

Tháinig an dá shlinneán isteach.
Shuigh an dá shlinneán ar an droim,
an droim ar an tóin,
an tóin ar an dá leis,
an dá leis ar an dá láirig,
an dá láirig ar an dá ghlúin,
an dá ghlúin ar an dá lorgán,
an dá lorgán ar an dá mhurnán,
an dá mhurnán ar an dá spág, agus
an dá spág ar an bhac.

Tháinig an dá ghualainn isteach.
Shuigh an dá ghualainn ar an dá shlinneán
an dá shlinneán ar an droim
an droim ar an tóin,
an tóin ar an dá leis,
an dá leis ar an dá láirig,
an dá láirig ar an dá ghlúin,
an dá ghlúin ar an dá lorgán,
an dá lorgán ar an dá mhurnán,
an dá mhurnán ar an dá spág, agus
an dá spág ar an bhac.

Tháinig an muineál isteach.
Shuigh an muineál ar an dá ghualainn
an dá ghualainn ar an dá shlinneán,
an dá shlinneán ar an droim
an droim ar an tóin,
an tóin ar an dá leis,
an dá leis ar an dá láirig,
an dá láirig ar an dá ghlúin,
An dá ghlúin ar an dá lorgán,
an dá lorgán ar an dá mhurnán,
an dá mhurnán ar an dá spág agus
an dá spág ar an bhac.

Tháinig an ceann isteach.
Shuigh an ceann ar an mhuineál,
an muineál ar an dá ghualainn,
an dá ghualainn ar an dá shlinneán,
an dá shlinneán ar an droim,
an droim ar an tóin,
an tóin ar an dá leis,
an dá leis ar an dá ghlúin,
an dá ghlúin ar an dá lorgán,
an dá lorgán ar an dá mhurnán,
an dá mhurnán ar an dá spág, agus
an dá spág ar an bhac.

16.2. COMHAIRLE SEANDUINE

Bhí seanbhean ina cónaí i Mín na Mánrach[1] agus chuaigh sí síos a chónaí go Droim an Aonaigh[1]—fá dhá mhíle go leith don Dúchoraidh—ionsar a hiníon le deireadh a saoil a chaitheamh aici. Dálta achan áit bhí droch-chomharsanacht ag dul go minic ins na háiteacha seo agus ba mhinic daoine ag dul thart nach mbíodh ag cur bhuartha orthu ach ag déanamh achrainn. Bhí daoine óga ag éirí suas ins an teach agus thug an tseanbhean a chuaigh síos comhairle daofu nuair a d'fhásfadh siad suas iad a bheith mar ba chóir daofu a bheith.

Seo an comhairle a thug sí daofu:

Éist mórán agus can beagán
Ná habair ach ní a bhfeictear duit
Éist le comhrá daoine glic
Tuig agus lig mórán thart
Ná hamharc síos ar do bhróg
Is ná déan stró as do bhrat
Siúil go díreach an ród
Is beannaigh fá dhó don duine bocht
Ná bí siúlach go toí an óil
Is ná bí daorach ar an deoch
Mo chomhairle duit agus is í an chóir
Ná bain go deo le duine deileoir.

[1] Bailte fearainn i bparóiste Inis Caoil.

16.3. DHÁ FHUATH DHÉAG AN tSEANDUINE

Is fuath liom teach mór gan chláraí
Is fuath liom táibhleasc gan téadaí
Is fuath liom bean dheas ag othar
Is fuath liom bothóg gan díontaí
Is fuath liom sagart gan phortús
Is fuath liom dochtúir gan lansa
Is fuath liom bean óg gan náire
Is fuath liom gáire gan éifeacht
Is fuath liom leatrom ar dhílleachtaí
Is fuath liom daonnacht gan acmhainn
Is fuath liom bean óg gan leanbh
Agus seanbhean gan siamsa agus í cíocrach a chois teallaigh.

16.4. CASFHOCAIL

Cearc uisce faoi uisce
Is í ag slubarnaigh slabharnaigh,
Abair naoi n-uaire é
is gan fuaradh a bheith ar d'anáil.

Trí hiolar a tháinig as Dún Mhic Bhiolair
Bhí iolar maol odhar ann
agus iolar odhar eala,
Bhí spor ar an iolar fhireann
agus iolar eile leis ar a uillinn.

Caidé an fód bog é seo faoi mo chos
Ní boige é ná an fód atá ar lámh leis
Fód bog idir dhá bhog
Bogfhód agus fód bog.

Pioc piobar péacóg
An phéacóg a phiocfadh piobar de phláta péatair.

16.5. CUMHDACHAÍ[1]

Ins an tinidh a chaill mé m'fháinne
Ins an scioból a chuir mé i gcása é
A Anna Ní Ghallchóir ná bíodh cás ort
Chuir mé spéis i do phéacóig álainn
Hi Farewell!
Sílfidh Joe Ó Búrca gur bean dó féin í
Sílfidh Jimí 'ac Aoidh gur bean dó féin í
Arsa Condaí a' Búrca agus é ar a ghlúine
A Mháire bheag dhílis bí dílis domsa.

D'iarr bean an toí orm suí go socair
Mála na bpíobán a chur faoi m'ascaill
Máire Nic Aoidh a chur sa chliabhán
Conall Eoghain Phádraig a chur dá bogadh.

Cé siúd amuigh ag cartadh na díogadh?
Máire, an dairíribh?
Leoga 'sea!
Bidí Nic a' Luain dá chartadh le sweep í
Máire, an dáiríribh?
Leoga 'sea!
Cén buachaill óg a bhéarfadh a croí di?
Seán 'ac a' Luain ar uair an mhéanoíche
Máire, an dáiríribh?
Leoga, 'sea!

Cumhdochaidh mé féin mo chlann go hóg
Bhéarfaidh daofu mórán bó
Anna Nic a' Luain is Jimí 'ac Aoidh
Tá mo chlann féin cumhdaithe go leor.

[1] Féach **16.5** in Nótaí ar na Scéalta.

17. AMHRÁIN

17.1. MÁIRE BHRUINNEALL

I

A Mháire Bhruinill, a bhláth na Finne
I ndiaidh mé do leanúint aniar ón áth
Do bhéal is binne nó an chuach is í ag seinm
Is tú a d'fhág mise i ndealramh báis
Ach go bé na tromchomhairleacha a bhí ar mo stóirín
Thógfadh sé an brón is an tuirse a bhí orm díom
Mharbh tú go deo mé ar scáth ar fhág tú beo díom
Lagaigh tú go mór mhór m'aigne is mo chroí.

II

Ag cuairteoireacht ban óg má théann tú go deo
Ná dearmad do phócaí a bheith líonta
Bíodh leat fíon, uisce beatha daor, tobaca
Is gach uile ní de réir sin.
Nuair a rachfas tú chun an toí suigh lena taobh
Is a choíche ná déan dearmad de na póga,
Nuair a rachfas bunadh an toí a luí
Bí dá teannadh le do chroí
Is meallfaidh tú do mhian ar an dóigh sin.

III

Éan bocht scoite mé le fada
Ó chaill mé mo chúl báire
Níl teach mo chara romham ins na bealaí
Is nach trua le neach mar atá mé.
Is é d'éag mo charaid a sheol mé an bealach
Is a d'fhág mé anseo le ráithe
A Rí atá i dTeamhair go ngluaisidh tú an tSamhain
Is go seolaidh tú thar Bhéal Trá mé.

17.2. MÁIRE NÍ CHOMHAILL

Má théimse a dhíol sáile chun na háite níos mó
Ní bheidh seachrán ar m'áras, tá fáilte ansin romham
Ar an taobh abhus den Fhearthainn ar airde an róid
Tá banríon na háite sin Máire Ní Chomhaill.

II

Shiúil mise a lán ón tSrath Bán go Tír Eoghain
Ó Dhoire go Málainn is go Béal an Átha Mhóir
Go bhfacaigh mé mná deasa ar a fad sin le feabhas
Gurbh í a thug an barr orthu Máire Ní Chomhaill.

III

Pleoid ort a Mháire is tú a d'fhág mé gan dóigh
Imeacht Dé Máirt uaim is mé a fhágáil faoi bhrón
Níor fhan beo díomsa ach mo scáil is d'athraigh mo ghlór
Le cumhaidh i ndiaidh na háite sin a Mháire Ní Chomhaill.

IV

Anois ó tá mé sáraithe is ní dhéanfad níos mó
Ní bréag ar bith nó áiféil a dtearn mé go fóill
Guímse Naomh Pádraig atá go hard ins an ghlóir
Go ndéanaidh sé dídean i bParthas do Mháire Ní Chomhaill.

17.3. AMHRÁN AN TRUMPA

I

A Chondy Uí Cheallaigh is tú an Rí
Is tú a chuir orm féin gléas ceoil
Is tú a cheannaigh dom an *present* daor
A chosain duit féin go leor
Dá gcluinfeadh an Sagart Ó Baoill
Mar a sheinnfeadh sí oíche is lá
Thógfadh *rebellion* sa tír go mbainfeadh sé díom an tseoid.

II

Stadfaidh mé feasta den cheol
Ní sheinnfidh mé níos mó sa ghleann
Ó briseadh an teangaidh i mo sheoid
Ní leanfaidh mé spórt nó greann
Dá mbeadh a fhios ag Ceallaigh mo bhrón
Ar ndóiche níor mhaith leis mo chaill
Mo mhallacht d'aon fhear óg go deo
Nach gcoinneochadh a sheoid faoi choim.

III

Nach mór an *credit* sa tír nach dtearnadh de Rí nó 'Lord'
A mhaithfeadh do bhochtaibh a chíos
Nach dtiomáinfeadh choíche a bhó
Is é a chluinim ag daoine dá chaoi
Is creidim é fíor go leor
Dá gcluinfeadh Mac Confhaola an dligheadh
Go ndéanfaí de Rí go fóill.

17.4. SNÁTH BANRÍONA

I

Nach ró-mhór an t-athrú a tháinig chun na háite
ó stadadh den chardáil, den bhriseadh is den tsníomh,
Gan seanbhean nó páiste a bhfuil tógáil a láimhe ann
Nach bhfuil geangadán banríona leis ar a thaobh.

II

Dá gcluinfeadh an bhanríon an t-anró a bhfuil mná ann
fríd sléibhte dá gcarnadh le fearthainn is le fuacht,
Ina suí go raibh an lá ann ag síor-chur an tsnátha sin
Is nach n-ordaíonn a bpáighe daofu codladh nó bia.

III

Bréagach thú, a thailliúir ó b'éigean dom rá leat
Ordaíonn a bpáighe daofu codladh agus bia
Nó tá go leor in do walk-sa a bhí réidh ina mála
Ó tháinig an bhanríon tá fuil ina ngiall.

IV

Nuair a théid siad chun na sráide
Tá gúnaí agus seoltaí síos lena sála
Sin rud nach bhfacthas go dtí anois—
luach na mine cairde a bhí ite le ráithe
ba mhaith acu an bhanríon le cuidiú é a dhíol.

18. PAIDREACHA

18.1. LUAN AN tSLÉIBHE

Luan an tsléibhe agus Luan an bhuartha
Luan a mbéimid uilig faoi bhrón
Titfidh an spéir anuas ina caortha
Lasfaidh an t-aer is beidh an mhuir dá dhóú.

Tiocfaidh an Dé-mhac leis an cheart a dhéanamh
Ina sheasamh ar bhinse ann os cionn Shíol Éabha
Ár gcoirthe dá léamh agus ár n-aghaidh Air suas
Ansin do bhéas an cuntas cruaidh.

Beidh leabharthaí Gaeilge dá scríobh in éineacht
Ó gineadh an créatúr go dtí ins an uaigh
Gurb é dúirt Cæsar de dheoin nó ar éigean
Nach ligfeadh aon neach a pheacaí uaidh.

Tiocfaidh an Mhaighdeán bharrshamhail, bhéasach,
Cnapfaidh a héadán agus leagfaidh a glúin
' A Mhic nach mé féin atá ag dul i dtaobhsa
Agus nach iad seo na méara a chuaigh faoi do thaobh '.

Shiúil mé féin trí ráithe in éineacht
Agus an oíche dhéanach gan bean i mo chuairt
I gcathair Bheitil i stábla *hereceis*[1]
I mainséar caolchruinn an asail chróin.

Shiúil mé sléibhte fríd chnoic go léir leat
Ag seachnadh Herod is mé lag gan bhrí
Seo na mallroisc do shil na deora
Seo an chiabh úd do thit ina duail.

Seo na méara a chuaigh faoi do thaobh dheas
Ná tréig mé inniu é lá an Luain '.
A Mhaighdeán gléigeal tá an tsíocháin déanta
Tabhair leat an méid úd ar a bhfuil do shúil.

[1] Gan mhíniú sa ls.

An té a chuirfeadh a dhóchas i Rí an Domhnaigh
Agus Muire na hÓighe a ghuí in am
Cúl do thabhairt do mhionna móra
Agus gan faillí an urnaí ar luas nó ar mall
Lucht na ndeor ar phobal Domhnaigh
Gurbh aoibhinn dóibh bheith ar Shliabh Síon ann.

18.2. ÓRA MUIRE NÓ URNAÍ i gCOMHAIR AN BHÁIS

A Thiarna ró-mhilis a Íosa,
A Dhia na n-Aingeal
A aon mhic na Maighdine Glórmhaire Muire
Fóir orm agus saor mé—peacach bocht—ón chruachás
ina bhfuil chugam, ina dteachaigh tharam
nach bhfuil i do láthair orm.

A Mhaighdeán Ghlórmhar Mhuire, a mháthair Dé,
Bean uasal gach cine atá diongbháilte le moladh
déan idirghuí ar mo shonsa-peacach bocht
chun do Mhic grámhar,
A bhean onórach mhilis, guím go humhal
tú gan mé a thréigbheáil
in aimsir chruaidh, chrith-eaglaigh an bháis
nuair a scaras m'anam le mo chorp
mar i ndúil go ndéanfá a oiread guí ar mo shon
agus go dteistheánfá mé i bhfianaise do mhic
agus go bhfaighinn an Ghlóir Shíoraí in d'aice.

A bhean mhilis is tú máthair na n-aingeal
agus na n-Airc-aingeal,
Ar an ábhar sin fóir orm agus saor mé—
peacach bocht ón chruachás ina bhfuil chugam
ina dteachaigh tharam, nach bhfuil i do láthair orm.

A bhláth na n-Ard athar,
A dhealramh na n-aspal,
A dhóchas na glóire,
A smaoiteamh uachtarach na n-aingeal agus na n-arc aingeal,

A Bhláth gach uile chine i gcuma na huile mhilseacht,
A bhanríon nár thiontaigh ó thobar na Trócaire,
A dhóchas lucht an chreidimh
is tú an teampall, is tú an Parthas,
Is tú an t-úll a dtigeann ar gach uile shuáilce
a dtéid i dtairbhe den chine daonna.

A Mháthair na n-aingeal agus go bé
do chumas leis na haingle a bheir an solas orthu,
A réalt na farraige, a gheafta Pharthais
Fáras Iosa Críost
is lú is cúnamh sláinte dúinn.

Ach guím an té a chruthaigh mé
agus a cheannaigh mé ar chrann na croiche
A chuir na trí tonna fola,
A Mhic agus a mháthair go ndéanaidh sibh
mo leas thall is abhus
ná lig m'anam ar leic na bpian.

Teachtaire Dé romham
Garda na n-aingeal gabhaigí os mo cheann
Ola Chríost ar mo chorp
Dia romham agus Dia liom,
A Mhuire, a Bhantiarna na mbocht
déan idirghuí ar mo shon—an peacach bocht
chun do mhic grámhar féin. Amen.

18.3. NA TRÍ MHUIRE

D'éirigh na Trí Mhuire leathuair roimh an lá,
Ag cruinniú a chuid fola is b'fhurast dóibh í a fháil,
' Eoin, a rún, cuir mo leanbh ar fáil ',
' A dhea-bhean bheannaithe níl ann ach a chúlchnámh '.

Curfá
Mo ochon ó, is mo ochón í
Is mo ochón uile, mo Chalbhairí.

Bhí an Mhaighdeán Mhuire ina suí go hard,
Ar an tumba cloiche san áit a raibh a grá.
Tá Dia ins na Flaithis is beidh go brách,
An té a chaoineas a pheacaí gheobhaidh sé an ghlóir.

Curfá

Tháinig an dall go fíochmharach géar,
Is bhí an tsleá nimhneach leis ina láimh,
D'aimsigh sé an buille agus bhuail é ina lár,
Dá gcluinfeadh sibh an osna a bhain sé as Rí na nGrá!

Curfá

B'iontach nár ghol tú nuair a chonaic tú an bás,
B'iontach nár ghol tú nuair a chonaic tú an Pháis,
Is b'iontach nár ghol tú fá na sciúirsí cnáib,
Ghol tú fán pheacach nuair a chonaic tú an Pháis.

Curfá

18.4. NA SEACHT SUÁILCE

An chéad suáilce a fuair an Mhaighdeán Bheannaithe
Ba é sin an tsuáilce a bhí mór
Nuair a fuair sí suáilce óna hAonmhac uasal
Go bhfuair sí ins an mhainséar é.

Curfá

Beannaigh dá hAonmhac Óg
Beannaigh don naomh Muire Ógh,
Na seacht suáilce dá ndéarfá
is dá n-iomprófá a héadaí
go mbeifeá go síorraí beo,
Sise a bhí go sólasach
Beannacht Dé ina timpeall
Beannacht Dé do gach duine ar an tsaol seo
A dhéanfaidh na seacht suáilce timpeall.

An dara suáilce fuair an Mhaighdeán Bheannaithe
Ba é sin an tsuáilce a bhí mór
Nuair a fuair sí suáilce óna hAonmhac uasal
Go dteachaigh Sé ar shiúl.

Curfá

An tríú suáilce a fuair an Mhaighdeán Bheannaithe
Ba é sin an tsuáilce a bhí mór
Nuair a fuair sí suáilce óna hAonmhac uasal
Gur léigh Sé as an leabhar.

Curfá

An ceathrú suáilce a fuair an Mhaighdeán Bheannaithe
Ba é sin an tsuáilce a bhí mór
Nuair a fuair sí suáilce óna hAonmhac
Go dtearn Sé fíon den uisce.

Curfá

An cúigiú suáilce a fuair an Mhaighdeán Bheannaithe
Ba é sin an tsuáilce a bhí mór
Nuair a fuair sí suáilce óna hAonmhac
Go dtearn Sé an marbhánach beo.

Curfá

An seiseadh suáilce a fuair an Mhaighdeán Bheannaithe
Ba é sin an tsuáilce a bhí mór
Nuair a fuair sé suáilce óna hAonmhac
Gur oscail Sé geaftaí na bhFlaitheas.

Curfá

An seachtú suáilce a fuair an Mhaighdeán Bheannaithe
Ba é sin an tsuáilce a bhí mór
Nuair a fuair sí suáilce óna hAonmhac
Gur thóg Sé suas ar Neamh í.

Curfá

18.5. URNAÍ AN AGNUS DEI

Ó mo Thiarna Iosa Críost, is tú
an t-uan fíor a thógfas ar shiúl
peacaí an domhain go huile.
Le do thrócaire atá ró-éifeachtach
tabhair pardún dom in mo choir
in onóir Do pháis naofa,
Saor mé inniu ó uile pheacaí agus olc.

Tá mé ag iompar i mo thimpeall an Agnus
naofa seo in d'onóir mar gharda in aghaidh mo
laige féin
leis an chúl chosúlacht, leis an mhórántas,
leis an timpeallacht a thuigfeas tú.

Ofráilim mé féin suas inniu mar íobairt
iomlán i gcuimhne an íobairt ghráúil sin
le mo shaothrú ó mo pheacaigh féin,
Ó, go nglacaidh tú é go raibh an neamh-íobairt
sin taitneamhach in do láthair ag moladh milseacht
go síorraí. Amen.

18.6. URNAÍ AN SCABAILL

An gcluin sibh mise a lucht na scaball
Ná déanaigí faillí in mur gcás,
is mairg a bheadh gan charad is é
ina luí ar leabaidh an bháis.

Bhí Muire is a mac ag siúl amuigh
ins an lá is casadh orthu duine
de dhuine bheannaithe as an Róimh.
Shín Muire chuige as a deis láimh
Scaball breá na mbrailsí óir.
'Níl aon duine a chaithfeadh mo chulaith-se
mar ba chóir nach mbeadh séala
agam ar a anam ins an ghlóir'.

A bhanríon na Gile agus a Mhaighdeán na Glóire
is leatsa a ním mo chasaoid maidin is tráthnóna,
Má chíonn tú mé ag dul ar seachrán
go gcuiridh tú mé ar an eolas,
go seolaidh tú m'anam go Ríocht na Glóire,
Amen a Íosa.

18.7. URNAÍ AITHRIGH

Mise créatúr lag faoi ualach trom
is ar mhéid mo pheacaí is ar aithrigh liom
Admhaím creideamh Dé go fíor
le dóchas is le grá mo chroí
Ag cois na croiche guím suas
A Íosa, ár dTiarna claon anuas,
agus amharc orm le súile na trócaire.

18.8. PAIDIR CHUN SEOLADH AN AINEOLAIGH

Má chí Dia mé idir dhá chomhairle
mé a sheoladh ar mo leas, anam agus corp,
mé a sheachnadh ar m'aimhleas
gan aon ní ar bith a chur i mo bhealach
nó (i mbealach) aon duine a bhfuil sé d'fhiacha
orm bheith ag guí ar a shon
nó a dhath a chur ar mo chosán
a chuirfeadh Flaithis Dé a dhíobháil orm.

18.9. FÁ CHOIMIRCE DÉ AGUS MUIRE MÉ

Conall agus Colmcille do mo choimheád
do mo shábháil
ar aon olc agus urchóid
ar aon tinneas uisce
ar aon charaid, ar aon namhaid agus
ar aon chreatúr ar bith.

18.10. AG COIGILT NA TINEADH

Coigil an tinidh seo
mar choigil Críost cách
Bríd ina bun agus Muire ina lár
seacht n-aingeal fiche ag an tinidh go dtí lá
is ag cumhdach an toí seo is daoine go lá.

18.11. AG DUL A LUÍ DUIT

Luím ar an leabaidh seo
mar luífidh mé ins an uaigh
ag déanamh faoistine leat, a Íosa go cruaidh,
tré ghníomhartha mo cholainne
tré smaointeacht mo chroí
tré labhairt mo bhéal
tré gach ní a dubhras is nach raibh fíor
iarraim maithiúnas ort, a Rí na Glóire. Amen.

MODH EAGARTHÓIREACHTA

Cuireadh litriú na Gaeilge i bhfeidhm ar litriú na lámhscríbhinne chomh fada agus ab fhéidir. Fágadh an chomhréir mar atá. Níor déanadh d'athrú ar an deilbhíocht ach amháin an méid atá luaite thíos i § 3.

Seo thíos na príomhphointí a bhí i gceist sa leasú a rinneadh ar an litriú.

1.1 Sínte fada de réir gnáis an lae inniu:
áird → *aird*, *anasta* → *anásta*, *bréa* → *breá*, *feárr* → *fearr*, *galanta* → *galánta*, *gárda* → *garda*, *íontas* → *iontas*, *leóga* → *leoga*.

1.2 Consain a fágadh amach (a bháitear sa chaint) a chur isteach:
a'caint → *ag caint*, *a'bith* → *ar bith*, *á choinne* → *fá choinne*, *comh* → *chomh*, *doctúir* → *dochtúir*, *ách* → *gach*, *go ndéanfa* → *go ndéanfadh*, *á rachfá* → *dá rachfá*.

1.3 Consain a scríobh caol nó leathan (de réir gnáis an lae inniu):
banais → *bainis*, *baoideach* → *bídeach*, *ceannchóir* → *ceannaitheoir*, *choisreac* → *coisric*, *diofar* → *difear*, *lanamhaint* → *leanúint*, *tuitim* → *titim*.

1.4 Consain a scríobh de réir gnáis an lae inniu:
céadna → *céanna*, *cothan* → *cochán*, *diallaid* → *diallait*, *dubhairt* → *dúirt*, *inniú* → *inniu*, *lánamhain* → *lánúin*, *luthghair* → *lúchair*, *Pádraic* → *Pádraig*, *páisdí* → *páistí*, *scamhláil* → *scamhláil*, *tuairisg* → *tuairisc*.

1.5 Consain bhreise a fhágail ar lár ach amháin iad siúd luaite i § 3, 4-5.
(a) *ádhbhár* → *ábhar*, *dubhradh* → *dúradh*, *imtheacht* → *imeacht*, *meadhachán* → *meáchan*, *saidhbhir* → *saibhir*.
(b) *amaidigh* → *amaidí*, *beirigidh* → *beirigí*, *biadh* → *bia*, *cumadh* → *cuma*, *gárraidh* → *garraí*, *grádh* → *grá*, *iomradh* → *iomrá*, *ródh* → *ró*, *slabhradh* → *slabhra*.

1.6 *l* nó *ll*, *n* nó *nn*, *m* nó *mm*, *mh* nó *bh* a scríobh: de réir nóis an lae inniu:
lannsa → *lansa*, *chonnaic* → *chonaic*, *commóradh* → *comóradh*, *bhárach* → *mhárach*.

1.7 Gutaí a fágadh ar lár (a bháitear sa chaint) a chur isteach:
achmair → *achomair*, *pollaid* → *pollaide*.

1.8 Gutaí cúnta a fhágáil ar lár:
Alabanach → *Albanach*, *colamán* → *colmán*, *doracha* → *dorcha*, *eadarainn* → *eadrainn*.

1.9 Meititéis a dhíbirt:
bocsa → *bosca*.

1.10 Gutaí a scríobh de réir gnáis an lae inniu:
astoigh → istigh, carnéil → coirnéil, comhursan → comharsan, cumaoin → comaoin, drod → druid, gaile → goile, Ifrionn → Ifreann, leig → lig, neoin → nóin, ortha → orthu, paraiste → paróiste, roilig → reilig, sciobal → scioból.

2. Dealú na bhfocal de réir gnáis an lae inniu:
a b'óige → ab óige, i náit → in áit, i n-airde → in airde, faoi n-a → faoina, gur bh'olc → gurbh olc, ionas → ionann is, 'siad →is iad, 'sí → is í, 'sé → is é, a'n lá → aon lá, arsan → arsa an, arais → ar ais.

3.1 Guta breise a fhágáil mar atá sa lámhscríbhinn sna focail seo a leanas:
Uatha: *tobaca, mionna, punta, rotha, scáile* Iolra: *amannaí, carrannaí, díontaí, dóigheannaí, eiteogaí, gasúraí, gléasraí, girseachaí, luibheannaí, préataí, scaoilteogaí.*

3.2 *f* tosaigh na bhfocal seo a choimeád:
fáras, foscailte.

3.3 *p* tosaigh na bhfocal seo a leanas a fhágáil mar atá, foirm an lae inniu idir lúibíní:
pill (fill), plaincéad (blaincéad).

3.4 Na focail seo a leanas a fhágáil mar atá sa lámhscríbhinn, foirm an lae inniu idir lúibíní:
beanglán (beangán), cocántach (cocánach), coimheád (coimeád), dálta (dála), darna (dara), geafta geata), pisreoga (piseoga), sulmar (sular).

3.5 Consan breise deiridh na bhfocal seo a leanas a choimeád:
(i) *aríst, macasamhailt, tamalt* (ii) *buaidh, céidh, cineadh, dadaidh, leabaidh, leideadh, léinidh, malaidh, peacadh, spréadh, teangaidh, tinidh.*

3.6 An consan *t* in áit *n* i lár an bhriathair *smaoinigh* a fhágáil .i. *smaoitigh.*

3.7 An Briathar:
(a) Aimsir Láithreach:
Úsáideadh *tigeann (tar), toisíonn (tosaigh)* agus na foirmeacha malairteacha *níonn (déan), chí (feic),* agus *téid (téigh).*

(b) Aimsir Chaite:
Scríobhadh *-aigh* in aimsir chaite na mbriathra neamhrialta uile ar mhaithe le haonfhoirmeacht m.sh. *chualaigh, go bhfacaigh,* agus freisin sna briathra *tharlaigh (tarla), threabhaigh (treabh).*
Fágadh na hathruithe tosaigh sna briathra *déan* agus *téigh* diúltach .i. *ní thearn, ní theachaigh.*

Fágadh an t-urú orthu sa chlaoininsint .i. *go dtearn, go dteachaigh.*
Chomh maith leis an fhoirm choitianta den bhriathar *beir* úsáideach foirm na ls. .i. *bheir* agus *rug.*
Cloíodh le foirm na ls. de na briathra seo a leanas, foirm an lae inniu idir lúibíní: *chodlaigh* (*chodail*), *choimheád* (*choimeád*), *d'oibir* (*d'oibrigh*), *mharbh* (*mharaigh*), *phill* (*d'fhill*), *rann* (*roinn*), *ros* (*róst*), *theistheáin* (*thaispeáin*).
Fágadh an fhoirm *reath* chomh maith leis an ghnáthfhoirm *rith.*
Fágadh *go* + urú ar an mbriathar *clois* .i. *go gcualaigh, nach gcualaigh* chomh maith le foirm an lae inniu .i. *gur chualaigh.*

(c) Aimsir Fháistineach:
Fágadh an *-óch, -eoch-* sna briathra den Dara Réimniú, m.sh. *fanóchaidh, inseochaidh, socróchaidh, toiseochaidh.*
Maidir leis an mbriathar *maraigh* úsáideadh an fhoirm *muirbhfidh* síos tríd cé go raibh foirmeacha eile á úsáid sa ls. m.sh. *marfaidh, marbhaidh.*
Maidir leis an mbriathar *taispeáin* cloíodh le foirm na ls. .i. *teistheánfaidh.*
Úsáideadh an fhoirm mhalairteach den bhriathar *fág* .i. *fúigfidh* chomh maith leis an ghnáthfhoirm.

(d) Modh Coinníollach:
Fágadh an *-óch-, -eoch-,* sna briathra den Dara Réimniú, m.sh. *shaoróchadh, choinneochadh.* Úsáideadh foirm na ls. den bhriathar *maraigh* .i. *mhuirbhfeadh.* Úsáideadh foirm na ls. den bhriathar *taispeáin* .i. *theistheánfadh.*

(e) Modh Foshuiteach:
Fágadh na deirí *-idh, -aidh* ar na briathra seo a leanas: *go ndéanaidh, go dtigidh, go gcuiridh.*

(f) Modh Ordaitheach:
Fágadh *oibir, foscail,* sa dara pearsa uatha in áit foirmeacha an lae inniu.

(g) Briathar Saor Láithreach:
Fágadh foirm na ls. den bhriathar *tá,* diúltach .i. *nílthear.*

(h) Briathar Saor Caite:
Úsáideadh na foirmeacha a leanas: *húradh* (*abair*), *báitheadh* (*báigh*), *marbhadh* (*maraigh*), *rannadh* (*roinn*), *sáitheadh* (*sáigh*), *chuathar* (*téigh*).

(i) Ainm Briathartha:
Fágadh foirm na ls. de na briathra seo a leanas, foirm an lae inniu idir lúibíní:

aithne (*aithint*), *blaistean* (*blaiseadh*), *bradaíocht* (*bradaíl*), *ceannacht* (*ceannach*), *cluinstin* (*cloisint*), *coinneáilt* (*coinneáil*), *druid* (*druidim*), *féachailt* (*féachaint*), *feadalaigh* (*feadaíl*), *inse* (*insint*), *leagaint* (*leagan*), *ligint* (*ligean*), *marbhadh* (*marú*), *mothachtáil* (*mothú*), *saoirsineacht* (*saoirsiú*), *scarúint* (*scaradh*), *teistheáint* (*taispeáint*), *toiseacht* (*tosú*), *tréigbheáil* (*tréigean*).

(j) Aidiacht Bhriathartha:
Fágadh foirm na ls. de na briathra seo a leanas, foirm an lae inniu idir lúibíní: *ainmníste* (*ainmnithe*), *bisíste* (*bisithe*), *coinníste* (*coinnithe*), *cóiríste* (*cóirithe*), *foghlaimíste* (*foghlamtha*), *fosclaithe* (*oscailte*), *imríste* (*imeartha*), *náiríste* (*náirithe*).
Athraíodh go foirm an lae inniu: *baistithe* (*baistidhe*), *beannaithe* (*beannuigh*), *críochnaithe* (*críochnai*).

(k) *Ní*, *níor*, *go*, *gur*, srl. cloíodh le foirm na ls.: m.sh. *go dtáinig*, *gur tháinig*, *go gcualaigh*, *gur chualaigh*, *go dtug*, *gur thug*, *níor dhúirt*, *gur dhúirt*.

3.8 Infhilleadh an Ainmfhocail:
(a) Tuiseal Ginideach. Cloíodh le foirm na ls. ach amháin sna cásanna seo a leanas, foirm na ls. idir lúibíní: *bruach na habhann* (*bruach na habhna*), *ag piocadh áite* (*ag piocadh áití*), *gleann m'athar* (*gleann m'athara*), *bean an toí* (*bean an toighe*), *Rí Shasana* (*Rí na Sasana*).

(b) Tuiseal Tabharthach. Cloíodh le foirm na ls. sna samplaí seo: *ar an chruaich*, *ar an fhuinneog*, *ar an chroich*, *don tseanduine*, *den tsú*, *sa tseanam*.

(c) Inscne:
Fágadh mar atá sa ls. fiú mura raibh sé ag teacht de réir gnáis an lae inniu, m.sh. *an fhéar*, *loch* (f. agus b.), *an tseisear*, *an tslad*.

3.9 Fágadh foirm na haidiachta mar bhí sí sa ls. m.sh., *loch mhór*, *an bhean gasta*, *buachaill mhaith*.

3.10 Na Réamhfhocail:
Cloíodh le foirm na ls. de na réamhfhocail seo: *fá* (*faoi*), *fán* (*faoin*).
Úsáideadh an dá fhoirm den fhorainm réamhfhoclach *roimhe* (3ú uatha fir.) mar a bhí siad sa ls., *roimhe* agus *roimhis*.
Maidir leis an réamhfhocal *thar* cé gur *thaire* is coitianta sa chaint agus is minicí a úsáideadh sa ls. socraíodh ar an ghnáthfhoirm a úsáid ar mhaithe le soléiteacht m.sh. *thar an chlaí* in áit *thaire an chlaí*.
Maidir leis an réamhfhocal *tríd* cloíodh le foirm na ls. *fríd*.

3.11 Maidir leis na Forainmneacha Réamhfhoclacha athraíodh an guta deiridh sna foirmeacha seo a leanas, foirm na ls. idir lúibíní: *daofu* (*daobhtha*), *daoithi*(*daoithe*), *fúthu* (*faobhtha*), *léithi* (*léithe*), *leofu* (*leobhtha*), *rompu* (*ripu*).

3.12 An Forainm Coibhneasta:
In amanna baineadh úsáid as *a* agus *dá* in aon abairt, níor déanadh aon athrú mar go bhfuil an dá fhoirm an-choitianta sa chaint m.sh. san abairt seo a leanas: ' *D'imigh sé agus chruinnigh leis síos achan seort gléas a raibh ag teastáil air—adhmad agus sclátaí agus achan seort dá raibh ag leanúint do theach . . .*'.

3.13 Scríobhadh na hAidiachtaí Sealbhacha de réir gnáis an lae inniu ach amháin gur fágadh an fhoirm *mur* den aidiacht shealbhach *bhur* agus tá an dá cheann a úsáid sa ls.

3.14 Scríobhadh an t-alt de réir gnáis an lae inniu.

3.15 (a) Na huimhreacha le hainmfhocal: Cloíodh le foirmeacha na ls. m.sh. *ceithre luchógaí, sé ceathrúnacha, trí caoirigh, an dá bhróig, trí fathach, trí feada fiáine* ┐rl. Scríobhadh an ghnáthfhoirm nuair a baineadh úsáid as, m.sh. *beirt fhear.*

(b) Maidir leis na hOrduimhreacha cloíodh le foirm na ls.: *an darna, an seisiú.*

3.16 An fhoirm mhalairteach den chónasc *ach ab é* a úsáidtear síos tríd, .i. *ach go bé.*

3.17 I bhfocail mar seo a leanas fágadh an t-urú a bhí ar an chonsan tosaigh sa dara focal den chomhfhocal, m.sh., *róndeas, neamhmbuartha.*
Tharla mar an gcéanna le Breischéim na hAidiachta: *ní ba ndeise.*

3.18 Seo samplaí de mhalairtí a fágadh mar atá sa ls., foirm an lae inniu idir lúibíní: *aingle* (*aingil*), *bróinte* (*brónna*), *búirfeach* (*búireach*), *caiple* (*capaill*), *cistineach* (*cistin*), *éanacha* (*éin*), *fideog* (*feadóg*).

3.19 Ní dhearnadh aon athrú ar fhocail iasachta a raibh eireaball Gaeilge curtha leo, m.sh. *trampálfaidh.*

3.20 Seo a leanas liosta d'fhoirmeacha a fágadh mar atá sa ls., foirm an lae inniu idir lúibíní: *áirid* (*áirithe*), *áiteacha* (*áiteanna*), *aoibhneach* (*aoibhinn*), *beathach* (*beithíoch*), *beathaigh* (*beithígh*), *bomaite* (*nóiméad*), *bruaich* (*bruacha*), *ceannuraidh* (*ceannaire*), *cláraí* (*cláir*), *coirthe* (*coireanna*), *cruthacha* (*crúite*), *deifre* (*deifir*), *deileoir* (*dearóil*), *dlítheoir* (*dlíodóir*), *freagair* (*freagra*), *haincearsan* (*ciarsúr*), *imrístí* (*imreas*), *inteacht* (*éigin*), *lafta* (*lochta*), *leabharthaí* (*leabhair*), *loisctheach* (*loiscneach*), *loiteannaí* (*loit*), *martannaí* (*mairt*), *nuaíocht* (*nuacht*), *oícheannaí* (*oícheanta*), *plaiceog* (*plaic*), *plainceannaí* (*plainc*), *postaí* (*poist*), *ruball* (*eireaball*), *scoltacha* (*scoileanna*), *scríste* (*scíth*), *seabhacannaí* (*seabhaic*), *seisc* (*seasc*), *teistheán-adh* (*taispeántas*), *tinteacha* (*tinte*), *ursannaí* (*ursaineacha*).

NÓTAÍ AR NA SCÉALTA

Cé nach bhfuil na scéalta sa chnuasach seo le fáil ar thaifead tá cóipthaifeadadh de leaganacha eile de mhórán acu seo, as an gceantar céanna, le fáil i Roinn Bhéaloideas Éireann. Tugtar uimhir an chóipthaifeadta faoin nod CT sna nótaí thíos. Áit ar bith nach bhfuil CT luaite is ionann sin is a rá nach bhfuil taifead den ábhar ar fáil, go bhfios dom.

1.1. *Céadach Mac Rí na dTulach*

RBÉ 1033, 101-23. S. Ó H. a bhailigh ó Mhícheál Mac an Luain, ar an 11.12.1947.

Tá leagan as Teileann i gcló ag Seán Ó hEochaidh in *Béal.* 7 (1937) 197-205. Féach Bruford (1969) 123-7, 130-31; H I F, 594 § 23. Leagan eile CT 86.

1.2. *Tóin Iarainn gan Tapadh*

RBÉ 1033, 140-61. S. Ó H. a bhailigh ó Mhícheál Mac an Luain, Dubhchruach, ar an 8.1.1948.

Seo ceann de na scéalta Fiannaíochta is sine agus is cáiliúla ar fad. Maidir le tagairtí agus plé air féach Murphy, G., *Duanaire Finn* III (B.Á.C. 1953); HIF, 595 § 26. Leagan eile CT 99.

1.3. *Scéal Loch Finne*

RBÉ S1049, 261-5. Máire Ní Gheibhinn a bhailigh óna hathair, Amras Ó Geibhinn, sa bhliain 1938. Maidir leis na leaganacha atá i gcló féach Ó Catháin (1985) 85-6, HIF, 594 § 22.

1.4. *An chéad mhilleadh a tháinig ar an Fhéinn*

RBÉ 992, 481-3. S. Ó H. a bhailigh ó Anna Nic an Luain, Cruach Thiobraid, Meitheamh, 1947. Féach Bruford (1969) 3-4, 6-7, 115-16; HIF, 595 § 29.

1.5. *Oisín i ndiaidh na Féinne*

RBÉ 1033, 75-80. S. Ó H. a bhailigh ó Mhícheál Mac an Luain, Dubhchruach, ar an 13.12.1947. Féach Murphy, G, *Duanaire Finn* 111 (B.Á.C. 1953); HIF, 533 § 18. Leagan eile CT 101.

2.1. *An Prionsa Ó Domhnaill*

RBÉ 1032, 33-63. S. Ó H. a bhailigh ó Sheán Mac a Bhaird, Cruach Thiobraid, Iúil 1947.

AT 313: The Girl as Helper in the Hero's Flight. cf. AT 325: The Magician and his Pupil. Tá mórán leaganacha eile le fáil in TIF.

2.2. *An tÉan Óir*

RBÉ 1033, 18-33. S. Ó H. a bhailigh ó Mhícheál Mac an Luain, Dubhchruach, ar an 8.12.1947.

Cf. AT 550: Search for the Golden Bird. Tá mórán leaganacha den scéal in TIF.

2.3. *Ceannaí Mór Bhaile Dhoire*

RBÉ 1033, 124-39. S. Ó H. a bhailigh ó Mhícheál Mac an Luain, Dubhchruach, ar an 7.1.1948.

AT 611: The Gifts of the Dwarfs. Tá leaganacha den scéal le fáil in TIF. Leagan eile CT 101.

2.4. *Gruagach na gCleas*

RBÉ 1033, 441-57. S. Ó H. a bhailigh ó Mhícheál Mac an Luain, Dubhchruach, ar an 13.3.1948.

AT 325: The Magician and his Pupil. Leagan eile CT 102.

2.5. *Scéal an Chlibistín*

RBÉ 1101, 107-32. S. Ó H. bhailigh ó Mháire Bn. Mhic an Luain, Dubhchruach, ar an 12.5.1948.

AT 531: The Clever Horse. Tá an leagan céanna i gcló in *Béal.* 31 (1963) 152-63 ag S. Ó H. Tá mórán leaganacha eile in TIF. Leagan eile CT 97.

2.6. *An bhean ar fhóir an bhróg ghloine daoithi*

RBÉ 1033, 260-65. S. Ó H. a bhailigh ó Mhícheál Mac an Luain, Cruach Mín an Fheannta, ar an 5.2.1948.

AT 510 A: Cinderella. Maidir le tuilleadh eolais ar 'Cinderella' féach Cox, M. R., *Cinderella* (London 1893); Rooth, A. B., *The Cinderella Cycle* (Lund 1951).

3.1. *Gabha an tSoic*

RBÉ 1033, 230-34. S. Ó H. a bhailigh ó Sheán Mac an Bhaird, Cruach Thiobraid, ar an 30.2.1948.

AT 753: Christ and the Smith. Féach LSC, 420 § 23.

3.2. *Ár Slánaitheoir agus N. Peadar*

RBÉ 992, 213-15. S. Ó H. a bhailigh ó Pheadar Ó Tiománaí, Leathchruach, ar an 8.5.1947.

Cf. AT 785: Who ate the Lamb's Heart?

3.3. *Breithiúnas Aithrí Naomh Conaill*

RBÉ 1101, 438-9. S. Ó H. a bhailigh ó Anna Nic an Luain, Cruach Thiobraid, Lúnasa 1948.

AT 756D: Other Tales of Severe Penances. Féach: Ó Súilleabháin, *Béal.* 21 (1951-2) 3–27 9; Ó Muirgheasa, *Béal.* 27 (1959) 253-7; Ó hÓgáin, D. *The Hero in Irish Folk History* (BÁC 1985) 4-61.

4.1. *Saibhreas an Ghobáin tSaoir*

RBÉ 1033, 91-4. S. Ó H. a bhailigh ó Mhícheál Mac an Luain, Dubhchruach, ar an 15.12.1947.

Cf. AT 875: The Clever Peasant Girl. Maidir le tuilleadh eolais ar an nGobán Saor féach LSC 430-31; HIF 496, 575; Mac Cana, P., *Celtic Mythology* (London 1970); O'Rahilly, T. F., *Early Irish History and Mythology* (Dublin 1946). Leagan eile CT 99.

5.1. *An gasúr a d'fhoghlaim gadaíocht*

RBÉ 1032, 78-90. S. Ó H. a bhailigh ó Sheán Mac an Bhaird, Chruach Thiobraid, Iúil 1947.

AT 1525: The Master Thief. Tá mórán leaganacha den scéal seo in TIF. Leagan eile CT 88.

5.2. *Tonóg is Domhnall*

RBÉ 1101, 195-9. S. Ó H. a bhailigh ó Anna Nic an Luain, Cruach Thiobraid, ar an 25.5.1948.

AT 1386: Meat as Food for Cabbage. AT 1541: For the Long Winter. AT 1653: Guarding the Door. Leagan eile CT 90.

5.3. *Séamas na Leathchruaiche*

RBÉ 1033, 177-86. S. Ó H. a bhailigh ó Anna Nic an Luain, Cruach Thiobraid, ar an 14.1.1948.

AT 1384: The husband hunts three persons as stupid as his wife. AT 1540: The Student from Paradise (Paris).

5.4. *An Seanghearrán Bán*

RBÉ 1033, 8-17. S. Ó H. a bhailigh ó Anna Nic an Luain, Cruach Thiobraid, ar an 6.12.1947.

AT 1542: The Clever Boy. Tá leaganacha eile le fáil in TIF. Leagan eile CT 94.

5.5. *Bréag Mhór Éireann*

RBÉ 1032, 91-5. S. Ó H. a bhailigh ó Sheán Mac an Bhaird, Cruach Thiobraid, Iúil 1947.

AT 1920: Contest in Lying. Cf. AT 852: The Hero forces the Princess to say 'That is a lie'. AT 1911A: Horses New Backbone. AT 1960D: The Great Vegetable. Tá mórán leaganacha den scéal le fáil in TIF. Leagan eile CT 98.

5.6. *Rann an Reithe*

RBÉ 1032, 457-60. S. Ó H. a bhailigh ó Sheán Mac an Bhaird, Cruach Thiobraid, ar an 13.11.1947.

AT 1950: Thc Three Lazy Ones. Tá mórán leaganacha den scéal le fáil in TIF.

5.7. *An Fear críonna agus an fear amaideach*

RBÉ 1032, 314-24. S. Ó H. a bhailigh ó Anna Nic an Luain, Cruach Thiobraid, Deireadh Fómhair 1947.

AT 1696: 'What should I have said (done)?' AT 1685: The Foolish Bridegroom. Leagan eile CT 93.

6.1. *Murchadh Mór agus Murchadh Beag*

RBÉ 1033, 3-7. S. Ó H. a bhailigh ó Anna Nic an Luain, Cruach Thiobraid, ar an 6.12.1947.

AT 2030: The Old Woman and her Pig. Tá leaganacha eile le fáil in TIF. Tá leaganacha as Tír Chonaill i gcló ag Laoide (1905) 99-101.

Tá leagan Béarla i gcló ag Mac Manus, S., *In Chimney Corners* (New York 1899) 23-33, faoin teideal ' Muroghoo-More and Muroghoo-Beg '. Leagan eile CT 94.

7.1. *Scéal Ruairí*

RBÉ 1032, 532-8. S. Ó H. a bhailigh ó Anna Nic an Luain, Cruach Thiobraid, ar an 26.11.1947.

AT 571B: The Himphamp. Féach Laoide (1913) 92-4 faoin teideal. ' An Pléisam ' agus Mac Manus (1900) 3-28 faoin teideal ' The Plaisham.' Leagan eile CT 90.

7.2. *An Pósadh*

RBÉ 1033, 388-90. S. Ó H. a bhailigh ó Anna Nic an Luain, Cruach Thiobraid, Feabhra 1948.

AT 1210: Numskull stories—The Cow is taken to the Roof to graze. Cf. AT 1245: Sunlight carried in a bag into the windowless house. AT 1286: Jumping into the Breeches. AT 1384: The Husband hunts three persons as stupid as his wife. Leagan eile CT 96.

7.3. *Coiteoir an tSrath Báin*

RBÉ 1170, 5-10. S. Ó H. a bhailigh ó Anna Nic an Luain, Dubhchruach, ar an 19.4.1949.

Scéilín grinn nach bhfuil idirnáisiúnta. Leagan eile CT 101.

8. *SÍSHEANCHAS*

Le heolas breise a fháil ar na cineálacha éagsúla síóga a bhí sa bhéaloideas féach Ó Súilleabháin (1967) 86-9. Maidir le leaganacha eile as Tír Chonaill féach Ó hEochaidh, S., Ní Néill, M., Ó Catháin, S., *Síscéalta ó Thír Chonaill* (B.Á.C. 1977).

8.1. *Gallchóirí Chaisil Mhulláin*

RBÉ 992, 368-371. S. Ó H. a bhailigh ó Pheadar Ó Tiománaí, Leathchruach, Meitheamh 1947.

ML 4080: Seal Woman. Maidir le tuilleadh eolais ar an saghas seo scéil féach Christiansen (1958) 75; Ó Catháin (1985), 80-81.

8.2. *An Dóigh a dtáinig na Daoine Beaga*

RBÉ 992, 276-7. S. Ó H. a bhailigh ó Cháit Mhic Ghiolla Dhiarmada (Cassie Pheadair), Cruach Leaca, Bealtaine 1947.

8.3. *Slua Sí an Aeir*

RBÉ 1667, 185-6. S. Ó H. a bhailigh ó Phádraig Mac an Luain, Cruach Mhín an Fheannta, níl aon dáta. Tá an leagan céanna i gcló in *Béal.* 27 (1959) 1-34.

8.4. *Tairní ar iompar le daoine*

RBÉ 1101, 565-9. S. Ó H. a bhailigh ó Sheán Mac an Bhaird, Cruach Thiobraid, níl aon dáta.

8.5. *Bean a Tugadh as*

RBÉ 1033, 284-5. S. Ó H. a bhailigh ó Mhícheál Mac Fhionntaigh, Bun Gháigín, ar an 7.2.1948.

8.6. *Maistreadh Mór Chruach an Airgid*

RBÉ 1101, 336-7. S. Ó H. a bhailigh ó Sheán Mac an Bhaird, Cruach Thiobraid, ar an 2.7.1948.

8.7. *Bunadh na gcnoc ag imirt 'football'*

RBÉ 1032, 464-6. S. Ó H. a bhailigh ó Pheadar Ó Tiománaí, Leathchruach, ar an 14.11.1947.

8.8. *Beanna Dearga Gháigín*

RBÉ 1170, 59-60. S. Ó H. a bhailigh ó Phádraig Ó Giobúin, Dearg-chruach, ar an 23.4.1949.

8.9. *Eoin Mac an Bhaird agus na daoine beaga*

RBÉ 1101, 343-5. S. Ó H. a bhailigh ó Anna Bn. Mhic an Luain (Anna Jimí Phití), Dubhchruach, ar an 3.7.1948.

8.10. *Seachrán John Uí Chuinn*

RBÉ 1033, 407. S. Ó H. a bhailigh ó Phádraig Mac an Luain, Cruach Mhín an Fheannta, ar an 9.3.1948. Leagan eile CT 98.

8.11. *Brian Mór Ó Scannláin agus an Siosanach*

RBÉ 1170, 39-42. S. Ó H. a bhailigh ó Phádraig Ó Giobúin, Dearg-chruach, ar an 22.4.1949.

Maidir le tuilleadh eolais ar an Siosanach féach Ó hEochaidh, ' Sean-chainnt na gCruach ', ZCP (1962-4) 1-90; Ó Catháin (1985) 81.

8.12. *Tórramh Sí*

RBÉ 1033, 187-90. S. Ó H. a bhailigh ó Anna Nic an Luain, Cruach Thiobraid, ar an 15.1.48. Tá leagan den scéal seo i gcló ag Ó hEochaidh, S., Ní Néill, M., Ó Catháin, S., *Síscéalta ó Thír Chonaill* (B.Á.C. 1977).

9. *SEANCHAS FAOI THAIBHSÍ*

Maidir le tuilleadh eolais féach HIF 440-42; Curtin, J., *Tales of the Fairies and of the Ghost World* (B.Á.C. 1895).

9.1. *Taibhse Ghráinne Ní Chailleoige*

RBÉ 1101, 345-7. S. Ó H. a bhailigh ó Anna Bn. Mhic an Luain, Dubhchruach, ar an 5.7.1948. Leagan eile CT 100.

9.2. *Taibhse Shéamais Mhic Aoidh*

RBÉ 1101, 347-9. S. Ó H. a bhailigh ó Anna Bn. Mhic an Luain, Dubhchruach, ar an 5.7.1948.

9.3. *An tAlbanach agus an taibhse*

RBÉ 1170, 3-6. S. Ó H. a bhailigh ó Phádraig Ó Giobúin, Dearg-chruach, ar an 20.4.1949.

9.4. *An fear a tháinig ar ais ón marbh*

RBÉ 1033, 253-6. S. Ó H. a bhailigh ó Mhícheál Mac an Luain, Dubhchruach, ar an 4.2.1948.

10. *SEANCHAS FAOIN DIABHAL*

Maidir le tuilleadh eolais faoin diabhal féach HIF, 443-6; Ó Súilleabháin, S., 'The Devil in Irish Folk Narrative', *Volksüberlieferung* (1968) 275-86.

10.1. *Murder Sam Young*

RBÉ 1033, 235-7. S. Ó H. a bhailigh ó Mhícheál Mac an Luain, Dubhchruach, Feabhra 1948.

10.2. *An Diabhal i gcosúlacht madaidh*

RBÉ 1101, 417. S. Ó H. a bhailigh ó Anna Nic an Luain, Cruach Thiobraid, Iúil 1948. MFL G 303.6.16: Devil invoked through black dog.

10.3. *An Diabhal ina Roth*

RBÉ 1101, 352-4. S. Ó H. a bhailigh ó Anna Bn. Mhic an Luain, Dubhchruach, ar an 5.7.1948. MFL J 1781.3: Glowing wheel thought to be devil.

10.4. *An Coileach Dubh*

RBÉ 1033, 224-5. S. Ó H. a bhailigh ó Anna Nic an Luain, Cruach Thiobraid, ar an 30.2.1948. MFL G 303. 17.1.1: Devil Disappears when Cock Crows.

11.1. *Comhrá Cholm Cille*

RBÉ 992, 414-15, 423-6. RBÉ 1032, 572-3. S. Ó H. a bhailigh ó Anna Nic an Luain, Cruach Thiobraid, Nollaig agus Meitheamh 1947.

Maidir le leaganacha eile féach Ó Catháin (1985) 74-7; Ó hÓgáin, D., *The Hero in Irish Folk History* (B.Á.C. 1985) 4-61.

11.2. *Domhnall Ó Conaill*

RBÉ 992, 218-23. S. Ó H. a bhailigh ó Cháit Bn. Mhic Dhiarmada, Cruach Leaca, Bealtaine 1947. Maidir le leaganacha eile den scéal seo féach Uí Ógáin (1984) 233-6.

11.3. *Mar fuair Ó Domhnaill clocha an chaisleáin*

RBÉ 992, 282-7. S. Ó H. a bhailigh ó Pheadar Ó Tiománaí, Leathchruach, Bealtaine 1947.

Maidir leis an scéal faoi Ó Domhnaill agus na Bráithre féach Ó Catháin, S., 'Úll-scéal an Dálaigh idir Bhriathra agus Bhráithre', *Béal.* 53 (1985) 75-86.

11.4. *Beoir Lochlannach*

RBÉ 1094. S. Ó H. a bhailigh ó Sheán Mac an Bhaird agus Anna Nic an Luain, Cruach Thiobraid, ar an 31.12.1947.

TIF 2412E: Danish Heather Beer. Maidir le tuilleadh eolais ar na Lochlannaigh féach LSC (1964) 420; Almqvist, B., ' The Viking Ale and the Rhine Gold ', *Arv* 21 (1965) 115-35.

12.1. *Tadhg Ó Tiománaí*

RBÉ 992, 387-90. S. Ó H. a bhailigh ó Pheadar Ó Tiománaí, Leathchruach, Meitheamh 1947. Maidir le tuilleadh eolais ar Thadhg féach DCCU 295-8.

12.2. *Gearailt Ó Dochartaigh*

RBÉ 992, 473-7. S. Ó H. a bhailigh ó Pheadar Ó Tiománaí, Leathchruach, Meitheamh 1947. Maidir le tuilleadh eolais ar Ghearailt féach DCCU 164-8.

12.3. *An Sagart Ó Giobúin*

RBÉ 1033, 282-3. S. Ó H. a bhailigh ó Phádraig Ó Giobúin, Dubhchruach, ar an 7.2.1948.

12.4. *An Caiftín Ó Scannláin*

RBÉ 1033, 402-404. S. Ó H. a bhailigh ó Phádraig Mac an Luain, Cruach Mhín an Fheannta, ar an 9.3.1948.

12.5. *Leabhar Dhomhnall Mháire*

RBÉ 1667, 187-8. S. Ó H. a bhailigh ó Pheadar Rua Mac an Luain, Dubhchruach, níl aon dáta. Tá seanchas faoin duine céanna i gceantair eile sa chontae.

12.6. *Toirdhealbhach as Mín an Fhia*

RBÉ 1170, 48-52. S. Ó H. a bhailigh ó Phádraig Ó Giobúin, Dearg-chruach, ar an 23.4.1949.

13.1. *Loch Bhéal Séad*

RBÉ 992, 363. S. Ó H. a bhailigh ó Sheán Mac Giolla Dhiarmada, Cruach Leaca, Meitheamh 1947.

ML 8010: Legends about Hidden Treasure. Féach Christiansen (1958) 215. Leagan eile CT 95.

13.2. *Ailt Aodh Rua*

RBÉ 992, 451. S. Ó H. a bhailigh ó Pheadar Ó Tiománaí, Leathchruach, Meitheamh 1947.

13.3. *Aifreannach*

RBÉ 992, 230. S. Ó H. a bhailigh ó Pheadar Ó Tiománaí, Leathchruach, Bealtaine 1947.

13.4. *Píopa na bhFiann*

RBÉ 992, 238-9 S. Ó H. a bhailigh ó Cháit Bn. Mhic Ghiolla Dhiarmada, Cruach Leaca, Bealtaine 1947.

14.1. *Leabaidh na dTincléirí*

RBÉ 1032, 502-503. S. Ó H. a bhailigh ó Cháit Bn. Mhic Ghiolla Dhiarmada ar an 5.12.1947. HIF, 214-17.

14.2. *Bia an Drochshaoil*

RBÉ 1032, 466-8. S. Ó H. a bhailigh ó Pheadar Ó Tiománaí, Leathchruach, ar an 14.11.1947.

14.3. *Crúbóg na nDálach*

RBÉ 1032, 165-8. S. Ó H. a bhailigh ó Pheadar Ó Tiománaí, Leathchruach, Lúnasa 1947. HIF 226-7.

14.4. *Na Cróiníní*

RBÉ 1101, 577-83. S. Ó H. a bhailigh ó Shéamas Ó Gallchóir, Mín na Sróna, ar an 28.10.1948.

AT 981: Wisdom of Hidden Old Man saves Kingdom.

14.5. *An Teagasc Críostaí ar na Cruacha*

RBÉ 1033, 400-401. S. Ó H. a bhailigh ó Anna Nic an Luain, Cruach Thiobraid, ar an 9.3.1948. MFL 1810A*: How many Gods are there? Leagan eile CT 91.

14.6. *An Baisteadh*

RBÉ 1101, 431-7. S. Ó H. a bhailigh ó Anna Nic an Luain, Cruach Thiobraid, Lúnasa 1948. HIF 212-14.

14.7. *Aithrí*

RBÉ 1101, 437-8. S. Ó H. a bhailigh ó Anna Nic an Luain, Cruach Thiobraid, Lúnasa 1948. MFL 1807A: Owner had refused to accept it.

15.1. *Cluichí Páistí*

RBÉ 1032, 406-408. S. Ó H. a bhailigh ó Anna Nic an Luain, Cruach Thiobraid, ar an 4.11.1947.

Tá cuntas ar chluichí páistí tugtha ag An Seabhac, *Béal.* 12 (1942) 29-54.

16.1. *Spág ar an Bhac*

RBÉ 171, 709-711. Liam Mac Meanman a bhailigh ó Phroinsias Ó Geibhinn, Mín na Sróna, ar an 6.2.1936.

16.2. *Comhairle Seanduine*

RBÉ 1563, 61. S. Ó H. a bhailigh ó Anna Ní Ghallchóir, Dubhchruach, 1947.

Féach Ó hEochaidh, S, ' Rannta agus Rannscéalta ', *Béal.* 25 (1957) 1-27.

16.3. *Dhá fhuath dhéag an tseanduine*

RBÉ 1101, 475. S. Ó H. a bhailigh ó Phádraig Mac an Luain, Cruach Mhín an Fheannta, níl aon dáta.

16.4. *Casfhocail*

RBÉ 1032, 404. S. Ó H. a bhailigh ó Anna Nic an Luain, Cruach Thiobraid, ar an 4.11.1947. HIF, 659.

16.5. *Cumhdachaí*

Is ionann Cumhdach agus rann beag a chumadh na mná fad is a bhíodh siad ag sníomh is ag cardáil ag ' camp ' (cf. Réamhrá, xiv). Ag spochadh as a chéile is mó a bhíodh siad sna rainn seo.

17. *AMHRÁIN*

Cé nach leaganacha iomlána de na hamhráin atá anseo roghnaigh mé iad mar gurbh fhilí áitiúla a chum iad.

17.1. *Máire Bhruinneall*

RBÉ 1032, 258-9. S. Ó H. a bhailigh ó Anna Nic an Luain, Cruach Thiobraid, Fómhar 1947. Tadhg Ó Tiománaí a chum. Tá leagan de i gcló ag Énrí Ó Muirgheasa: DCCU, 440-41. Maidir le tuilleadh eolais ar an bhfile féach Ó Muirgheasa DCCU, 295-8.

17.2. *Máire Ní Chomhaill*

RBÉ 992, 557. S. Ó H. a bhailigh ó Anna Nic an Luain, Cruach Thiobraid, 1947. Peadar Breathnach a chum. Tá leagan eile de i gcló in DCCU, 313-14. Maidir le tuilleadh eolais ar an bhfile féach Ó Muirgheasa: CCU, 231.

17.3. *Amhrán an Trumpa*

RBÉ 1032, 238. S. Ó H. a bhailigh ó Anna Nic an Luain, Cruach Thiobraid, 1947. Peadar Breathnach a chum. Tá leagan eile i gcló in DCCU, 319-20.

17.4. *Snáth Banríona*

RBÉ 1032, 251. S. Ó H. a bhailigh ó Anna Nic an Luain, Cruach Thiobraid, 1947. Peadar Breathnach a chum. Tá leagan eile i gcló in DCCU, 321-3.

18. *PAIDREACHA*

RBÉ 104, 45-97. Miss Gibbons, S.N. na gCruach, a bhailigh ó Shiúsaí Ní Earcain, Anna Bn Uí Gheibhinn agus Gráinne Ní Fhearghaile, Lá Fhéile Pádraig 1934. Tá leaganacha de chuid de na paidreacha i gcló. Féach Ó Laoghaire, D., *Ár bPaidreacha Dúchais* (B.Á.C. 1975); Ó Muirgheasa, É., *Dánta Diadha Uladh* (B.Á.C. 1936). Tá an leagan céanna de ' Na Trí Mhuire ' i gcló in Partridge, A., *Caoineadh na dTrí Muire* (B.Á.C. 1983) 256.

IASACHTAÍ ÓN BHÉARLA

Seo thíos liostaí d'iasachtaí ón Bhéarla atá sna scéalta.

(a) Focail Bhéarla

ball
bit
bow and arrows
bulldog
cage
carpenter
credit
curate
drawers
farmer
football
footwalk
gutter
heat
journey
lane
log
lord
matches
Mollies
murder
police
policeman
present
rail
rebellion
revenue
room
stations
tar
trade
trap
treat

(b) Focail Bhéarla le deireadh Gaelach

jacketachaí
logannaí
rolláil
tossáil
trampálfaidh
do walk-sa

ÁBHAR AS NA CRUACHA IN RBÉ

Liam Mac Meanman a bhailigh idir 1936 agus 1938

RBÉ 169, 427-445. Amhráin ó Anna Nic an Luain, Cruach Thiobraid.
RBÉ 171, 284-956: Amhráin, scéalta agus seanchas ó dhaoine éagsúla.
RBÉ 185, 2-57: Seanchas ó Jimmy Ó Giobúin, An Clochar.
RBÉ 187, 105-135: Seanchas ó Amras Ó Geibhinn, Mín na Sróna.
RBÉ 335: Seanchas, amhráin, filíocht ó dhaoine éagsúla.
RBÉ 348, 4-71: Amhráin agus seanchas ó Anna Nic an Luain, Cruach Thiobraid.
RBÉ 561, 245-273: Scéalta agus seanchas ó dhaoine éagsúla.

Seán Ó hEochaidh a bhailigh idir 1947 agus 1955

(mar go bhfuil an méid sin d'ábhar agus de scéalaithe i gceist ní luafar na hainmneacha)

RBÉ 104, 409, 992, 1032, 1033, 1101, 1170, 1184, 1388, 1412, 1563, 1667, 1735, 1842,

---

S 1049, 201-460: Bailiúchán na Scoileanna, 1937-1938.

Tá cóipthaifeadadh déanta de roinnt den ábhar a bailíodh ar na Cruacha le linn don *gramaphone disc* agus don eideafón bheith ar obair agus tá siad le fáil sa seompa taifeadta i Roinn Bhéaloideas Éireann.[1]

LIOSTA DE SCÉALTA AGUS SEANCHAS AS NA CRUACHA ATÁ I gCLÓ IN *BÉALOIDEAS*

Ó hEochaidh, S.: Tomhasanna, *Béal.* 19 (1949) 3-28.

„ Síscéalta, *Béal.* 21 (1951-52) 135-229 (leaganacha as áiteanna eile chomh maith).

„ Rannta agus Rannscéalta, *Béal.* 25 (1957) 25-45 (leaganacha as áiteanna eile chomh maith).

„ Síscéalta, *Béal.* 27 (1959) 1-34 (leaganacha as áiteanna eile chomh maith).

„ Seanscéal ó na Cruacha, *Béal.* 31 (1963) 152-163 (An Clibistín).

[1] Ó Danachair, C., ' Sound recording of Folk Narration in Ireland in the late nineteen forties ', *Fabula* 22 (1981) 312-15.

NODA

AT	*The types of the Folktale* (Aarne, A. and Thompson, S.)
Béal.	Iris an Chumainn le Béaloideas Éireann
CT	'Copytape' a rinneadh ón eideafón agus ón 'gramophone disc' in RBÉ
CCU	*Céad de Cheoltaibh Uladh* (Ó Muirgheasa, É.)
DCCU	*Dhá Chéad de Cheoltaibh Uladh* (Ó Muirgheasa, É.)
HIF	*A Handbook of Irish Folklore* (Ó Súilleabháin, S.)
IR	Irisleabhar
LSC	*Leabhar Sheáin Í Chonaill* (Ó Duilearga, S.)
MFL	*Motif-Index of Folk-literature* (Thompson, S.)
ML	*The Migratory Legends,* (Christiansen, R. Th.)
RBÉ	Lámhscríbhinní i Roinn Bhéaloideas Éireann, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath
S	Lámhscríbhinní na Scoileanna i Roinn Bhéaloideas Éireann, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath
S. Ó H.	Seán Ó hEochaidh
TIF	*The Types of the Irish Folktale* (Ó Súilleabháin, S. and Christiansen, R. Th.)
ZCP	*Zeitschrift für Celtische Philologie*

LEABHARLIOSTA

Aarne, A. and Thompson, S.: *The Types of the Folktale* (Helsinki 1973).

An Seabhac: *Laoithe na Féinne* (B.Á.C. 1941).

An Seabhac: ' Cluichí Páistí ', *Béal.* 12 (1942) 29-54.

Bruford, A.: *Gaelic Folk-tales and Mediæval Romances* (B.Á.C. 1969).

Christiansen, R, Th.: *The Migratory Legends* (Helsinki 1958).

Delargy, J. H.: *The Gaelic Story-teller* (Proceedings of the British Academy 31, 1945).

Dundes A.: *The Study of Folklore* (Prentice Hall, Inc., New Jersey 1965).

Fearghas Mac Róigh (Énrí Ó Muirgheasa): *Daoine Móra agus Daoine Beaga* (Dún Dealgan, gan dáta).

Fearghas Mac Róigh (Énrí Ó Muirgheasa): *Maighdeán an tSolais* (Dún Dealgan 1913).

Laoide, S.: *Scéalaidhe Fearmhuighe* (B.Á.C. 1901).

Laoide, S.: *Scéalaíocht Oirghiall* (B.Á.C. 1905).

Laoide, S.: *Trí Torpáin* (B.Á.C. 1911).

Laoide, S.: *Cruach Chonaill* (B.Á.C. 1913).

Murphy, G.: *Duanaire Finn* Cuid a III (B.Á.C. 1953).

Mac Cana, P.: *Celtic Mythology* (London 1970).

Mac Gabhann, M.: *Rotha Mór an tSaoil* (B.Á.C. 1959).

Mac Giolla Chomhaill, A.: *Beatha Cholm Cille* (B.Á.C. 1981).

Mac Manus, S.: *The Donegal Wonder Book* (New York 1926).

Mac Manus, S.: *Donegal Fairy Stories* (Dover Publications Inc., New York 1900).

Mac Neill, E.: *Duanaire Finn* Cuid a I (London 1908).

Ó Catháin, S.: *Uair an chloig cois Teallaigh* (B.Á.C. 1985).

Ó Danachair, C.: ' Domhnall Ó Conaill i mbéalaibh na ndaoine,' *Studia Hibernica* 14 (1974)

Ó Dónaill, N.: *Foclóir Gaeilge-Béarla* (B.Á.C. 1977).

Ó Dubhda: ' Domhnall Ó Conaill ', *Béal.* 11 (1952) 116-125.

Ó Duilearga, S.: *Leabhar Shéain Í Chonaill* (B.Á.C. 1948).

Uí Ógáin, R.: *An Rí gan Choróin* (B.Á.C. 1984).

Ó hEochaidh, S., Ní Néill, M. and Ó Catháin, S.: *Síscéalta ó Thír Chonaill* (B.Á.C. 1977).

Ó hEochaidh, S.: 'Seanchainnt na gCruach', ZCP 1962-64, 1-91.

Ó Laoghaire, D.: *Ar bPaidreacha Dúchais* (B.Á.C. 1975).
Ó Muirgheasa, É.: *Céad de Cheoltaibh Uladh* (B.Á.C. 1915).
Ó Muirgheasa, É.: *Dhá Chéad de Cheoltaibh Uladh* (B.Á.C. 1969).
O'Rahilly, T. F.: *Early Irish History and Mythology* (B.Á.C. 1948).

Ó Súilleabháin, S. and Christiansen, Th.: *The types of the Irish folktale* (Helsinki 1963).
Ó Súilleabháin, S.: 'Scéalta Gráibhtheacha', *Béal.* 21 (1951-52), 3-279.

O'Sullivan, S.: *Legends from Ireland* (London 1977).
O'Sullivan, S.: *A Handbook of Irish Folklore* (B.Á.C. 1942).
O'Sullivan, S.: *Irish Folk Custom and Belief* (B.Á.C. 1967).
Ó Tuathail, E.: An Feardhamhan, *Béal.* I (1928) 54.
Partridge, A.: *Cainneadh na dTrí Muire* (B.Á.C. 1983).
Wöllschlager, A. E. J.: *Irland: Heimat der Regenbogen* (Gütersloh 1953).

AGUISÍN I

Seo sampla den daonáireamh do na blianta thíosluaite de réir an chuntais in Oifig na dTaifead Poiblí agus san Phríomh-Oifig Staidrimh.

	1901	1911	1936	1956	1985
An Clochar Thoir					
Daonra	50	55	33	22	4
	25f, 25b	32f, 23b	20f, 13b	11f, 11b	3f, 1b
Mín na Srána					
Daonra	12	19	14	11	1
	4f, 8b	8f, 11b	9f, 5b	6f, 5b	1f
An Deargchruach					
Daonra	32	32	21	7	5
	20f, 12b	20f, 12b	11f, 10b	5f, 2b	3f, 2b
An Chruach Leaca					
Daonra	23	23	12	6	2
	12f, 11b	14f, 9b	8f, 4b	4f, 2b	2f
Cruach Mhín an Fheannta					
Daonra	38	45	24	24	3
	21f, 17b	23f, 22b	14f, 10b	14f, 10b	2f, 1b
Cruach Thiobraid					
Daonra	18	26	13	10	3
	10f, 8b	14f, 12b	7f, 6b	5f, 5b	2f, 1b
An Leathchruach					
Daonra	10	8	4	2	1
	4f, 6b	3f,5 b	1f, 3b	1f, 1b	1f
An Dubhchruach					
Daonra	17	28	14	11	4
	9f, 8b	16f, 12b	7f, 7b	7f, 4b	1f, 3b
DAONRA IOMLÁN NA gCRUACH	200	236	135	93	23

Is é atá sa leabhar seo cnuasach ionadach as an mórbhailiúchán béaloidis a rinne bailitheoirí Choimisiún Béaloideasa Éireann sna daichidí i gceantar na gCruach i nGaeltacht Láir Thír Chonaill. Tá léiriú anseo ar réimse an ábhair a bailíodh: tá ann scéalta de gach saghas—gaisce, draíochta, cráifeacha, grinn—, seanchas, amhráin, rainn agus paidreacha. Sampla maith atá ann den Ghaeilge gan truailliú a bhí sa dúiche seo—Gaeilge a mhairfeas a fhad is a mhairfeas daoine. Triúr is fiche atá fágtha sa cheantar seo anois, áit a raibh breis agus dhá chéad ag tús na haoise.

Tógadh Áine Ní Dhíoraí ar imeall na gCruach. Bunchéim aici ó Ollscoil Chúil Raithin agus iarchéim ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

Grianghrafanna le caoinchead Roinn Bhéaloideas Éireann agus Roinn Chlos-Amharc Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

